



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

CUNTAS BUISÉADACHTA 2019

DRAFT BUDGET 2019

CLÁR**LEATHANACH**

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	1
Tuarascálacha na Rannóg lena n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil ar an Dul chun Cinn maidir le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015 - 2019	14
An Rannóg Seirbhísí Tithíochta	15
An tAonad Bonneagair agus Oibríochtaí	32
An tAonad Airgeadais agus ICT	56
Forbairt Gheilleagrach, Tuaithe agus Pobail agus an tAonad Seirbhísí Corparáideacha	64
An tAonad Pleanála, Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála	124
An Clár Caipitil 3 Bliana 2019 – 2021	168
Táblaí Reachtúla (A go dtí F)	182
	(Pages 1 - 35)
Aguisín 1 - Achoimre ar an Muirear Bainistíochta Lárnach	34
Aguisín 2 - Achoimre ar an Leithroinnt i ndáil le Cáin Mhaoine Áitiúil	35
Deimhniú Glactha	36

**CHUIG GACH BALL DEN CHOMHAIRLE
DRÉACHTBHUISÉAD DON BHLIAIN AIRGEADAIS
DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG, 2019**

Chuig: An Cathaoirleach agus gach Ball de Chomhairle Chontae na Gaillimhe
Maidir le: Dréachtbhuiséad don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

Arna chur faoi bhráid i gcomhréir le hAlt 103, an tAcht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú)

A Chomhalta, a chara,

Cuirtear chugat faoi iamh, le tabhairt faoi do mheas, an Dréachtbhuiséad don bhliain 2019, mar aon le tuarascáil ina dtugtar tuairisc mhion ar na príomhfhórlacha a leagtar amach sa dréacht den bhuiséad agus tuairisc achoimre ó Stiúrthóirí na Seirbhíse i ndáil le bearta ina réimsí feidhme féin a chuirtear faoi bhráid mar thuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn maidir leis an bPlean Corparáide.

Ag teacht lena n-éilítear faoin reachtaíocht, rinneadh ceisteanna maidir le hullmhú an Dréachtbhuiséid a mheas ag cruinnithe de chuid an Ghrúpa Beartais Corparáide a tionóladh an 18 Meán Fómhair 2018 agus an 9 Samhain 2018.

Rinne an Coiste Airgeadais breithniú ar staid airgeadais agus buiséadachta na Comhairle ag cruinnithe a tionóladh an 21 Bealtaine 2018, an 2 Iúil 2018, an 3 Meán Fómhair 2018 agus an 13 Samhain 2018.

Rinne an Chomhairle an cheist maidir le coigeartú i ndáil le Cáin Mhaoine Áitiúil a mheas ag cruinniú an 24 Meán Fómhair 2018, chomh maith le cinneadh a dhéanamh ina leith, agus rinneadh an Plean Buiséid maidir le gach ceann de na Limistéir Bhardasacha a phlé ag cruinnithe de chuid na Limistéir Bhardasacha éagsúla a tionóladh idir an 22 Deireadh Fómhair 2018 agus an 26 Deireadh Fómhair 2018.

Is féidir leis an gComhairle an Dréachtbhuiséad a leasú trí rún a rith ach glacfar leis an Dréachtbhuiséad, ar a leasú nó gan a leasú, agus deimhneofar, i gcomhréir leis an mBuiséad a nglacfar leis ar an gcaoi sin, an ráta bliantúil luachála a ghearrfar agus beidh aird, nuair is cuí sin, ar an gcoigeartú bonnbhliana – arna dheimhniú i gcomhréir le hAlt 29 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Tá ceangailte ar an gComhairle an próiseas reachtúil a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse 14 lá. Is féidir, dá réir sin, an cruinniú reachtúil atá leagtha amach a thionól ar an 30 Samhain 2018, a chur ar atráth más gá ar chuntar go dtugtar an próiseas chun críche faoin 14 Nollaig 2018.

Ginearálta

Tuigeann na Comhaltaí gur costais neamhroghnacha atá i gceist le cuid mhór den bhuiséad gach bliain, mar shampla muirir iasachta, pá-rolla, éileamh reachtúil, árachas, pinsean etc. nó gur caiteachas atá i gceist atá curtha i leith sheirbhísí shonracha a chur ar fáil.

I bhfianaise an chiste atá ar fáil agus a bhfuil d'éileamh breise ina leith, is léir go bhféadfaí maoiniú breise a chur in úsáid go héifeachtúil faoi beagnach gach ceannteideal buiséid, ach amháin nárbh fhéidir acmhainní breise a leithroinnt sa chuid is mó de na limistéir.

Tá roinnt gnéithe i mBuiséad 2019 atá cosúil leo sin a tugadh ar aird maidir le 2018

- Costais bhreise a eascraíonn ón gComhaontú Náisiúnta Pá (€338,000)
- Costais níos airde i ndáil le seirbhísí tithíochta lena n-áirítear seirbhísí do dhaoine gan dídean agus cothabháil tithíochta (€450,000)
- Luachálacha inráitithe níos airde (€700,000)
- Soláthar níos mó le haghaidh aiscí/pinsean (€400,000)
- Páirt-fhritháireamh leanúnach ar chostais árachais a bhain le dáileadh cistí coinnithe IPB (€600,000).
- Deontais Rialtais níos mó do Bhóithre (€4,070,000)

Cé go dtaispeánann ollchaiteachas iomlán an bhuiséid ardú €9m ar an iomlán is ionann an glan-ardú thar tháirgeacht mheasta don bhliain 2018 mar atá leagtha amach i dTábla A agus €2.1m (leathanach 1 de na Táblaí Reachtúla). Is mír chontra den chuid is mó atá sa chaiteachas breise i ndáil le bóithre atá i mbuiséad 2019 a tháinig chun cinn mar gheall ar dheontais níos airde.

Ní mór do gach aonad leanúint de mhonatóireacht chúramach a dhéanamh ar feadh na bliana le fanacht laistigh de bhuiséad 2019 agus níl aon soláthar déanta do theagmhais i mbuiséad na bliana 2019.

Cáin Mhaoine Áitiúil

Tá fáltas ón gCáin Mhaoine Áitiúil / ón Asbhaint i ndáil le Cúrsaí Pinsin tagtha in áit an airgid a thagadh ón gCiste Rialtais Áitiúil. Meastar an maoiniú bonnlíne ón bhfoinse seo sa bhliain 2019 a bheith ar aon dul a bheag nó a mhór lena bhfuarthas gach bliain ón mbliain 2014 anuas.

Meastar go gcuirfidh an maoiniú ón gCáin Mhaoine Áitiúil/Asbhaint a bhaineann le Pinsean ioncam €14.5m ar fáil sa bhliain 2019.

2015

2019

LPT a Cruinníodh i gContae na Gaillimhe	14,967,018	14,640,846
20% don Chiste Comhionannaithe	2,993,404	2,928,169
80% Coinnithe	11,973,614	11,712,677
Faighte ón gCiste Comhionannaithe	532,767	2,805,214
LPT iomlán a Fuarthas	12,506,381	14,517,890
PRD de réir AFS	1,985,695	
LPT Iomlán móide PRD	14,492,076	14,517,890

(Tá PRD san áireamh mar chuid de LPT 2018 bunaithe ar PRD iarbhír a fuarthas sa bhliain 2014).

An Staid Airgeadais

Tá staid airgeadais reatha na Comhairle pléite go mion ag an gCoiste Airgeadais, ag an nGrúpa Beartais Chorpáraidigh agus ag an gComhairle Iomlán agus is saincheist chriticiúil i gcónaí an maoiniú ioncaim atá ar fáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá gá le maoiniú breise maidir le beagnach gach réimse beartaíochta de chuid na comhairle, tithíocht agus cothabháil maoine, cothabháil bóithre, athsholáthar feithiclí, glanadh sráide, cóiriú cholbhaí, soilse poiblí, forbairt eacnamaíochta agus turasóireachta, Forbairt ICT san áireamh chomh maith leis an ngá atá le lucht foirne breise i ndáil le réimsí príomhthábhachta agus cláir nua.

Rátaí Tráchtála

Mar a leagadh amach roimhe seo, ní féidir an ráta tráchtála maidir le Contae na Gaillimhe a ardú go mbíonn an ráta maidir le seanlimistéir Chomhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe ar aon dul le ráta an Chontae. Is ionann ráta an Chontae faoi láthair agus €66.59, ráta atá gan athrú ón mbliain 2009 anuas agus is ionann ráta Bhéal Átha na Sluaighe agus €61.00, ráta atá á chomhcheangal ón mbliain 2016 ach bhfuil aon athrú tagtha air ón mbliain 2008. Déantar comparáid sa tábla thíos maidir leis an ráta ar luacháil le hÚdaráis Áitiúla eile sa réigiún in 2018 a léirítear sa ioncam níos ísle ó rátaí tráchtála Chontae na Gaillimhe.

Béal Átha na Sluaighe	€61
Contae na Gaillimhe	€66.59
Ros Comáin	€71.44
Maigh Eo	€73.92
An Clár	72.99

Tá an buiséad dréachtaithe agam ar an mbunús gur coigeartú 6% rátaí a bheidh ann ach tá Scéim Dreasachta Íocaíochtaí Rátaí chomhlántach tugtha isteach agam chun cuidiú le gnóthaí beaga. Rinneadh plé ar an tsaincheist maidir le hathchistiú 100% a dhéanamh ar na rátaí tráchtála ar áitribh atá folamh agus measadh gur míbhuntáiste i leith úsáid gheilleagrach áitribh den sórt sin a bheadh ann. Déanann Alt 31 den Acht Rialtais Áitiúil 2014 foráil go bhféadfaidh údarás áitiúil cinneadh a dhéanamh maidir le cion aisíocaíochta na rátaí tráchtála ar áitribh atá folamh a mbeadh baint aige le gach aon toghcheantar. Níl aon soláthar déanta d'ioncam ón athrú seo ó thaobh an dréachtbhuiséid do 2019 agus táthar ag feitheamh ar thuilleadh athbhreithnithe óna Comhaltaí.

An Scéim Dreasachta Íocaíochta Rátaí

Mar a luadh thuas, tá sé i gceist Scéim Dreasachta Íocaíochta Rátaí a thabhairt isteach a bheidh dírithe ar ghnóthaí beaga (seachas ar áitribh atá folamh) arb ionann an éileamh rátaí atá orthu faoi láthair agus níos lú ná €10,000. Chuirfí tacaíocht airgeadais ar fáil d'áitritheoirí áitreabh tráchtála i nGaillimh ag leibhéal 6% d'éileamh rátaí 2019 faoin scéim. Bheadh na nithe seo a leanas i measc na dtéarmaí a bheadh i gceist faoin scéim

- Ní mór d'éileamh rátaí tráchtála 2018 a bheith cothrom le €10,000 ar a mhéad
- Baineann an scéim leis an áitritheoir rátáilte
- Ní mór na rátaí tráchtála do 2019 agus gach riaráiste ar rátaí tráchtála a bheith íoctha ina n-iomláine faoin 31 Iúil 2019 **seachas ???**
- Más trí dhochar díreach a dhéantar an íocaíocht, ní mór socraithe a bheith déanta chun an cuntas rátaí tráchtála a bheith íoctha ina iomláine (riaráistí san áireamh) faoin 31 Nollaig 2019
- Ní mór an fhoirm iarratas chomhlánta iomlán a chur ar aghaidh tráth nach déanaí ná an 31 Iúil 2019

Dá bhrí sin, má bhí éileamh rátaí €5,000 ag gnó in 2018, ardóidh an t-éileamh go dtí €5,300 i ndiaidh don Ráta níos 6% atá beartaithe a chur i bhfeidhm. Ach má íoctar na rátaí iomlána i gcomhréir leis an scéim, bheadh an t-áitritheoir i dteideal lascainne 6% ar €5,300 nó €318.00 ar fad. Bheadh €18.00 níos lú le híoc ag an íocóir rátaí in 2019 seachas mar a bhí le híoc in 2018 agus is ionann sin agus laghdú ar an éileamh rátaí atá acu.

Tá sé beartaithe gur síos a bheidh an ráta tacaíochta á choigeartú i ndrúacht-thograí buiséid amach anseo.

Ráta Bhéal Átha na Sluaighe

Ina theannta sin, aithnítear go bhfuil coigeartú mór le déanamh chun go mbeidh ráta Bhéal Átha na Sluaighe ag teacht le Ráta an Chontae agus dá bharr sin cuirfear tacaíocht airgeadais i bhfeidhm ar ghnóthaí atá ag íoc rátaí i limistéar Chomhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe mar a bhíodh air roimhe seo. Dá bhrí sin, beidh lascainne 4% ar fáil maidir le ráta 2018 i leith gach cuntas rátaí tráchtála i limistéar Chomhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe mar a bhíodh air roimhe seo sa chás go ndéantar na rátaí a íoc i gcomhréir leis

na ceanglais a leagtar amach thuas. Ní bheadh feidhm leis an soláthar ach sa bhliain 2019 agus chuirfí deireadh leis i gCoigeartuithe Buiséid 2020.

Coigeartuithe Buiséid

Seo a leanas liosta de na príomhathruithe agus na forálacha sonracha a dhéantar sa dréachtbhuiséad don bhliain 2019.

Méadú ar Chostais Árachais	€30,000
Méadú ar Luacháil Rátaí	€700,000
Comhaontú Náisiúnta Pá /Costas Párolla	€838,000
Costas breise - Gan Dídean	€50,000
Méadú ar Rátaí (Glan)	€1,000,000
Soilsiú Poiblí	€30,000
Pinsin agus Aiscí	€400,000
NWRA	€27,000
Cosaint Sonraí	€30,000
Seirbhísí Corparáideacha - Sláinte & Sábháilteacht	€75,000
Seirbhísí Corparáideacha - Cothabháil	€25,000
Pleananna um Bainistiú Tráchtá	€40,000
An Straitéis um Athrú Aeráide	€60,000
Oifigeach Turasóireachta agus Tionscnamh	€100,000
Oiliúint	€20,000
Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais	€100,000
Leabharlanna	€85,000
BCMS	€50,000
Imeacht Milwaukee 2019	€20,000
<i>Music Generation</i>	€50,000
Athnuachan Bhuiséad Bóithre	€360,000
Cothabháil Bóithre	€300,000

Ríomhphleanáil	€25,000
Bainistíocht Flít	€100,000
Cothabháil Tithíochta	€400,000
Foirne Breise*	€150,000

Maoiniú Píolótach sa Cheantar Bardasach

Leanadh le linn na bliana 2018 le cás Chomhairle Chontae na Gaillimhe le maoiniú breise a fháil a chur chun cinn agus díródh sa phlé leis an Roinn le roinnt míosa anuas ar an tábhacht atá le struchtúr láidir bardasach a bheith i bhfeidhm sa chás go leanfaí leis an gcomhnascadh idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an Chomhairle Chontae. Cuireadh cás ar aghaidh chuig an Roinn ag lorg maoinithe chun tús a chur le próiseas ina rachfaí i ngleic le roinnt saincheisteanna a bhaineann le Ceantair Bhardasacha lena n-áirítear acmhainní foirne, dáileadh feidhmeanna agus caiteachas lánroghnach agus tosaíochta. Tá an Roinn ag féachaint go fabhrach ar an gcás a deineadh agus tá leithroinnt €500,000 á plé agus an tuiscint ann go gcuirfear an leithroinnt seo ar fáil arís gach bliain as seo go ceann cúpla bliain. Cé go bhfuil fáilte roimh an maoiniú teoranta seo tá sé tábhachtach go gcuirfí i bhfeidhm go straitéiseach é d'fhonn tionchar dearfach a imirt ar gach ceantar bardasach agus dá bhrí sin níl an maoiniú seo dailte fós agam ar fud na seirbhísí ach tá sé áirithe sa bhuiséad mar mhír contra agus molaim ar an gcéad dul síos go ndéanfadh an Grúpa Beartais Chorpáraidigh (atá ionadaíoch ar na Ceantair Bhardasacha ar fad) an cur chuige atá le glacadh a bhreithniú a shásóidh cuspóirí na leithroinnte agus tús a chur le próiseas chun na Ceantair Bhardasacha a neartú. Tuigtear go mbeidh tuairimíocht éagsúla ann chomh maith le héilimh iomaíocha ach tá sé tábhachtach go mbainfí leas as an maoiniú seo chun feidhmiú na gceantar bardasach a chinntiú agus seirbhísí a sholáthar amach anseo seachas é a bheith dírithe ar thionscadail agus chomh maith leis sin lena chinntiú go bhfuil an cumas againn dul i gcomórtas do thionscnaimh maoinithe náisiúnta agus iad a sholáthar. Tacóidh gníomhartha eile - tabhairt faoi fheidhmeanna breise ag leibhéal an Cheantair Bhardasaigh agus cinntí a dhéanamh ag leibhéal áitiúil ar nithe mar deontais phobail mar shampla - leis an bpróiseas seo.

Clár Oibre

Chomh maith leis an ngnáthsheirbhís atá á seachadadh, tá go leor tionscadal á stiúradh faoi láthair ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, nó beifear á stiúradh nó beifear rannpháirteach iontu. Áirítear orthu seo, réiteach fadhbanna a bhaineann le tuilte i ndeisceart na Gaillimhe, i mBéal Átha na Sluaighe agus in áiteanna eile, forbairt cé ar Inis Oírr agus tionscadail chomhchosúla, comhoibriú ar leathadh amach Leathanbhanda, beartas agus tionscnaimh Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le seachadadh agus cothabháil Tithíochta, seachadadh Chuarbhóthar na Gaillimhe, tógáil Scéim Feabhsúcháin Baile Bhéal Átha na Sluaighe, oibriú agus feabhsúchán Líonadh Talún Oirthear na Gaillimhe, cur chun cinn Mol Bia i mBaile Átha an Rí, feabhsúchán an N59, cur chun cinn moltaí maidir leis an

nGlasbhealach, cur chun cinn máistirphleananna d'iarláithreán Aerfort na Gaillimhe agus na dtailte atá cóngarach do stáisiún traenach an Gharráin, Straitéis maidir le hAthrú Aeráide a fhorbairt, cur chun cinn tionscnaimh maidir le Turasóireacht, Straitéis Dhigiteach a fhorbairt, agus go leor tionscnamh eile ar fud na heagraíochta.

Tuigfidh na baill go bhfuil roinnt réimsí ann a raibh cosc ar dhul chun cinn le roinnt blianta de bharr srianta ar acmhainní. Ceann de na príomhréimsí a bhfuil forbairt bhreise eacnamaíochta le déanamh sa Chontae is eas Turasóireacht agus chuige sin tá soláthar déanta agam chun Oifigeach Turasóireachta a fhostú. Tá sé beartaithe go gcabhródh an duine sin le hiarratais ar mhaoiniú turasóireachta a fhorbairt chomh maith le tionscnaimh áitiúla a fhorbairt chun tacú le turasóireachta i nGaillimh agus is léiriú sin ar an tacaíocht a thugann an chomhairle do thionscal na turasóireachta.

Tá flít feithiclí na Comhairle atá ag dul in aois tarraingthe anuas cheana agam agus an gá atá le cur chuige comhordaithe i leith nithe mar fruiliú, léasú, ceannach, cothabháil feithiclí, brandáil agus saincheisteanna bainteacha eile agus tá soláthar déanta agam chun tabhairt faoi athbhreithniú ar fhlít na Comhairle le súil is straitéis a fhorbairt i dtaobh oibriú an fhlít a bhainistiú amach anseo.

Bhíomar ábalta méadú beag a dhéanamh i roinnt réimsí lena n-áirítear cothabháil tithíochta, cothabháil foirgneamh, soilsiú poiblí chomh maith le soláthar a dhéanamh le Straitéis um Athrú Aeráide a fhorbairt agus chun na ceanglais atá orainn i dtaobh Cosaint Sonraí a chomhlíonadh.

Maoiniú faoi Scéimeanna Náisiúnta Deontais

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe le leas a bhaint as deiseanna le dul in iomaíocht do shruthanna maoinithe náisiúnta. I gcomhthogra maoinithe le páirtneírí réigiúnacha turasóireachta, aimsíodh maoiniú €400,000 trí REDZ do phríomhthionscadal chun taithí an chuariteora a fheabhsú ar theacht dóibh go Aerfort Chnoc Mhuire agus chun an réigiún a chur chun cinn. Aimsíodh maoiniú €200,000 ó Fáilte Ireland chun an Tionscadal Blueway, a seoladh i mí Márta, a chur chun cinn. Fuarthas maoiniú €25,000 le déanaí ón Roinn Talmhaíochta chun tionscnaimh Agrai-bhia a fhorbairt i gContae na Gaillimhe. Beidh Baill ar an eolas gur aimsíodh €2.4m ón Fhiontraíocht Éireann faoin gCiste Forbartha Fiontraíochta Réigiúnaí chun an Mol Nuálaíochta Bia agus Tuaithe a fhorbairt ar champas Teagasc i mBaile Átha an Rí.

Fuarthas os cionn €900,000 do 8 dtionscadal faoi Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2018 atá ríluachmhar dár gcuid bailte agus sráidbhailte. Rinneadh seacht dtionscadal mhóra a fhorbairt agus a chur ar aghaidh faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach agus atá táthar fós ag fanacht le toradh orthu sin. Baineadh €17,812 amach faoi bheart 1 den Scéim um Bhonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh agus táthar ag súil le leithroinntí níos mó faoi bhearta 2 agus 3 atá le fógairt faoi dheireadh na bliana. Ar leithligh, baineadh €242,500 amach faoi was bheart 2 den chlár CLÁR chun áiteanna súgartha a fhorbairt. Aimsíodh €360,665 faoi bheart 1 de CLÁR i leith bearta sábháilteachta pobail agus scoileanna fad a

baineadh €9,223 amach faoi bheart 3 chun tacú le hobair Mheitheal Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe.

Baineadh €378,936 amach faoin Scéim um Fheabhsú Pobail in 2018 a raibh €18,800 de ag dul do thionscnaimh Seideanna na bhFear. Ceadaíodh €252,500 do thionscadail pobail ar fud 10 gcatagóir faoin Scéim um Thacaíocht Pobail in 2018 agus dámhadh 266 deontas faoin scéim seo fad. Deineadh €5,500 a infheistiú in idirghábhálacha beaga de chineál pobail i mBéal Átha na Sluaighe agus Tuaim, bailte ainmnithe RAPID.

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe leithroinnt €942,000 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil i mí Feabhra 2018 a chuir ar chumas na Comhairle leanúint le hobair ar 30 scéim. Fuarthas fógra i mí na Samhna 2018 go raibh leithroinnt eile €1,000,000 á dhéanamh chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe chun dul chun cinn a dhéanamh ar 36 scéim eile sa bhliain 2018.

Fuair an Chomhairle leithroinnt €631,000 faoin Scéim Rannpháirtíochta Poiblí sna Scéimeanna Oibreacha Bóthair, ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i mí Meithimh 2018 a d'éascódh obair ag 41 láthair le linn na bliana 2018 agus na bliana 2019.

Cé go gcuirtear fáilte mhór roimh na deontais agus na tionscnaimh seo ar fad, leo sin bítear ag súil le torthaí agus bíonn riachtanais ag baint leo atá deacair a bhaint amach leis na hacmhainní reatha agus tá sé dodhéanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a bheith rannpháirteach iontu ar fad.

Tionscnaimh Lár Bailte

Leagaim amach thuas maoiniú a fuarthas faoi roinnt ceannteideal agus leis an maoiniú sin, in éineacht leis an €2.5m a d'infheistigh Comhairle Chontae na Gaillimhe le linn shaolré na Comhairle seo faoi Chlár Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte na Comhairle, cuireadh feabhas mór ar go leor de bhailte agus de shráidbhailte an Chontae chomh maith le tograí eile a fhorbairt. Tá roinnt tionscnamh tugtha isteach freisin againn chun tacú le lár bailte agus tá sé i gceist iad sin a athbhreithniú sa bhliain 2019 agus féachaint ar na hathruithe ba chóir a dhéanamh sa chás go dtabharfaí faoi aon tionscnamh eile.

Soláthar Foirne

Beidh na comhaltaí ar an eolas go bhfuil an leibhéal soláthair foirne ar cheann de na cinn is ísle in aghaidh an duine sa phobal agus tá tionchar aige seo ar ár gcumas ó thaobh seirbhísí a chur ar fáil. Tháinig méadú 23 go 800 ar an líon daoine a bhí fostaithe sa Chomhairle in 2018 mar thoradh ar roinnt folúntas a líonadh chomh maith le earcaíocht dhírthe bhreise i roinnt réimsí tosaíochta lena n-áirítear Tithíocht agus an Oifig Thionscadal na mBóithre Náisiúnta. Déantar go leor de na poist bhreise seo a mhaoiniú go hiomlán nó i bpáirt ó fhoinsí seachtracha. Táthar ag súil go gceapfar sna seachtaine atá ag

teacht 1 Innealtóir Sinsearach breise, 2 Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach chomh maith le hOifigeach Eacnamaíochta do Chonair an Atlantaigh.

Mar thoradh ar dheiseanna breise, gluaiseacht foirne trasna na hearnála chomh maith le gur éirigh 30 ball foirne as sa bhliain 2018 agus go bhfuil súil le 28 eile éirí as sa bhliain 2019, bhí breis earcaíochta ar bun le linn na bliana 2018. Tá 45 comórtas earcaíochta reáchtáilte go dtí seo agus 132 ceapachán nua mar thoradh orthu agus 80 ceapachán ardú céime go himheánach.

Tithíocht

D'fhreagair Comhairle Chontae na Gaillimhe don tosaíocht maidir le seachadadh tithíochta agus tá tionscnaimh éagsúla Rialtais, a tugadh isteach le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo, á gcur i bhfeidhm againn. Chomh maith le haonaid tithíochta nua a sheachadadh, tá tionscnaimh agus freagrachtaí eile ann, lena n-áirítear, tabhairt isteach íoschaighdeáin, tástáil leictreachais agus cláir chothabhála atá beartaithe chomh maith le haonaid atá folamh a líonadh go tapa. Téann costais seachadta na gceanglas seo i bhfad níos faide ná acmhainneacht airgeadais an bhuiséid ioncaim agus dá bhrí sin, is é an cur chuige atá againn ná soláthar níos mó a dhéanamh sa bhuiséad ioncaim chomh fada agus is féidir linn agus úsáid Fáltais Chaipitiúla Inmheánacha (ICRna) a bhreithniú mar fhoinsé ioncaim. Tá sé tábhachtach go mbeifí ar an eolas, áfach, go bhfuil leibhéal ICRna teoranta agus go bhfuil roinnt éileamh air mar mheicníocht maoinithe/cómhaoinithe agus go dteastaíonn cead na Roinne freisin. Cé go bhfuil baill foirne breise curtha ar fáil i réimse na tithíochta tá tuilleadh de dhíth ach nach féidir sin faoinár n-acmhainn reatha airgeadais agus tá cás déanta leis an Roinn maidir leis seo.

Forbairt Pobail agus Gheilleagrach

Leanann an Chomhairle ag tacú le pobail agus ag cur forbairt gheilleagrach an Chontae chun cinn in ainneoin na n-acmhainní teoranta atá ar fáil le tamall anuas. Tá an ghné thacaíochta airgeadais roinnt de na tionscadail seo níos suntasaí ná roinnt eile ach tá sé ríthábhachtach go mbeidh sé ar ár gcumas an ról a shamhlaítear linn ó thaobh forbairt gheilleagrach agus pobail araon a chur i gcrích faoi Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014.

Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le maoiniú a chur ar fáil do ghrúpaí agus do chomhlachtaí éagsúla. Tagann maoiniú san áireamh leis sin faoi cheanteidil mar seo a leanas: Féilte, Forbairt Eacnamaíochta, Áiseanna Pobail, Bailte Slachtmhara, Cuimsiú Sóisialta, an Óige, Spórt, Ealaín, Oidhreacht agus an Ghaeilge. Cuireann an cúnamh seo ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe go mór leis na hiarrachtaí a dhéanann an pobal agus eagraíochtaí éagsúla tionscnaimh agus bearta feabhais a thabhairt i gcrích ina gceantar féin. Cé go raibh sé mar chleachtas athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar an gcaiteachas seo, déanfar breithniú cúramach breise ar an mbealach leis an maoiniú atá ar fáil a dhíriú ar an áit is mó a dteastaíonn sé leis na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach agus aon choigeartú a aithnítear agus a bhfuil gá leo a dhéanamh. Leanfaidh an tAonad Pobail & Fiontair den a chinntiú go bhfuiltear ag leanúint a mhéid agus is féidir le cuspóirí Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus le cláir chomhlántacha mar

ECOG agus EROG agus ag an am céanna go nglactar san áireamh cláir mhaoinithe náisiúnta nach raibh ar fáil roimhe seo.

Maoiniú do Bhóithre

Tá méadú le roinnt blianta ó €28.6M sa bhliain 2015 go €30.6M sa bhliain 2018 ar an leibhéal acmhainní do chothabháil agus d'fheabhsú bóithre. Faraor, ba ghá ár ranníoc féin i leith bóithre a laghdú sa bhliain 2018 ach cheadaigh ioncam breise sa bhliain 2018 dúinn cuid den Mhaoiniú do Bhóithre sin a thabhairt ar ais - méadú €360,000. Táthar ag súil go mbeidh an maoiniú do Dheontas Bóithre €4.1m níos mó sa bhliain 2019 ná an méid a bhí leagtha amach i mBuiséad 2018. Chomh maith le méadú ar mhaoiniú deontais, tá méadú €660,000 curtha agam ar an soláthar do Chothabháil Bóithre a chuideoidh chun athruithe ar aisghabháil deontais a fhritháireamh agus tá soláthar déanta agam freisin €100,000 i ndáil leis na costais a bhainfidh le toradh an athbhreithnithe ar Theorainneacha Luais a chur i bhfeidhm. Má chuirtear na hathruithe a deineadh ar an dara babhta de mhaoiniú LIS in 2018 i bhfeidhm arís ar scéim 2019, beidh tionchar aige sin ar ár gcumas an leas is mó agus is féidir a bhaint as. Mar thoradh ar an athrú sin, baineadh amach as an scéim an forchostas a d'úsáidí roimhe seo chun an párolla agus costais eile a fhritháireamh.

Soilsiú Poiblí.

Beidh na Comhaltaí ar an eolas ón bplé roimhe seo go bhfuil ardú ag teacht i gcónaí ar chostais soilsiú poiblí. Faraor, ní raibh mé ach in ann méadú beag a dhéanamh i leith na gcostas méadaithe do shoilsiú poiblí don bhliain 2019. Tá líon saincheistanna ann maidir le soilsiú poiblí a bhaineann le gach Údarás Áitiúil ó thaobh aois agus cineál na soilse, cothabháil agus éifeachtúlacht fuinnimh agus is réimse é lena mbeidh gá le hinfheistíocht suntasach a dhéanamh ann. Is é is dóigh sa tréimhse seo ag teacht, go ndéanfimid na soilse poiblí ar fad a athrú go soilse LED, mar chuid de thionscnamh náisiúnta, agus go ndéanfar sin a mhaoiniú le hiasacht a íocfar i bpáirt tríd an soláthar buiséid ioncaim.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas an treocht buiséid maidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe le blianta beaga anuas.

Treocht Buiséid

2008 - Buiséad Faofa	€160 M
2014 - Buiséad Faofa	€122 M
2015 – Buiséad Faofa	€105.2 M
2016 – Buiséad Faofa	€104.3 M
2017 – Buiséad Faofa	€105.3 M
2018 – Buiséad Faofa	€112 M

2019 - Dréachtbhuiséad	€121.2 M
------------------------	----------

Tograí caiteachais

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas an briseadh síos ar an gcaiteachas agus ar an teacht isteach beartaithe i leith na bliana 2019:

Caiteachas de réir Ghrúpaí Cláir	2018 Buiséad	2018 Toradh Measta	2019 Dréacht- Bhuiséad Measta
	€	€	€
Tithíocht agus Foirgníocht	13,541,145	13,612,694	15,480,893
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	35,087,990	42,733,605	39,491,467
Seirbhísí Uisce	12,847,920	12,843,534	12,958,471
Bainistíocht i ndáil le Forbairt	8,577,247	8,103,629	9,140,417
Seirbhísí Comhshaoil	17,677,719	17,707,237	18,098,033
Áineas & Taitneamhacht	8,565,054	8,543,179	8,833,238
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	2,826,756	2,561,590	2,726,649
Seirbhísí Ilghnéitheacha	13,143,199	13,076,662	14,521,287
Iomlán	112,267,030	119,182,130	121,250,455

Sa Dréacht den Bhuiséad, tá Teacht Isteach Ioncaim mar seo a leanas á thuar: -

An Teacht Isteach Measta	2018		2019	
	€	%	€	%
Cáin Mhaoine Áitiúil/Pinsean Asbhaint Bainteach	14,517,890	13	14,517,890	12
NPPR	450,000	0	450,000	0
Deontais & Fóirdheontais Stáit	36,240,279	32	41,684,152	34

Ioncam ó Uisce Éireann	8,705,854	8	9,046,000	7
Ioncam a Shocraítear go hÁitiúil	36,499,727	33	39,100,270	32
Ioncam Eile	15,853,280	14	16,452,143	14
	112,267,030	100	121,250,455	100

Focal Scoir

Ba dhúshlán mór a bhí ann Dréacht-Bhuiséad Bliantúil a ullmhú do gach bliain de théarma na Comhairle seo. Is infheistíocht shuntasach airgid maidir le forbairt an Chontae agus seirbhísí a chur ar fáil ar fud an Chontae an caiteachas €121.2M atá á bheartú agus an caiteachas caipitil ar luach measta €70M.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do na baill thofa as a gcomhoibriú agus as a dtacaíocht i rith na bliana 2018. Is mian liom an meas atá agam ar an gCathaoirleach, an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg, agus ar an Iar-Chathaoirleach, an Comhairleoir Eileen Mannion, a chur in iúl mar gheall ar a gcuid dúthrachta i mbun chúraimí speisialta na hoifige sin agus as ucht na cúirtéise agus na comhoibre i mbun ghnó na Comhairle. Is mian liom aitheantas a thabhairt don Choiste Airgeadas agus don Ghrúpa Beartais Chorporáidigh as a gcúnamh leis an bplé a rinneadh ar an dréachtbhuiséad agus maidir le cúrsaí airgeadais foriomlána Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Is mian liom buíochas a ghabháil freisin le foireann na Comhairle as a bheith díograiseach sochomhairle i mbun an chúraim i rith na bliana 2018 agus na mblianta roimhe sin, is é a gcuid oibre a chinntigh leanúnachas seirbhísí nuair nach raibh cúinsí go maith.

Is mian liom buíochas a ghlacadh le Stiúrthóirí Seirbhíse na Comhairle agus lena gcuid foirne as dianscrúdú géar a dhéanamh ar mhíreanna an bhuiséid don bhliain 2019. Is mian liom go háirithe an obair a rinne Ger Mullarkey Uasal, Michael McGovern Uasal, John Moore Uasal, Sara McDermott Uasal agus foireann an Aonaid Airgeadais a thréaslú leo agus buíochas a ghabháil le gach duine a raibh páirt acu sa dréacht den bhuiséad a chur ar fáil.

Is cinnte go gcuirfear deacrachtaí agus athruithe eile roimh Chomhairle Chontae na Gaillimhe le sárú i rith na bliana 2019 ach tá misneach agam go mbeifear in ann, le cúnamh na gComhaltaí, an lucht Bainistíochta agus mo chuid comhghleacaithe, seirbhísí fiúntacha a chur ar fáil i rith na bliana 2019 chun freastal ar ghéar-riachtanais mhuintir na Gaillimhe.

Molaim an Dréacht den Bhuiséad seo le haontú agaibh.

Is mise le meas,

Kevin Kelly,
Príomhfheidhmeannach (Eatramhach)

Tuarascálacha na Rannóg lena n-áirítear Tuarascáil
Bhliantúil ar an Dul chun Cinn maidir le Plean
Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe
2015 – 2019

AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA

Tógáil Tithe

Gníomhaíochtaí Táscaha i rith na bliana 2018:

- Faoi Atógáil Éireann tá maoiniú thart ar €45.5m faighte ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, go dtí seo, chun dearadh, pleanáil, tairiscintí agus tógáil 236 aonad a chur chun cinn.
- Chomh maith leis seo, go dtí seo in 2018, tá tograí tionscadail do 52 aonad breise ar chostas measta €11.2m curtha faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil lena gceadú.
- Tá bailchríoch curtha ag an gComhairle ar cheannach 10 n-aonad go dtí seo in 2018 agus moltaí déanta chun 24 aonad breise a cheannach roimh dheireadh na bliana.
- Lorgaíodh Léirithe Spéise do sholáthar forbairtí lándéanta. Fuarthas 4 aighneacht ar fad agus tá siad á meas faoi láthair.
- Rinneadh dul chun cinn ar thionscadail leanúnacha tríd na céimeanna éagsúla agus na ceadanna reachtúla go dtí seo, mar a leanas:

Láthair	# Aonaid		Céim DHPLG
Céide an Gharbhaile & Páirceanna Esker, Béal Átha na Sluaighe	12		Céim 4 – Foirgníocht
Tithe Aonair Tuaithe	5		Céim 4 – Foirgníocht / Aistriú
Bóthar Gilmartin, Tuaim	61		Céim 4 - Tógáil
An Cheathrú Rua	4		Céim 2 - Pleanáil
Faiche an Aonaigh, Cloch na Rón	14		Céim 2 - Pleanáil
An Cartrún, Cinn Mhara	6		Céim 1 – Dearadh
Caisleán Raithlín, Ard Raithin	12		Céim 1 – Dearadh
Sráid na Beairice, Baile Locha Riach	6		Céim 1 – Dearadh
An Clár Mór, Uachtar Ard	13		Céim 1 – Dearadh
Gort Uí Lochlainn, Maigh Cuilinn	30		Céim 1 – Dearadh

Séipéal Naomh Seosamh, An Clochán	24		Céim 1 – Dearadh
Cúirt an Droichid, Áth Eascrach	18		Céim 1 – Dearadh

- An rud ba shuntasá i ndiaidh cead a fháil do Chéim 4 ón DHPLG, bronnadh Conarthaí Foirgníochta le haghaidh:
 - 40 aonad ag Br. Gilmartin (Móide athchóiriú ar 21 aonad);
 - 10 n-aonad ag Céide an Gharbhaile, Béal Átha na Sluaighe;
 - 2 aonad ag Páirceanna Esker, Béal Átha na Sluaighe;
 - 1 Teach Tuaithe Aonair ag Eochail, Baile Chláir;
 - 1 Teach Tuaithe Aonair ag Tom na hUla, Cor an Dola;
- Críochnaíodh 3 Theach Tuaithe Aonair i rith 2018 ag Caladh Mhaínse, Cill Chiaráin agus Cinn Mhara.

Tograí do 2019:

- Beidh an clár tógála ina phríomhthosaíocht i gcónaí in 2019 le fócas soiléir ar gach togra caipitil a chur chun cinn trí chéimeanna dearaidh, pleanála, tairiscinte & tógála chomh tapa agus is féidir.

Láthair		Gníomhaíocht 2019
Céide an Gharbhaile & Páirceanna Esker, Béal Átha na Sluaighe	12	Críochnú, Aistriú
Bóthar Gilmartin, Tuaim	61	Críochnú, Aistriú
An Cheathrú Rua	4	Tairiscint, Tógáil
Faiche an Aonaigh, Cloch na Rón	14	Pleanáil, Tairiscint, Tógáil
An Cartrún, Cinn Mhara	6	Pleanáil, Tairiscint, Tógáil
Caisleán Raithlín, Ard Raithin	12	Pleanáil, Tairiscint, Tógáil
Sráid na Beairice, Baile Locha Riach	6	Pleanáil, Tairiscint, Tógáil
An Clár Mór, Uachtar Ard	13	Pleanáil, Tairiscint, Tógáil
Gort Uí Lochlainn, Maigh Cuilinn	30	Pleanáil, Tairiscint, Tógáil
Séipéal Naomh Seosamh, An Clochán	24	Pleanáil, Tairiscint, Tógáil
Cúirt an Droichid, Áth Eascrach	18	Pleanáil, Tairiscint, Tógáil

- Beidh aithint láithreán ionchasacha eile don fhorbairt ag teacht leis na riachtanais tithíochta do cheantair éagsúla, lena n-áirítear forbairtí lándéanta, ina phríomhthosaíocht i gcónaí freisin chun an sruth seachadta a fheabhsú agus a chothabháil.

Plean Straitéiseach Bainistíochta agus Forbartha do Thailte Tithíochta

Is cuid de raon gníomhaíochtaí é bainistíocht ghníomhach an bhunachair thalamh tithíochta atá á ndéanamh faoi Atógáil Éireann a ceapadh leis an aschur tithíochta a mhéadú agus a ghéarú.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018:

- Forbraíodh Pleananna Bainistíochta agus Forbartha Straitéiseacha do thailte faoi úinéireacht na Comhairle, ag tabhairt tosaíochta do na láithreáin sin a bhfuil an t-ionchas is mó acu tithíocht a sheachadadh sa ghearrthéarma go meántéarma.
- Aithníodh roinnt láithreán straitéiseacha d'fhorbairt máistirphleananna a thacóidh le forbairt na láithreán seo chun freastal ar raon riachtanas tithíochta ar bhonn céimnithe, tithe ardcháilíochta agus pobail inbhuanaithe á dtógáil

Tograí do 2019:

- Leanfaidh an tAonad Tithíochta air ag déanamh athbhreithniú agus nuashonrú ar Léarscáil Talún Atógála Éireann ar bhonn ráithiúil.
- Leanfaidh sé air ag tiomáint cur chun feidhme na bPleananna Bainistíochta agus Forbartha Straitéiseacha chun láithreáin a chur ar aghaidh go dtí an chéim fhorbartha a luaithe agus is féidir
- Lorgóidh an Chomhairle Léirithe Spéise ó Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus Tógálaithe chun tógáil ar láithreáin roghnaithe laistigh den bhunachar talún chun seachadadh aonad sa ghearrthéarma a uasmhéadú, pobail inbhuanaithe á seachadadh
- Tá an Chomhairle tiomanta d'ionchas an bhunachair talún a uasmhéadú chun tacú le riachtanas tithíochta, lena n-áirítear roghanna tithíochta inacmhainne agus cíosa, faoi réir tabhairt isteach scéimeanna cuí agus sruthanna maoinithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil.

Riachtanas Tithíochta Sóisialta

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Tugadh Measúnú ar Riachtanais Tithíochta chun críche in 2018 agus tá thart ar 3,600 iarratasóir faoi láthair ar thaifead na dteaghlach cáilithe.

- I rith na tréimhse Eanáir – Samhain 2018, rinneadh 165 tairiscint in iomlán d’iarratasóirí ar thaifead na dteaghlach cáilithe do thithíocht shóisialta. Rinneadh 41 ainmniúchán do thithíocht dheonach á cur ar fáil ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta le tacaíocht na Comhairle.
- I rith 2018 rinne an tAonad Tithíochta 40 teach a fhógairt ar an scéim Rogha Tithíochta

Tograí do 2019:

- Leanfaidh an Chomhairle lena dul chun cinn i soláthar tacaíochtaí tithíochta sóisialta do dhaoine ar thaifead na dteaghlach cáilithe.
- Déanfaidh an Chomhairle iarracht soláthar aonad tithíochta a mhéadú trí gach cainéal atá ar fáil. Go háirithe aistrefar an bhéim go seachadadh trí thógáil, lena n-áirítear aonaid lándéanta, sa bhliain atá romhainn ag teacht le beartas náisiúnta.

An Scéim maidir le Cóiríocht ar Cíos (RAS) & Léasú

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Tá maoiniú leithdháilte ag an Rialtas do na húdaráis áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta chun áitribh phríobháideacha a thógáil ar léas nó ar cíos i gcás iarratasóirí atá ar an liosta tithíochta. Bíonn an scéim RAS dírithe ar dhaoine a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu le tréimhse is faide ná 18 mí. Ón 1 Aibreán 2011 ar aghaidh, meastar go bhfuil an riachtanas tithíochta comhlíonta i leith aon iarratasóir ar thithíocht a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht de chineál RAS.
- Tá cóiríocht á chur ar fáil do 238 teaghlach faoi láthair tríd an Scéim RAS agus an Scéim um Léasú Gearrthéarmach.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh an Chomhairle den riarachán ar an Scéim RAS chomh maith le hoibriú ar roghanna soláthair faoi Phlean Gnímh Atógáil Éireann.

An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)

Tá HAP ag feidhmiú i gComhairle Chontae na Gaillimhe le trí bliana anuas agus cruthaíodh beagnach 1,100 tionóntacht go dtí seo. Gur féidir leis an té a bhfuil an cúnaimh seo á fháil aige nó aici dul i mbun fostaíochta go lánaimseartha agus an cúnaimh tithíochta a choinneáil an tráth céanna.

Faoi chóras HAP, déanfaidh an t-údarás áitiúil an íocaíocht iomlán maidir leis an gcíos go díreach leis an tiarna talún thar ceann an té atá i dteideal HAP. Déanfaidh an té a fhaigheann HAP ranníocaíocht cíosa ansin leis an údarás áitiúil.

Gníomhaíochtaí Táscaha i rith na bliana 2018:

- Aistríodh 1,100 iarratasóir go dtí scéim HAP faoi dheireadh mí Deireadh Fómhair 2018.
- Tá easpa soláthair maidir le háitribh oiriúnacha ina dheacracht shuntasach fós ag an lucht iarratais HAP.
- Eagraíodh seisiúin eolais le Cope, Ionaid Eolais don Saoránach, aonaid Meabhairshláinte agus Tacaíochta Teaghlaigh a oibríonn i measc an phobail, chun cur leis an bhfeasacht ar HAP.

Tograí do 2019:

- Leanúint d'aistriú dhaoine atá ag fáil forlíonadh cíosa go fadtéarmach ón Roinn Coimirce Sóisialaí go dtí córas HAP, i gcomhthéacs na n-acmhainní a bheidh ar fáil. Is tuairim is 700 duine atá ag fáil íocaíochtaí forlíonta cíosa go fadtéarmach.
- Próiseáil a dhéanamh ar na hiarratais tithíochta nua ar fad i ndáil le scéim HAP.
- Leanúint leis an bPróiseas cigireachta maidir leis na háitribh ar fad a thagann faoi scéim HAP.

Seirbhís HAP um Áit a Aimsiú

Le gairid, tugadh isteach Seirbhís HAP um Áit a Aimsiú i gComhairle Chontae na Gaillimhe, i mí na Samhna 2018. Tá an tseirbhís curtha ar fáil go céimneach do na hÚdaráis Áitiúla chun cuidiú leis na teaghlaigh gan dídean chun cóiríocht a fháil i gcásanna ina mbíonn an margadh cíosa an-dúshlánach mar gheall ar éileamh ard agus leibhéal ísle soláthair. Tá ceadú faighte ón Roinn chun ball foirne tiomanta um Áit a Aimsiú a earcú agus ceapadh an duine sin le gairid.

Tograí do 2019:

- Feidhmiú céimneach Sheirbhís HAP um Áit a Aimsiú i gComhairle Chontae na Gaillimhe
- Athbhreithniú ar chásanna tosaíochta daoine gan dídean agus na hionaid réadmhaoine atá ar fáil ar cíós i gContae na Gaillimhe.

An Scéim Deisiúcháin agus Leasaithe

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

Is príomhchuid den Phlean Gníomhaíochta de chuid Atógála Éireann do Thithíocht agus Easpa Dídine an scéim nua, An Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe do Thithe Folmha, a dhíríonn ar sheachadadh tithíochta sóisialta agus a chinntíonn freisin go mbaintear an úsáid is mó agus is féidir as an stoc tithíochta atá ann faoi láthair.

Is é bonn na scéime go ndéantar maoiniú ar oibreacha feabhsúcháin agus deisiúcháin ar réadmhaoine oiriúnacha folmha chun iad a thabhairt suas go dtí an caighdeán do chóiríocht ar cíos agus baintear costas na n-oibreacha ansin ó na híocaíochtaí léasa thar théarma léasaithe aontaithe.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018:

- Comhpháirteachas leanúnach le húinéirí réadmhaoine, gníomhairí eastáit agus dlíodóirí in iarracht chun léirithe spéise a mhealladh chuig an scéim.
- Go dtí seo, fuarthas 75 léiriú spéise ó úinéirí réadmhaoine agus tá comhaid áirithe á gcur chun cinn faoi láthair.

Tograí do 2019:

- Cuideoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le úinéirí réadmhaoine scóip a n-oibreacha a fhorbairt agus cuideoidh freisin leis an úinéir réadmhaoine i dtabhairt chun críche na n-oibreacha deisiúcháin. Déanann foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe imscrúduithe ar réadmhaoine a aithneoidh na hoibreacha ar ghá a dhéanamh chun an t-áitreabh a thabhairt go dtí an caighdeán riachtanach.
- Rachaidh an Chomhairle i dteagmháil go réamhghníomhach le húinéirí réadmhaoine folmha oiriúnacha ar ghá iad a dheisiú, leis an aidhm an réadmhaoine a chur ar fáil faoin Scéim Deisiúcháin & Léasaithe le freastal ar riachtanais tithíochta.

Scéim Ceannaigh agus Athnuachana

Faoi phlean gníomhaíochta Atógála Éireann seoladh scéim ar a dtugtar Scéim Ceannaigh agus Athnuachana in Iúil 2017. Cuireann an tionscnamh seo maoiniú ar fáil chun réadmhaoine folmha a cheannach agus a athnuachan chun freastal ar riachtanais tithíochta agus aghaidh á thabhairt ag an am céanna ar dhearóiliú i mbailte agus i sráidbhailte.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018:

- Sheachaid an Chomhairle 4 Aonad faoin Scéim Ceannaigh agus Athnuachana a tugadh isteach in 2017.

- Fuarthas ceadú chun Oifigeach Tithe folmha a cheapadh agus ceapadh ball foirne sa phost sin le gairid.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe uirthi ag iarraidh Aonaid Tithíochta a bhfuil feabhsúcháin uathu a fháil agus a athnuachan agus iad a chur ar fáil le haghaidh úsáide tithíochta sóisialta sna ceantair a bhfuil éileamh ard orthu.
- Déanfaidh an Chomhairle forbairt ar Straitéis maidir le Tithe Folmha agus ar Phlean Gníomhaíochta do Chontae na Gaillimhe agus dá réir sin bainfear an leas is fearr as an stoc tithíochta reatha trí ionaid réadmhaoine oiriúnacha a thabhairt ar ais chun freastal ar an riachtanas tithíochta.

An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha – Aonaid Ar Cíos a Chlárú

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018:

- Tháinig an tAcht um Thionóntachtaí Príobháideacha 2004 i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2004. Pléitear i gCuid 7 an Achta le tionóntachtaí a chlárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha. Tá an clár foilsithe ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha ag www.rtb.ie
- Leagadh béim shuntasach ar líon na n-imscrúduithe ar thithe príobháideacha ar cíos a choinneáil in 2018 i gcomparáid le 2017, rud a d'fhág go ndearnadh imscrúdú ar 607 réadmhaoin in iomlán suas go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2018. D'ainneoin an athrúcháin foirne sa réimse sin, tá an sprioc do 2018 bainte amach.

Tograí do 2019:

- Iniúchadh leanúnach ar Áitribh Phríobháideacha ar Cíos ionas go gcinntítear go bhfuil na Caighdeáin reatha maidir le hÁitribh Phríobháideacha ar Cíos á sásamh. Tá i gceist béim bhreise a leagan ar chur le líon na mbeart cigireachta a dtugtar fúthu.

Tithíocht Dheonach

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018:

- Tá an Chomhairle ag leanúint den obair i gcomhar leis an earnáil dheonach an líon aonad is mó is féidir a chur ar fáil trí na scéimeanna maoiniúcháin CAS (An Scéim Chúnamh Chaipitil) agus CALF (Saoráid Airleacain Caipitil & Léasaithe).

An Scéim Cúnaimh Chaipitiúil (CAS)

An Roinn a chuireann an ciste don Scéim Chúnamh Chaipitil ar fáil tríd an Údarás Áitiúil i ndáil le soláthar tithíochta.

- Tugadh 2 Thionscadal, le maoiniú CAS, chun críche i rith na bliana 2018: Fuair an Cumann Tithíochta Peter Triest aon Aonad amháin san Agard, Creachmhaoil agus fuair (Cumann Tithíochta Tuath) aon Aonad amháin i bPáirc Éidin, Baile Locha Riach.

Tionscadail eile CAS atá ag dul chun cinn:

- Tearmann Éanna Teo, Eanach Mheáin – 13 aonad (Fáil)
- Tearmann Éanna Teo, Sean-Oifig an Phoist, Indreabhán – 4 aonad(Fáil)
- Ionad Cúram Lae Bhaile Chláir & an Cheantair, An Chreig Bhuí – 14 aonad (Tógáil)
- Cumann Tithíochta an Chreagáin, An Creagán – 5 aonad(Tógáil)
- Cumann Tithíochta Chlúid, Cnoc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe – 17 aonad(Tógáil)
- Cumann Tithíochta Respond, 119 Lissadyra, Tuaim – 1 aonad amháin

- Cumann Tithíochta Respond, Arda Faiche an Aonaigh, Tuaim – 1 aonad amháin(Fáil)
- Cumann Tithíochta, Gort na Coille, Tuaim – 1 aonad amháin (Fáil)
- Cumann Tithíochta Respond, Cois na hAbhann - 1 aonad amháin
- Tearmann Éanna Teo, Teachíní Ros an Mhíl – 8 n-aonad (Fáil)
- Cumann Tithíochta Peter Treist, Caheroyan - 1 aonad amháin (Fáil & Tógáil)
- Cumann Tithíochta Peter Treist, Springfield, Béal Átha na Sluaighe – 1 aonad amháin (Tógáil)
- Cumann Tithíochta Chlúid, Leitir Fraic (Céim 2) – 11 aonad (Tógáil)
- Fanann CAS Call 2018 ar oscailt agus fáiltíonn an Chomhairle roimh iarratais ó Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Áis Léasaithe agus Airleacain Chaipitil (CALF) & Morgáiste go Cíos (MTR)

Cuireann an Áis Léasaithe agus Airleacain Chaipitil agus an Scéim Morgáiste go Cíos tithíocht shóisialta ar fáil trí chaiteachas reatha lasmuigh den chlár comhardaithe.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018:

- Rinneadh go dtí seo 122 aonad a chur ar fáil in ionaid éagsúla ar fud an Chontae, ina measc Baile Átha an Rí, Tuaim, Baile Locha Riach, Béal Átha na Sluaighe, An Creagán, An Clochán agus Port Omna. Ag Comhairle Chontae na Gaillimhe atá 100% de na cearta ainmiúcháin maidir leis na haonaid ar fad.
- Táthar i mbun tograí maidir le 106 aonad eile sa bhreis ar an méid sin ar fud an Chontae a thabhairt chun cinn.

Tograí do 2019:

- Tá beartaithe go leanfaidh an Chomhairle den obair fhorghníomhach leis na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ionas go soirbhítear d'aonaid bhreise a aimsiú i ndáil le tithíocht shóisialta a sholáthar faoin tsamhail maoinithe seo.
- Scrúdóidh an tAonad Tithíochta an acmhainne do AHBanna aonaid tithíochta bhreise a sheachadadh ar thailte leis an gComhairle.

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil
--

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018:

- Chuir an Chomhairle tús leis an bpróiseas dréachtaithe ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024.

- Go dtí seo in 2018, tá freastal déanta ar riachtanais thithíochta 44 iarratasóir ar daoine den Lucht Siúil iad trí thithíocht chaighdeánach agus tithíocht dheonach a chur ar fáil.
- Athchóiriú suntasach agus oibreacha leasúcháin ar chóiríocht shonrach don lucht siúil ag láithreáin stad i gCeapaigh Oighre agus i dTuaim.
- Is príomhthosaíochtaí iad fós Sábháilteacht ar Dhóiteán agus feasacht in 2018, agus rinneadh oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta ar dhóiteán agus oiliúint feasachta á seachadadh sa Chreagán, i dTuaim, i gCreachmhaoil agus i gCeapaigh Oighre.
- Tháinig an Coiste Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile ar 3 dháta in 2018 agus tá an 4^ú cruinniú le tionól roimh dheireadh na bliana.

Tograí do 2019:

- Cuirfear tús in 2019 leis an tógáil ar 6 theach agus 2 bhá ag Láithreán Stad Pháirc Dhún Coillín, Creachmhaoil faoi réir cead don chéim dheiridh a bheith faighte ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.
- Leanfaidh an Coiste Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil lena phríomhról i maoirseacht a dhéanamh ar dhréachtú an Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil 2019 – 2024 agus a chur i bhfeidhm.
- Déanfar clár eile in oiliúint feasachta ar shábháilteacht ar dhóiteán a sheachadadh.

Daoine gan Dídean

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018:

- In 2018, tugadh méadú eile ar an éileamh ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean ar aird lena n-áirítear líon na dteaghlach a bhí ag teacht chun cinn mar aon le méadú suntasach a tugadh faoi deara le gairid ar líon na ndaoine aonair a bhí ag teacht chun cinn mar dhaoine gan dídean i rith 2018.
- Ghlac an Chomhairle le Creatphlean Gníomhaíochta do Dhaoine Gan Dídean i rith 2017 agus fónnann sé chun gníomhaíochtaí na Comhairle a threorú agus iad ag freagairt d'iliomad dúshlán na heaspa dídine.
- Léirigh infhaighteacht theoranta cóiríochta éigeandála príobháidí iliomad dúshlán ag freagairt don easpa dídine agus leag éilimh shuntasacha ar acmhainní teoranta an Aonaid Tithíochta.
- Tá deacracht ar leith ag teaghlaigh móra tithe cónaithe a fháil san earnáil phríobháideach. Ní ach líon teoranta tithe 4/5 sheomra i stoc Tithíochta na Comhairle.
- Earcaíodh aimsitheoir HAP (Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta) do dhaoine gan dídean i mí na Samhna 2018 agus is cuid den ról atá acu é deis a chur ar fáil chun earlais agus cíos a íoc roimhré le tiarnaí talún, rud a dhéanann éascaíocht do dhaoine gan dídean rochtain a fháil ar chóiríocht HAP agus imeacht as cóiríocht éigeandála.

Tograí do 2019:

- Meastar go leanfaidh an t-éileamh méadaithe ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean a chonacthas le 3 bliana anuas ar aghaidh in 2019 mar gheall ar sholáthar teoranta tithíochta agus go háirithe an infhaighteacht teoranta tithíochta san earnáil ar cíós phríobháideach.
- Táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag na poist nua, Faighteoir HAP agus oifigeach Tithe Folmha, sa chéad dul síos ar an achar a chaitheann daoine i seirbhísí do dhaoine gan dídean agus nuair a bheidh siad bunaithe cuideoidh siad le stop a chur le daoine a bheith gan dídean trí luath-idirghabháil.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag cur comhoibrithe chun cinn leis an gComhairle Cathrach, leis na seirbhísí do dhaoine gan dídean ar fad agus leis an bhFoireann Gníomhaíochta i leith Daoine Gan Dídean.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag obair i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht leis an earnáil dheonach agus go háirithe le COPE, Simon na Gaillimhe agus Threshold do sprioc chomhroinnte chun cóiríocht éigeandála a chur ar fáil dóibh sin a dteastaíonn sí uathu agus tacú leo chun dul ar aghaidh mar is cuí do gach duine aonair acu.
- Cur chuige bunaithe ar Thithíocht a chur chun cinn le tithíocht shóisialta de gach cineál, tithíocht eatramhach do theaghlaigh san áireamh, i gcomhar le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus le bearta tacaíochta atá cóirithe maidir leis na riachtanais.
- Cóiríocht laghdú tacaíochta/eatramhach a chur chun cinn maidir le daoine aonair a bhfuil gá acu le bearta taca, i gcomhar le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus le bearta tacaíochta atá cóirithe maidir leis na riachtanais.
- Oibriú le comhlachtaí Deonacha & Reachtúla chun Easpa Dídine a chosc (e.g. Threshold, Tusla etc.) agus béim ar leith ar chosaint agus ar inbhuanaitheacht tionóntachta.
- Leanúint den bhainistiú cásanna agus béim á leagan ar ghluaiseacht ar aghaidh chuig cóiríocht chúí.
- Leanúint de chóiríocht fhadtéarmach, lena ngabhann na bearta tacaíochta riachtanacha go léir a chur ar fáil do theaghlaigh gan dídean agus d'iaratasóirí aonair araon.
- Nuair is cuí, leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe lena breithniúchán ar ionaid réadmhaoine a cheannach lena n-úsáid mar “Mhoil Teaghlaigh”.

Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Is í príomhaidhm na Straitéise seo cothromaíocht rochtana a spreagadh agus a phríomhshruthú do dhaoine faoi mhíchumas ar an raon iomlán roghanna tithíochta atá ar fáil, oiriúnach do riachtanas aonair agus teaghlaigh..

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Tugadh faoi athbhreithniú ar thaifead na dteaghlach incháilithe d'iarratasóirí atá faoi mhíchumas i gcomhar le hAchoimre ar Mheasúnú Tithíochta Sóisialta 2018. Tugann bunachar na n-iarratasóirí tithíochta le fios go bhfuil 505 duine faoi mhíchumas ar an liosta Tithíochta - agus bail mheabhairshláinte ar 235 acu sin, míchumas fisiciúil ar 209 acu, míchumas intleachta ar 62 acu agus míchumais chéadfacha ar 9 acu. I gcás daoine a bhfuil bail mheabhairshláinte orthu, tá riachtanas an-soiléir acu go mbeadh daingneacht tionachta acu agus rochtain éasca ar sheirbhísí.
- Prótacal d'ainmniúcháin chuig Comhlachtaí Tithíochta Faofa a shocrú suas d'iarratasóirí a bhfuil gá acu le pacáistí cúraim agus soláthraithe seirbhíse ábhartha a bheith páirteach ann. Tá a lán acu sin ina gcónaí i socruithe tithíochta comhroinnte.
- Beidh ceithre chruinniú ag Coiste Stiúrtha na Straitéise Míchumais in 2018 ag cloí leis an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine Faoi Mhíchumas 2017- 2020.

Tograí do 2019:

- Leanúint de bheith ag obair le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus soláthraithe seirbhíse míchumais chun cóiríocht oiriúnach a chur ar fáil i dtionóntachtaí aonair nó i gcóiríocht roinnte.
- Fanann CAS Call 2017 ar oscailt agus fáiltíonn an Chomhairle roimh iarratais ó Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.
- Fiosrú a dhéanamh faoi "Thithíocht Inoiriúnaithe Fad Saoil" agus a chur san áireamh nach mór % de gach tithíocht nua na Comhairle a bheith deartha chun a bheith oiriúnach do chathaoireacha rothaí, agus nasctha leis an riachtanas tithíochta reatha atá ag daoine a bhfuil lagú soghluaisteachta acu chomh maith le deis a thabhairt do riachtanas a bheith ag teacht chun cinn.

Deontais Tithíochta

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Is ionann líon na n-iarratas ar Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta a ndearnadh íocaíocht ina leith ó thús na bliana 2018 agus 174 agus líon na n-iarratas bhí i ndáil le Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta & Deontais Chúnamh Tithíochta agus 140.
- Cuireadh maoiniú Roinne €2,358,810 ar fáil do 2018. Caithfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe cómhaoiniú 20% a chur ar fáil agus ceadaíodh €471,762 ó acmhainní na Comhairle féin.

Tograí do 2019:

Leanfaidh an Chomhairle de riaradh an Chúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta, agus Deontais Chúnaimh Tithíochta ag baint leas as maoiniú deontais ón Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil chomh fada agus a cheadaíonn cómhaoiniú a chuireann an Chomhairle ar fáil.

Bainistíocht ar Stoc Tithíochta Údaráis Áitiúil

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Rinneadh aighneacht ar mhaoiniú do 41 theach folamh ón Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil in 2018. Fuarthas faomhadh do 17 n-aonad agus tá an tAonad Tithíochta i dteagmháil go gníomhach leis an Roinn in iarracht le ceadú maoinne a fháil do na haonaid atá fágtha.
- Fuarthas faomhadh ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil do mhaoiniú le teorainn don chostas le 4 theach thréigthe a chur ar ais in úsáid tháirgiúil.
- Cuireadh an clár cothabhála freagartha ar fáil ar bhonn tosaíochta agus an gá ann go ndíreofaí ar chothabháil riachtanach, lena n-áirítear pluiméireacht agus leictreachas, chun feidhmiú taobh istigh de shriantachtaí an mhaoinithe a bhí ar fáil.
- Aithníodh an gá atá le fardal stoic chun an obair a theastaíonn leis na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh a aithint agus a chainníochtú, lena n-áirítear íoschaighdeán, agus chun tacú le tabhairt isteach clár cothabhála coisctheach mar ghníomh tosaíochta, le acmhainní foirne breise sannaithe don réimse seo.
- Faoi cheadú saoráide iasachta €10 milliún na Comhairle bhíodhas in ann dul chun cinn a dhéanamh le suirbhé stoic chun eolas a thabhairt don fhorbairt agus don fheidhmiú ar Chlár Cothabhála Coisctheach Pleanáilte ilbhliantúil.
- Deonófar an conradh do na chéad chúig bheart don suirbhé stoic in 2018.
- Cuireadh próiseas tairisceana d'oibreacha tosaíochta leictreachais chun cinn i rith 2018 chun freagairt thráthúil a cheadú ar na cinntí ón suirbhé stoic.

Tograí do 2019:

- Beidh cumas an aonaid tithíochta leanúint le haonaid tithíochta folmha a chasadh ar ais don áitíocht ag brath ar mhaoiniú ón Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil faoin gClár Voids a bheith ag dul ar aghaidh. Mura féidir leanúint leis an gClár Voids, ní bheidh sé indéanta, laistigh d'acmhainní na Comhairle, leanúint ar aghaidh le casadh ar ais réadmhaoine foilmhe don áitíocht.
- Na tionscadail thréigthe a cheadaigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a chur chun cinn faoi réir an mhaoinithe a bheith dóthanach chun na hoibreacha a chríochnú.
- Dul ar aghaidh le Céim 2 den Chlár Aisfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh nuair a bhíonn an maoiniú ar fáil

- Clár cothabhála freagartha a chur ar fáil ar bhonn tosaíochta taobh istigh de na sriantachtaí maoinithe.
- An Clár Cothabhála Coisctheach a chur chun cinn agus an fócas ar bhailchríoch a chur ar an suirbhé stoic.
- An Conradh Sábháilteachta Leictreachais/Dóiteáin a chur chun cinn chun bearta éigeandála a chur i bhfeidhm faoi na ceannteidil seo a leanas: Suiteáil ar chórais bhraite dóiteáin/aláirí dhóiteáin, aláirí aonocsaíd charbóin, pluideanna dóiteáin, Deimhnithe Leictreachais agus suirbhé amhairc ar chórais choirí

Bainistiú Eastát agus Tionóntachta

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Lean an tAonad Tithíochta de bheith ag obair le teaghlaigh leochaileacha ag cuidiú leo a dtionóntachtaí a chothabháil de réir na Straitéise Cothabhála Tionóntachta ar ghlac an Chomhairle léi i Márta 2017.
- Lean an tOifigeach Forfheidhmithe Tionóntachta den obair dhian i limistéir éagsúla ar fud an Chontae. Déantar sin i gcomhar leis na Gardaí agus le geallsealbhóirí Stáit lena mbaineann, chomh maith le ranna eile de chuid na Comhairle féin.
- Mar chuid de Straitéis na Comhairle maidir le Bainistiú Tionóntachtaí agus Eastáit, áirítear caidreamh/rannpháirtíocht ghníomhach ar bhonn leanúnach leis an bpobal ar an leibhéal áitiúil agus béim á leagan ar iompar frithshóisialta agus sárú ar chomhaontú tionóntachta a shainnithint go tráthluath. Lean an Chomhairle den chaidreamh leis na Gardaí agus bíonn cruinnithe rialta ag an Aonad chun plé a dhéanamh faoi limistéir lena mbaineann deacrachtaí agus faoi bhealaí inar féidir leis an dá eagraíocht oibriú i gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta.
- Tá CCTV ag feidhmiú i seacht láithreán ag ionaid éagsúla ar fud an Chontae.
- Cuireadh chun cinn an Straitéis um Iompraíocht Fhrithshóisialta 2018-2020 i gcomhar leis an SPC agus páirtithe leasmhara ábhartha chun go bhféadfadh an Comhairle í a mheas agus glacadh léi.

Tograí do 2019:

- Mar chuid den chur chuige straitéiseach idir-ranna agus idirghníomhaireachtaí, tabharfaidh an tAonad Tithíochta eastáit áirithe chun suntais a ndíreofar orthu maidir le bearta dianbhainistíochta ginearálta i rith na bliana 2019.
- Leanfaidh foireann bainistíochta eastáit de bheith ag cuidiú le tionóntaí i gcothabháil a dtionóntachtaí de réir na Straitéise Cothabhála Tionóntachta.

- Tá uasghráduithe beartaithe d'ionaid CCTV reatha do 2019 chun cumas na gceamaraí a fheabhsú le teagmhais san oíche a ghabháil níos fearr faoi réir infhaighteachta maoinithe.

An Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí

Thug tabhairt isteach na Scéime Ceannaigh ag Tionóntaí Incrimintí in 2016 an deis do Thionóntaí Údaráis Áitiúil cáilithe a dtithe Údaráis Áitiúil a cheannach. Ghin an scéim seo cuid mhór spéise ar fud an chontae ach tá roinnt de na coinníollacha bainteach leis an scéim reatha ag teorannú líon na n-iarratasóirí cáilithe.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Go dtí seo in 2018 fuair an tAonad Tithíochta 27 iarratas comhlánaithe, ceadaíodh 14 réadmhaoin le díol agus tá 7 réadmhaoin tugtha chun críche, arbh ionann an teacht isteach ó na díolacháin agus €400,140.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de phróiseáil gach iarratas ar cheannach tionónta ar bhealach tráthúil de réir mar a fhaightear iad.

Iasachtaí do Cheannach Tí (Iasachtaí Ceannaigh Príobháideacha & Tionónta)

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe cúnamh airgeadais ar fáil chun cuidiú le ceannaitheoirí céaduaire teach a cheannach tríd an scéim cheannaigh ag tionóntaí nó ar an margadh príobháideach.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Go dtí seo in 2018, tá 42 Iasacht Tithíochta Atógáil na hÉireann ar fiú €6.8m iad ceadaithe ag an Aonad Tithíochta. Tá ceithre iasacht um cheannach tí ag tionóntaí agus ceithre iasacht tí phríobháideacha ceadaithe ar luach €732,490. Cheadaigh an coiste creidmheasa dhá iarratas eile ar iasacht um cheannach tí ag tionónta ach níor tharraing na hiarratasóirí anuas go fóill iad. Is ionann iad seo agus €105,105.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de gach iarratas ar iasacht tithíochta a mheas agus a phróiseáil ar bhealach tráthúil de réir mar a fhaightear iad.

Cíosanna Tithíochta

Cé gur faoin aonad Airgeadais é cíosa bhailiú, is feidhm de chuid an Aonaid Tithíochta measúnú cíosa agus leagan amach na Scéime Cíosanna Difreálacha.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018

- Tugadh an t-athbhreithniú cíosa i gCeantar Bardasach Bhaile Átha an Rí/Órán Mór chun críche.
- Cuireadh tús leis an athbhreithniú cíosa i gceantar bardasach Chonamara.

Tograí do 2019:

- Beidh an t-athbhreithniú cíosa tugtha chun críche i gCeantar Bardasacha Chonamara in 2019.

Rialú Capall

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Lean an Chomhairle i rith na bliana 2018 den phrótacal maidir le Rialú Capall a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an nGarda Síochána.
- Tá roinnt feachtas eagraithe ag an gComhairle chun cur leis an tuiscint ar chásanna den sórt sin agus laghdú ar líon na n-ainmhithe a choinnítear ar eastáit. Ar fheachtais den sórt sin, áirítear fógraí poiblí, litreacha chuig áitritheoirí agus cuairteanna Cigireachta a dhéanann na Maoir Pobail.
- Cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maoiniú ar fáil de réir ráta €375 in aghaidh an chapail ar a urghabháil agus a mharú nó €200 (uasráta) sa chás go ndéantar capall a urghabháil agus a athshocrú. Cé go ndéanann an Chomhairle gach iarracht oibriú de réir na dtéarmaí táillí atá leagtha síos, d'fhéadfadh cásanna eisceachta tarlú a mbeadh costas níos airde ag baint leo.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe den obair i gcomhar leis na Gardaí chun dul i ngleic leis an gceist maidir le capaill a théann ar strae nó a thréigtear agus a bhíonn ar fán ar na bóithre poiblí.

An Coiste Polasaí Straitéiseach maidir le Seirbhísí Tithíochta & Éigeandála

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:


- Tháinig an SPC Tithíochta, Cultúir agus Áineasa le chéile 3 huairé go dtí seo in 2018. Ar na réimsí a clúdaíodh bhí Tithíocht, Clár Caipitiúil, Atógáil na hÉireann,

Plean Straitéiseach um Thithíocht do Dhaoine Faoi Mhíchumas, Plean Straitéiseach don Easpa Dídine, Straitéis um Iompraíocht Fhrithshóisialta, Cothabháil Choisctheach agus Achoimre ar Mheasúnú Tithíochta Sóisialta 2018.

Tograí do 2019:

- In 2019, meastar go ndéanfaidh an coiste imscrúdú ar raon réimsí beartais breise bainteach le Tithíocht, Cultúr agus Áineas.

AN tAONAD BONNEAGAIR AGUS OIBRÍOCHTAÍ



Fógrófar na deontais bóthair do 2019 i bhFeabhra 2019. Tá fógra faighte ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go mbeidh an maoiniú do 2019 ar aon dul den chuid is mó leis an méid a cuireadh ar fáil in 2018.

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe suirbhé ar gach bóthar neamhnáisiúnach in 2017, cuireadh grádú i bhfeidhm dóibh agus mapáladh iad ar an gCóras Bainistíochta Pábhála, rud a chuidíonn chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar an ngréasán bóithre. Ba é seo an chéad suirbhé cuimsitheach a rinneadh ón suirbhé agus rangú tosaigh in 2012. Luaitear grád idir 1 agus 10 maidir leis an gcaoi atá ar an mbóthar, 10 nuair atá sé i gcaoi an-mhaith. Riachtanas atá ann anois go gcaithfear suirbhéireacht chuimsitheach a dhéanamh ar bhóithre sa chontae ar bhonn sceidealaithe.

Baintear leas as torthaí na suirbhéireacht a rinneadh ar bhealaí réigiúnacha i gContae na Gaillimhe mar dheis chun cuidiú le hobair faoi Chlár Athchóiriú / Atógáil na mBóithre a chur in ord tábhachta. I gcás gach bóthar a ndéantar feabhsúchán agus/nó oibreacha dromchla air, déantar athshuirbhéireacht, athghrádú agus mapáil dá réir air ar an PMS. Rinneadh forbairt ar an gClár Feabhsúcháin Athchóirithe 2019 - 2021 agus cuireadh ar fáil é don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2018, i gcomhar leis na baill thofa, an pobal i gcoitinne agus i gcomhréir le torthaí suirbhéireachta.

Bóithre Náisiúnta

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018

- Cuireadh maoiniú ar fáil i rith na bliana 2018 chun freastal do thabhairt chun cinn agus do thabhairt i gcrích ghné na mBealaí Móra Idiruirbeacha. Oifig Thionscadail na mBóithre Náisiúnta atá i mbun bainistíochta ar na mórthionscadail seo a leanas agus faightear ar ais iomlán an chostais a ghabhann leis an gclár oibre seo ó Bhonneagar Iompair Éireann.

Bóthar Náisiúnta Uimh.	Réimse Bóthair
M6	Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe
N59	An Clochán go hUachtar Ard
N59	Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn
N67	Baile an Doirín go Cinn Mhara
M17/M18	An Gort go Tuaim
N59	An Teach Dóite/ Uachtar Ard
N84	Luimneach
N17	Ceathrú an Urláir/ Baile an Daighin
N63	Mainistir Chnoc Muaidhe/An tEanach
N63	An Lios go dtí an Mhainistir

- Ar an 25^ú Deireadh Fómhair 2018, foilsíodh na hOrduithe Ceannaigh Éigeantaigh do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe agus cuireadh iarratas pleanála chuig an mBord Pleanála chun an tionscadal a cheadú; is é an 21^ú Nollaig 2018 an dáta deiridh chun aighneachtaí a chur chuig an mBord Pleanála.
- Tá cead pleanála faighte don bhealach ón Teach Dóite go hUachtar Ard agus tá sé á chur chun cinn ina dhá chéim. Céim 1 ón Teach Dóite go dtí Bun an Choill. Tá sé i gceist tairiscint a lorg don phársa 5km seo i R1 2019. Céim 2, Bun an Choill go dtí an Clár Mór atá faoi thrácht i bplé agus i gcumarsáidí leis an NPWS.
- Tá roinnt ceisteanna beaga le réiteach go fóill le húnéirí talún maidir le Scéimeanna an M6 Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe agus an M18 An Gort / Croisín.
- D'oscail an M17/M18 do thrácht, roimh an sprioc, ag deireadh Mheán Fómhair 2017 ach tá roinnt mionsonraí úinéireachta talún fós le réiteach.

- Tá Cáipéisí Conartha á n-ullmhú ag comhairleoirí maidir le scéim an N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn. Tá talamh á fáil faoi láthair. Tá sé i gceist tairiscintí a lorg ag deireadh R1 nó ag tús R2 2019.
- N63 Cnoc an Eanaigh go Mainistir Chnoc Muaidhe –tá oibreacha tógála ar siúl i gcónaí agus meastar go dtabharfar chun críche iad sa cheathrú ráithe de 2018.
- Tugadh faoin gclár oibre bliantúil maidir le dromchla agus cothabháil ar na bealaí Náisiúnta i gcomhréir leis an mbuiséad d'Obair Chothabhála a chuir Bonneagar Iompair Éireann in iúl.
- Tugadh faoi chlár oibre iomlán maidir le Pábháil agus Oibreacha Beaga Feabhsúcháin ar Chóras na bPríomhbhóithre Náisiúnta agus na mBóithre Náisiúnta den Dara Grád i gcomhthéacs dheontas Bhonneagar Iompair Éireann don bhliain 2018.

Tograí do 2019:

- Athailíniú an N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara – tugadh cead pleanála i leith na scéime seo i rith na bliana 2016. Construction is programmed to commence in 2019.
- N63 ón Lios go dtí Mainistir Chnoc Muaidhe - tá comhairleoirí le fáil do phleanáil agus dearadh na scéime seo in 2019.
- D’oscail an M17/M18 do thrácht i Meán Fómhair 2017, tá roinnt mionsonraí úinéireachta talún agus roinnt mionoibreacha iarmharacha fós le críochnú.
- Tosófar ar thógáil an bhealaigh ón Teach Dóite go dtí Bun an Choill in R2 2019.
- Tabharfar faoin gclár bliantúil maidir le dromchla nua ar bhóithre agus le hobair chothabhála, lena ngabhann gnáthobair chothabhála, obair bhliantúil maidir le dromchla nua, obair chothabhála maidir le haimsir geimhridh, obair chothabhála ar dhroichid agus obair chothabhála ar shoilse le bealaí tráchta, de réir an chiste a chuireann Bonneagar Iompair Éireann ar fáil.
- Anuas air sin, leanfar leis an gclár oibre maidir le Pábháil agus Oibreacha Beaga Feabhsúcháin ar Chóras na bPríomhbhóithre Náisiúnta agus na mBóithre Náisiúnta den Dara Grád i gcomhthéacs dheontas Bhonneagar Iompair Éireann don bhliain 2019.

Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

Rinneadh an deontas iomlán **€23,264,250** maidir le Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla a bhriseadh síos mar seo a leanas:

Obair Fheabhsúcháin	€19,958,250
Obair Chothabhála	€ 3,306,000

Is féidir an leithroinnt deontais a rangú faoi na ceannteidil ghinearálta seo a leanas:

Catagóir Deontais	Leithroinnt na bliana 2018
Deontas Feabhsúcháin 2018	€13,216,000
Deontas Cothabhála Athchóiriúcháin	€2,273,000
Cothabháil Athchóiriúcháin Forlfontach	€1,033,000
Deontas Cothabhála Roghnach	€4,797,000
Deontais Feabhsúcháin Shonracha – Clár Athchóiriú Droichid	€415,000
Deontais Feabhsúcháin Ísealchostais maidir le cúrsaí Sábháilteachta	€250,000
Deontais Fheabhsúcháin Shonracha	€415,000
Bóithre Straitéiseacha Réigiúnacha agus Áitiúla	€690,000
Oiliúint	€95,000
Sábháilteacht Bóthair i gceantair Tithíochta	€30,250
FORIOMLÁN	€23,264,250

Feabhsúchán Athchóiriúcháin (Atógáil Bóithre) -

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

Rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt leithdháileadh ar mhaoiniú €13,216,000 d'oibreacha atógála bóthair ar bhóithre neamhnáisiúnacha in 2018. Shocraigh an Chomhairle €1,216,000 den mhaoiniú sin a aistriú chuig an Deontas Roghnach, i gcomhréir leis an solúbthacht atá údaraithe ag an DTTAS chuige sin, mar gheall ar laghdú a bhí déanta ar an leithdháileadh cothabhála do bhóithre áitiúla na Comhairle féin. Tá sé curtha in iúl ag an DTTAS nach mbeidh an tsolúbthacht sin i bhfeidhm feasta ó 2019. Seo a leanas an bealach ar leithdháileadh iarmhéid an €12,000,00 agus chuidigh sé le hoibreacha feabhsúcháin ag 65 ionad ar fud an chontae:

(1)	Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí/Órán Mór	€1,083,928
(2)	Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe	€2,323,961
(3)	Cóiriú Dromchla i gCeantar Bardasach Chonamara	€2,514,735
(4)	Cóiriú Dromchla i gCeantar Bardasach Bhaile Locha Riach	€3,061,232
(5)	Cóiriú Dromchla i gCeantar Bardasach Thuama	€3,016,144

Tograí do 2019:

Déanfar clár oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin a thiomsú nuair a fhaightear fógra faoi mhaoiniú 2019.

Cothabháil Athchóiriúcháin (Cóiriú Dromchla) -

Gníomhaíochtaí Táscaha i rith 2018:

Rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt leithdháileadh ar mhaoiniú €3,306,000 do Chóiriú Dromchla, suim €1,033,000 ó mhaoiniú caipitil an rialtais láir san áireamh. Leithdháileadh é mar seo a leanas agus d'éascaigh sé oibreacha cóirithe dromchla ag 118 ionad ar fud an chontae:

(1)	Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí/Órán Mór	€ 298,622
(2)	Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe	€ 640,251
(3)	Cóiriú Dromchla i gCeantar Bardasach Chonamara	€ 692,810
(4)	Cóiriú Dromchla i gCeantar Bardasach Bhaile Locha Riach	€ 843,369
(5)	Cóiriú Dromchla i gCeantar Bardasach Thuama	€ 830,948

Tograí do 2019:

Déanfar clár oibreacha cothabhála agus coinneála a thiomsú nuair a fhaightear fógra faoi mhaoiniú 2019.

Deisiúcháin ar Bhóithre den Tríú Grád –

Gníomhaíochtaí Táscaha i rith 2018:

Thug an chéad suirbhéireacht ar bhóithre iomlána an chontae in 2012 léiriú soiléir go raibh na bóithre áitiúla den tríú grád, 30% de na bóithre áitiúla ar fad atá sa chontae, i ndroch-chaoi agus infheistíocht thiomanta shuntasach ag teastáil uathu. Socraíodh in 2014 tús a chur le leithdháileadh sonrach ón Deontas Roghnach do bhóithre den chineál sin agus in 2018 cuireadh leithdháileadh €900,000 i leataobh, rud a cheadaigh oibreacha feabhsúcháin athchóiriúcháin a dhéanamh ar 47 bóthar den tríú grád i gContae na Gaillimhe.

Tograí do 2019:

Tá sé i gceist leanúint leis an leithdháileadh ar sciar sonracha den Deontas Roghnach i dtreo oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre den tríú grád. Déanfar clár oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin a thiomsú nuair a fhaightear fógra faoi mhaoiniú 2019.

Droichid -

Tugadh maoiniú, arbh ionann é agus €415,000 in iomlán, do na 8 ndroichead seo a leanas, faoin Deontas Feabhsúcháin Sonrach –

UIMHIR AN BHÓTHAIR	DROICHEAD
R345	Tigh Philbin, Corr na Móna
R353	Coheenaheeney, Áth Cinn
L4514	An Lorgain, An Gort
L74462	Cluain Beach, An Cnoc Breac
R347	Baile an Doire
R347	Droichead Bhéal Átha Glúinín uimh. 1
LP1321	An Chorrhbhuaile, Bearna
LT12056	Úraid, Sraith Salach

Tugadh oibreacha chun críche ar na 10 dhroichead seo a leanas, ar dáileadh maoiniú €360,500 orthu ón leithdháileadh do Chothabháil Lánroghnach:

UIMHIR AN BHÓTHAIR	DROICHEAD
M6AR	Cúil Ola, Eachroim
L-1322	Doire Chrith, Bearna
L-5102	Cloonagh, Leitir Geis
L-5343	Droimnín, Uachtar Ard
R340	Idir Dhá Loch i gCarna
L-8527	Baile Uí Laoigh, An Gort
L-7203	Cluain Caoin 3, Mainistir Chnoc Muaidhe

R334	Maighin, Áth Cinn
L-6501	An Leathchoill, Cluain Bheirn
L-2226	Cluain Dá Thiompar

Tograí do 2019:

Déanfar oibreacha deisiúcháin ar na 9 ndroichead seo a leanas, ag brath ar mhaoiniú idirlinne €415,000.

UIMHIR AN BHÓTHAIR	DROICHEAD
L-4512	Droichead an Bhaile Bhacaigh, An Corrbhaile
L-7173	Droichead an Ghoirt Mhóir, An Cnoc Breac
L-1301	Droichead Chnoc na Fuaiche, An Mám
L-4203	Droichead an Bhualaigh, An Ghráig
L-53286	Droichead na dTulach Buí, An Teach Dóite
L-53772	Droichead Pholl na Clocha, Maigh Cuilinn
L-71522	Droichead Bhaile Uí Bhogáin, Baile Átha an Rí

R336	Droichead Achadh Bhuaile, An Teach Dóite
R336	Na Doiriú Thuaidh, An Teach Dóite

Tá an clár deisiúcháin agus cothabhála droichead seo a leanas pleanáilte ar 12 dhroichead, bunaithe ar leithdháileadh €360,500 ón Deontas Roghnach.

UIMHIR AN BHÓTHAIR	DROICHEAD
L-74462	Droichead Ghort Lomáin, An Ghráig
L-7173	An Gort Mór 2
L-12016	Droichead na nDoiriú, Ros an Mhíl
L-51364	Droichead na Tamhnaí Móire, Sraith Salach
L-12053	Droichead Dhoire Fhada Thoir, Sraith Salach
R343	Droichead an Chroisín, Casla
R461	Droichead Inchaboy, An Gort
L-42177	Droichead Shonnaigh, Cill Chríost
L-85114	Droichead Coise Dhoirín an Charnáin, Cill Bheaganta
R328	Droichead Pháirc an Chaisleáin, Dún Mór
L-2128	Droichead na Mainistreach, Mainistir Chnoc Muaidhe
L-31171	Droichead na nDoiriú, Muine Mheá

Deontais Fheabhsúcháin Shonracha –

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

Den chéad uair ó 2015, fuarthas leithdháileadh €415,000 mar dheontas feabhsúcháin do 2 scéim ailínithe – L2219 ag an mBán Mór agus L3412 ag Acomhal R348 (Crosaire Nutfield).

Tograí do 2019:

Tá aighneachtaí curtha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chuig an Roinn do mhaoiniú le haghaidh scéimeanna oiriúnacha, chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt chothrom agus gheilleagrach. Gheofar fógra ón RITS, i bhFeabhra 2019, faoi na scéimeanna atá le dul ar aghaidh mar aon leis an maoiniú ábhartha a bheidh le fáil.

Deontais Straitéiseacha do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla –

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

Den chéad uair ó 2013, fuarthas leithdháileadh €50,000 san iomlán don fhorbairt ar bhealaí atá aitheanta mar thacaíochtaí don fhorbairt gheilleagrach i gContae na Gaillimhe. Is iad an dá thionscadal a ndearna an RITS sannadh dóibh ná an R336, Bóthar Rochtana Chonamara, agus Bóthar Faosimh Bhaile Átha an Rí.

Tograí do 2019:

Tá aighneachtaí déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chuig an Roinn do mhaoiniú le haghaidh scéimeanna oiriúnacha. Gheofar fógra ón RITS, i bhFeabhra 2019, faoi na scéimeanna atá le dul ar aghaidh mar aon leis an maoiniú ábhartha a bheidh le fáil.

Maoiniú na Comhairle –

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

Is ionann an tsuim a cuireadh ar fáil as acmhainní na Comhairle sa bhliain 2018 agus **€5,668,836**, lena n-áirítear soláthar €1,170,000 maidir le soilse poiblí.

Tograí do 2019:

- Ullmhóidh an tAonad Clár na mBóithre 2019 i gcomhthéacs an airgid a bhíonn ar fáil ó Bhoneagar Iompair Éireann, ón Roinn Iompair agus as acmhainní na Comhairle féin. Cuirfear an Clár faoi bhráid na Comhairle lena cheadú i mí Feabhra 2019.
- Cuirfear an leithdháileadh ar Bhuiséad na mBóithre Áitiúla 2019 faoi bhráid na Comhairle lena cheadú i gcomhthéacs Chlár na mBóithre 2019. Beidh srian ar an leibhéal roghnaithe a bheidh ag an gComhairle i ndáil le maoiniú a leithroinnt maidir le Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla i rith na bliana 2019 mar gheall ar na coinníollacha a ghabhann leis an Meamram faoi Dheontais do Bhóithre Réigiúnacha & do Bhóithre Áitiúla a d'eisigh an Roinn Iompair. Ní bheidh aon solúbthacht ar fáil chun sciar den mhaoiniú feabhsúcháin athchóiriúcháin a leithdháileadh chuig an deontas roghnach.

Oibreacha Mara

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

An Clár Forbartha maidir le Calafóirt Iascaigh agus Infreastruchtúr Cósta -

Rinneadh leithdháileadh €150,000 chun fánán a chur ar fáil agus oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar bhonneagar an phiara ag Céibh an Chroipáin, Maínis, Carna. Is le OÉG na tailte atá ag an suíomh sin tá cainteanna leanúnacha ar siúl maidir le cead do na hoibreacha.

Tograí do 2019:

Tá sé molta, ach an maoiniú a bheith ar fáil chuige, go ndéanfaí suirbhé topagrafach ag Céibh an Chroipáin in earrach 2019. Ba chóir go gceadódh sé sin feabhsúcháin shuntasacha a dhéanamh i samhradh 2019, faoi réir chomhaontaithe a bheith déanta le OÉG agus maoiniú a bheith curtha ar fáil do na hoibreacha atá beartaithe.

Tá sé molta freisin, ach maoiniú a bheith ar fáil chuige, go ndéanfaí oibreacha ar an gcéibh ag an Droim, Leitir Móir; tá na hoibreacha sonracha le plé agus le haontú leis na hiascairí áitiúla.

Obair Chothabhála Mara -

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

Cuireadh leithdháileadh €150,000 ar fáil ó acmhainní na Comhairle féin in 2018 don chlár leanúnach cothabhála mara i dtaca le 62 chaladh i gContae na Gaillimhe atá aitheanta mar áiteanna atá faoi chúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá oibreacha éagsúla i gceist anseo lena n-áirítear nuashonrú céimeanna agus ráillí rochtana agus feabhsúcháin ar fhánáin, lena n-áirítear baint fás algaí ar chéanna i gContae na Gaillimhe.

Tá bailchríoch curtha ar fheabhsúcháin ag céibh na hAird Móire agus Bealacarra in 2018, soláthar dréimrí rochtana nua agus fáinní ceangail san áireamh.

Tá uasghrádú déanta ar shoilse loingseoireachta ar Inis Bó Finne ar chostas €7,200 chun bealach sábháilte a chinntiú do gach soitheach. Tá athsholáthar le déanamh ar na soilse loingseoireachta ag Cuan Chill Éinne i mí na Samhna 2018, ar chostas €5,600.

Tograí do 2019:

Cuirfear clár d'oibreacha leanúnacha cothabhála agus feabhsúcháin le chéile agus cuirfear i bhfeidhm é ar an 62 chaladh atá faoi shainchúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ach maoiniú a bheith ar fáil chuige.

Céanna agus Calafóirt Straitéiseacha -

Caladh Inis Oírr

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Sonraíodh maoiniú €8 milliún maidir le forbairt céibhe in Inis Oírr sa Chlár maidir le Cúrsaí Bonneagair agus Infheistíocht Chaipitil 2016 -2021. Tá comhairleoir fostaithe chun an scéim a chur chun cinn agus tá bailchríoch curtha ar shuirbhéireachtaí éagsúla a raibh gá leo, suirbhéireachtaí bataiméadracha agus topagrafacha san áireamh. Cuireadh tús freisin leis an obair ar bhailiú an eolais atá ag teastáil le go bhfeadfaidh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh dul ar aghaidh.

Tograí do 2019:

- Ullmhófar conarthaí in 2019 chun tairiscintí a lorg do na hoibreacha, ag brath ar an maoiniú a bheith curtha ar fáil. Tá sé i gceist conraitheoir a cheapadh in R3 2019.
- Cuirfear chun cinn an fáltas talún don scéim ar aon dul leis an gclár.

Cé an Chalaídh Mhóir, Inis Meáin

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Tá measúnú déanta ar roghanna do Chéim III, Caladh Mór, Inis Meáin.

Tograí do 2019:

- Breathnófar in athuair ar an tuarascáil féidearthachta a hullmhaíodh agus a eisíodh in 2009.

Cosaint an Chósta

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Ceapadh comhairleoirí chun measúnú a dhéanamh ar oibreacha cosanta atá ag teastáil ag an Líonán.
- Cuireadh tús le hoibreacha chun scéim cosanta cósta a chur chun cinn ag Órán Mór.

Tograí do 2019:

- Cuirfear bailchríoch in 2019 ar an tuarascáil comhairleora, agus beidh moltaí inti faoi na hoibreacha a theastaíonn ag an Líonán. Tá sé i gceist tús a chur leis na hoibreacha a bheidh molta ach maoiniú a bheith curtha ar fáil.
- Déanfaidh an Chomhairle iarratas ar mhaoiniú ón OPW don scéim cosanta cósta ag Órán Mór.
- Leanfaidh an Chomhairle dá measúnú ar roghanna d'oibreacha cosanta cósta ag ionaid shonracha sa Chontae agus cuirfear tograí chuig Oifig na nOibreacha Poiblí do mhaoiniú leis na hoibreacha a éascú.

Draenáil Artaireach

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Rinne an Chomhairle de réir na ndualgas a leagtar uirthi faoin reachtaíocht i ndáil le hobair chothabhála a dhéanamh ar chórais draenála sa Chontae tríd an Aonad Óithre agus Iompair agus Oifigí Cheantair Bhordasacha na Comhairle. Tá dhá Cheantar Draenála déag faoi chúram na Comhairle agus tá dhá Cheantar Draenála i gContae na Gaillimhe a leanann isteach i réimsí Chomhairle Chontae Ros Comáin agus Chomhairle Chontae an Chláir. Cuireadh leithdháileadh €175,000 ar fáil as maoiniú na Comhairle féin in 2018 chun na hoibreacha cothabhála sin a dhéanamh.

Ceantair Draenála:

Áth Eascrach	An tEanach	An Bhuaile
Dún Coillín (An Gort)	Dún Coillín (Baile Átha an Rí)	Dún Coillín (Baile Locha Riach)
Tuaim Catraí	Cill Chríost	An Leathbhaile
Míleac An Poll Seasc	An Creagán	Cnoc Óráin

Comhcheantair Draenála:

Comhcheantar Draenála an Fhorghais

Comhcheantar Draenála an tSuca

Tograí do 2019:

- Tabharfaidh an tAonad faoin gclár obair chothabhála ar chórais draenála a thagann faoi scáth na Comhairle i rith na bliana 2019; braitheann an obair a dhéanfar ar an maoiniú a bhíonn ar fáil.
- Bainfear leas as gach foinse airgid atá ar fáil chun tabhairt faoi obair dheisiúcháin agus faoi obair fheabhsúcháin sna Ceantair Draenála a thagann faoi scáth na Comhairle.

Oibreacha & Bearta Staidéir maidir le Maolú Tuilte

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe den obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí i rith na bliana 2018 d'fhonn oibreacha, a mhaolódh an baol ó thuilte san am atá romhainn, a shonrú agus a chur chun cinn.
- In 2018 tugadh 21 Mionscéim Oibreacha Maolaithe Tuile chun críche, ar chostas €650,000, agus tá 10 gcinn eile ag dul ar aghaidh, atá le tabhairt chun críche in 2019.
- Leanadh de chruinnithe an Chomhghrúpa Stiúrtha ar a bhfuil ionadaithe ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí i rith na bliana 2017 chun

monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na n-oibreacha ar Scéim Mhaolú Tuilte Abhainn Dhún Coillín & Shruthán an Agaird.

- Cuireadh tús leis an obair ar Scéim Faoisimh Tuilte ó Chill Tiarnáin go dtí Baile an Doirín in 2018.
- Ceapadh comhairleoir innealtóireachta agus comhshaolaí in 2018 do Scéim Faoisimh Tuilte Dheisceart na Gaillimhe/Ísealchríocha an Ghoirt agus cuireadh bailchríoch ar an measúnú timpeallachta. Tá roghnú bealaí agus sriantachtaí á gcur chun cinn.
- Cuireadh bailchríoch ar phróiseas Measúnachta agus Bainistíochta Riosca Tuile Abhantrach an Iarthair agus na Sionainne in 2018 agus foilsíodh na pleananna críochnaithe don bhainistíocht riosca i gcás tuilte.
- D'aithin tuarascáil dheiridh CFRAMS Scéim Faoisimh Tuilte Bhéal Átha na Sluaighe mar thionscadal tosaíochta. Tá sé sin á chur chun cinn anois ag an OPW i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Aithníodh Scéim Faoisimh Tuilte an Chlocháin sa tuarascáil CFRAMS mar thionscadal ba chóir a chur chun cinn trí Mhionscéim Faoisimh Tuilte. Tá an Chomhairle ag dul ar aghaidh le hiarratas ar mhaoiniú faoin scéim sin..

Tograí do 2019:

- Tabharfar an obair ar fad atá fós le déanamh ar mhiontionscadail chun an baol ó thuilte a mhaolú chun críche i rith na bliana 2019 agus oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe in éineacht le hOifig na nOibreacha Poiblí i ndáil le scéimeanna oibreacha beaga atá á mbeartú faoi láthair d'fhonn maoiniú a aimsiú do na scéimeanna sin.
- Cuirfear an Tuarascáil Féidearthachta d'Ísealchríocha Ghaillimh Theas/an Ghoirt ar fáil sa chéad leath de 2019 agus tá sé i gceist dul chuig an Taispeántas Poiblí ina dhiaidh sin.
- Beidh an chuid is mó den Scéim Faoisimh Tuilte ó Bhaile an Doirín go Cill Tiarnáin críochnaithe in 2019, an soláthar d'oibreacha cóiríochta d'úinéirí talún áitiúla san áireamh.
- Tabharfar faoi na hoibreacha ar Dhroichead Dhún Coillín agus ar Dhroichead Coisithe Chreachmhaoile in 2019. Tá oibreacha cainéil sceidealaithe do R2 2019.
- Déanfar iarratais ar airgead maidir le scéimeanna eile a mheastar a bheith oiriúnach maidir leis an mbaol ó thuilte san am atá romhainn a mhaolú a thabhairt chun cinn d'fhonn a gcur faoi bhráid Oifig na nOibreacha Poiblí.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis an OPW agus beidh cruinnithe rialta comhoibríthe á reáchtáil chun Scéim Faoisimh Tuilte Bhéal Átha na Sluaighe a chur chun cinn.
- Cuirfear tús le mionscéim faoisimh tuilte sa Chlochán in 2019 ach maoiniú a bheith ar fáil chuige.

<ul style="list-style-type: none">• Sábháilteacht ar na Bóithre
--

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Tionóladh cruinnithe den Chomhchoiste Sábháilteachta ar Bhóithre agus leanadh de ról gníomhach an choiste sin maidir le sábháilteacht ar bhóithre.
- Áirítear ar na tionscnaimh ar thug an Chomhairle fúthu maidir le cúrsaí sábháilteachta ar bhóithre i rith na bliana 2018:
 - Cúnamh taca maidir leis an gClár Oiliúna i ndáil le Rothaíocht Shábháilte sna scoileanna náisiúnta
 - An Clár Drive for Life a chur chun cinn i scoileanna dara leibhéal.
 - I bhFeabhra agus in Iúil 2018, reáchtáladh ócáid 'Check it Fits' ag ionaid éagsúla i nGaillimh, chun a chinntiú go bhfuil siad feistithe go sábháilte agus go daingean.
 - Cúnamh taca maidir le Scéim na Maor Sóisearach Scoile a rith chomh maith le comórtas a eagrú le 4 scoil i mBéal Átha Ghártha ar an 9 Bealtaine 2018.
 - I rith Fhéile na Bealtaine 2018, cuireadh Feachtas Veisteanna Sofheicthe ar siúl agus tugadh veisteanna amach saor in aisce.
 - Feachtas éagsúla dírithe ar lucht leanta a bheadh i láthair ag na cluichí ceannais iománaíochta agus peile na Gaillimhe.
 - I rith 'Sheachtain Réthaistil na hEorpa' ón 16^ú go dtí an 22^ú Meán Fómhair 2018 agus na Seachtaine um Ionchuimsiú Sóisialta ón 15^ú go dtí an 21^ú Deireadh Fómhair 2018, scaipeadh ábhar agus bileoga ard-infheictheachta.
 - Reáchtáladh 'Lá Eorpach Gan Bás Bóthair' ar 19 Meán Fómhair 2018, agus chuir an Chomhairle Feachtas 'Are You Daylighted' chun cinn a spreagann gach úsáideoir bóthair ceannsoilse maolaithe a úsáid le solas an lae.
 - Don tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre a tionóladh ó 1 go 7 Deireadh Fómhair 2018, reáchtáladh comhthionscnaimh le NUIG agus GMIT áit ar leithdháileadh veisteanna sofheicthe ar mhic léinn; clúdaí le haghaidh málaí droma agus soilse rothair thairg Advance Pitstop 'Seiceáil Sláinte' Feithicle 5 Phointe saor in aisce do dhaoine den phobal chun a chinntiú go bhfuil feithiclí ag obair i gceart don gheimhreadh agus thairg Specsavers tástálacha súl ar phraghas laghdaithe chun a chinntiú go bhfuil an radharc i gceart don tiomáint.
 - Reáchtáladh an Fechtas 'Be Bright' le Scoil Náisiúnta Naomh Feichín, An Mhainistir, ar an 3^ú Deireadh Fómhair 2018 agus dáileadh veisteanna ard-infheictheachta ar na leanaí agus rinneadar siúlóid oideachasúil mórthimpeall an tsráidbhaile.
 - I rith 2018, cuireadh fógraí feasachta faoi shábháilteacht ar bhóithre ar mheáin shóisialta na Comhairle chun feasacht leanúnach faoi shábháilteacht ar bhóithre a ardú i measc an phobail agus lena chois sin dáileadh veisteanna ard-infheictheachta, bandaí muinchille agus bileoga faoi fheasacht sábháilteachta ar bhóithre, in aisce, ar scoileanna, grúpaí pobail agus an pobal.

Tograí do 2019:

- Beidh cruinnithe rialta ag an gComhchoiste Sábháilteachta ar Bhóithre agus leanfar den ról gníomhaíochta maidir le sábháilteacht ar na bóithre a chur chun cinn.
- I measc na dtionscnamh maidir le sábháilteacht ar bhóithre atá beartaithe ag an gComhairle a chur chun cinn i rith na bliana 2018, tá siad seo a leanas:
 - Feachtas Feasachta i leith Sábháilteachta ar Bhóithre dírithe ar Choisithe agus Gluaisrothaithe.
 - An Clár Drive for Life a chur chun cinn i scoileanna dara leibhéal.
 - Cúnamh taca maidir leis an gClár Oiliúna i ndáil le Rothaíocht Shábháilte sna scoileanna náisiúnta
 - Leanúint de bheith ag ardú feasachta faoi shábháilteacht ar bhóithre don phobal trí theachtaireachtaí rialta ar na meáin shóisialta agus ar an raidió
 - Cuidiú le Scéim na Maor Sóisearach Scoile a rith i gceithre cinn de scoileanna
 - Leanúint de veisteanna sofheicthe, criosanna muinchille sofheicthe agus bileoga d'fhonn tuiscint ar chúrsaí sábháilteachta ar na bóithre a chothú a dháileadh saor in aisce ar scoileanna, ar ghrúpaí pobail agus ar an bpobal.

Oibreacha agus Beartha Feabhsú Sábháilteachta:

- Chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt leithroinnt €250,000 ar fáil ionas go bhféadfaí oibreacha feabhsúcháin ísealchostais ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta a dhéanamh ar na bóithre réigiúnacha agus ar na bóithre áitiúla seo a leanas:

UIMHIR AN BHÓTHAIR	SONRAÍ
L7125	Baile Dháibhí, Baile Átha an Rí
R347	Laragh Hill
R356	An Eiscir, Beannchar: Titim mhór leibhéal isteach i bpáirc atá le hais ciumhaise caoile le hais an bhóthair
R374	1km siar ó Shéipéal Thír an Fhia
R336	Bearna
R351 & L8224	Acomhal ag an L8224 leis an R351 ag na hAille/an nGreallach
R460	Sráid an Teampaill, an Gort
R333	Acomhal ar an R333 (an príomhbhóthar ó Thuaim go hÁth Cinn) leis an L6134
R327/R360	Poll Réamainn
R923	Comhartha Aiseolais Digiteach don Teorainn Luais

An Scéim Fostaíochta Pobail

Gníomhaíochtaí Táscaha i rith 2018:

- I rith 2018, lean 5 Scéim Fostaíochta Pobail ar aghaidh ag obair. Bhain sráidbhailte agus bailte tairbhe as oibreacha ar nós cothabháil sráidbhailte; tírdhrechtú; gearradh féir agus tógáil ballaí cloch. Tá na Scéimeanna CE mar seo a leanas: An Clochán/Cloch na Rón; Maigh Cuilinn/ Uachtar Ard; An Gort & Purláin; An Baile Mór/ An Mhainistir agus Tuaim & Purláin.

Tograí do 2019:

Leanfaidh na 5 Scéim Fostaíochta Pobail de bheith ag oibriú agus ag soláthar oibreacha ar nós cothabháil sráidbhailte; tírdhrechtú; gearradh féir agus tógáil ballaí cloch.

Luasteorainneacha

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Cuireadh bailchríoch ar athbhreithniú na luasteorainneacha ar fud Chontae na Gaillimhe agus cuireadh le chéile Dréacht-Fhodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre Luasteorainneacha Speisialta 2018, faoi réir na dTreoirínte maidir le Luasteorainneacha in Éirinn a Shocrú agus a Bhainistiú, 2015. Tá na fodhlíthe seo le plé agus, má mheastar iad a bheith cuí, glacfar leo ag cruinniú iomlánach den Chomhairle i mí na Samhna 2018.
- In 2008, leanadh ar aghaidh leis an gclár ceithre bliana faoina bhfuil comharthaíocht luasteorainne SLOW ZONE á suiteáil in eastáit tithíochta. Cuireadh €30,250 ar fáil don chlár oibre seo i rith na bliana 2018.
- Lean an tAonad de Theorainneacha Luais a chur i bhfeidhm maidir le hOibreacha Bóthair i gcomhar leis na Gardaí agus le Bonneagar Iompair Éireann, de réir mar a theastaigh d'fhonn freastal do chlár oibre éagsúla na Comhairle a thabhairt i gcrích.

Tograí do 2019:

- Ag leanúint ar aghaidh ó ghlacadh na bhFodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre Luasteorainneacha Speisialta a bhfuiltear ag súil leis, tabharfar faoi chlár oibre ina ndéanfar suiteáil agus uasdátú ar an gcomharthaíocht de réir na bhfodhlíthe.
- Tá beartaithe leanúint i rith na bliana 2019 leis an gclár oibre maidir le comharthaí CRIOS MALL a chur suas i ndáil le teorainneacha luais in eastáit tithíochta, ag brath ar an Roinn Iompair airgead a chur ar fáil chuige.
- Leanfaidh an tAonad de Theorainneacha Luais a chur i bhfeidhm maidir le hOibreacha Bóthair i gcomhar leis na Gardaí agus le Bonneagar Iompair Éireann, de réir mar is gá d'fhonn freastal do chlár oibre éagsúla na Comhairle a thabhairt i gcrích.

Soilsiú Poiblí

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Cuireadh suim €1,170,000 ar fáil, ó chistí na Comhairle féin, i mbuiséad 2018 chun an clár soilithe poiblí a mhaoiniú i gContae na Gaillimhe, na costais chothabhála, fuinnimh agus uasghrádaithe san áireamh. Chuir TII ranniocaíocht €119,000 ar fáil i dtreo chostas na soilse poiblí ar príomhbhóithre náisiúnta agus ar bhóithre den dara grád. Tá freagracht ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe as 12,000 solas poiblí. Rinne an Chomhairle, le cómhaoiniú a chuir an SEAI agus an TII ar fáil, aisfheistiú ar 12,000 solas poiblí in 2018.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag cothabháil agus ag uasghrádú soilse poiblí i gContae na Gaillimhe. Beidh an Chomhairle ag comhoibriú leis an SEAI agus an TII chun a theacht ar bhreis maoinithe le soilse neamhéifeachtacha poiblí a athsholáthar le soilse LED atá tíosach ar fhuinneamh. Déanann an buiséad seo soláthar do na costais chothabhála agus costais fuinnimh a bhaineann leis an líonra soilse poiblí atá ann cheana.

Scéimeanna Rannpháirtíochta Poiblí

Rannpháirtíocht Phoiblí sna Scéimeanna Oibreacha Bóthair

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Lean an Chomhairle leis an Rannpháirtíocht Phoiblí sna Scéimeanna Oibreacha Bóthair a chur chun cinn go gníomhach mar bhealach le leas a bhaint as tacaíocht an phobail d'oibreacha bóthair ar bhóithre áitiúla oiriúnacha. Cuireadh athrú ar an scéim, ar chomhairle ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus rinneadh clár dhá bhliain de – 2018/2019, agus leithdháileadh sonrach €631,000 ar fáil don scéim dhá bhliain. Faoin leithdháileadh sin beifear in ann 41 scéim a chríochnú faoi mhí na Samhna 2019.

Tograí do 2019:

- Cuirfidh an Chomhairle bailchríoch ar fheidhmiú an chláir dhá bhliain d'oibreacha faoi mhí na Samhna 2019 agus déanfar iarracht a theacht ar bhreis mhaoinithe ón Roinn do scéimeanna breise.

Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe fógra faoin leithdháileadh €942,000 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus chuir sé sin ar chumas na Comhairle dul ar aghaidh le hoibreacha ar 30 scéim. Rinneadh fógra poiblí i nDeireadh Fómhair 2018 go raibh leithdháileadh breise €1,000,000 á chur ar fáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun tuilleadh scéimeanna a chur chun cinn in 2018. Níl aon fhógra foirmiúil faighte ag an gComhairle i dtaca leis sin ach táthar ag súil go gcaithfear an maoiniú breise seo in 2019 chun líon breise scéimeanna a chur ar fáil.

Tograí do 2019:

- Tá sé i gceist an obair ar roinnt scéimeanna a chríochnú leis an leithdháileadh breise a cuireadh ar fáil i ndeireadh 2018.
- Táthar ag súil le leithdháileadh in 2019 cosúil leis an gcead cheann a fuarthas in 2018. Tá sé i gceist an scéim a fhógairt arís agus aighneachtaí a lorg go luath in 2019, d'fhonn oibreacha a dhéanamh ag ionaid eile.

Glasbhealaí

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an nGlasbhealach siúlóide agus rothaíochta atá beartaithe ó Ghailimh go hUachtar Ard a chur chun cinn le tacaíocht ón Roinn Iompair.
- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe le forbairt an Ghlasbhealaigh siúlóide agus rothaíochta ón gClochán go hUachtar Ard a chur chun cinn le tacaíocht ó Fáilte Éireann.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh an Chomhairle leis na tograí Glasbhealaigh don chontae a chur chun cinn, ar mhaithe le níos mó roghanna iompair inbhuanaithe a thabhairt do mhuintir an chontae agus do thurasóirí araon.

Seirbhís don Chustaiméir

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Tá an tAonad ag baint níos mó úsáide as Twitter agus Facebook mar mheáin shóisialta cuí ar an toirt le heolas a chur ar fáil don phobal maidir le hoibreacha sealadacha bóthair, lena n-airítear an t-eolas is deireanaí maidir le creat ama na n-oibreacha. Baineadh úsáid as na modhanna cumarsáide seo freisin i rith eachtraí troma éagsúla drochaimsire ar nós Stoirm Eleanor ar eisíodh rabhadh dearg aimsire lena linn.

- Chuir an tAonad saoráid ríomhphoist ar fáil don phobal díreach i ndiaidh na dtionchar láithreach a bhí ag Stoirm Eleanor chun tuairiscí a thabhairt faoi ghlanadh práinneach bóithre. Rinneadh monatóireacht ar na nótaí ríomhphoist sin, déileáladh leo agus cuireadh an t-eolas ar aghaidh go tapa chuig an gcriú cuí chun feidhmiú dá réir. Bhí an córas sin éifeachtach agus chuir sé fáil ar chur chuige comhtháite do fhreagairt éigeandála trí úsáid a bhaint as eolas a chuir an pobal ar fáil.
- Leanann an tAonad le fógraí poiblí a fhoilsiú ar www.galway.ie maidir le hoibreacha bóthair fadtéarmach atá pleanáilte.
- Leanann an tAonad le Saoráid Íocaíochta ar Líne a oibriú le deis a chur ar fáil le Fógraí Táillí Seasta (Fíneálacha Páirceála) a íoc.
- Feidhmíonn an tAonad an córas náisiúnta ar líne chun cur isteach ar cheadúnas oscailte bóithre agus chuir sé an rogha seo ar fáil do chonraitheoirí móra agus d'eagraíochtaí eile ar nós Bord Gáis agus Eircom.
- Cuireadh fógraí ar fáil ar www.galway.ie ag cur eolas ar fáil don phobal maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, a bhaineann leo, ar nós bearradh fáлта scean, fógraíocht nach bhfuil údaraithe, chomh maith le fógraí sna nuachtáin áitiúla.
- Déileálann duine atá ainmnithe laistigh den Aonad leis na fiosruithe go léir a bhaineann leis an tSeirbhís don Chustaiméir ó cibé foinse óna dtagann siad, ar nós Deisigh do Shráid, Córas Tuairimí Custaiméir, ríomhphost, Twitter srl., lena chinntiú go n-eisítear freagra go tráthúil.
- Chuir an tAonad eolas ar fáil don phobal sa bhliain 2018, maidir lenár bPlean Seirbhíse Geimhridh do 2018/2019 ag www.galway.ie. Leagan an t-eolas amach an bealach ina ndéanfaidh an tSeirbhís Gheimhridh soláthar d'aimsir sheaca agus sneachta i gContae na Gaillimhe.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh an tAonad le húsáid a bhaint as www.galway.ie agus as meáin shóisialta eile le heolas a chur ar fáil don phobal maidir le saincheisteanna Bóthair a d'fhéadfadh cur isteach orthu.
- Leanfaidh an tAonad le hoiliúint ar an láthair oibre a chur ar an fhoireann túsline. Cinnteoidh sé seo go bhfuil dóthain eolais ar fáil laistigh den Aonad le cur ar a chumas oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil in ainneoin an laghdaithe ar líon na foirne.
- Tá an córas ar líne chun cur isteach ar cheadúnas oscailte bóithre le leathnú amach orthu sin ar fad a bheidh ag cur isteach ar cheadúnais dá leithéid.
- Déanfar breithniú ar an rogha, sé sin síneadh a chur leis an tsaoráid d'íocaíochtaí ar líne do sheirbhísí eile.

Tacaíocht Chorporáideach

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Lean an tAonad de bheith freagrach as oibriú agus as an riarachán éifeachtúil a bhaineann le Ceantar Bardasach Thuama.
- Shocraigh an tAonad suas agus leanann le tacaíocht a sholáthar don Choiste um Beartais Straitéiseach nua do Bhóithre agus d'Iompar ó thaobh ceapadh beartais.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh an tAonad le tacaíocht ghníomhach a thabhairt don Choiste um Beartais Straitéiseach do Bhóithre agus d'Iompar ó thaobh ceapadh beartais, le súil le tuilleadh a chur le beartais maidir le fógraíocht ar bhóithre poiblí agus ar mhoilliú tráchta i limistéir faoi fhoirgnimh.
- Leanfaidh an tAonad orthu ag obair leis na Baill chun a chinntiú go mbeidh an córas Ceantar Bardasach ina shamhail éifeachtúil agus éifeachtach chun díriú ar chúinsí oibríochtúla, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh na hathruithe sna Toghcheantair a bheidh sé le cur i bhfeidhm i Meitheamh 2019.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

Áiríodh ar na hoibreacha ar thug an rannóg Glacadh ar Láimh fúthu bhí: -

- Oibreacha ar bhailchríoch a chur ar Eastáit a bhí maoinithe ag Bannaí
- Dul i gcomhairle le Forbróirí chun eastáit a chríochnú ar chaighdeán an TIC agus/nó fuascailt Bannaí
- Bailchríoch a chur ar oibreacha ar Eastáit nuair a fuarthas maoiniú faoin tionscnamh NTICI
- Bailchríoch a chur ar oibreacha ar Eastáit Stairiúla a bhí maoinithe ag leithdháileadh buiséid na Comhairle
- Athbhreithniú ar Fhorbairtí/ Eastáit chun a dhearbhu go raibh siad ag cloí leis an gCead Pleanála, agus i gcásanna inar aithníodh neamhchomhlíonadh, cuireadh comhad/comhaid chuig Forfheidhmiú chun tús a chur le himeachtaí cuí.

Tá 10 n-eastát glactha ar láimh go dtí seo i mbliana.

Bíonn an rannóg Glacadh ar Láimh i dteagmháil go gníomhach le Sealbhóirí Bannaí chun airgead a scaoileadh le bailchríoch a chur ar oibreacha ar eastáit agus le Forbróirí agus/nó páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go gcríochnófar na heastáit ar an gcaighdeán ceart ar mhaithe le cách, na cónaitheoirí ach go háirithe. Tá an dul chun cinn ar oibreacha ar eastáit ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil, ar chastacht na hoibre atá i gceist, ceadanna slí agus comhpháirteachas le tríú páirtithe.

Faoi láthair, tá 34 forbairt ag an gComhairle atá ar tí a bheith tugtha chuig caighdeán Glacadh ar Láimh le hoibreacha atá maoinithe ag airgead Bannaí.

Faightear na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don rannóg Glacadh ar Láimh trí Bhannaí atá sannta go sonrath d'fhorbairtí agus/nó maoiniú a fhaightear trí Réiteach Suíomh le hUisce Éireann. Tá an leithdháileadh buiséid €100K ón gComhairle ina fhoinse sárluachmhar ioncaim d'eastáit stairiúla. Sin eastáit nach bhfuil aon airgead Bannaí, nó fórbheagán de, ar fáil chun na heastáit a thabhairt go dtí caighdeán Glacadh ar Láimh. Go dáta, tá leibhéal éigean maoinithe faighte ag 35 eastát ón leithdháileadh sin.

Tograí do 2019:

Leanfaidh an rannóg Glacadh ar Láimh de bheith ag measúnú agus ag próiseáil iarratais ar ghlacadh ar láimh.

Ag cur san áireamh na n-acmhainní atá ar fáil, déanfar gach iarracht a chinntiú go gcríochnófar forbairt de réir an chead pleanála a tugadh agus ar an gcaighdeán glacadh ar láimh atá dlite.

I gcásanna ina n-aithnítear cásanna neamhchomhlíontachta, cuirfear é iad sin in iúl do na Ranna ábhartha chun tús a chur le himeachtaí.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Ón 1 Eanáir 2014, tá an Clár Caipitiúil á chur i bhfeidhm ag an gComhairle mar ghníomhaire d’Uisce Éireann. Is é Uisce Éireann a dhéanann cinntí maidir le hinfeistíocht agus tráthú infheistíochta agus déantar amhlaidh ar bhonn cásanna gnó agus bíonn gá le ceadú an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh ina leith. Tá Clár Infheistíochta Caipitiúla Uisce Éireann ann anois in ionad an Chláir Infheistíochta maidir le Seirbhísí Uisce a bhí ann tráth. In 2018, faoin gClár Bonneagair, críochnaíodh an tUasghrádú WWTP in Uachtar Ard, críochnaíodh forleathnúcháin ar ghréasán Scéim Séarachais Chinn Mhara chun díchoimisiúnú a dhéanamh ar chúig ionad cóireála ar an suíomh, críochnaíodh forleathnúchán RWSS Loch Measca go Baile Liam agus fógraíodh Conradh 2 Bhéal Átha na Sluaighe ina n-áireofar uasghrádú ar an bpríomhlíonra uisce agus ar na píopaí bailithe fuíolluisce taobh istigh de Bhéal Átha na Sluaighe sular ndéanfar oibreacha feabhsúcháin sráide. Críochnaíodh an t-uasghrádú ar WWTP Bhéal Átha na Sluaighe agus an Ghoirt agus críochnaíodh WTPanna Lár na Gaillimhe faoin gClár Caipitiúil Oibreacha. Cuireadh tús le hoibreacha ag WTP an Spidéil agus an Ghoirt agus leanfaidh siad sin ar aghaidh in 2019.

Tograí do 2019:

- In 2019, faoin gClár Bonneagair, táthar ag súil go mbeidh bailchríoch curtha san Aibreán ar na hoibreacha uasghrádaithe atá ar siúl faoi láthair ag WWTP Bhaile Átha an Rí agus meastar go gcuirfear tús leis an tógáil ar WWTPanna nua ag Gleann na Madadh, Béal Átha Ghártha agus an Creagán. Cuirfear tús leis an bhforleathnúchán ar RWSS Thuama go Baile Locha Riach go luath in 2019. Déanfar dul chun cinn don phleanáil do WWTPanna nua ag Cloch na Rón, an Cheathrú Rua, an Spidéal agus Áth Eascrach, d’fhonn tús a chur leis an tógáil roimh dheireadh na bliana. Tá taiscumair nua pleanáilte do WSS Leitir Fraic, WSS an Ghoirt agus RWSS Chill Choirín/Mhaigh Locha faoin gClár Caipitiúil Oibreacha.

Bainistiú agus cothabháil Scéimeanna Uisce agus Dramhuisce

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Leanann an Chomhairle de na scéimeanna uisce agus dramhuisce a oibriú mar ghníomhaire d'Uisce Éireann faoi na téarmaí atá leagtha amach sa Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse agus sa phlean seirbhíse bliantúil. Ina cáil mar ghníomhaire d'Uisce Éireann, tá an Chomhairle ag oibriú i dtimpeallacht rialáilte anois agus is é is éifeacht phraiticiúil dó sin ná béim i bhfad níos mó ar ghníomhaíochtaí a thuairisciú agus ar fheidhmíocht a thomhas. Is é a lean as sin ná cleachtais nua agus teicneolaíocht nua a ghlacadh agus, ag an am céanna, iallach a bheith orainn glacadh le laghdaithe ar an líon foirne, rud a bhí á spreagadh ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh. Leantar de bhéim a leagan ar Shláinte agus ar Shábháilteacht agus ar chomhlíonadh ó thaobh caighdeán de.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh an Chomhairle den Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse a oibriú agus gníomhóidh sí de réir na bparaiméadar atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse Bliantúil. Ceaptar go mbeidh tuilleadh tionscnamh athrúcháin á gcur i bhfeidhm agus, chomh maith leis sin, go ndéanfar dul chun cinn maidir le Creat Oibriúcháin an Tionscail Uisce (WIOF) ar tríd is ceart go mbeidh soiléiriú ar fáil faoin mbealach chun cinn don tionscal ina iomláine.

Caomhnú Uisce

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Leanadh d'oibreacha aimsithe sceití agus deisiúcháin i rith 2018 agus cuireadh acmhainní breise ar fáil chun díriú ar sceití a laghdú i réimsí ainmnithe faoin gClár Caipitiúil Aimsigh agus Deisigh. Rinneadh oibreacha forleathana uasghrádúcháin agus cothabhála ar chomhlaí laghdaithe brú agus ar mhéadair a bhaineann leis na Ceantair Mhéadraithe Dúiche (DMA-anna) agus, mar thoradh air sin, beifear in ann sonraí iomlána cruinne a bhailiú faoin ngréasán. Tá bailchríoch curtha ar oibreacha athshlánúcháin ar an bpríomhlíonra uisce faoin gClár Gréasán Uisce i gceantair lena n-áirítear Indreabhán, an Teach Mór, Inis Mór, Cloch na Rón, an Fhairche, an Cheathrú Rua agus Gleann na Madadh. Díriodh freisin ar sceitheadh tánaisteach faoin gClár Céad Dheisiú ar fud an Chontae.

Tograí do 2019:

- Chun tuilleadh laghdaithe a dhéanamh ar an uisce nach bhfuil aon chuntas air sa chontae i rith 2019, leanfar de bheith ag cur acmhainní ar fáil chun díriú ar gach sceitheadh poiblí agus príobháideach sa ghréasán faoin gClár um laghdú ar

scitheadh. Táthar le tosaíocht a thabhairt ar cheantair bhreise d'oibreacha athshlánúcháin ar an bpríomhlíonra uisce, méadrú agus laghdú ar bhrú ar fud an Chontae, ag baint úsáide as ár gcriúnna féin agus as Conraitheoirí.

An Clár Uisce Tuaithe

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

Lean an Chomhairle dá gníomhaíochtaí i bhfeidhmiú an Chláir Uisce Tuaithe Ilbhliantúil 2016-2018 (MARWP) faoi réir threo pholasaí na Roinne agus an bhéim mar is gnách ar aithint agus feidhmiú na roghanna is indéanta go heacnamúil chun uisce óil comhlíontach a chinntiú. In 2018, d'fhoilsigh an Roinn den chéad uair Liosta Beartaíochtaí Ceartaitheacha (RAL) do ghrúpscéimeanna ar aon dul le scéimeanna poiblí agus tabharfar tús áite do na scéimeanna sin chun díriú ar aon chásanna a bhaineann le caighdeán an uisce. Lean an Chomhairle de bheith ag cuidiú le scéimeanna ina n-oibreacha ó lá go lá trí fheidhmiú na scéime Fóirdheontais atá ceadaithe agus íocadh amach cistí suntasacha.

Tograí do 2019:

Oibreoidh an Chomhairle leis an Roinn chun uasmhéadú a dhéanamh ar an maoiniú a bheidh ar fáil do scéimeanna i gContae na Gaillimhe faoin MARWP nua a thosóidh in 2019. Lena chois sin, oibreoidh an Chomhairle le scéimeanna i bhfeidhmiú na scéime nua fóirdheontais atá tugtha isteach ionas nach bhféadfaidh grúpscéimeanna uisce táille a ghearradh ar a mbaill tí agus sin athrú an-suntasach. Leanfar de sholáthar na ndéontas toibreacha do thithe i gceantair nach bhfuil aon soláthar píobaithe ar fáil dóibh faoi na gnáth-théarmaí agus coinníollacha.

AN tAONAD AIRGEADAIS AGUS ICT

Cúrsaí Airgid

Luach ar Airgead, Seirbhísí Comhroinnte agus Soláthar Poiblí:

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

I rith 2018 bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe i dteagmháil leis an Lárionad Soláthair Oibríochta Rialtais Áitiúil (LGOPC) maidir leis na Crea/DPS seo a leanas:

Seirbhísí Gléasra ar Cíos, Ábhair Déanta Bóithre – Soláthar Amháin, Ábhair Déanta Bóithre – Soláthar & Socrúchán, Breiseánaigh do Coincréit Réamh-mheasctha & Coincréit (Soláthar amháin) agus Soláthairtí agus Seirbhísí Eibleachta Biotúmain

Ardaíodh -131 Iarratas ar Thairiscint (RFT) agus 68 Iarratas ar Luachan (RFQ) ar SupplyGov (Luachain LA) i rith 2018 Bliain go Dáta (YTD).

- Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe i dteagmháil freisin leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) maidir leis na Conarthaí agus na Creaí Náisiúnta seo a leanas: Airgead faoi Bhealach, Bulcbhreosla, Leictreachas, Gás Nádúrtha, Cártaí Breosla, Clúdaigh Litreach, Páipéar Cóipeála, Seirbhísí Bainistithe Cló, Painéal Cló, Stáiseanóireacht, Trealamh Cosanta Pearsanta, agus soláthairtí Feighlithe.
 - Próiseáladh 31 tairiscint trí eTenders go dáta i mbliana.
- Cártaí Ceannaithe: Leanamar, le linn na bliana 2018, le húsáid a bhaint as Tairseach Lighthouse BCS le próiseáil a dhéanamh ar idirbhearta chuig Agresso. Tá 189 Cárta Gníomhach againn faoi láthair le Caiteachas €900,000 agus tá próiseáil déanta ar 6968 idirbheart don bhliain go dtí seo.
- Cártaí Dochair Breosla: Tá 248 cárta breosla gníomhach againn faoi láthair le caiteachas bliantúil go dtí seo €648,000 atá déanta suas de 9004 idirbheart ar fud 66 Garáiste.
- Cuireadh an Seiceálaí Soláthair ar siúl in MS4 (Agresso) i mí Feabhra 2018. Leanfaidh an t-oifigeach Soláthair lena ról ag monatóireacht ar chomhlíontacht foréileamh trí chóid táirgí a chur ar siúl do cheadú soláthair tar éis iad a ardú. Leanfaidh líon na gcód táirgí a chuirfeadh ar siúl le haghaidh seiceála de bheith ag dul i méid de réir mar a thiocfaidh méadú ar ról na comhlíontachta.
- Cód Caiteachais Phoiblí: Eisíodh an dara tuarascáil ar an gCód Caiteachais Phoiblí ar NOAC ag deireadh mhí na Bealtaine 2018.
- Cuireadh oiliúint ardleibhéil ar Ríomhthairiscintí ar fáil d'innealtóirí agus d'fhoireann riaracháin i Meán Fómhair 2018.

- Tuairisceáin Sonraí: Rinneadh na tuairisceáin sonraí go léir a bhí á n-éileamh an LGER agus ag an OGP a chomhlánú agus seoladh ar ais in am iad.
- Ciorclán Airgeadais 07/2012: Faoin bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí – d’fhoilsigh Comhairle Chontae na Gaillimhe ráiteas liostaithe ráithiúil d’Orduithe Ceannaigh os cionn €20k.
- Foilsítear an t-eolas soláthair ar láithreán gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Tograí do 2019:

- Oiliúint
 - Oiliúint SupplyGov do cheannaitheoirí agus don fhoireann riaracháin don chreat nua le haghaidh Mionoibreacha Tógála.
 - Oiliúint don Bhainistíocht ar Chonarthaí i gcomhar le Grúpa Náisiúnta Oiliúna na Seirbhísí Údaráis Áitiúil (LASNTG).
 - Tuilleadh oiliúna a chur ar fáil i dtaca le soláthar i gcoitinne.
- Uasdátú a dhéanamh ar an bPlean Soláthair Corparáideach (2019-2021) agus ar an bPolasaí Soláthair Corparáideach (2019-2022).
- Úsáid luachan leictreonach a chur chun cinn trí eTenders agus Supplygov.
- Próifíl an tsoláthair a uasdátú agus a mhéadú trí láithreán gréasáin na comhairle.
- Úsáid a bhaint as na creata a bhunaigh LGOPC agus an OGP ar fud na heagraíochta.
- Monatóireacht a dhéanamh ar eTenders agus ar SupplyGov lena chinntiú go dtugtar próisis chomórtais chun críche ag teacht le Treoracha agus le Treoirí AE.
- Monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar Chonarthaí Náisiúnta agus laghdú a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh, conarthaí atá faoi stiúir an OGP agus an LGOPC araon, go háirithe chomh fada agus a bhaineann sé le Ciorclán 16/13.
- Plé a dhéanamh leis na geallsealbhóirí go léir ar mhaithe lena chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh gach gné den Chód Caiteachais Phoiblí.
- Rochtain níos mó a spreagadh ar rannpháirtíocht Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (SME) sa soláthar i dtaca le Ciorclán 10/14.
- Sonraí faoi na creata agus na conarthaí nua náisiúnta ar fad a fhoilsiú ar inlín na comhairle.
- Córas Logála/Monatóireachta atá níos simplí a thabhairt isteach.
- Córas Anailíse ar Shonraí Caiteachais a chur chun feidhme agus feidhm an tSoláthair a leathnú trí Agresso MS4.
- An úsáid is mó a bhaint as Cártaí Breosla nuair is féidir.
- Torthaí na gcomórtas RFTnna a reáchtáladh ar SupplyGov a fhoilsiú ar an Inlín ionas go mbeidh an fhoireann in ann úsáid níos leithne a bhaint astu.
- Leanúint le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras Cárta Ceannaigh.
- Soláthar glas a chur i bhfeidhm mar chritéir i gcáipéisíocht tairiscintí nuair is féidir.
- Leanúint den iarracht le laghdú a chur ar líon iomlán na bhforéileamh a ghintear trí níos mó úsáide a bhaint as sonrascadh míosúil, íocaíochtaí cártaí ceannaithe & cártaí breosla.

- Anailís a dhéanamh ar phróifíl caiteachais 2018 le súil le tionscnaimh ionchasacha sábhála costais a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint ag teacht le Meastacháin Creatáí agus Conarthaí OGP agus SupplyGov.
- Dul i dteagmháil leis an LGOPC agus leis an OGP agus a chinntiú go bhfuil gach Ciorclán agus Treoir á scaipeadh agus á gcur i bhfeidhm.

Urscaoileadh Íocaíochtaí

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Leanadh le modhanna/uasghrádaithe íocaíochtaí leictreonacha a chur i bhfeidhm le comhlíonadh Ríomhíocaíochtaí a chinntiú
- Rinneadh athbhreithniú agus leanadh le feidhmiú sárchleachtas laistigh d'fheidhmeanna Cuntais Iníochta & Párolla araon
- Leanadh le cur i bhfeidhm na dTreoracha a bhí eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim
- A chinntiú go gcomhlíonann feidhm na gCuntas ceanglais BPI

Tograí do 2019:

- Comhoibriú le cur i bhfeidhm tionscadal Milestone 4
- Feidhmiú leanúnach tionscnaimh leictreonacha ar nós ríomh-Imréiteach Cánach
- Feidhmiú párolla “Real-time”; ríomhPSWT nuair a leatar amach iad

Córais Bhainistíochta Airgeadais

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Éifeachtúlachtaí breise bainte amach i ndáil le: Córas dréachta buiséid (Buiséadú/Réamhthuirisciú ag Account Element, rialuithe breise) & rannpháirtíocht iomlán le soláthraí bogearra.
- Éifeachtúlachtaí breise bainte amach re: córas éilimh taistil agus cothaithe/cuntais fónais.
- Nótaí beartais a forbraíodh do Chuntais Iníochta lena n-áirítear ráitis soláthraithe/cosc ar chalaíocht.

Tograí do 2019:

- Athbhreithniú leanúnach ar nós imeachta/dea-chleachtas uasghrádú Milestone 4Agresso.
- Fiosrú a dhéanamh ar mhodhanna uathoibríthe eile le timthriall BUISÉID a bhaint amach (Prevero a úsáid). Athbhreithniú feabhsúcháin ar Mhodúil Bhuiséadacha CCAS & cur chun feidhme iomlán feidhmiúlachta.
- Athbhreithniú ar shaineolas cánach taobh istigh den aonad Airgeadais & uas-sciliú i gcás bearnaí eolais agus saineolais a aithneofar.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Athbhreithniú leanúnach na feidhme bailithe Ioncaim – lena chinntiú go bhfuil sárchleachtas a bhaint amach agus go n-ionchorpraítear go héifeachtúil aon sruth nua ioncaim eile.
- Úsáid leanúnach córas ASCENDAS i ndáil le bainistiú sruthanna ioncaim mar rátaí, cíosaanna & tobhaigh forbartha.
- Úsáid leanúnach phróiseas MARPS i ndáil le iasachtaí tithíochta.
- Caidreamh leis an nGníomhaire Dlí i ndáil le riaradh an chórais um Rabhadh Tionóntachta maidir le riaráistí cíosa agus Iarratais Cuid 12 ar Shealbhú faoi théarmaí an Achta Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014.
- Billpay, Buiséad Teaghlaigh, EFT, saoráid íocaíochta ar líne, srl., le héascaíocht a dhéanamh do chustaiméirí.

Tograí do 2019:

- Monatóireacht a dhéanamh air agus an fheidhm bailithe Ioncaim a thabhairt cothrom le dáta ó thaobh sárchleachtas
- Leanúint d'athbhreithniú nósanna imeachta bailithe fiach lena n-áirítear bearta forfheidhmithe dlíthiúla leis an nGníomhaire Dlí.
- Leanfaidh an t-aonad le rogha BillPay a chur ar fáil i leith Cíosa, Iasachtaí, RAS agus Rátaí custaiméirí.
- Oiliúint chúil a chur ar fáil don fhoireann ar nósanna imeachta bailithe fiach.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Rinne Oifigí Mótarchánacha na Gaillimhe 78,522 idirbheartaíocht a phróiseáil suas go dtí lár Dheireadh Fómhair 2018 ar luach €13m.
- Tugadh faoi 70% den ghníomhaíocht iomlán mótarchánach do cheantar na Gaillimhe ar líne le linn na bliana go dtí seo – ardú ó 68% ar 2017.
- Taifeadh 3,191 dearbhú neamhúsáidte feithicle ag Oifigí Mótarchánach na Gaillimhe suas go dtí lár Dheireadh Fómhair 2018.

Tograí do 2019:

- Leanfar leis an obair ar thaifid mhótarchánacha i stóráil fhadtéarmach a fháil ar ais agus a dhigitiú d'fhonn innéacs inrochtana gach taifead clárúcháin feithicle seanré a chruthú.
- Leanfaidh na hOifigí Mótarchánach ar an gCeathrú Rua, i mBéal Átha na Sluaighe agus i nGaillimh leis na beartais agus nósanna imeachta mótarchánach go léir a chur i bhfeidhm, agus cuirfidh siad comhairle agus tacaíocht ar fáil do mhuintir an phobail, lena n-áirítear custaiméirí na seirbhíse mótarchánach ar líne.

Gníomhaíochtaí Táscacha do 2018:

- Críochnaíodh nascadh na saoráidí ar cheithre oileán ina raibh stáisiún Dóiteáin, Máistir Cuain, Cóireáil Uisce agus Leabharlann. Tá feidhmiú do cheithre cinn eile pleanáilte.
- Rinneadh athsholáthar ar threalamh rochtana Líonra córas Néalbainistithe ag 8 n-ionad chun feabhas a chur ar sheirbhísí agus do chomhlíontacht iniúchóireachta. Tá 6 láthair eile sceidealaithe le bheith críochnaithe faoi dheireadh na bliana.
- Tairiscint ar Líonra Limistéir Stórála sa sreabhadh oibre leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus sprioc é a bheith i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana.
- Uasghrádú críochnaithe ar Oifigí Réigiúnacha Thuama, Bhaile Locha Riach agus Bhéal Átha na Sluaighe chuig Néal-líonra an Rialtais (GCN) agus ag fanacht le coimisiúnú Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO).

- Méadú curtha ar mhonatóireacht slándála an Ghréasáin, síniú aitheantais, agus faireachas gréasáin agus bailiú sonraí.
- Críochnaíodh fréamhshamhail iomlán agus seoladh an láithreán gréasáin do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe in am agus Néalchumas uaslódála leis do na chéad ualaigh tráchta.
- Feabhsú próiseála ar uathoibriú an tsreafa oibre chun fáil a chur ar thairiscintí seirbhíse níos mó agus níos iontaofa do Mhapáil Pleanála agus fógraí don fhoireann agus don phobal araon.
- Tacú le feidhmchlár ar líne don Rogha Tithíochta (CBL) trí fheidhmchlár a bheidh forbartha go himheánach.
- Tacú leis an tseirbhís Leabharlainne do shonraíocht agus soláthar le haghaidh trealaimh agus seirbhísí IT inrochtana don phobal faoin Scéim Deontais Caipitil.
- Cuireadh bailchríoch ar sholáthar creata náisiúnta Teileafónaíochta Líne Sheasta le críochnú na gcostas laghdaithe seirbhíse trí chostas agus cuíchóiriú níos ísle ar sheirbhísí gan úsáid.

Tograí 2019

- Tacú le feidhmiú an Phlean Leictreonaigh
- Forbairt ar Chás Gnó do Bhainistiú Seirbhísí Custaiméirí
- Glacadh agus Feidhmiú na bpolasaithe um Shlándáil agus Úsáid na gCóras Faisnéise ó chinn atá aontaithe san Earnáil Náisiúnta.
- Feabhas a chur ar chumas Athshlánaithe ó Thubaiste chun éascaíocht a dhéanamh do shaoráidí atá beo go hiomlán ar líne do na seirbhísí tacaíochta i gcás nach mbíonn fáil ar sheirbhís nó ar shaoráid.

- Athsholáthar a dhéanamh ar bhogearraí fóirúla agus acmhainní ríomhaireachta oidhreachta le gnéithe comhtháite Néalseirbhísí le haghaidh cúltacaithe agus athshlánaithe.
- Feidhmiú a dhéanamh ar bhogearraí nua cúltacaithe agus athshlánaithe ar ghrád ionaid sonraí agus ar ardán cruá-earraí le seirbhísí síntiúis do leibhéal agus toirt.
- Córas Bainistíochta Néalfhoghlama a chur ar fáil chun cuidiú le hoiliúint do Chórais Faisnéise agus do bhainistíocht sonraí.
- Bogearraí GIS deasca a chomhdhlúthú mar ardán aonair ar líne.

FORBAIRT GHEILLEAGRACH, TUAITHE agus POBAIL agus AN tAONAD SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

An tAonad Forbartha Eacnamaíochta, Tuaithe agus Pobail

Comhordú na nGníomhaireachtaí a Chur Chun Cinn

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Rinneadh 6 chruinniú de chuid Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chontae na Gaillimhe (LCDC) a éascú agus comhordú a dhéanamh ar fhoghrúpaí.
- Éascaíodh 4 chruinniú le SPC Forbartha Eacnamaíochta agus Fiontraíochta.
- D'oibrigh le FSS chun an Grúpa Sláinte & Folláine a éascú chun gníomhú mar fhoghrúpa den LCDC agus d'ullmhaigh aighneacht chuig Éire Shláintiúil.
- Reáchtáladh 9 gcruinniú de Ghrúpa Feidhmiúcháin Réigiún Eorpach Gastranamaíochta Gaillimh, Iarthar na hÉireann ina bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chathair na Gaillimhe, GMIT agus Teagasc, agus reáchtáladh breis agus 200 cruinniú le páirtithe leasmhara áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta ag déanamh ionchuir sna príomhréimsí fócais den chlár: - Tacú le SMEanna & Nuálaíocht, Sláinte & Oideachas, Ilchineálacht Chultúrtha, Nascadh Uirbeach/Tuaithe agus Inbhuanaitheacht.
- Bunaíodh agus rinneadh éascú ar thús 'Chairt Bia na Gaillimhe' atá méadaithe go dtí 191 ball agus a lán gníomhaireachtaí páirteach ann.
- Leanadh le tacaíocht a thabhairt do lánpháirtíú soláthar Iompar Tuaithe isteach ina seirbhís ar fud an Chontae go léir, mar Bhealach na Gaillimhe, an tAonad Comhordaithe Iompar (TCU) do Chontae na Gaillimhe. Aighneachtaí ullmhaithe agus curtha isteach le haghaidh bealaí agus seirbhísí nua i gContae na Gaillimhe.
- Comhpháirtíocht ag cruinnithe agus choinnigh Leaschathaoirleacht ar an gCoiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC) agus soláthar tacaíocht dhíreach d'fhorbairt Plean Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga.
- Éascaíodh Grúpa Idirghníomhaireachta na Gaillimhe don Athlonnú (GRIG) thar cheann Chlár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe.
- Comhpháirtíocht ar choistí meastóireachta an Chláir LEADER a chuir Forbairt Tuaithe na Gaillimhe (GRD) ar fáil agus freisin ar an nGrúpa Gníomhaíochta Áitiúil i leith Iascach (FLAG) san Iarthar.
- Forbraíodh roinnt iarratas maoinithe le réimse de chomhpháirtithe Áitiúla, Réigiúnacha agus Náisiúnta faoi Scéim Bhailte & Sráidbhailte an Chiste Forbartha Fiontraíochta Réigiúnaí agus an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe.
- Oibríodh i gcomhar le príomhghníomhaireachtaí forbartha lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann, an IDA agus Údarás na Gaeltachta chun tacú le forbairt gheilleagrach an Chontae agus chun poist a chur ar fáil don réigiún

- Oibríodh i gcomhpháirtíocht le hIonad Scannánaíochta na Gaillimhe ar roinnt tionscnamh lena n-áirítear Cathair Scannánaíochta UNESCO agus Ciste Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair (WRAP).
- Rinneadh comhpháirtíocht le hÚdarás na Gaeltachta don fhorbairt ar earnáil na Turasóireachta i Réigiún na Gaeltachta agus Chonamara.

Tograí do 2019:

- Éascú a dhéanamh do Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chontae na Gaillimhe (LCDC) agus comhordú a dhéanamh ar fhoghrúpaí.
- Coiste Feidhmiúcháin an Réigiúin Eorpaigh Ghastranamaíochta (ERG), Grúpaí Páirtithe Leasmhara agus cruinnithe le comhpháirtithe a éascú mar phríomhpháirtí le Comhairle Chathair na Gaillimhe, Teagasc & GMIT chun aistriú ó bhliain an ainmniúcháin go dtí forbairt leanúnach ar phríomhréimsí fócais. Seisiún oidhreachta comhpháirteachais a reáchtáil tar éis bhliain na mbeartaíochtaí & na dtionscadal chun Straitéis Bia a leagan amach do Ghaillimh sa todhchaí; Oidhreacht 'Chairt Bia na Gaillimhe' a fhás agus a fhorbairt; Tacú le grúpaí pobail san fhorbairt ar a dtairiscintí de Bhia Turasóireachta; Tacú le féilte agus le hócáidí don inbhuanaitheacht & d'fhás fadtéarmach.
- Seirbhís an Aonaid Comhordaithe Iompair (TCU) agus branda-ainm Bhealach na Gaillimhe a chur chun cinn.
- Comhpháirtíocht a dhéanamh le hIonad Scannánaíochta na Gaillimhe agus le páirtithe ábhartha eile ar chlár Chathair Scannánaíochta UNESCO 2019 agus ar fheidhmiú céimneach an Chiste WRAP.
- Comhpháirtí agus tacaíocht a thabhairt do chlár na Gaillimhe mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020.
- LCDC Chontae na Gaillimhe a éascú chun an Conradh a chur i bhfeidhm maidir leis an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) i gContae na Gaillimhe agus tacaíocht a thabhairt do sheachadadh agus d'athbhreithniú an chláir ag teacht leis an gcomhaontú maoinithe.
- Grúpa Idirghníomhaireachta Athlonnaithe (GRIG) na Gaillimhe a chomhordú agus a éascú thar ceann na hOifige um Imeachadh Imirceach, na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
- Leanúint le comhpháirtíocht níos láidre le LEO agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe i réimsí na Forbartha Eacnamaíochta a fhorbairt agus a chothú.
- Ciste Éire Shláintiúil a chur i bhfeidhm in 2019.
- Leanúint de bheith ag obair leis na páirtithe ábhartha go léir chun cuidiú leis an bhforbairt gheilleagrach, shóisialta agus pobail i gContae na Gaillimhe trí chur chuige comhardaithe agus tríd an fhorbairt ar thionscadail a sheachadtar trí acmhainní comhroinnte agus maoiniú a fháil as tairiscintí iomaíocha.

- Páirt a ghlacadh agus leanúint de bheith ag feidhmiú mar Leaschathaoirleach den CYPSC, agus cur chuige comhordaithe a éascú leis an LCDC.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- A bheith mar phríomhpháirtí agus mar thiománaí tionscadal don Champas Nuálaíocht BIA, Campas Nuálaíochta & Cothaithe Bia Iarthar Éireann i mBaile Átha an Rí i gcomhar le Teagasc, GRETB, Fiontair SCCUL agus Comhairle Pobail Bhaile Átha an Rí. Déanfaidh an tionscadal StepChange seo athrú ó bhun ar fhorbairt na hearnála bia agus cuirfidh sé pointe fócais ar fáil d'fhorbairt na tuaithe agus do chruthú post in Iarthar na hÉireann. Fuarthas €2.466m ó Fhiontraíocht Éireann faoin gCiste Forbartha Fiontraíochta Réigiúnaí don fhorbairt ar an Mol Bia agus Nuálaíocht Tuaithe ag campas Theagasc i mBaile Átha an Rí i Márta 2018 agus fuarthas ar €200,000 breise ó Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte. Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe aighneacht bhreise faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) chun maoiniú breise a fháil leis an tionscadal a sheachadadh. Tugadh cead pleanála Cuid VIII don fhorbairt i Meitheamh 2018. Foilsíodh an soláthar do Sheirbhís Sainchomhairleoireachta Teicniúla don fhorbairt i dtús Mheán Fómhair 2018 agus is gearr go mbeidh na comhairleoirí á gceapadh.
- Thacaigh le tionscadail agus tionscnaimh fiontair pobail a chruthaíonn fostaíocht, m.sh. Ionad Fiontar BACD, Ionad Fiontair Chinn Mhara, Action Tuam, Ísleáin Bhoirne.
- D'oibrigh *Déanta i nGaillimh* le comhpháirtithe gníomhaireachta agus tionscail chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tionscnamh le haird a tharraingt ar na hearnálacha Bia agus Ceardaíochta i gContae na Gaillimhe.
- Cuireadh gníomhartha a bhí sannta don Aonad i bhfeidhm agus rinneadh comhordú ar thuairisciú a bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach astu sa Phlean Gníomhaíochta Réigiúnaí do Phoist.
- Rinneadh ionadaíocht ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an nGrúpa Gníomhaíochta Leathanbhanda Thuaidh.
- Ag obair ar Ghrúpa Údarás Áitiúil an Iarthuaiscirt IWAK chun an réigiún a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta agus fuarthas maoiniú €400,000 trí REDZ do thionscadal ceannais le feabhas a chur ar an eispéireas cuartaíochta nuair a thagtar isteach go dtí Aerfort Chnoc Mhuire. Osclaíodh Ionad Fionnachtana do Chuaireoirí i mí na Samhna, 2018.
- Rannpháirteach i bpríomhthionscadal REDZ do Ghormbhealach Loch Deirgeirt le Comhairlí Contae an Chláir agus Thiobraid Árann. Fuarthas maoiniú €200,000 chun an Tionscadal Gormbhealaigh a chur chun cinn, rud a seoladh i Márta 2018 agus reáchtáladh Lá Oscailte Gormbhealaigh i bPort Omna. Forbraíodh ábhar bolscaireachta, ábhar físe agus láithreán gréasáin

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Comhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta Náisiúnta ar phríomhthionscadal Bhealach Bhéarra Bhreifne.
- Tacaíodh le hócáidí a chuireann bealach ar fáil chuig an margadh agus áit mhargadh do cuideachtaí na Gaillimhe (Aonaigh Bia/Margaí Feirmeoirí/Bailte) i.e. Margadh áitiúil na Nollag de Tháirgeoirí na Gaillimhe, Margadh Ceardaithe Caoire 2018, Margadh Tháirgeoirí Bia na Gaillimhe, Margadh na dTáirgeoirí agus Seo Gairdín Bhaile Chláir, Féile Bia Lover, Margadh Tairgeoirí Mhainistir na Coille Móire, Margadh Táirgeoirí Seafest, Ardán Rásaí na Gaillimhe, Food on the Edge.
- Fuarthas maoiniú €25,000 ón Roinn Talmhaíochta chun tionscnaimh Thurasóireachta Agraibhia a fhorbairt i gContae na Gaillimhe.
- Eagraíodh margadh táirgí Ceardaithe ag Teagasc, Baile Átha an Rí – Caoire 2018 Feirm go Forc, ócáid mhór sa chontae do 2018 agus ócáid cheannasach den Réigiún Eorpach Gastranamaíochta.
- Cuireadh Gaillimh chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta ag na Seónna Saoire Domhanda i mBaile Átha Cliath, Béal Feirste agus Luimneach.
- Tacaíodh agus cuidíodh le foghrúpaí faoi ghné fáilteachais agus tacaíochta do SMEanna an ERG chun ócáidí cuí a fhorbairt in 2018 lena n-áirítear beartaíochtaí sonracha maidir leis an earnáil phríobháideach a bheith ag soláthar táirgí áitiúla agus á gcur chun cinn, ardán comhpháirteach de bhéilí cócaireachta ó chócairí óstán ar fud an chontae agus úsáid á bhaint as táirgeoirí áitiúla as gach ceard de Ghailimh i gcomhar le Cónaidhm Óstán na hÉireann mar chuid dá nÓcáid Cheiliúrtha, forbraíodh an *Galway Gastronomy on Tour Van* le haghaidh bolscaireachta & tacaíochta agus forbraíodh deiseanna líonraithe agus gnó do tháirgeoirí, na hearnálacha miondiola agus na hearnálacha seirbhísí
- Chuathas i gcomhairle le Bord Bia, BIM agus Fáilte Ireland chun na deiseanna do ghnó a uasmhéadú i nGaillimh.
- Reáchtáladh chomhdháil chomhpháirteach Náisiúnta AgraThurasóireachta le Teagasc i mBéal Átha na Sluaighe.
- Glacadh páirt agus cuireadh i láthair riar comhdhálacha in Éirinn agus san Eoraip araon chun ardán a thabhairt d’obair na Gaillimhe mar chuid dá hainmniúchán mar Réigiún Eorpach Gastranamaíochta. Comhdháil Dhomhanda Bia & Cultúir TouRRoir i nGaillimh, Comhdháil Bia & Cultúir i nGaillimh, Taispeántas Taistil BIT i Milano, cruinniú ardáin IGCAT Noord Brabant in Noord Brabant, an Ísiltír, Cruinniú Bliantúil Saineolaithe IGCAT in Minho.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Forbraíodh clár Réigiún Eorpach Gastranamaíochta (ERG) 2018 chun bun feabhsaithe a chur ar fáil d'imeachtaí amach romhainn agus a bheidh in ann buntacaíocht a thabhairt d'ullmhúchán an chontae do na himeachtaí i nGaillimh 2020.
- Leanadh de bheith ag cur na Gaillimhe chun cinn mar ionad don infheistíocht agus do chruthú post trí ghníomhaíochtaí ar nós éascú a dhéanamh do chomhpháirteachais/cruinnithe príomha, forbairt ar ábhar CP, oibriú le príomhghníomhairí forbartha agus ag cur na Gaillimhe ar an margadh ar líne/i gcló mar ionad le haghaidh infheistíochta.
- Cuireadh bróisiúr na bhFéilte a bhíonn ar siúl sa Chontae le chéile, foilsíodh agus scaipeadh é chun an Turasóireacht a chur chun cinn.
- Oibríodh le Fáilte Ireland maidir leis an bhForbairt ar Eispéireas Cuartaíochta Chonamara, an fhorbairt ar eispéireas cuartaíochta agus cur chun cinn na Gaillimhe mar cheann scríbe turasóireachta.
- Tugadh tacaíocht d'Fhéile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe agus d'Aonach Bronntanas Bia Áitiúil & Ceardaíochta Áitiúil na hOifige Fiontraíochta Áitiúil.
- Tugadh tacaíocht le tionscadail infreastruchtúir Turasóireachta a chur i bhfeidhm i bPort Omna agus tugadh tacaíocht d'fhorbairtí margaíochta Turasóireachta i gcomhpháirtíocht le Grúpa Straitéise Margaíochta Loch Deirgeirt Rinneadh forbairt ar mháistirphlean do Phort Omna mar cheann scríbe Turasóireachta.
- Tacaíodh le hócáidí margaíochta agus bolscaireachta Turasóireachta thar lear, m.sh. An Milwaukee Irish Festival agus oibríodh le Turasóireacht Éireann chun Gaillimh a chur chun cinn mar cheann scríbe.
- Tacaíodh le príomhimeachtaí a raibh an acmhainn acu méadú a chur ar thurasóireacht baile agus idirnáisiúnta i gContae na Gaillimhe. Áirithe sna samplaí díobh sin bhí Féile Gairdín na Gaillimhe, Féile Mheánaois Bhaile Locha Riach, Turnaimint Comhrac Meánaoise Bhaile Chláir agus Féile Ealaíon an Chlocháin.
- Leanadh le tacaíocht a thabhairt chun féilte áitiúla a fhorbairt le bheith mar fhéilte ceann scríbe chun cuairteoirí a mhealladh agus le lóistín a dhíol le daoine ó lasmuigh den Chontae.
- Leanadh ag obair leis an GMIT maidir le raon réimsí forbartha eacnamaíochta, lena n-áirítear bia, turasóireacht agus na hearnálacha turasóireachta.
- Forbraíodh agus foilseofar léarscáil de nithe turasóireachta i gContae na Gaillimhe do Chuairteoirí chuig an réigiún.
- D'éascaigh comórtas BOI Gradam na mBailte Fiontraíochta i gContae na Gaillimhe.

Tograí do 2019:

- An fhorbairt ar Champas Nuálaíocht BIA, Mol Nuálaíochta & Cothaithe Bia Iarthar Éireann i gcomhar leis na páirtithe ábhartha ar fad d'fhonn tús a chur leis an tógáil in 2019 agus an seachadadh in 2020.
- Tacaíocht a thabhairt do thionscadail agus do thionscnaimh fhiontraíochta pobail a chruthaíonn fostaíocht agus a thacaíonn le fostaíocht.
- Na gníomhartha atá sannta do Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa Phlean Gníomhaíochta Réigiúnaí do Phoist a chur i bhfeidhm.
- An Straitéis Turasóireachta do Ghailimh a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm
- Deiseanna a fhorbairt don Earnáil Agrathurasóireachta, ag tógáil ar an maoiniú a fuarthas tríd an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Tús a chur leis an obair thosaigh scóipeála ar Straitéis Bia na Gaillimhe.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an réimse de thacaíochtaí táirgeoirí agus aon obair idirchaidrimh/ullmhúchán táirgeoirí a chaithfear a chur i gcrích roimh thógáil an Champais Nuálaithe BIA.
- Leanúint den obair le GRD ar airgead agus tacaíochtaí atá ar fáil tríd an gCiste Ceardaithe trí bliana.
- Forbairt ar thionscadail oidhreachta ERG le leanúint ar aghaidh tar éis 2018.
- Tacú le forbairt Féilte Bia i nGaillimh, cuidiú le féilte reatha dul i méid agus cuidiú le féilte nua, ócáidí agus eispéiris dul i mbun forbartha.
- Éascú a dhéanamh ar mhargaí áitiúla a fhorbairt agus a fhás ar fud an Chontae.
- Leanúint ar aghaidh ag obair le Teagasc maidir le tacaíocht agus forbairt a dhéanamh ar phríomhthionscadail a bhaineann leis na hearnálacha bia agus talmhaíochta chun cúnaimh a thabhairt cur le breisluach táirgthe príomha i gContae na Gaillimhe agus leanúint ar aghaidh ón gComhdháil Náisiúnta Agrathurasóireachta a bhí ar siúl i mBéal Átha na Sluaighe.
- Cuidiú le tionscadail agus iad a chur i bhfeidhm faoin Scéim Infheistíochta in Infreastruchtúr Straitéiseach Turasóireachta agus Taitneamhachta.
- Tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí turasóireachta ceannródaíoch atá le reáchtáil i nGaillimh.
- Tacú le pobail chun tograí a fhorbairt d'iarratais ar mhaoiniú faoin Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte agus creat soiléir a chur ar fáil d'fhorbairt bailte agus sráidbhailte sa Chontae.
- Leanúint le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt féilte le bheith mar fhéilte ceann scríbe le cuairteoirí agus fanacht thar oíche a mhealladh ó lasmuigh den Chontae.
- Straitéis Dhigiteach a ullmhú do Chontae na Gaillimhe agus rannpháirtíocht in ullmhú don Tionscadal Náisiúnta Leathanbhanda Tuaithe.

- Ról leanúnach sna roghanna forbartha fadtéarmach do Seanláithreán Aerfort na Gaillimhe sa Charn Mór chun an leas fadtéarmach eacnamaíochta is fearr is féidir a bhaint amach do réigiún na Gaillimhe.
- Comórtas BOI Gradam na mBailte Fiontraíochta i gContae na Gaillimhe a éascú.

Ag tabhairt tacaíochta do phobail inbhuanaithe

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Tacaíodh le forbairt moltaí ag pobail d'iarraitais ar mhaoiniú faoin scéim athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus tugadh cur i bhfeidhm chlár tógála cumais i 5 Crios REDZ chun críche.
- Leanadh ar aghaidh ag tacú le 12 tionscadal faoin scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2017 agus fuarthas os cionn €900,000 do 8 dtionscadal faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhaile 2018.
- Cuireadh isteach 6 thogra a bhí ar scála suntasach faoi thionscnamh an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF). Ba iad seo na tograí a cuireadh isteach: do Thuaim le téama comhcheangailteachta, do Bhéal Átha na Sluaighe le téama sláinte agus folláine, don Chlochán le téama turasóireachta, do Bhaile Átha an Rí le téama bia agus oidhreacht, Clárchosán Chinn Mhara agus togra a bhí dírithe ar roinnt sócmhainní tábhachtacha de chuid na Comhairle chun iad a shamhlú in athuir mar áiteanna tionóil.
- Chuir dhá phobal/thionscadal (bailte Aclaí Inis Meáin agus Bhéal Átha na Sluaighe) isteach ar chomórtas Mórtas Ceantair 2018 le tacaíocht ón Aonad.
- Leanadh le hobair le grúpaí na mBailte Slachtmhara chun cúnamh a thabhairt dóibh sa Chomórtas Bailte Slachtmhara Náisiúnta. Coimisiúnaíodh saineolaithe le bheith ag obair le grúpaí Bailte Slachtmhara.
- Leanadh le tacaíocht a thabhairt do na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPN), ag obair i gcomhar leis an Rúnaíocht le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phlean oibre agus le seachadadh a dhéanamh ar dhá Chruinniú Iomlán Contae agus ar dhá oíche eolas don phobal.
- Ceadaíodh €252,500 do thionscadail pobail ar fud 10 catagóir faoin Scéim Tacaíochta Pobail in 2018. Bronnadh 266 deontas faoin scéim seo.
- Seoladh an Clár Feabhsúcháin Pobail i mBealtaine 2018. Tháinig sé in áit na Scéime Saoráidí Pobail agus an chlár athraithe RAPID a seoladh in 2017. Bhí 100% den CEP maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus riar LCDC Chontae na Gaillimhe an leithdháileadh €378,936. Chuir an clár maoiniú ar fáil ar fud an Chontae chun feabhas a chur ar shaoráidí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste mar atá aitheanta in LECP Chontae na Gaillimhe. Bhí an maoiniú dírithe ar thionscadail chaipitil bheaga go dtí meánmhéide. Bhí éileamh ollmhór ar an scéim agus fuair 78 ngrúpa pobail ar fud an Chontae cabhair dheontais faoin gclár.

- Bhí an Clár Feabhsúcháin Pobail - Cistí Sheid na bhFear ina chiste imfhálaithe, faoin gClár Feabhsúcháin Pobail, go sonrach do Sheideanna na bhFear a bhí cleamhnaithe le Cumann Sheid na bhFear in Éirinn. Tugadh leithdháileadh iomlán €18,841 do Chontae na Gaillimhe, a thug tacaíocht do 14 Sheid na bhFear in 2018.
- Tacaíodh le tionscnaimh phobalbhunaithe chun tacú leis an ngeilleagar áitiúil, 3 thionscadal phíolótacha a bhain le ERG chun tacú le gnóthais áitiúla san áireamh. Cuireadh bailchríoch ar an obair thosaigh le:
 - An tSraith Bia ‘Flight of the Dishes’ sa Ghort & i nDeisceart na Gaillimhe.
 - Blaiseadh d’Órán Mór & Dhroichead an Chláirín
 - Conair Bia & Oidhreacht Oirthear na Gaillimhe.

Tograí do 2019:

- Bailchríoch a chur ar Scéimeanna Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte 2017 agus 2018 agus Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte a chur i bhfeidhm in 2019.
- Ceadanna maoinithe a fheidhmiú go céimneach faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe.
- Tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara sa Chontae chun a bheith rannpháirteach i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara 2019.
- Leanúint le tacaíocht agus forbairt a dhéanamh ar na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPN), lena n-áirítear leathadh amach cruinnithe iomlánacha Contae agus Ceantar Bardasach agus cúnamh a thabhairt do Rúnaíocht dheonach an líonra.
- Tacaíocht a thabhairt do Phobail sa Chontae chun a bheith rannpháirteach sa chomórtas Mórtas Áite 2019.
- An Scéim Tacaíochta Pobail a sheachadadh in 2019.
- Tacaíocht a thabhairt do phobail chun maoiniú a fháil faoin gCiste Áineasa Allamuigh in 2019.
- Leanúint de sheachadadh na Scéime Tacaíochta Pobail in 2019.
- LCDC Chontae na Gaillimhe a bheith ag feidhmiú an Chláir Fheabhsúcháin Pobail in 2019 nuair a fhógróidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail é.

- Tógáil ar an obair bhunaidh atá críochnaithe le ceantair éagsúla ar fud an chontae:
 - An tSraith Bia 'Flight of the Dishes' sa Ghort & i nDeisceart na Gaillimhe.
 - Blaiseadh d'Órán Mór & Dhroichead an Chláirín
 - Conair Bia & Oidhreachta Oirthear na Gaillimhe.
 - NUA - Uachtar Ard/Blaiseadh de Loch Coirib
 - NUA - Tionscnamh Bia Thuama

Gníomhaíochtaí Táscacha do 2018:

- Rinneadh bainistíocht ar chlár píolótach bainistithe d'Éire Shláintiúil thar ceann an LCDC go dtí Márta 2018 ina raibh 11 thionscadal le páirtithe ceannasacha chun spriocanna Sláinte agus Folláine a bhaint amach faoi LECP Chontae na Gaillimhe.
- Rinneadh comhardú ar phróiseas iarratais do chlár nua Éire Shláintiúil le haghaidh 2018-2019 thar cheann an LCDC agus cuireadh grúpa feidhmithe i bhfearas chun maoirseacht a dhéanamh ar an gclár thar cheann na bpáirtithe.
- Críochnaíodh an clár chun tacú le hAthlonnú agus Comhtháthú na nDídeanach as an tSiria isteach i gContae na Gaillimhe mar chuid de chlár náisiúnta d'Aslonnú Dídeanaithe. Athlonnaíodh trí theaghlach is fiche de 99 duine in iomlán i gContae na Gaillimhe faoi 2018.
- Aithníodh riachtanais leanúnacha na ndídeanaithe agus imircigh eile i gContae na Gaillimhe agus cuireadh tús leis an obair chun Straitéis nua um Chomhtháthú Imirceach a fhorbairt do Chontae na Gaillimhe i rith 2018
- Tacaíodh le coistí eile a bhí páirteach in imeachtaí Cuimsithe Sóisialta ar nós an Ghrúpa Oibre Idirghníomhaireachta LGBT, Bealach na Gaillimhe - Aonad Comhordaithe Iompair Tuaithe Chontae na Gaillimhe, Coiste Cúram Leanaí na Gaillimhe, Clár Críochnú Scoile Thuama, an Clár Críochnú Scoile i gConamara.
- Athbhreithniú ar an Straitéis um Chomhtháthú agus Ilchineálacht do Chontae na Gaillimhe 2013-2017.
- Leanadh le seachadadh na Scéime Aláram Deataigh do Phobail agus rinneadh leathnú amach ar an scéim seo, a dhíríonn ar dhaoine atá i mbaol mar nach bhfuil aon aláram acu nó a bhfuil aláram acu ag a bhfuil deireadh ré, sé sin 10 mbliana, bainte amach.
- Eagraíodh imeachtaí d'Fhéile Bealtaine do Chontae na Gaillimhe i mí na Bealtaine, 2018, a chuimsigh os cionn 84 imeacht i gContae na Gaillimhe i rith na míosa.
- Rinneadh athbhreithniú ar an nGrúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe do Chontae na Gaillimhe agus rinneadh nuashonrú ar an mballraíocht.
- Eagraíodh an tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta 2018 a chuimsigh 35 imeacht ar fud an chontae ón 16 – 22 Deireadh Fómhair, 2018.
- Rinneadh comhordú agus éascú ar Chlár Aoisbhách na Gaillimhe faoi choimirce creata nua do Chontaetha Aoisbhácha le tacaíocht ó aonad tiomanta Aoisbhách Náisiúnta i gComhairle Chontae na Mí.
- Tacaíodh le cónascadh Chomhaontas Aoisbhách na Gaillimhe agus na Grúpaí Feidhmithe agus rinneadh athbhreithniú ar bheartaíochtaí tosaíochta i dtreo straitéise chuíchóirithe ag dul chun cinn dúinn faoi choimirce na bPleananna Áitiúla Geilleagair

& Pobail don Chontae agus don Chathair. Leanadh leis an tacaíocht do Chomhairle na nAosach.

- Leanadh leis an tacaíocht do Chomhairle na nÓg.
- Cinntíodh go bhfuil Comhairle na nÓg mar phríomfheithicil comhairliúcháin ag comhlachtaí agus coistí i gContae na Gaillimhe, comhlachtaí agus coistí atá nuabhunaithe nó atá ann cheana.
- Leanadh le riaradh agus seachadadh a dhéanamh ar chiste forbartha Chomhairle na nÓg, a thagann ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt don Chomhairle i gContae na Gaillimhe.
- Bhíothas rannpháirteach i gcoiste Ollscoil an Tearmainn in OÉ Gaillimh agus cuireadh nascálacha chun cinn idir imircigh, Taistealaithe agus grúpa mionlaigh eitneacha eile agus deiseanna tríú leibhéal.

Tograí do 2019:

- Leanúint le seachadadh na Scéime Aláram Deataigh do Phobail agus rinneadh leathnú amach ar an scéim seo, a dhíríonn ar dhaoine atá i mbaol mar nach bhfuil aon aláram acu nó a bhfuil aláram acu ag a bhfuil deireadh ré, sé sin 10 mbliana, bainte amach.
- Tacaíocht a thabhairt do choistí atá bainteach le gníomhaíochtaí um Chuimsiú Sóisialta, ar Ghrúpa Idirghníomhaireachta an LGBT agus iad siúd atá ag tabhairt tosaíochta do na spriocghrúpaí nach bhfuiltear ag freastal orthu ag leibhéal idirghníomhaireachta go fóill.
- Féile Bhealtaine do Chontae na Gaillimhe i mBealtaine 2018 a éascú.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chlár gníomhaíochta a bheidh faoi mhaoirseacht an Grúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe i gcomhar leis an Aonad Tithíochta.
- Seachtain um Chuimsiú Sóisialta 2019 a eagrú
- Tacú le Oíche Chultúir 2019 do Chontae na Gaillimh i gcomhar leis an Oifig Ealaíon.
- Leanúint den tacaíocht don Chlár Cathair agus Contae Comhbhácha na Gaillimhe agus príomhbheartaíochtaí a fhorbairt do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- A chinntiú go bhfuil Comhairle na nÓg mar phríomfheithicil comhairliúcháin ag comhlachtaí agus coistí i gContae na Gaillimhe, comhlachtaí agus coistí atá nuabhunaithe nó atá ann cheana.
- Leanúint le riaradh agus seachadadh a dhéanamh ar chiste forbartha Chomhairle na nÓg, a thagann ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt don Chomhairle i gContae na Gaillimhe.
- Bealaí a aithint chun cur le deiseanna le lánpháirtiú a dhéanamh ar imircigh, lucht dídine agus iad siúl atá ag fágáil soláthar díreach lena bpobal aíochta, agus leas a

bhaint as ceangail atá ann cheana le grúpaí pobail atá cláraithe leis na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail.

- Leanúint don tacaíocht d'Athlonnú agus Comhtháthú na nDídeanach as an tSiria isteach i gContae na Gaillimhe.
- Bailchríoch a chur ar Straitéis um Chomhtháthú Imirceach do Chontae na Gaillimhe.

Ag tabhairt tacaíochta do cheantair RAPID - Tuaim & Béal Átha na Sluaighe

Gníomhaíochtaí Táscacha 2018

- Lean comhordaitheoirí RAPID le seirbhísí bainistíochta leanúnacha maidir le comhairliúchán tionscadal a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do phobail le Pleananna Straitéiseacha i ndáil le Sábháilteacht Pobail agus Iompar Frithshóisialta, Oideachas, Fostaíocht agus Oiliúint agus an Timpeallacht Fhisiciúil a chur chun cinn agus tugadh cúnamh le maoiniú a fháil chun na pleananna sin a sheachadadh.
- Tugadh tacaíocht do 3 thionscadal i mBéal Átha na Sluaighe i ndáil le tionscnaimh pobail agus deonach.

Tograí do 2019:

- Tacú le Tuaim trí Shócmhainní Thionscail an Bhia ar nós bialanna, margadh nua agus táirgeoirí mórthimpeall chun pointe uathúil díolacháin agus forbairt gheilleagrach a chruthú.
- Leanúint den tacaíocht do thionscadail sprioctha ar scála beag sa dá bhaile atá ainmnithe ag RAPID in 2019

Gníomhaíochtaí Ealaíon a Chur Chun Cinn agus a Fhorbairt

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Leanadh le fostaíocht an Oifigigh Ealaíon Shealadaigh mar ionadaí don Oifig Ealaíon atá ar iasacht chuig Gaillimh 2020.
- Riaradh Deontais Ealaíon tríd an Scéim CSS, Sparánachtaí Aonair Ealaíontóirí agus Sparánachtaí ó Lárionad Tyrone Guthrie.
- D'éirigh linn Cuireadh na Comhairle Ealaíon a fháil chuig Dámhachtain Chomhoibrithe chun tionscadal mórscála réigiúnach a fhorbairt in 2019.
- Cuireadh seirbhís eolais agus comhairliúcháin ar fáil do ghrúpaí pobail, ealaíontóirí aonair agus féilte sa chontae.

- Cuireadh an Clár Ealaíon agus Oideachais ar fáil: 10 scoil a maoiníodh faoin gclár seo in 2018.
- Tacaíodh le clár níos mó don Fhéile Leabhar do Leanaí 2018 a chuir Seirbhís Leabharlainne na Gaillimhe ar fáil.
- Tacaíodh leis an gClár Ealaíon agus Sláinte/Ealaíon agus Míchumas (Burning Bright, Clár Ealaíon na nOspidéal, Arts Ability Abú).
- Tacaíodh le Féilte Ealaíon áitiúla le meáin shóisialta, CP agus tacaíocht ó léiritheoirí.
- Cuireadh Oiliúint Feasachta ar Chosaint Leanaí ar fáil d'ealaíontóirí.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Rinneadh bainistíocht, léiriú agus seachadadh ar chlár d'imeachtaí don Oíche Chultúir ar fud an chontae, ag comhoibriú le hionaid, grúpaí pobail agus ealaíontóirí ar fud an chontae.
- Tacaíodh le Coimisiún Scáileáin an Iarthair, Cathair Scannánaíochta UNESCO agus Ciste Wrap.
- Tugadh tacaíocht d'Áras Éanna (Ionad Ealaíon ar Inis Oírr)
- Tacaíodh le agus seachadadh forbairt/seimineáir Ghairmiúla mar aon le meantóireacht ghairmiúil aghaidh ar aghaidh d'ealaíontóirí.
- Bunaíodh agus rinneadh bainistíocht ar chlár láidir comhpháirtíochta ealaíne taobh istigh den chontae lena n-áirítear: Dig Where you Stand (Ionad Scannánaíochta na Gaillimhe), Clár Meantóireachta Scríbhneoirí Ceoil (Journal of Music), Circo Gort (Sorcas Pobail na Gaillimhe), Wholly's Quest Theatre Tour for Children (Amharclann Branar) agus Clinicí um Thograí Cruthaitheacha (TULCA).
- Forbraíodh Cultúr agus Straitéis Éireann Ildánach 2018 – 2022 do Chontae na Gaillimhe i gcomhairle leis an bhFoireann Inmheánach Cultúir agus ghlac an Chomhairle leis.
- Clár Éire Ildánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, tionscnamh cúig bliana ó 2017-2020, a threorú le béim dhíreach ar Cholún 2 den chlár náisiúnta a sheachadadh – Bonn a Chur Faoin gCruthaitheacht i nGach Pobal.
- Seachadadh 23 ócáid ar fud an chontae do Chruinniú na nÓg.
- Dréachtadh Polasaí Poiblí Ealaíne chun tacú le seachadadh Coimisiúin Ealaíon Phoiblí.
- D'oibrigh i gcomhar le Gaillimh 2020 chun tacaíocht a thabhairt do sheachadadh clár laistigh den chontae.
- Tugadh tacaíocht a thabhairt don Chlár Giniúna Ceoil 2018-2021 i gContae na Gaillimhe.

Tograí do 2019:

- Deontais Ealaíne, Sparánachtaí Aonair Ealaíontóirí agus Sparánachtaí ó Lárionad Tyrone Guthrie a dhearadh agus a riar.
- Cuireadh maidir le Comhoibriú “Gníomhaireachtaí an Athraithe” réigiúnach ar mhórsála a sheachadadh, samhail réigiúnach léiritheora i gcomhar le hInstitiúid Amharclannaíochta na hÉireann, Drámaíocht ag OÉG, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae Ros Comáin.
- Seirbhís ghairmiúil eolais agus comhairle ealaíon a chur ar fáil do ghrúpa pobail, ealaíontóirí aonair agus féilte sa chontae.
- Plean Ealaíon 2019 – 2023 a sheachadadh le go nglacfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe leis i gcomhar le healaíontóirí, pobail agus eagraíochtaí ealaíon gairmiúla.
- Clár sonrach Ealaíon agus Oideachais a sheachadadh.

Tograí do 2019:

- Tacú leis an bhFéile Leabhar do Leanaí 2019 a bheidh Seirbhís Leabharlainne na Gaillimhe a sheachadadh.
- Tionscnaimh Ealaíon don Óige a fhorbairt ina mbeidh Ealaín agus Ceol Sorcais/Sráide thar roinnt ionad i gcomhar le cleachtóirí gairmiúla agus gníomhaireachtaí oibre óige.
- Clár do Phobail Chruthaitheacha a fhorbairt: 1) Maoiniú agus tacaíocht a thairiscint do phobail chun tionscnamh cultúrtha a fhorbairt ina bpobal. 2) Coimisiún thionscadail a chruthú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile, ag díriú go forghníomhach ar phobail nach bhfuil éasca a rochtain.
- Tacú le Cónaitheacht Ealaíontóra sna hEalaíona agus Sláinte i suíomh cúraim.
- Tacú le Clár Ealaíon agus Míchumais i gcomhar le Bráithre na Carthanachta agus Éirim an Iarthair.
- Tús a chur le coimisiún nua oibre d’Fhéilte Ealaíon Chontae na Gaillimhe in 2019. Meáin shóisialta, CP agus tacaíochtaí léiritheora a thairiscint d’fhéilte.
- Oiliúint Feasachta ar Chosaint Leanaí a chur ar fáil d’ealaíontóirí.
- Clár ardchaighdeáin imeachtaí don Oíche Chultúir a léiriú agus a chur ar fáil ar fud an chontae, ag comhoibriú le hionaid, grúpaí pobail agus ealaíontóirí ar fud an chontae.
- Tacú le Coimisiún Scáileáin an Iarthair, Cathair Scannánaíochta UNESCO agus Ciste Wrap.
- Tacaíocht a thabhairt d’Áras Éanna (Ionad Ealaíon ar Inis Oírr).
- Tacú le agus seachadadh a dhéanamh ar fhorbairt/sheimineáir Ghairmiúla mar aon le meantóireacht ghairmiúil aghaidh ar aghaidh d’ealaíontóirí.
- Clár ealaíne Aoisbhách a fhorbairt.

- Ceannasaíocht a thabhairt do Clár Éire Ildánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Cruinniú na nÓg (lá náisiúnta cruthaitheach do leanaí) 2019 a chur ar fáil.
- Polasaí Poiblí Ealaíne agus grúpa oibre a fhorbairt chun tacú le seachadadh Coimisiúin Ealaíon Phoiblí nua.
- Oibriú i gcomhar le Gaillimh 2020 chun tacaíocht a thabhairt do sheachadadh clár laistigh den chontae.
- Tacaíocht a thabhairt don Chlár Giniúna Ceoil 2018-2021 i gContae na Gaillimhe.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018:

- D'éirigh linn maoiniú leordhóthanach a fháil le maoiniú a dhéanamh ar Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP) ar feadh na bliana 2018 – áirítear ar fhoinsí Spórt Éireann, Údarás Áitiúil, agus comhlachtaí eile. – Fuarthas maoiniú trí iarratais buiséid chuig Spórt Éireann, FSS, Údarás Áitiúla agus Cuntais Dhíomhaoine. In 2018, foinsíodh maoiniú ó Chuntais Dhíomhaoine don phost mar Chomhordaitheoir Moil do cheantar Dheoch Uisce/an Bhaile Bháin agus fuarthas maoiniú caipitil ón bhfoinse chéanna chun líne chruicéid a shuiteáil ag an suíomh céanna.
- Chuir cláir de chuid Spórt Éireann agus cláir atá ag teastáil go háitiúil i bhfeidhm i rith 2018 le béim ar leith ar thrí phríomhréimse - Cláir Spórt Éireann, Mná sa Spórt agus an Clár um Chuimsiú Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas, Clár Oifigeach Oiliúna agus Forbartha Pobail. Críochnaíodh na cláir sin do na spriocghrúpaí go léir, lena n-áirítear mná agus cailíní, Daoine Scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine atá dífhostaithe agus daoine as cúdraí atá faoi mhíbhuntáiste. Cheadaigh Spórt Éireann dhá chúrsa Cóitseála Pobail agus cuireadh ar fáil iad i gCathair na Gaillimhe agus i dTuaim le hearcaíocht tríd an oifig Leasa áitiúil, agus reáchtáladh iad i gcomhar le GRETB.
- Eagraíodh agus reáchtáladh cúrsaí traenála do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna - *Buntús Start, Be Active After Schools Activities, Sportshall Athletics, Mile Walk*. – In 2018 sheachaid an GSP, 1 chlár Buntús, 3 chlár Bí Gníomhach Tar Éis na Scoile, chríochnaigh 6 scoil an clár Lúthchleasaíocht sa Halla Spóirt agus rinne 1 scoil ionadaíocht thar cheann na Gaillimhe ag Cluichí Ceannais na hÉireann i mBaile Átha Luain. Cuireadh an Siúl Míle ar fáil i 3 scoil agus tá sé ag leanúint ar aghaidh.
- Eagraíodh an clár *Cailíní Gníomhacha* agus cuireadh ar fáil é i meánscoileanna agus chríochnaigh 8 meánscoil an clár i gContae na Gaillimhe.
- Cuireadh maoiniú ar fáil don *Chlár Tosaitheoir Rámhaíochta* do mhic léinn idirbhliana agus trí oibriú le Rámhaíocht Éireann táimid ar an mbealach chun an clár seo a sheachadadh agus trí mheaisín rámhaíochta faoi dhíon á gceannach.
- Cúrsaí ar nós Safeguarding 1,2 and 3, SAQ, First Aid, Cycling Training, Walking leader Training, Activity Leader Training a eagrú agus a reáchtáil do dhaoine fásta. – In 2018 sheachaid GSP - 30 chúrsa Slánchumhdaithe 1, 6 chúrsa Slánchumhdaithe 2, 3 chúrsa Slánchumhdaithe 3, 1 chúrsa amháin Ceannaire Gníomhaíochta, 4 chúrsa Garchabhrach, 1 chúrsa amháin SAQ, 2 chúrsa Traenála Rothaíochta, 2 chúrsa Traenála Rannpháirtíochta Míchumais, agus 4 chúrsa Traenála Feasachta Míchumais.
- Eagraíodh Cláir gníomhaíochta ar nós *Men on the Move, Couch to 5K, establishment of walking and cycling clubs* agus cuireadh i bhfeidhm iad – In 2018 sheachaid GSP 3 chlár *Men on the Move*, 3 *Couch to 5K* agus dhá chumann siúlóide.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018:

- Fuarthas maoiniú €8,000 ón *Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt do Sheachtain na Rothar 2018* i gContae na Gaillimhe i gcomhar le Co. Co. na Gaillimhe. Leis an maoiniú bhíodhas in ann 16 ócáid a eagrú, lena n-áirítear babhtáí rothaíochta Spraoi Teaghlaigh, ceardlanna Rothaíochta Scoile, turais go dtí Glasbhealaí i Maigh Eo agus Turais ar Rothair Shléibhe mar aon le saic don giom a cheannach a bhí deartha go speisialta do Sheachtain na Rothar mar ábhar bolscaireachta do na tionscnaimh.
- Cuireadh eolas ar fáil do chlubanna, grúpaí agus eagraíochtaí i nGaillimh ar fhoinsí éagsúla maoinithe m.sh. Maoiniú Caipitil Spóirt, Cuntais Dhíomhaoine, Maoine GSP, Scéim Tacaíochta Pobail Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus deontas clubanna Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tugadh comhairle agus cúnamh do chumainn agus do ghrúpaí le hiarratais éagsúla, iarratais Chaipitil Spóirt san áireamh. Leis an DTTAS d’eagraíomar ceardlann eolais amháin do ghrúpaí iarratas agus rinne an Chomhpháirtíocht Spóirt maoirseacht ar dháileadh Dheontais Spóirt Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do 2018.
- Rinneadh an tionscnamh BAILTE ACLAÍ a athbhreithniú in 2018, d’fhonn glacadh agus seachadadh an tionscnaimh a fheabhsú. Tá athbhreithniú déanta agus tá an tionscnamh seo le brandáil in athuair agus le seoladh in athuair in 2019.
- Eagraíodh 7 siúlóid ar fud na Cathrach agus an Chontae, agus i mbliana bhí 2200 duine san iomlán páirteach i siúlóidí *Operation Transformation*.
- *Level 1 Sports Leadership Award* a chur ar fáil i gcomhar le Spórt Éireann agus an clár a chur i bhfeidhm do dhaoine óga i nGaillimh.
- Cruinnithe le Grúpa Stiúrtha GSP agus na grúpaí oibre ábhartha ar feadh na bliana 2018, a eagrú agus a éascú. Go dáta reáchtáladh cúig Chruinniú de Ghrúpa Stiúrtha agus ceithre chruinniú den ghrúpa oibre maidir leis an gclár maoinithe agus leis an athbhreithniú ar Bhailte Aclaí.
- Cuireadh Comhthionscnamh i bhfeidhm i gcomhar leis an FAI, idir Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Cumann Peile na hÉireann. Ba é 2018 an bhliain deiridh den tionscnamh trí bliana seo.
- Maoiníodh 19 ngrúpa/gcumann agus eagraíocht, 3 iarratas d’fhorbairt cumainn agus 9 gclár do Dhaoine Faoi Mhíchumas faoi Scéim Maoinithe an Chláir GSP 2018.
- Cuireadh chun cinn obair an GSP trí straitéis sprioctha bolscaireachta agus bunaíodh láithreán gréasáin nua mar aon le bolscaireacht leanúnach a dhéanamh faoi Bheartaíochtaí an GSP tríd na meáin shóisialta go léir, na meáin áitiúla agus tríd an gcóras ríomhphoist.
- Bhíomar rannpháirteach i gclár taighde nua maidir le Gníomhaíocht Fhísiciúil an Phobail le roinnt Comhpháirtithe Spóirt eile agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

- **Tograí do 2019:**

- Dóthain maoinithe a fhoinsiú agus a bhailiú ó na foinsí atá ar fáil – Spórt Éireann, Cuntais Dhíomhaoine, Údaráis Áitiúla, FSS agus Ranna Rialtais chun oibreacha Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe a mhaoiniú in 2019.
- Má fhaightear an maoiniú do Chomhordaitheoir an Mhoil Spóirt, leathfar an tseirbhís go dtí Béal Átha na Sluaighe agus an Baile Bán/Deoch Uisce.
- Maoiniú a fháil agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú Cláir Spórt Éireann agus cláir eile atá inár bPlean Straitéiseach 2016 – 2020, agus béim ar leith ar na spriocghrúpaí príomha an GSP. Áirithe sna cláir beidh Ghníomhaíochtaí Eachtraíochta Faoin Aer, Mná ar an Uisce, Clár Óige i mBaol, Peil Siúlóide do Dhaoine Scothaosta, Cúrsaí don Aosach, Buggy Buddies, Sacar Meán Oíche, Teacht le Chéile & Traenáil.
- Cuirfear i bhfeidhm an t-athbhreithniú ar thionscnaimh na mBailte Aclaí mar aon leis na torthaí as tuarascáil deiridh an Fhoghrúpa Athbhreithnithe, agus déanfar an tionscnamh a bhrandáil agus a sheoladh in athuair in 2019.
- Grúpaí Nasctha Spóirt a bhunú ar fud PPN an Chontae.
- Siúlóidí pobail a eagrú mar chuid de *Operation Transformation* i gcomhar le pobail áitiúla ar fud na Gaillimhe.
- Méadú a chur ar an rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíochtaí coirp trí mhaoiniú an chlár GSP.
- Cláir Thraenála a Sheachaid – Slánchumhdach 1, 2 agus 3, Ceannaire Gníomhaíochta, Garchabhair, SAQ, Ceannaire Siúlóide, Traenáil Rothaíochta, Traenála Rannpháirtíochta Míchumais, Traenála Feasachta Míchumais, Ceardlanna do Chóitseáil Leanaí, Dámhachtain Ceannaire Spóirt do mhic léinn idirbhliana.
- Cláir Cóitseála Pobail a sheachadadh i gCathair na Gaillimhe agus i dTuaim.
- Cláir shonracha do dhaoine faoi mhíchumas a sheachadadh – boccia, peil siúil, foghlaim rothaíocht, leadóg ID agus leadóg Vi.
- Cláir shiúlóide, cláir snámha, cláir *Men on the Move* agus cláir *Couch 2 5k* a chur ar fáil ar fud na Gaillimhe
- Lúthchleasaíocht sa Halla Spóirt, Bí Gníomhach Tar Éis na Scoile agus an clár Siúl Míle a chur ar fáil do bhunscoileanna ar fud na Gaillimhe.
- Cruinnithe le Grúpa Stiúrtha GSP agus na grúpaí oibre ábhartha ar feadh na bliana 2019, a eagrú agus a éascú.
- Déan iarratas agus faigh maoiniú ón DTTAS do sheachadadh imeachtaí agus cláir do Sheachtain na Rothar 2019.
- Eagraigh agus seachaid cláir ghníomhaíochta coirp do dhaoine scothaosta mar chuid d'fhéile na Bealtaine 2019.

Gníomhaíochtaí Táscaha san Aonad sa bhliain 2018:

- Uasdátaíodh an roinn Forbartha Eacnamaíochta, Tuaithe agus Pobail de láithreán gréasáin na Comhairle www.galway.ie chun faisnéis úsáideach cothrom le dáta a sholáthar do phobail, do ghnóthaí agus do shaoránaigh.
- Reáchtáladh imeachtaí comhairliúcháin pobail agus rannpháirtíochta maidir le scéimeanna agus cláir mhaoinithe.
- Glacadh páirt i dtionscnaimh Sheirbhíse don Chustaiméir laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Leathnaíodh an bunachar sonraí PPN chun grúpaí breise a chur san áireamh ann agus leanadh d'fhaisnéis iomchuí a sholáthar lena n-áirítear fógraí poiblí Chomhairle Chontae na Gaillimhe a eisiúint (tionscnamh nua).
- Cuireadh seirbhísí suntasacha ar fáil trí shocrú oibre solúbtha sa tráthnóna agus ag deireadh na seachtaine chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí agus chun cur i gcrích cuspóirí corparáideacha a chinntiú.
- Rinneadh uasghrádú suntasach agus cothabháil ar www.galwaygastronomy.ie mar chuid den ainmniúchán mar Réigiún Eorpach Gastranamaíochta.
- Cuireadh eolas faoi ghníomhaíochtaí an ainmniúcháin Réigiún Eorpach Gastranamaíochta thar na téamaí ar fad ar ardáin dhigiteacha agus ar sheirbhísí CP le hagaí freagartha láithreacha.
- Forbraíodh an choincheap, brandáil & meáin shóisialta [Dine in Galway](#) mar chuid den chlár Réigiún Eorpach Gastranamaíochta agus oibríodh i gcomhpháirtíocht leis an Tionscal Fáilteachais.

Tograí do 2019:

- Leanúint de roinn an Aonaid ar an láithreán gréasáin a athbhreithniú chun faisnéis úsáideach cothrom le dáta a sholáthar do phobail, do ghnóthaí agus do shaoránaigh agus, chomh maith leis sin, leanúint de thacaíocht a thabhairt do na láithreáin ghréasáin ‘Déanta i nGaillimh’ agus ‘Gastranamaíocht na Gaillimhe’.
- Bearta comhaontaithe atá ann sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís don Chustaiméir agus sna Treoirínte maidir leis an nGaeilge a chur i bhfeidhm.
- Teagmháil mhéadaithe leis an earnáil phobail agus ghnó ar ardáin Mheán Sóisialta.
- Reáchtáladh imeachtaí comhairliúcháin agus rannpháirtíochta pobail i gcomhar leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí maidir le scéimeanna agus cláir mhaoinithe arna n-oibriú ag an aonad.
- Leanúint den chothabháil ar www.galwaygastronomy.ie ag leanúint ar aghaidh ón ainmniúchán mar Réigiún Eorpach Gastranamaíochta nó go mbeidh téarma níos faide forbartha.
- Leanúint de bheith ag díriú airde ar ghníomhaíochtaí ‘Ghastranamaíocht na Gaillimhe’ (na comhpháirtithe, páirtithe leasmhara, baill Chairt Bia na Gaillimhe, srl.) thar na téamaí go léir ar ríomhphost/Facebook/Instagram/Twitter agus seirbhísí CP.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Lean an borradh faoin úsáid as na leabharlanna i rith na bliana 2018. Tá Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar cheann de na seirbhísí is mó a mbaintear úsáid astu in Éirinn agus tá na leabharlanna seanbhunaithe mar ionaid shibhialta agus cultúir SAOR IN AISCE i measc mhuintir an cheantair.
- Tá Leabharlanna fós ar an spás poiblí is mó a dtugtar cuairt orthu i gContae na Gaillimhe le 583,000 cuairt sa bhliain 2018.
- Straitéis nua Leabharlainne seolta – *Ár Leabharlanna Poiblí 2022*
- Tá an t-éileamh ar an gcóras Dáileacháin Náisiúnta imithe i méid in 2018. Go dáta tá 45,000 iarratas próiseáilte ag an bhfoireann leabharlainne i nGaillimh. Tá tuairim an phobail i leith na seirbhíse seo thar a bheith dearfach mar gheall ar inrochtaineacht teidil atá as cló, fáil a bheith ar leabhair cúrsa agus rochtain ar theidil nua. Tá an leabharlann phobail mar áis oideachais atá tábhachtach anois ó thaobh ceantair sa chontae atá níos iargúlta agus tá curtha go mór le hábharthacht na leabharlainne a bheith ábalta leabhair a ordú ar líne agus iad a bhailiú.
- Leanadh le cláir dhigiteacha litearthachta, lena n-áirítear leanúint le ranganna IT sna leabharlanna brainse atá níos mó, éascaithe ag Aoisghníomhaíocht Éireann, Vodafone, *Digitse the Nation* agus ag an Comhaontas Tuaithe. Cuireadh oiliúint custaiméara ar fáil freisin maidir le raon acmhainní ar líne atá ar fáil anois. Rinneadh an méid sin sna brainsí agus, ina theannta sin, ar chuariteanna chuig grúpaí sa phobal.
- Tá réitigh IT faoi stiúir an chustaiméara, lena n-áirítear SurfBox a chur i fáil i líon leabharlanna. Tugann an SurfBox deis do dhaoine den phobal ábhar atá le priontáil a sheoladh chuig an bprintéir ina leabharlann áitiúil. Is féidir an t-ábhar atá le priontáil a sheoladh ón mbaile, agus cuirtear ar fáil sa leabharlann é agus is féidir é a bhailiú sa leabharlann. In 2018 rinneadh Surfbox a leathnú go dtí An Clochán agus go hÓrán Mór. Tá sé ar fáil anois i gCathair na Gaillimhe, Baile Bán, Órán Mór, Béal Átha na Sluaighe, Westside, Tuaim agus An Clochán.
- Tugadh isteach teicneolaíocht fhéinseirbhíse i gcuid mhaith de na brainsí leabharlainne in 2018 lena n-áirítear Tuaim, Cathair na Gaillimhe, An Baile Bán, Baile Locha Riach, An Clochán, Port Omna, Baile Átha an Rí agus An Cheathrú Rua;
- Tá rochtain faighte chuig cistiú TFC (ICT) in 2018 le soláthar a dhéanamh i leith uasghrádaithe ar TFC sna brainsí leabharlainne, lena n-áirítear Ríomhairí (PCanna) don phobal, foghlaim dhigiteach, comharthaíocht dhigiteach agus comhar-fhoghlaim STEAM.
- Rinneadh creidiúnú ISO45001 a ghnóthú don tSeirbhís Leabharlainne mar chuid den phróiseas foriomlán creidiúnaithe.

Tionscnaimh Leabharlainne Náisiúnta:

- *Éire Shláintiúil @ do Leabharlann:*

Tá an acmhainn atá ann le dul ag obair le leabharlanna Poiblí ar fud na hÉireann, chun Éire Shláintiúil ag do Leabharlann Áitiúil, a fhéachann le leabharlanna a chumasú mar fhoinsé luachmhar i leith eolas sláinte sa phobal, aitheanta ag an Roinn Sláinte. Díríonn Éire Shláintiúil ag do Leabharlann Áitiúil i 6 príomhréimse: **Óige Shláintiúil, Bia Sláintiúil agus Maireachtáil Ghníomhach, Folláine agus Meabhairshláinte, Aosú Dearfach, Alcóil agus Tobac.**

- Cuireann an Clár feabhas ar an eolas sláinte atá ar fáil faoi láthair i Leabharlanna na Gaillimhe trí bhailiúchán cuimsitheach leabhar nua, ríomhleabhar, ríomhchlosleabhar, ríomhirisleabhar agus cúrsaí ar líne i leith sláinte agus folláine a chur ar fáil. Tá Stoc Leabhar agus acmhainní ar líne Éire Shláintiúil treisithe le sraith cainteanna, díospóireachtaí agus ceardlanna atá ag díriú ar shláinte coirp, meabhairshláinte agus litearthacht shláinte agus atá leanúnach.
- Go dáta tharla 83 imeacht i Leabharlanna na Gaillimhe agus d'fhreastail 940* duine orthu go dtí seo. Ar na topaicí a clúdaíodh tá Sláinte Chroí, Feasacht faoi Néaltrú, Aosú Sláintiúil, Corpacmhainn don Saol, Ag Fás Torthaí agus Glasraí. Reáchtáladh seisiúin eolais, chomh maith, faoi Chúram agus Cosc Ailse agus An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála. Roimh dheireadh na bliana tá roinnt seisiún eolais faoi Thuismitheoireacht le tarlú chomh maith le seisiúin eolais ag Diaibéiteas Éireann. (*Níl cuntas iomlán déanta ar na figiúirí tinrimh ar fad)
- Nuair a d'fheil sé rinneadh comhoibriú le Gaillimh Shláintiúil chun poiblíocht agus tinreamh ar imeachtaí a uasmhéadú.

Cúrsaí Oibre:

- Seirbhís atá i *gCúrsaí Oibre (Work Matters)* chun tacaíocht a thabhairt (i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla) do dhaoine atá ar thóir fostaíochta, uasoiliúna nó ag forbairt gnóthaí beaga.
 - Cuimsíonn sé spásanna tiomnaithe, brandáilte, le ríomhairí, leathanbhanda agus wi-fi, áiseanna priontála agus scanta.
 - Stoc leabhar agus acmhainní ar líne chun tacú le gníomhaíochtaí fostaíochta agus gnó
 - Saineolas fhoireann leabharlainne ag cur tacaíocht ar fáil trí acmhainní ábhartha
 - Imeachtaí agus ríomhchlárú faoi thopaicí gnó agus topaicí atá bainteach leis an obair.
- Tá ceantair *Chúrsaí Oibre (Work Matters) forbartha sa Chlochán, i bPort Omna, Órán Mór, Baile Locha Riach, Tuaim, Béal Átha na Sluaighe agus i gCathair na Gaillimhe.*
- *Ceartha Léitheoireachta*

- **Imeachtaí do Pháistí** – Rinneadh *Isteach leat chuig Tráth na Scéalaíochta (Spring into Storytime)* a sheachadadh i mbrainsí leabharlainne in Aibreán, ag cur tráthanna scéalaíochta ar fáil i mbrainsí leabharlainne ar fud an chontae.
- Reáchtáladh *Féile Leabhar na Leanaí* go rathúil i nDeireadh Fómhair 2018 i gcomhar leis an Oifig Ealaíon. Rinneadh an mhí a sheoladh i mbrainse Bhéal Átha an Rí agus bhain breis is 500 leanbh taitneamh as 40 imeacht.
- Bhí **Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh** ar siúl ar fud an chontae agus chláraigh 4,600 leanbh don dúshlán agus chríochnaigh 3,000 leanbh é. Tharla Seoladh Náisiúnta Réaltóga an tSamhraidh, a rinne an tAire Seán Kyne, i Leabharlann Órán Mór i mí Iúil.
- Reáchtáladh Searmanais Bhronnta sna brainsí i míonna Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair.
- Ceannaíodh bailiúcháin **Leabhar Tostach** do roinnt leabharlanna agus cuireadh oiliúint ar fáil faoina n-úsáid le pobail nua.
- I measc na dtionscadal a rinneadh faoi Éire Ildánach in 2018 bhí:
 - Déan é, Léamh Iontach na Gaillimhe, *Féile Téaduirlisí, Breathnaigh Lastall den domhan seo againne* agus *Stuffed* - tionscadal úrscéil ghrafaigh do dhéagóirí i dTuaim.
 - Rinneadh Cruinniú na nÓg a cheiliúradh ar 23ú Meitheamh, arna éascú ag Éire Ildánach i mórán brainsí leabharlainne ar fud na gceantar bardasach.
 - Rinneadh Déan é a sheachadadh i mbrainsí leabharlainne i mí na Samhna mar chuid de thiomantas na leabharlann do STEAM. Bunaíodh clubanna Lego i dTuaim, Port Omna, Béal Átha na Sluaighe agus sa Taobh Thiar.
 - Rannpháirteacht ghníomhach i gCláir Éire Ildánach Chomhairle Cathrach agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe, tionscnamh cúig bliana ó 2017-2020, a threorú le béim dhíreach ar Cholún 2 den chlár náisiúnta a sheachadadh – Bonn a Chur Faoin gCruthaitheacht i nGach Pobal.
 - D'oibrigh i gcomhar le Gaillimh 2020 chun tacaíocht a thabhairt do sheachadadh clár

Imeachtaí do Dhaoine Fásta –

- Tionscadal comhoibríoch idir clubanna leabhar leabharlainne agus Cónaitheacht Cheol na Gaillimhe chun litríocht agus ceol a spreagadh.
- Leanadh le clár Great Read na Gaillimhe a leathnú amach, tá an clár maoinithe ag Éire Ildánach. Dhírigh 2018 ar *Mhná an Iarthair: Ealaín, Saoránacht agus Litríocht*; cuireadh tús le sceideal na n-imeachtaí le hathchruthú chuairt Christabel Pankhurst go Gaillimh in 1911, nuair a labhair sí ag Halla an Bhaile. Cuireadh imeachtaí ar siúl ar fud an chontae agus chríochnaigh siad le tráthnóna mór-imeachta i mBéal Átha na Sluaighe.

- Chuir Leabharlann Phoiblí an Taoibh Thiar, i gcomhar le comhpháirtithe pobail, Féile Ealaíon an Taoibh Thiar ar siúl agus bhí Leabharlann Órán Mór rannpháirteach sa bhféile áitiúil ealaíon.
 - Clár imeachtaí na seirbhíse leabharlainne soghluaiste i Lawrencetown agus i dTeach Altranais Central Park, Cluain Bheirn.
 - Rannpháirtíocht le Féile Winterage i leabharlann an Ghoirt.
 - Rinneadh imeachtaí For-Rochtana a éascú i nGleann na Madadh, Na Forbacha, Áth Cinn agus mar chuid d'fhéile Loving Galway.
 - Tacú le Oíche Chultúir 2018 do Chontae na Gaillimh i gcomhar leis an Oifig Ealaíon.
 - Leanúint le tacaíocht a thabhairt do Chlár Chontae agus Cathrach Aoisbhách na Gaillimhe.
- Áirítear ar imeachtaí rialta:
 - Taispeántais ealaíon, clubanna leabhar, seolta leabhar, rannpháirtíocht le Cúirt, Babaró, taibhithe ceoil, tacaíocht le haghaidh Féilte Éagsúla Ealaíon ar fud an chontae agus na cathrach;
 - Leanann ionaid Europe Direct i nGaillimh le héascú a dhéanamh ar líon imeachtaí bliantúla sna leabharlanna brainse agus go for-rochtana araon. Tharla Idirphlé Céadshaoránaigh as Gaeilge i leabharlann na Ceathrú Rua faoi Shamhain.
 - Rinneadh Bliain na Gaeilge a cheiliúradh sa Spidéal, ar an gCeathrú Rua, i mBaile Locha Riach, i mBéal Átha na Sluaighe, i gCathair na Gaillimhe agus ar fud na seirbhíse Leabharlainne Scoile.
 - Rinneadh Féile na Bealtaine a cheiliúradh faoi Bhealtaine i roinnt leabharlann.
 - Rinneadh oibreacha tógála feabhsúcháin i mórán brainsí Leabharlainne, lena n-áirítear An Clochán, Béal Átha Ghártha, Cathair na Gaillimhe, An Taobh Thiar, Órán Mór, Tuaim agus Port Omna.
 - Cuireadh seachadadh leabhar ar fáil do An Spidéal, Órán Mór, Baile Átha an Rí agus Uachtar Ard.
 - Leanadh leis an obair ar an tionscadal MOL.
 - Chuaigh Leabharlanna Bhéal Átha Ghártha agus na Gráige ar líne agus tá siad anois mar chuid den chóras náisiúnta bainistithe leabharlann.
 - Forbraíodh bailiúcháin leabhar Fraincise in An Clochán agus in Órán Mór.
 - Thacaigh le seachtain Cuimsithe Sóisialta i mbrainsí leabharlainne agus le seachtain Mhórtas na Gaillimhe (Galway Pride).

Tograí do 2019:

- Leanfar leis an obair, ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil, le cothabháil a dhéanamh agus le feabhas a chur, sa chás go bhfuil sé sin indéanta, ar Sheirbhísí Leabharlann na Gaillimhe de réir Chlár Forbartha Leabharlann na Gaillimhe 2016-2021.

- Leanfar leis an obair ó thaobh Leabharlann Pobail/Cultúrtha nua na Gaillimhe a chur chun cinn.
- Leanfar de na feachtais, Healthy Ireland, Work Matters agus an Ceart chun Léitheoireacht a leathadh amach ar fud líonra na mbrainsí leabharlainne, ag baint leasa as sruthanna maoinithe, agus é mar aidhm raon seirbhísí i mbrainsí tuaithe agus uirbeacha araon a chinntiú.
- Leanfar le hiarrachtaí le feabhas a chur ar úsáid na teicneolaíochta, lena n-áirítear teicneolaíochtaí féinseirbhíse, agus déanfar seachadadh ar thuilleadh dul chun cinn maidir leis an bpacáiste acmhainní ar líne.
- Déanfar uasghrádaithe TFC a sheachadadh i mbrainsí leabharlainne ar fud na Cathrach agus an Chontae.
- Leanfar le ríomhairiú a dhéanamh ar na leabharlanna brainse i seirbhís leabharlann na Gaillimhe, faoi réir ag leibhéal foirne agus ag acmhainní airgeadais a bheith ar fáil.
- Leanfaidh Leabharlanna na Gaillimhe le forbairt a dhéanamh ar an gclár imeachtaí, ag déanamh teagmhála le daoine aonair agus le pobail trínár gcuid brainsí, ag baint leasa as deiseanna maoinithe náisiúnta, sa chás é sin a bheith indéanta, lena n-áirítear Éire Ildánach, ag oibriú ag an am céanna laistigh de na srianta maoinithe áitiúla.

Gníomhaíochtaí Tascacha i rith 2018:

- Chuir an Rannóg seirbhísí dlí ar fáil maidir leis na réimsí cláir ar fad, ina measc ceannach agus díol réadmhaoine agus cásanna dlí a raibh ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche, cásanna dlíthíochta sa Chúirt Chuarda, san Ard-Chúirt, sa Chúirt Achomhairc agus sa Chúirt Uachtarach, lena n-áirítear cásanna a raibh Athbhreithniú Breithiúnach i gceist leo. Go háirithe, bhí Dlíthíocht sa Chúirt Dúiche (Rátaí, Ionchúisimh maidir le Forfheidhmiú Pleanála & Timpeallachta, Athbhreithniú Breithiúnach agus comhlánú fáil talún agus CPONna ar bhealaí uirbeacha-tuaithe agus fáil aonaid chónaithe, ina réimsí lenar bhain obair mhór.
- Táthar ag leanúint de leasú á dhéanamh go leanúnach ar an gCóras Bainistíochta Cásanna trínar féidir teimpléid a úsáid chun sruthanna oibre a chruthú ionas go gcuirtear seirbhísí dlí ar fáil ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúlaí ó thaobh costais. Tá an córas á chur i bhfeidhm i réimsí oibre nua freisin.
- Leanadh leis an obair chun Clár na Talún a thabhairt cothrom le dáta i gcomhoibriú lenár gcomhpháirtithe in aonaid eile mar TF, Airgeadas agus Tithíocht.

Tograí do 2019:

- Díriú agus leanúint lenár gcuid iarrachtaí seirbhísí comhairleacha dlí atá éifeachtúil a sholáthair do gach réimse cláir ar fud na heagraíochta.
- Aon fhuílleach oibre a eascraíonn ón gCeannach Éigeantach maidir le bealaí idir ceantair uirbeacha níos sine a thabhairt chun críche.
- Cur i bhfeidhm céimeanna chun na ceangaltais atá orainn maidir le Rialacháin Nua Chosaint Sonraí a shásamh, lena n-áirítear Mapáil Sonraí agus Rialú Riosca agus dul i gcomhairle le hOifigeach Chosaint Sonraí na Comhairle ina leith sin.
- Leanfar de shruthanna oibre a chruthú maidir leis an gCóras Bainistíochta Cásanna, ionas go gcuirtear feabhas ar dhéanamh na hoibre agus ar an acmhainn oibre.
- Leanúint le hiarrachtaí dul ag obair lenár gcomhpháirtithe chun Clár Talún na Comhairle a chríochnú.
- Déan cinnte go bhfreastalaíonn an fhoireann ar CPD agus ar chúrsaí agus modúil oiliúna nuair is iomchuí, le go mbeidh siad cothrom le dáta faoi fhorbairtí leanúnacha sa Dlí Rialtais Áitiúil.

Sábháilteacht san Uisce - Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018:

- Earcaíodh 42 Garda Tarrthála oilte faoin gClár Sábháilteacht san Uisce chun seirbhísí a chur ar fáil ag 10 n-ionad ar fud an Chontae [cúig cinn de Thránna le Bratacha Gorma san áireamh] agus ag sé ionad sa Chathair, mar chuid den Chomhaontú Seirbhísí Comhroinnte le Comhairle Chathair na Gaillimhe.
- Tugadh faoi Oilíúint Ionduchtúcháin ar an 25 Bealtaine agus ar an 29 Meitheamh, 2018.
- Cuireadh an tSeirbhís ar fáil ón 2 Meitheamh go dtí an 9 Meán Fómhair 2018.
- De bharr na tréimhse aimsire te go déanach sa Mheitheamh, ar mhaithe le Sláinte & Sábháilteacht, cuireadh an tseirbhís ar siúl go lánaimseartha seachtain níos luaithe ná mar is gnáth agus cuireadh le huaireanta garda tarrthála ar chuid mhaith tránna chomh maith dá thoradh sin.
- Rinneadh forfheabhsú maidir le roinnt den soláthar trealaimh chomh maith le sceideal don obair ullmhúcháin, deisiúcháin agus cothabhála ar chrónna a aontú agus a thabhairt i gcrích. Rinneadh cábán nua a shuiteáil ag Trá an Dóilín, An Cheathrú Rua, do shéasúr 2018.
- Rinne Sábháilteacht Uisce na hÉireann Measúnuithe Riosca ag 10 Láthair sa Chontae.
- Tar éis don Chomhairle é a cheadú, cuireadh maoiniú €6,150 ar fáil do Shábháilteacht Uisce na hÉireann.

Tograí Táscacha don bhliain 2019

- Clár na nGardaí Tarrthála a chur i bhfeidhm, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, ar bhonn séasúrach, oilíúint ionduchtúcháin san áireamh.
- Clár na nGardaí Tarrthála a chur chun cinn trí láithreáin gréasáin, na meáin shóisialta agus na meáin chumarsáide áitiúla a úsáid.
- Leanúint, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil agus aontú na Comhairle leis, den mhaoiniú airgid a thabhairt do Shábháilteacht Uisce na hÉireann.
- An chéad chéim eile de Chlár Athnuachana na mBaoithe Tarrthála a chur ar siúl, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, – smaoineamh ar 'aip' cigireachta san áireamh d'fhonn taifead a bheith ar fáil maidir leis na suíomhanna ar fad a thagann faoi chúram na Comhairle.

Páirceanna, Páirceanna Imeartha, Spásanna Oscailte agus Ionaid Súgartha:

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe bainistíocht ar Pháirc Rinn Mhíl, i Meáraí, Órán Mór, atá faoi chomhúinéireacht Chomhairle Chathair na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá sí ar cheann de na hionaid ainmnithe ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin. Baineann muintir na háite, cuairteoirí agus eagraíochtaí áitiúla, mar shampla Grúpaí Gasógaíochta úsáid go forleathan aisti.
- Leanadh de Chlár Chothabháil na bPáirceanna a thabhairt i gcrích i gcomhar le grúpaí áitiúla. Déanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe páirtmhaoiniú ar an gclár cothabhála.
- Leanadh leis an Lamháltas maidir le sólaistí a chur ar fáil i bPáirc Rinn Mhíl ó Aibreán go mí Meán Fómhair.
- Bhain feirmeoir/conraitheoir áitiúil thart ar 20 acra féarlais mar fharae an gheimhridh, ar thailte Pháirc Rinn Mhíl agus lena taobh.
- Fearann an Pháláis, Tuaim - Cuireadh an Clár Cothabhála do Pháirc Fhearann an Pháláis i dTuaim i bhfeidhm i gcomhar leis an Scéim CE a ndearna an Chomhairle urraíocht uirthi. Cuireadh tús le Réamh-thaighde ar Pháirc Fhearann an Pháláis i dTuaim, lena n-áirítear a cuid staire agus gnéithe tírdhreacha, i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus socraíodh go mbeadh ócáid chomhairliúcháin phoiblí le tarlú i mí na Samhna 2018 chun Plean Straitéiseach Bainistithe Tírdhreacha do Pháirc Fhearann an Pháláis i dTuaim a oiliúint. Leagfaidh an Creat seo síos bun láidir i leith chur i bhfeidhm tionscadal sa todhchaí agus tabharfaidh sé treoir don fhoireann cothabhála atá ag obair faoi láthair ar an bpáirc lena chinntiú go mbeidh fáilte, treoshuíomh, sainiúlacht agus léiriúchán na páirce éifeachtúil sa bhfadtéarma. Ina theannta sin beidh sé mar bhonn agus mar thaca agus mar fhoinsé eolais mar a bhaineann le haon mhapáil agus chomharthaíocht ghrafach nua.
- Béal Átha na Sluaighe – Leanadh den Chlár Cothabhála maidir le páirceanna agus spásanna oscailte i mBéal Átha na Sluaighe i rith na bliana 2018.
- Chuir an tAonad tacaíocht riaracháin agus comhairleach ar fáil do ghrúpaí pobail le tograí do shaoráidí áineasa a chur chun cinn ina gceantair faoi seach agus rochtain a thabhairt dóibh ar an maoiniú atá ar fáil faoi líon clár ar nós CLÁR agus an Outdoor Recreational Infrastructure Scheme 2018. Cuireadh maoiniú ar fáil do roinnt grúpaí faoi na scéimeanna seo agus ní mór go mbeidh na hoibreacha críochnaithe faoi thús mhí na Nollag.
- Tharla seoladh foirmiúil ar na feabhsúcháin inrochtana, lena n-áirítear luascáin chathaoireacha rothaí, a suiteáladh sna clóis shúgartha i bhFearann an Pháláis, Tuaim agus ag Bóthar an tSáirséalaigh, Béal Átha na Sluaighe, agus a fuair comhchistiú ón Scéim Deontas Caipitil don Súgradh agus Áineas 2017 Roinn na Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA).

Ionaid Fóillíochta - Tuaim agus Béal Átha na Sluaighe

- Tá ceadúnas ceithre bliana bainistíochta, oibriúcháin agus cothabhála ag Coral Leisure Teo i leith Ionad Fóillíochta Thuama agus Bhéal Átha na Sluaighe. Leanann Seirbhísí Corparáide de chathaoirleacht a dhéanamh ar Chomhchoiste Caidrimh i gcomhar le Coral Leisure d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an Chomhaontú Ceadúnais.
- Leanann Seirbhísí Corparáide de mhaoirseacht a bheith acu ar oibreacha feabhsúcháin a bhaineann le cothabháil agus sláinte agus sábháilteacht riachtanach ag an dá ionad. Chuimsigh oibreacha feabhsúcháin atiliú, uasghrádú ar Sheomra an Allais, feabhsúcháin ar an ardaitheoir poiblí, deisiú coire agus suiteáil doirse éalaithe dóiteáin.

Páirceanna Imeartha / Cúrsaí Reatha / Ionaid Fóillíochta agus Ionaid Snámha

- Tá Comhaontú Ceadúnais ar bun le Cumann Peile Cheiltigh Thuama maidir le Páirceanna Uile-Aimsire Chomhairle Chontae na Gaillimhe i dTuaim a rith. Tá Coiste Comhchaidrimh ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na saoráide.
- Bhí Páirc Áineasa Dunlo, Raon Reatha Bhéal Átha na Sluaighe oscailte go hiomlán i rith na bliana. Cuirtear Sceideal ar fáil ar www.galway.ie ar a léirítear na huaireanta oscailte don phobal agus na hamanna atá in áirithe ag clubanna áitiúla. Tá sé i gceist giomnásiam agus trealamh aclaíochta faoin aer a shuiteáil i bPáirc Áineasa Dunlo, mar chuid de Chlár Áineasa agus Conláiste na Comhairle, i mí na Nollag, 2018. Beidh an tionscadal seo á chomhchistiú ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt – Clár Caipitil Spóirt na nÚdarás Áitiúil.
- Leanadh le Lamháiltais i rith na bliana 2018 d'fhonn cead a thabhairt d'iarratasóirí uachtar reoite agus deochanna boga a dhíol ag trána ar fud an Chontae i rith an tsamhraidh. Eisíodh ceadúnas maidir le hoibriú ag ceithre cinn de thrána le hiarratasóir amháin.
- Ag teacht le gealltanais a tugadh roimhe seo faoin mBeartas Spraoi, tugadh cúnamh, ó thaobh ciste a chur ar fáil go díreach agus ó thaobh árachais, maidir le hionaid spraoi. Go dtí seo, tá forbairt déanta ar 65 ionad spraoi sa Chontae faoin mbeartas sin. Bhí an Polasaí maidir le hIonaid Spraoi Saor ó Thobac a seoladh sa bhliain 2013 i bhfeidhm i rith na bliana 2018. Tá eolas faoi na láithreacha ar fad ar fáil le tarraingt anuas i dTreoir na Comhairle maidir le hIonaid Spraoi atá ar fáil ar www.galway.ie agus tá mapa idirghníomhaíochta ar fáil ar roinn na mapaí (Mapzone) ar an láithreán gréasáin.
- Rinneadh bearta cigireachta ROSPA maidir leis an 15 Ionad Spraoi atá faoi úinéireacht na Comhairle i mí na Samhna.

Tograí do 2019:

- Déanfar cláir chothabhála páirce, lena n-áirítear gearradh féir, a fhorbairt agus cuirfear i bhfeidhm iad ag teacht le hacmhainní atá ar fáil do Pháirc Rinn Mhíl, Órán Mór, Palace Grounds, Tuaim, Páirc Dunlo, Béal Átha na Sluaighe agus do spásanna taitneamhachta agus oscailte eile, ar bhonn tosaíochta laistigh de na hacmhainní atá ar fáil do pháirceanna poiblí agus do limistéir oscailte.
- Leanúint le forbairt Phlean Straitéiseach Bainistithe Tírdhreacha do Pháirc Fhearann an Pháláis i dTuaim a chuimsíonn mapáil a dhéanamh ar phríomh-shaintréithe na Páirce lena n-áirítear gnéithe stairiúla, féar-thailte, coillearnach, & rí., le plan bainistithe coillearnaigh agus féar-thailte agus breithniúchán á dhéanamh ar an mbithéagsúlacht laistigh den Pháirc agus conas mar a d'fhéadfaí an bhithéagsúlacht sin a chaomhnú agus a fheabhsú, mar aon le smaointe i leith na forbartha sa toadhcháí/cur chun cinn na Páirce agus soláthar threoir dearaidh i leith gnéithe mar inrochtaineacht, cosáin agus troscán na páirce. Oilfidh an Plean seo agus an taighde atá ar bun dearadh sainiúlachta/branda/lógó ar leithligh don Pháirc ina mbeidh inneachar agus mapáil chomharthaíocht léirmhíniúcháin, le gur féidir cláir nua mapaí a shuiteáil.
- Leanfar den obair chothabhála is gá i ndáil le Páirc Rinn Mhíl faoin bPlean Coillearnaigh ionas go gcinntítear go bhfásann na crainn nuachurtha.
- Tabharfar faoi chothabháil ag teacht le hacmhainní, ar Áiteanna Súgartha atá faoi úinéireacht agus á bhfeidhmiú ag an gComhairle, lena n-áirítear deisiú agus/nó athsholáthar trealamh súgartha. Socrófar Cigireacht Bhliantúil ROSPA freisin, atá ar cheann de na coinníollacha a éilítear faoin gclúdach árachais, maidir leis an 15 Ionad Spraoi atá faoi úinéireacht na Comhairle.
Leantar leis an iarracht tacaíocht riaracháin agus comhairleach a chur ar fáil do ghrúpaí pobail le tograí áineasa a chur chun cinn agus le rochtain a fháil ar mhaoiniú atá ar fáil, a mhéad is a cheadaíonn acmhainní foirne é sin.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Cuireadh maoiniúocht ar fáil maidir le hIonad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí, atá suite i Séipéal Naomh Muire i lár Bhaile Átha an Rí, a rith. Faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá an tIonad a ligtear ar léas leis an gCumann Forbartha a dhéanann maoirseacht maidir le rith an Ionaid. Fostaítear Bainisteoir Ionaid agus baill eile foirne san Ionad faoi scéimeanna éagsúla. Baineadh tairbhe as an maoiniú maidir le bolscaireacht, imeachtaí agus cothabháil bhunúsach ar an tSócmhainn Stairiúil a tharraingíonn os cionn 3,000 cuairteoir.
- Is faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma. Bhí an tIonad oscailte ar feadh an tséasúir ón 30 Bealtaine go dtí an 8 Meán Fómhair 2018.
- D’óstáil Ionad Cuairteoirí Chath Eachroime 1691 sraith léachtaí ar ‘Oidhreacht Cheilte na Gaillimhe’ le linn Lúil-Meán Fómhair ar Aoinne roghnaithe ó 2-3p.m. Rinne na léachtaí aibhsiú ar ghnéithe staire den saol sa 17ú aois i nGaillimh Thoir agus scrúdaigh siad Bithéagsúlacht shaibhir an Chontae. Chun ceiliúradh a dhéanamh ar ainmniú na Gaillimhe mar Gaillimh, Réigiún Eorpach Iarthar na hÉireann Gastranamaíochta 2018, reáchtáladh na cainteanna seo leanas san Ionad: Bianna & Luibheanna 1691 le Margaret Hickey – údar ‘Lardrús Glas na hÉireann’ agus tharla ócáid Thaispeántas Bia & Modhanna Cócaireachta ann. Tharla ócáid chuimhneachán Eachroime ar 21ú Lúil.
- Chun Seachtain Oidhreachta a cheiliúradh eagraíodh dhá imeacht san Ionad agus bhí cead isteach saor in aisce ag an bpobal. Reáchtáladh “Turas Ag Cur Síos air & Ag Siúl thart air” faoi Chath Eachroime le cainteoirí agus treoraithe éagsúla páirteach. Deis den scoth a bhí anseo chun tuiscint iomlán a fháil ar Chath Eachroime agus faoin tionchar níos leithne a bhí aige mar a bhain le stair na hÉireann agus na hEorpa. Reáchtáladh caint faoi “Seanbhealaigh Feirmeoireachta” a scrúdaigh modhanna feirmeoireachta agus mar a d’athraigh siad tríd na blianta.
- Tharla ócáid chomhairliúcháin phoiblí i mí na Samhna chun tuairimí, smaointe agus aiseolas ón bpobal áitiúil/ón gceantar áitiúil, a fháil faoin mbealach is fearr le hacmhainn staire, turasóireachta, pobail Ionad Chuaireoirí Chath Eachroime 1691 a uasmhéadú chun leasa cuairteoirí, an phobail áitiúil agus na bpáirtithe leasmhara ar fad.

Tograí do 2019:

- Faoi réir ag maoiniú, leanfar leis an tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil maidir le hIonad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí agus Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma a rith agus cur le líon na gcuairteoirí orthu agus cuirfear na limistéir sin chun cinn mar chuid d'infheistíocht ghinearálta na Comhairle maidir le cúrsaí turasóireachta agus le bonn faoin eacnamaíocht áitiúil.
- Beidh gá Oibreacha Feabhais agus Sábháilteachta a thosú ar an mballa teorainn timpeall na reilige ag Séipéal Mhuire, Baile Átha an Rí, trí chineál éigean pionnála a dhéanamh chun balla coinneála a bhfuil aire ag teastáil uaidh, a chobhsú. Beidh gá leis chun mullaigh roinnt crann fásta timpeall ar imlíne na reilige a laghdú.

Seirbhís na Maor Pobail

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Cuidíonn Seirbhísí Corparáideacha leis an gcomhordú ar Sheirbhís na Maor a chuireann réimse seirbhísí ar fáil thar ceann na Comhairle. Cuirtear pleananna oibre míosúla le chéile bunaithe ar na seirbhísí a mbíonn gá leo.
- Rinneadh Suirbhéanna maidir le Truailliú ó Bhruscar agus Suíomhanna Tréigthe agus lean na Maoir chomh maith le scrúdú cigireachta rialta a dhéanamh ar Ionaid Spraoi, Páirceanna, Eastáit Údarás Áitiúil, Láithreáin Stad, Céanna, Baoithe Tarrthála, Tránna, Bancanna Buidéal etc.
- Lean na Maoir ag cuidiú le páirceáil ar tháille a oibriú agus le pleananna bainistíochta tráchta a chur i bhfeidhm i roinnt bailte móra ar fud an Chontae.
- Lean Seirbhís na Maor den obair Fhorfheidhmiúcháin i gcúrsaí Timpeallachta, mar shampla fíneáil maidir le bruscar agus fógraí faoin Acht um Bainistiú Dramháiola agus faoin Acht um Thruailliú Uisce a eisiúint.
- Leanadh de na feachtais maidir le Ceadúnais Madraí a scrúdú i rith na bliana.
- Lean na Maoir d'fhorálacha faoi Acht na mBóithre 1993 i ndáil le feithiclí tréigthe a chur i bhfeidhm agus rinneadh feithiclí a shonrú, tuairisc a thabhairt ina leith agus iad a thabhairt chun bealaigh i rith na bliana.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh an tAonad seo den chomhordú ar fheidhmeanna a chur i leith Sheirbhís na Maor Pobail agus den athbhreithniú ar an toradh a bhíonn ar na feidhmeanna sin a dhéanamh de réir na dtáscairí seirbhíse atá aontaithe.
- Leanfar den obair measúnachta maidir leis an dóigh is fearr a gcuideodh an tSeirbhís le cuspóirí na heagraíochta agus aidhmeanna tús áite an ghnó a bhaint amach.
- Déanfar Veaineanna na Maor Pobail a athrú de réir a chéile nuair a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018:

- Leanadh den Phlean Gníomhaíochta maidir le Daoine faoi Mhíchumas a chur i gcrích.
- Cuidíodh leis an tionscnamh maidir le hÁisiúlacht Bhéal Átha na Sluaighe d'fhonn Béal Átha na Sluaighe a thabhairt chun cinn mar ionad áisiúil soicheallach.
- Reáchtáladh seoladh foirmiúil i Márta ar dhá chóras ráilí neamhspleácha a suiteáladh in Ionad Fóillíochta Bhéal Átha na Sluaighe, chun aistrithe a cheadú, sa seomra gléasta cuidithe, ón gcathaoir rothaí go dtí an leaba athraithe agus sa leithreas cuidithe/seomra ceatha chun aistrithe a cheadú ón gcathaoir rothaí go dtí an leithreas/cith.
- Reáchtáladh seoladh foirmiúil i Márta ar Luascáin atá inrochtana ag Cathaoireacha Rothaí agus atá suiteáilte i gClós Súgartha Bhéal Átha na Sluaighe (Luascán Dúbailte Chathaoir Rothaí) agus i bhFearann an Pháláis, Tuaim (Luascán Singil Chathaoir Rothaí) mar aon leis na foirne inrochtana bord picnic atá suiteáilte i bPáirc Bhéal Átha na Sluaighe, le taobh Chlós Súgartha Bhéal Átha na Sluaighe, Bóthar an tSáirséalaigh agus i bhFearann an Pháláis, Tuaim araon, agus tá roinnt bord picnic inrochtana breise suiteáilte chomh maith, i bPáirc Rinn Mhíl, Órán Mór.

Tograí do 2019:

- Cuidiú leis an bPlean Gníomhaíochta Seirbhísí don Chustaiméir a chur i bhfeidhm ionas go gcuirtear feabhas go leanúnach ar an teacht atá ag daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí.
- Tacaíocht do Rochtain fheabhsaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas ar Shaoráidí Áineasa agus Fóillíochta, faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil.
- Tá an Chomhairle ag cur pleananna chun cinn le dhá (2) Chathaoir Rothaí Trá a chur ar fáil ar bhonn píolótach ag tosú leis an Trá Mhóir in Indreabhán agus Trá Thrácht i gCinn Mhara. Tá an tionscadal seo á stiúradh ag an Rannóg Chorparáideach i gcomhairle le hOifigeach Sábháilteachta Uisce agus leis an Galway Speeders Sports Group. **Oibreacha inrochtana le déanamh in ????**

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- I Márta, eagraíodh ócáid speisialta, ‘Lá na Gaeilge’, le linn Sheachtain na Gaeilge (1 – 17 Márta 2018) inar tugadh an deis do bhaill áitiúla den phobal, gnóthaí, grúpaí pobail, agus mar sin de, a reáchtáilann a gcuid imeachtaí trí Ghaeilge, sárthaispeántas faoina gcuid oibre a thabhairt don phobal i gcoitinne in Áras an Chontae ar feadh an lae. Eagraíodh sárthaispeántas ceoil chomh maith le linn an ama seo inar thug grúpa bunscoile as Contae na Gaillimhe taibhiú ceoil don fhoireann agus don phobal.
- Eagraíodh ranganna Gaeilge (leibhéal tosaitheora agus meánleibhéal) le haghaidh bhaill foirne an údaráis áitiúil agus bhí ranganna ar fáil leis le haghaidh Comhairleoirí.
- Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe Scoláireachtaí Gaeltachta Pádraig Mhic Phiarais 2018 / Pádraig Pearse Scholarships 2018 ar fáil arís i mbliana i gcomhar leis na Coláistí Samhraidh i gConamara. Cuireadh 10 scoláireacht ar an iomlán ar fáil do dhaltaí dara leibhéal i gContae na Gaillimhe chun freastal ar Chúrsaí Samhraidh Gaeltachta.
- Tionóladh Scoil Samhraidh an Phiarsaigh/Pádraig Pearse Summer School i Ros Muc den ceathrú bliain as a chéile thar dhá lá i gConamara (Ros Muc agus Indreabhán) an 26/27 Iúil 2018.
- Deontais Tacaíochta Pobail – Luadh an Ghaeilge mar chatagóir faoi leith faoin Scéim Tacaíochta Pobail 2018. Ceadaíodh deontais ar scála beag dar luach iomlán €5,000.00 maidir le tionscadail i Scoileanna, sa Phobal agus i measc Eagraíochtaí Deonacha maidir le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus níos mó úsáide a bhaint aisti.
- Leanadh leis an nGradam le haghaidh na Gaeilge a bheith san áireamh arís i mbliana i measc Ghradaim an Chathaoirligh do phobail agus scoileanna na Gaeltachta agus dóibh sin Lasmuigh den Ghaeltacht.
- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe lena tacaíocht do chur chun cinn na Gaeilge i bpobail ar fud an Chontae trí Ghradaim Glór na nGael, a bhronnadh ar Chomharchumann Mhic Dara, An Cheathrú Rua, i Márta 2018 agus ina theannta sin trí chuidiú a thabhairt imeachtaí as Gaeilge a chur chun cinn, m.sh. Seachtain Náisiúnta Oidhreachta, Idirphlé Díreach Eorpach, &rl, trí mheán na Gaeilge.
- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe ag obair, i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile, á gcur ar an eolas faoinár Scéim Teanga agus ag cinntiú go bhfuil bearta na Scéime á gcur i bhfeidhm sa chás go raibh sé faoi riail na Comhairle é sin a dhéanamh. Cuireadh tacaíocht agus comhairle ar fáil mar aon le seirbhísí profa.
- Táthar ag leanúint ag cur eolais agus comhairliúcháin ar fáil d’fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le dualgas teanga, oibleagáidí agus reachtaíocht.
- Táthar ag leanúint le nós imeachta ceadaithe ábhar láithreán gréasáin a chur i bhfeidhm i gcomhar le Seirbhísí don Chustaiméir agus IS, le dhátheangachas a

chinntiú ar www.galway.ie / www.gaillimh.ie, ag teacht lenár reachtaíocht agus lenár scéim teanga.

- Baineadh úsáid as an trealamh soghluaiste maidir le hAistriúchán Comhuaineach ag cruinnithe de chuid na Comhairle agus ag cruinnithe eile a raibh gá le haistriúchán acu.
- Tá dréachtú an Tríú Scéim Teanga le haghaidh Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi shiúl agus tá athbhreithniú inmheánach ar an Dara Scéim Teanga ag na céimeanna deiridh, chomh maith.
- Lean an Chomhairle de chomhoibriú leis an gCoimisinéir Teanga, ag plé le hábhar buartha a thug daoine den phobal i gceist maidir le seirbhísí trí Ghaeilge agus an reachtaíocht.

Tograí do 2019:

- Féachaint leis an Tríú Scéim Teanga le haghaidh Chomhairle Chontae na Gaillimhe a aontú leis An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.
- Leanúint d'eolas a chur ar fáil do lucht foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le dualgais, cúraimí agus cúrsaí reachtaíochta i leith na teanga.
- Leanúint d'ábhar oiriúnach maidir le tuiscint ar chúrsaí teanga agus ábhar tacaíochta eile a chur ar fáil do lucht foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe, d'fhonn feabhas a chur ar an tseirbhís trí Ghaeilge.
- Leanúint le soláthar a dhéanamh do agus cur le líon na ranganna/cúrsaí Gaeilge atá ar fáil ar feadh na bliana don fhoireann agus do Chomhaltaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ag díriú go háirithe ar chomhrá trí Ghaeilge, bunaithe ar an maoiniú atá ar fáil.
- Tá sé mar aidhm leanúint le Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais / Pádraig Pearse Scholarships i gcomhpháirtíocht leis na Coláistí Samhraidh sa chontae.
- Leanúint de chatagóir Gaeilge a chur chun cinn do Ghradam an Chathaoirligh agus deontais tacaíochta pobail a chur chun cinn ar bhonn thosaíochta.
- Leanúint den nós imeachta a chur i bhfeidhm maidir le hábhar don láithreán gréasáin a aontú i gcomhar le Seirbhís don Chustaiméir agus Seirbhísí Eolais.
- Rannpháirtíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ngníomhaíochtaí agus in imeachtaí do Sheachtain na Gaeilge a stiúradh agus leathnú a dhéanamh ar na himeachtaí seo do Mhárta na bliana 2019 sa chás é sin a bheith indéanta.
- Leanúint le himeacht Scoil Samhraidh an Phiarsaigh a eagrú agus a thionóil (nó imeacht comhionann) laistigh de Phobal na Gaeltachta de réir mar a thugann acmhainní an deis lena dhéanamh.

Gníomhaíochtaí Táscaha i rith 2018:

- Lean Seirbhísí Corparáideacha de sheirbhísí feighleoireachta agus de Sheirbhísí Bainistíochta Saoráidí a chur ar fáil do chóras oifige na Comhairle, na leabharlanna agus ócáidí cathartha.
- Lean an tAonad lena cheanglais a sheachadadh faoin gClár Bainistíochta Sábháilteachta i réimsí ar nós tástáil, tástáil feistiúcháin leictreachais, measúnuithe VDU ar bhonn tréimhsiúil.
- Leanann bainistíocht agus monatóireacht éifeachtúlacht fuinnimh de bheith mar fhócas tosaíochta in aonad na saoráidí. Tugadh Deimhnithe Fuinnimh Taispeána chun críche agus cuireadh ar taispeáint iad in 18 n-oifig agus leabharlann atá os cionn 250 méadar cearnach.
- Críochnaíodh oibreacha athchóirithe ar an gcéad urlár chun soláthar chóiríocht oifige breise agus seomra cruinnithe a éascú don Aonad Tithíochta.
- Tugadh faoi oibreacha ag Leabharlann an Taoibh Thiar i rith na bliana chun tanc ola agus cás ar chúl an fhoirgnimh a bhaint anuas ar mhaithe le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta.
- Leanann an tAonad ag tabhairt faoi phróisis sholáthair i leith réimse bainistithe saoráidí atá bainteach le conarthaí le luach ar airgead a chinntiú agus chun caighdeán seirbhíse a chaomhnú.
- Cuireadh clár TCI (CCTV) ar bun chun teacht le ceangaltais RGCS (GDPR).

Tograí do 2019:

- Leanfaidh conarthaí cothabhála le bheith faoi réir ag athbhreithniú leanúnach agus é mar aidhm cothabháil a dhéanamh ar laghduithe i gcostais a bhaineadh amach le blianta beaga anuas agus tuilleadh laghduithe a dhéanamh ar chostais i réimsí teoranta sa chás é sin a bheith indéanta.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le teorannú a dhéanamh ar shaoráidí oifige agus leabharlainne ar mhaithe le hoibriú laistigh de na buiséid atá ar fáil chun díriú ar riachtanais sábháilteachta agus sláinte agus ar chórais oibriúcháin atá ríthábhachtach. Maidir le hÁras an Chontae, tá líon suntasach córais bhainistíochta agus chórais chothabhála gar do dheireadh ré agus tá an fhéidearthacht ann ó thaobh cliseadh córais agus costais chothabhála maidir leis na córais sin a chur ina gceart arís.
- Tá an dúshlán a bhaineann le soláthar dóthain cóiríochta anseo ag Halla an Chontae ag dul i méid go seasta. Tá na leibhéil áitíochta i roinnt páirteanna anseo sa Cheannáras níos airde ná mar atá ar fáil agus fágann sé sin go bhfuil áiteanna mar spás saotharlainne, seomraí cruinnithe, seomraí oiliúna, & rí á tiontú chuig cóiríocht oifige don fhoireann. Ní mór go ndéanfaí athbhreithniú faoina bhfuil ag teastáil ó thaobh gnó agus custaiméirí na heagraíochta chun na riachtanais sa mheántearma agus sa bhfadtearma a shásamh ionas go mbeidh dóthain spásanna oifige ar fáil chun na seirbhísí sin a sheachadadh.

- Déanfaidh an tAonad iarracht laghdú breise a bhaint amach in úsáid fuinnimh ar fud oifigí agus leabharlanna. Leanfar le Teastais Fuinnimh Taispeána a chur ar taispeáint don phobal i ngach aon cheann dár gcuid oifigí agus dár gcuid leabharlanna.
- Tá clár Monatóireachta agus Tuairiscithe Legionella forbartha ar mhaithe le cóiríocht oifige agus leabharlann.

Bainistíocht ar Thaifid & Cartlannaíocht

Cinntíonn an Brainse Cartlannaíochta go ndéantar cúram d'ábhar cartlainne na Comhairle, go gcaomhnaítear é, go ndéantar an bhainistíocht ina leith agus go mbíonn teacht air. Is sócmhainn chultúir ardfhiúntais ábhar cartlainne nach mór aire de chineál speisialta ina leith, agus leis an mborradh faoin spéis sa stair, go háirithe i gcúrsaí ginealais, agus le Deich mBliana an Chuimhneacháin, tá tábhacht leis freisin don turasóireacht chultúir. Cuireann an Brainse comhairle freisin ar an gComhairle maidir le polasaithe i ndáil le cúram agus bainistíocht a dhéanamh ar thaifid na Comhairle.

Gníomhaíochtaí Tascacha i rith 2018:

- Leanadh de theacht ar eolas i mbailiúcháin cartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur ar fáil trí na liostaí léiriúcháin agus an chatalóg idirlín, agus trí thairseacha éagsúla cartlannaíochta.
- Leanadh den chlár maidir le cóipeanna slándála agus athchóipeanna tagartha a chur ar fáil maidir leis na bailiúcháin ¹ agus den phróiseáil ar roinnt bailiúchán beag d'ábhar cartlainne².
- Cuireadh seirbhísí ar fáil go leanúnach do léitheoirí, mar shampla deis na bailiúcháin a cheadú ar mhaithe le hobair thaighde, cúnaimh le fiosrúcháin maidir le hábhar taighde, agus comhairle nó treoir faoi obair thaighde.
- Rinneadh monatóireacht maidir leis an riocht ina bhfuil an t-ábhar cartlainne agus féachadh lena chinntiú go raibh an t-ábhar á chumhdach agus á chaomhnú agus á bhainistiú in ainneoin nach bhfuil na háiseanna stórála ag teacht leis na caighdeáin caomhnúcháin a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.
- Caomhnú ar mhórán imleabhar ó bhailiúchán Aontas Dhlí na mBocht an Chreagáin.
- Tionscain agus críochnaigh an tionscadal nuálach *Ag Cur Síil*: tionscadal comhoibríoch [Archives to Art](#) idir na cartlanna agus ealaíontóirí áitiúla, lena n-áirítear réiteach catalóige agus cáipéisíochta físe. Bhí an tionscadal maoinithe faoi Éire Ildánach/Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe, 2018 – 2022.

¹ Mar imleabhair ó PLU an Chreagáin (GPL4).

²Mar comhaid Shuirbhéir an Chontae GC/CS/015, GC/CS/015-016 agus comhaid an Rúnaí Contae GC/CC13/3/0003-010, &0014, agus BTC/2/1.

- Chuimsigh gníomhaíochtaí cur chun cinn for-rochtana na gCartlann sna meáin, ar nós dul ar chlár Nationwide RTE (Bealtaine agus Lúnasa 2018), Galway Bay FM, agallamh ginearálta raidió agus teachtaireachtaí leanúnacha sna meáin shóisialta, ach go háirithe míreanna a bhain le ‘Decade of Centenaries’ (Deich mBliana an Chuimhneacháin)
- Cuireadh comhairle agus cúnamh ar fáil do Bhraintí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir leis an sárchleachtas i ndáil leis an mbainistíocht ar thaifid, de réir mar a bhí gá leis sin.
- Lean le bainistiú aistriú taifead neamhreatha go stóras agus aisghabháil taifead agus aischur: próiseáladh 945 iarratas ar aisghairm ó Eanáir go dáta (26/10/2018). Tá 116,855 thaifead faoin tráth seo ar bhunachar sonraí ArLink maidir le bainistíocht taifead.

Tograí do 2019:

- Díreofar ar an bpróiseáil ar bhailiúcháin cartlainne breise an tráth céanna a leantar ag cur bailiúcháin agus comhairle ar fáil do lucht taighde.
- Leanfar den chlár oibre maidir le cóipeanna slándála agus athchóipeanna tagartha a chur ar fáil de na bailiúcháin. Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de leas a bhaint as stór tráchtála do na taifid neamhreatha agus den bhainistíocht i ndáil le haimsiú na dtaifead atá á stóráil in ionad seachtrach agus lena seoladh ar ais.
- Leanfar don chaidreamh le Brainsí d'fhonn rangú comhad agus sceideal coimeád comhad a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm chomh maith le comhairle a chur ar fáil faoin sárchleachtas maidir leis an mbainistíocht ar thaifid.

Clár na dTogthóirí

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Foilsíodh Clár na dTogthóirí do 2018/2019 an 1 Feabhra 2018 agus tháinig sé i bhfeidhm an 15 Feabhra 2018.
 - Críochnaíodh Clár na dTogthóirí Forlíontach laistigh d'amlínte reachtúla roimh an Reifreann a reáchtáladh ar 25ú Bealtaine 2018 chun an 8ú Leasú ar Bhunreacht na hÉireann a bhain le ginmhilleadh, a aisghairm.
 - Críochnaíodh Clár na dTogthóirí Forlíontach laistigh d'amlínte reachtúla roimh Thoghcháin an Uachtaráin agus an Reifreann maidir le Diamhasla, a reáchtáladh ar 26ú Deireadh Fómhair 2018.
 - Foilsíodh Dréachtchlár na dTogthóirí do 2019/2020 an 1 Samhain 2018 agus cuireadh ar fáil don phobal é lena iniúchadh in Oifigí Poist, Stáisiúin na nGardaí, Leabharlanna Poiblí agus ar líne ag www.galway.ie ag cur ar chumas an uile dhuine nach bhfuil a ainm/a hainm ar an Dréachtchlár aighneacht a chur faoi bhráid ar Fhoirm RFA1, chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe tráth nach déanaí ná 25 Samhain 2018. Breithníonn an Cláraitheoir Contae na hÉilimh ag na Cúirteanna Athbhreithnithe a thionóltar i mí na Nollag gach aon bhliain.

Tograí do 2019:

- Foilseoidh an Chomhairle Clár na dTogthóirí do 2019/2020 faoin 1 Feabhra 2019.
- Críochnófar Forlíonadh do Chláir na dTogthóirí laistigh d'amlínte reachtúla roimh na Toghcháin Áitiúla a reáchtálfar ar 24ú Bealtaine 2019. Réiteofar an Forlíonadh seo de réir athruithe Choimisiún na Teorann i leith Ceantar Bardasach.
- Déanfaidh an Chomhairle na Toghcháin Áitiúla atá le reáchtáil ar 24ú Bealtaine 2019 a eagrú.
- Foilseofar Dréachtchlár na dTogthóirí do 2020/2021 a 1 Samhain 2019, agus cuirfear ar fáil é don phobal é lena iniúchadh agus tiocfaidh na Cúirteanna Athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

- Cuirfear Forlónadh do Chláir na dToghthóirí le chéile agus foilseofar é laistigh de chreata ama ábhartha i gcás Toghcháin nó Reifreann eile.

Pleanáil & Tacaíocht Chorporáideach / Ionadaíocht Áitiúil / Ceannaireacht Shibhialta

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Cuirtear seirbhísí riaracháin ar fáil don Phríomhfheidhmeannach, do Chathaoirleach na Comhairle, do na Comhaltaí Tofa, don Ghrúpa Polasaí Corparáide agus i ndáil le Cruinnithe na Comhairle.

Fónamh a Rinneadh maidir le Cruinnithe Iomlánacha na Comhairle agus na Comhaltaí

- Ullmhú Chlár na gCruinnithe maidir le Gnáthchruinnithe, Cruinnithe Speisialta, Cruinnithe Bliantúla agus Cruinnithe Buiséid don Chomhairle ina hIomlán, comhordú leis na Brainsí go léir maidir le míreanna ar Chlár Cruinnithe, éascú na gCruinnithe agus breacadh na Miontuairiscí.
- Foilsiú na gClár, na Miontuairiscí agus cháipéisí ag gabháil le Clár Cruinnithe ar an Eislíon
- Éascú maidir le Cruinnithe de chuid an Ghrúpa Polasaí Corparáide.
- Éascú maidir le Léiriú Spéise i ndáil le freastal ar Imeachtaí Oiliúna agus ar Chomhdhálacha.
- Tuairiscí don Chomhairle a thiomsú i gcomhréir leis an Acht Rialtais Áitiúil maidir le Freastal Chomhaltaí ar Imeachtaí Oiliúna agus ar Chomhdhálacha a Cheadú.
- Oiliúint inmheánach a shocrú i gcomhréir le Plean Oiliúna & Forbartha Comhaontaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe do na Comhaltaí.
- Próiseáil ar éileamh na gComhaltaí maidir le Costas Taistil agus Cothabhála i ndáil le freastal ar chúrsaí Oiliúna agus ar Chomhdhálacha.
- Éascú maidir le cuntas Achoimre faoi Chomhdhálacha a ndearna Comhaltaí freastal orthu a chur faoi bhráid, ullmhú Tuairisce don Chlár Oibre agus Cuntais Achoimre a fhoilsiú ar an Láithreán Gréasáin.
- Cothabháil ar Bhunachar Sonraí Freastail na gComhaltaí do gach Comhalta den Chomhairle, lena n-áirítear cruinnithe Iomlánacha, SPC, Ceantar Bardasach, an Comhchoiste Póilíneachta (JPC), Coiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil, Forbairt Pobail Áitiúil, agus an Comhchoiste um Shábháilteacht ar Bhóithre.
- Éascú maidir leis an gClár Poiblí i ndáil le Tinreamh agus Íocaíochtaí le Comhairleoirí a thiomsú.
- An Clár Eitice a choinneáil do na Comhairleoirí.
- Éascú maidir le Tuairisceáin na gComhaltaí faoin Deimhniú Deonacháin a chur ar fáil

- Tacaíonn an Fhoireann Chorparáideach le héascú maidir le Fáiltiú Cathartha mar fhreagra ar mholtaí ón gComhairle Iomlánach—
Tionóladh Fáiltiú Cathartha in Áras an Chontae an 26 Márta, 2018 in onóir na ndaoine seo a leanas:
 - Sinéad Keon, uasal, a fuair bonn ag na Cluichí ‘Dwarf’ Domhanda, i gCeanada i mí Lúnasa 2017
 - Club Cearáité Chill Tormóir agus Dhún an Uachta, buaiteoirí boinn ag an Karate Tournament 2017 sa tSín.
 - Peil Ghaelach na nÓg (cailíní) faoi 14 na Gaillimhe, buaiteoirí Chraobh na hÉireann i bPeil Ghaelach na n-Óg (faoi 14)
 - Camógaíocht na nÓg faoi 16 na Gaillimhe, Buaiteoirí 2017, ag buachan trí chraobh faoi 16 as a chéile 2015, 2016 agus 2017.
 - Foireann Mionúr Camógaíochta na Gaillimhe – Buaiteoirí Chraobh na hÉireann 2017.
- Bronnadh Saoirse Chontae na Gaillimhe ar Uas. Martin J. Walsh, Méara Chathair Bostúin, ar 14ú Bealtaine 2018 ag searmanas a reáchtáladh i Seomra na Comhairle. Is é an tUas. Walsh an chéad duine ar bronnadh an gradam seo air.
- Reáchtáladh Fáilte Chathrach in onóir Fhoireann Mionúr Iománaíochta na Gaillimhe a bhuaigh Craobh na hÉireann sa Mhionúir i 2018 agus in onóir Fhoireann Sinsear Iománaíochta na Gaillimhe a bhí mar údar mórtais agus onóir don Chontae ar feadh 2018, ar Fhaiche an Aonaigh, Béal Átha na Sluaighe ar 20ú Lúnasa 2018.

Fónamh maidir leis an gComhchoiste Póilíneachta agus Riarachán Chruinnithe Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí-Órán Mór

- Tá Comhchoiste Póilíneachta (JPC) ar siúl ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar le lucht bainistíochta an Gharda Síochána go háitiúil agus leagtar feidhm reachtúil ar an gCoiste sin i gcomhréir le hAlt 35(4) agus Alt 36(1) Acht an Gharda Síochána 2005 agus i gcomhréir leis na Treoirínte Leasaithe maidir le Comhchoistí Póilíneachta arna n-eisiúint sa bhliain 2014.
- Tá feidhm an Chomhchoiste Póilíneachta leagtha amach in Alt 36(2) d'Acht an Gharda Síochána, a deir: *“The joint policing committee’s function is to serve as a forum for consultations, discussions and recommendations on matters affecting the policing of the local authority’s administrative area”*.
- Reáchtáil an JPC Cruinniú Poiblí dá chuid ar 5ú Samhain 2018. Reáchtáladh gnáth-chruinnithe an JPC ar 5ú Feabhra, 30ú Aibreán, 9ú Iúil agus 8ú Deireadh Fómhair 2018.
- Déanann Seirbhísí Corparáide an obair Riaracháin maidir le Cruinnithe Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí-Órán Mór. Tháinig an AOMD le chéile go míosúil, reáchtáil sé CGB (AGM) dá chuid ar 25ú Meitheamh, 2018 agus reáchtáil sé Chruinniú Buiséid dá chuid ar 23ú Deireadh Fómhair, 2018.

Seirbhísí a chuireann Seirbhísí Corparáide ar fáil don Eagraíocht

- Coinnítear Clár Eitice do dhaoine den Fhoireann lena mbaineann.
- Cuireann Seirbhísí Corparáide cúnamh taca ar fáil maidir le Tairiscintí a Fháil, a Chlárú agus a Oscailt thar ceann na heagraíochta.
- Coinnítear clár Ordaithe an Phríomhfheidhmeannaigh, déanann Seirbhísí Corparáide Uimhir a chur le gach Ordú do na Brainsí go léir.
- Lean Seirbhísí Corparáide ag feidhmiú mar aonad caidrimh ag Oifig an Ombudsman i ndáil le fiosrúcháin a dhéantar leis an Oifig sin faoi sheirbhís a chuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe ar fáil. Déanann Seirbhísí Corparáide comhordú ar an gcomhfhreagras go léir agus tá córas traiceála ar bun.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh Seirbhísí Corparáide den chúnamh taca a thugtar don Chathaoirleach, do na comhaltaí tofa agus maidir le Cruinnithe Iomlánacha na Comhairle a eagrú.
- Leasóidh an Chomhairle Clár Eitice na Foirne agus na gComhaltaí agus tabharfar cúnamh do na Comhaltaí tuairisceáin maidir le Deimhniú Deonacháin a chur ar fáil.
- Foilseoidh an tAonad sonraí faoi na híocaíochtaí ar fad a dhéantar le Comhaltaí Tofa, lena n-áirítear íocaíochtaí i leith Comhlachtaí Seachtracha ar a bhfuil Comhaltaí ainmnithe.
- Cuirfidh an tAonad cúnamh taca ar fáil go gníomhach maidir le ról an Ghrúpa Polasáí Corparáide.
- Leanfar den obair éascaíochta ar mhaithe leis an gComhchoiste Póilíneachta.
- Leanfaidh an Chomhairle de na coinníollacha faoin reachtaíocht a chomhlíonadh i ndáil le Saoráil Faisnéise agus Teach ar Eolas faoi chúrsaí Timpeallachta agus leanfar den fhónamh ar son na heagraíochta maidir le fiosrúcháin a bhaineann leis an Ombudsman.

Straitéis Chomórtha na Gaillimhe do Dheich mBliana na gCuimhneachán 2013 – 2023

Leanadh le réimse imeachtaí agus tionscnamh, ar fud Aonaid éagsúla, faoi Straitéis Chomórtha na Gaillimhe do Dheich mBliana na gCuimhneachán 2013 – 2023 ar.

- Tionscadal Chosán Comharthaíochta Oidhreachta (dátheangach) Éirí Amach na Cásca 1916 Chomhairle Chontae na Gaillimhe: Le cur leis an turas ar Chosán Oidhreachta Éirí Amach na Cásca 1916, tá tús curtha le tionscadal comharthaíochta léirmhíneadh agus cuirfear comharthaí ar 12 láithreán roghnaithe Chosán Oidhreachta Éirí Amach na Cásca 1916 Chomhairle Chontae na Gaillimhe – Go Explore the Historic Sites and Monuments.
- Reáchtáladh Comhdháil dár teideal “Mná, A gCion Tairbhe do Stair agus Sochaí na hÉireann” i Maigh Locha ar 21ú Deireadh Fómhair 2018. San áireamh sa Chomhdháil bhí na cainteanna seo leanas “Mná an Atlantaigh – Conamara go Portland, Maine

1880í go 1960í” le Eileen Davis (Ionad na nImirceach i gCarna), “Banaltraí Dudley” le Joyce Elena Ní Ghiobúin (M.F. TCD, Béal Feirste) “Ada English” le Pat Johnson (Grúpa Oidhreachta Ospidéal N. Bríd) “Palestine Brides” le Paula Kennedy agus Kathleen Connolly (Taighdeoirí ar Chailíní Dílleachtacha Theach na mBocht an Chreagáin); “Breis is Leath na Spéire” le Mary Ryan; ‘Ár dTionscadal ar Mhná na hÉireann’ le Lorna Elms (Músaem Náisiúnta na hÉireann). Chríochnaigh sé le ceolchoirm ceoil, amhrán agus damhsa ag ceiliúradh chion tairbhe na mban i Sochaí na hÉireann. Bhí Taispeántas Ealaíon le healaíontóirí mná áitiúla sa phobal agus taispeántas déantán agus uirlisí a bhí in úsáid go coitianta in obair na mban sa bhaile agus sa phobal ar siúl ann. Reáchtáladh an Chomhdháil seo i gcomhpháirtíocht le Grúpa Oidhreachta Mhaigh Locha.

- Reáchtáladh Comhdháil “Ceanróidithe Mná i Stair na hÉireann” i dTuaim ar 3ú Samhain 2018. Chuimsigh an Chomhdháil na cainteanna seo leanas: “Polaitíocht Áitiúil agus Ceart Vótála na mBan” le Mary Clancy O’É, Gaillimh; “Mangairí, Gúnadóirí agus Gníomhairí Rúnda: Príosúnaigh Mná i nGaillimh 1917-1921” le Geraldine Curtin, Leabharlann O’É Gaillimh; “Is Bean na Gaillimhe mé – Maureen (née McHugh) O’Carroll TD” le Mary J Murphy, Tuaim; “Hanna Sheehy Skeffington” le Dr Micheline Sheehy-Skeffington; “Ealaíontóirí Mná na hÉireann i dTuaim” le Alison Titley, Kent, Sasana agus “Don’t iron while the strike is hot” le Dr John Cunningham. Chuimsigh an Chomhdháil, chomh maith, taispeántas le hIonad Theach Bocht na hÉireann faoi shaoil mhná theach na mbocht. Rinne Cumann Sean-Thuama an Chomhdháil seo a fhorbairt i gcomhpháirt le hOifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Tá Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Leabharlann Chontae na Gaillimhe ag obair i gcomhpháirt le Grúpa Chuimhneachán Bhaile Locha Riach ar chomhdháil dár teideal “Gaillimh 1918: Social Conditions and Political Change” le tionóil i mBaile Locha Riach an 15 Samhain 2018. Beidh an chomhdháil ag déileáil leis na topaicí seo leanas: Imirce agus Diaspóra le Dr Gerard Moran, “An Saol sna Trinsí (Bia, Deoch, Ceol, Scríobh litreach)” le Brendan Smith, INSIGHT, O’ÉG; Na Connacht Rangers le Joe Loughnane, Céard a dúirt sé sna páipéir 1918 le Steve Dolan, Ionad Theach Bocht Éireann; "Shoneens,(Seoiníní, Fir Bhréige agus Muca Diúil) Strawmen agus Suckling Pigs": Feachtas Olltoghcháin 1918 i nGaillimh le Dr Conor Mc Namara, Mná agus an Vóta le Dr Micheline Sheehy-Skeffington agus Seumas O’Kelly: Réabhlóidí Uasal le Aisling Mitchell.
- Leanadh le breis forbartha agus nuashonraithe ar an suíomh gréasáin dhá-theangach ‘Gaillimh: Deich mBlíana Cuimhniúcháin’ <http://www.galwaydecadeofcommemoration.org/> in 2018.
- Is sraith cainteanna, taibhithe, taispeántas agus léamh é Great Read na Gaillimhe ar feadh na Samhna ar fud leabharlann uile sa chontae ar an téama ‘Mná an Iarthair’.

Tá Oifigeach Saoráil Faisnéise/Oifigeach Rochtain maidir le hEolas ar an Timpeallacht sannta do na Seirbhísí Corparáideacha agus is ionann é agus an pointe teagmhála do Lucht Déanta Cinntí agus Oifigeach Achomhairc do FOI agus AIE san eagraíocht agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara Faisnéise Comhshaoil freisin. Déantar próiseáil agus rianú ar gach iarratas FOI agus AIE a fhaightear trína Seirbhísí Corparáideacha agus tá cothabháil á dhéanamh ar Loga maidir le Nochtadh ó thaobh iarratais FOI.

Gníomhaíochtaí Táscaha maidir le Saoráil Faisnéise in 2018:

Fuarthas 115 iarratas suas go dtí deireadh mhí Deireadh Fómhair 2018. Cinneadh mar seo a leanas:

- aontú an fhaisnéis a scaoileadh 38, aontú i bpáirt 20, diúltú 25, aistríodh nó tarraingíodh siar 3 iarratas, agus tá 2 cinn nach bhfuil cinneadh déanta ina leith go fóill.

Rochtain ar Fhaisnéis ar Ghníomhaíochtaí Comhshaoil in 2018:

Fuarthas 8 n-iarratas faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2018. Eisíodh Cinntí mar a leanas:

- Deonaíodh 6 iarratas i bpáirt, tá 2 iarratas ag feitheamh

Seirbhís don Chustaiméir

Gníomhaíochtaí Táscaha i rith 2018:

- Tá na seoltaí ríomhphoist customerservices@galwaycoco.ie agus gaeilge@cocogaillimh.ie ina phríomhfhoinsí ag an Lucht Foirne agus ag an gCustaiméir maidir le teacht ar eolas. Iarrtar ar gach duine den fhoireann faisnéis a chur ar fáil maidir le tionscadail, feachtais, imeachtaí, oibreacha etc. ionas gur féidir leis an bhFoireann Seirbhísí don Chustaiméir a bheith ar an eolas faoi na himeachtaí a bhíonn ar siúl ar fud na Comhairle agus oiread eolais agus is féidir acu nuair a bhíonn siad ag déileáil le lucht fiosrúcháin. Féadann baill den phobal go ginearálta ríomhphost a sheoladh chuig na seoltaí le fiosrúcháin ghinearálta, agus aithnítear iad a bheith faighte agus cuirtear ar aghaidh iad chuig na rannóga ábhartha mar is gá le haghaidh aire agus le freagairt go díreach.
- Lean Grúpa na nOifigeach Seirbhísí don Chustaiméir (CSOG) de theacht le chéile i rith na bliana 2018. Tá ionadaithe foirne ó na príomhréimsí seirbhíse go léir ar an CSOG.
- Lean Seirbhísí don Chustaiméir den bhainistíocht agus den phróiseáil ar chásanna Deisigh Do Shráid agus den mhonatóireacht ar chásanna gan réiteach in éineacht leis na rannóga iomchuí. Clár náisiúnta is ea Deisigh Do Shráid agus is fóram ar líne é ar tríd is féidir saincheistanna faoi ionaid ar leith a chur chuig an údarás áitiúil iomchuí.

- Leanadh i rith na bliana 2018 den chóras lárnach d'Fhógraí Poiblí trína gcuirtear feabhas ar ár nÍomhá Corparáideach sna Meáin Chlóite agus rinneadh sábháil airgid a ghnóthú dá bharr trí úsáid a bhaint as spás comhroinnte fógraíochta. Ba chabhair é freisin maidir coinníollacha faoin gCreat Náisiúnta Soláthair a shásamh. Sula bhfoilsítear fógraí poiblí sna nuachtáin éagsúla, déantar réamhchóipeanna díobh a chur ar taispeáint ar na Meáin Shóisialta agus a sheoladh chuig na Comhaltaí Tofa agus na sonraí comhfhreagrais iomchuí teagmhála á lua leo.
- Is é Seirbhísí do Chustaiméirí an pointe lárnach teagmhála ar son Comhairle Chontae na Gaillimhe don tairseach nua rialtais le haghaidh Comhairliúchán Poiblí.
- Lean Seirbhísí don Chustaiméir le cothabháil dhéanamh ar chóras athfhormáidiú foirmeacha iarratais nua agus le foirmeacha atá ann cheana féin a thabhairt cothrom le dáta nuair a éilítear sin. Tá 231 fhoirm agus meamram ar an iomlán sa chóras códaithe/cláraithe, atá le fáil anois ar ár láithreán gréasáin.
- Leanann Seirbhísí don Chustaiméir de chártaí don chóras rochtana dorais agus le fabanna carrchlóis a eisiúint agus le cothabháil a dhéanamh orthu.
- Cruthaíodh leagan nua ar chruth póstaer den Chairt Custaiméirí, Cód Iompair agus Seirbhísí trí Ghaeilge agus cuireadh ar fáil iad ag cuntair phoiblí go léir na Comhairle.

Deasc Seirbhíse don Chustaiméir agus Lárionad Cumarsáide

- Leantar den Deasc Seirbhíse don Chustaiméir a oibriú agus de chóras éifeachtúil atreoraithe/láimhseála ceisteanna a chur ar fáil do chustaiméirí ar a theacht isteach in Áras an Chontae dóibh. Tá an tseirbhís teileafóin á hoibriú i gcónaí ó Lárionad Cumarsáide na Seirbhísí don Chustaiméir ar an gcéad urlár d'Áras an Chontae.
- Déantar daoine den fhoireann Seirbhísí Corparáide atá ag obair le Seirbhís don Chustaiméir a chur i leith chúnamh a thabhairt maidir le Beartas Fón Póca na heagraíochta agus maidir leis an ngnáthriarachán ar an gcuntas ó lá go lá.

Cumarsáid agus na Meáin Shóisialta

- Tá méadú ar an úsáid a bhaintear as Meáin Shóisialta (Twitter, FB) agus, go dtí seo, tá os cionn 8,652 a bhrúigh 'like' ar leathanach Facebook na Comhairle agus tá os cionn 12,300 de lucht leanúna ag cuntas na Comhairle ar Twitter. Tagann ardú ar na na figiúirí sin gach lá.
- Rinneadh na Meáin Shóisialta a thabhairt isteach le Fógraíocht agus le Feachtais Phoiblíochta eile de chuid na Comhairle agus tugadh aird faoi leith ar úsáid a bhaint as na Meáin Shóisialta nuair a tharla eachtraí géara drochaimsire i rith an gheimhridh. Tháinig méadú maidir leis an ábhar atá á phostáil thar ceann dhaoine den fhoireann agus béim ar Oibreacha Bóthair, ar Chur Isteach ar an tSeirbhís Uisce agus ar nithe eile a tharlaíonn ó lá go lá ar fud an Chontae. Bhí an fhoireann Seirbhísí don Chustaiméir rannpháirteach san fheachtas náisiúnta twitter 'Our Council Day' arna chomhordú ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA).

Tograí do 2019:

- Leanúint de chomhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís don Chustaiméir de réir na spriocanna agus na n-aidhmeanna comhaontaithe a luaitear sa Straitéis maidir le Seirbhísí Ardchaighdeán don Chustaiméir.
- Leanacht d'éascaíocht a dhéanamh maidir le cruinnithe Ghrúpa na nOifigeach Seirbhísí don Chustaiméir, ionas go ndéantar eolas a scaipeadh agus beartaíocht i gcomhar ar fud na mbrainsí ar fad.
- Déanfar taighde faoi Mhúnlaí Seirbhíse don Chustaiméir a chuirfear i bhfeidhm maidir leis na riachtanais áitiúla agus cuirfear próiseas tagarmharcála i bhfeidhm chun ár gcuid caighdeán a thabhairt níos faide chun cinn, nuair a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin.
- Leanfar de 'Deisigh Do Shráid' a chur i bhfeidhm d'fhonn na spriocanna atá comhaontaithe a thabhairt i gcrích.

- Leanúint ag cothabháil chóras lárnach taisce agus códaithe i leith Foirmeacha Iarratais uile na Comhairle Contae atá ar fáil tríd an suíomh gréasáin.
- Leanfar de bhéim a chur ar fhorbairt a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann an Chomhairle Contae as na Meáin Shóisialta mar fhoinse faisnéise agus mar bhealach éifeachtúil cumarsáide dár gcustaiméirí.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2018:

- Rinneadh Ceadúnais Chorrthrádála a eisiúint ar bhonn táille i ndáil le roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae, Baile Átha an Rí (4), Béal Átha na Sluaighe (11), an Clochán (6), an Gort (7), Baile Locha Riach (2), an Creagán (5), Dún Mór (2), Áth Cinn (1), Tuaim (9) san áireamh; is de réir na bhFodhlíthe Corrthrádála a eisítear iad.
- Leanúint den trádáil a chur chun cinn san áit a mbíonn ionad saor trí chaidreamh a dhéanamh le daoine atá ar liostaí feithimh agus leanadh den mhonatóireacht ar shonraí faoin gCorrthrádáil trí thuairiscí faoi Phleananna Oibre na Maor Pobail.
- Ina theannta sin rinneadh ceadúnais d'ócáidí speisialta a phróiseáil le haghaidh Charnabhal Bhéal Átha Ghártha, Seó Capaillíní an Chlocháin, Aonach Ghleann an Mháma, Fhéilte Dhúin Mhóir & Bhaile Locha Riach agus Aonach Capall Bhéal Átha na Sluaighe.
- Rinneadh próiseáil ar 22 cinn d'iarratais ó lucht scannánaíochta maidir le húsáid a bhaint as áitribh phoiblí le linn scannánaíochta.

Tograí do 2019:

- Leanúint de Cheadúnais Chorrthrádála a eisiúint agus smaoineamh ar athbhreithniú a thabhairt ar na Fodhlíthe reatha, nuair a bhíonn achmhainní foirne ann chuige sin.
- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le saoráidí íocaíochta ar líne i ndáil le Ceadúnais.
- Mar chuid den obair thaca maidir le Comhpháirtíocht Scannánaíochta na Gaillimhe, leanúint de fhreastal ar chomhlachtaí Meán Cumarsáide agus agus ar chomhlachtaí Léiriúcháin ar mian leo scannánaíocht a dhéanamh sa chontae i ndáil le fiosrúcháin agus le cead a eisiúint.
- Comhordú agus oibriú na trádála le linn Aonach Capall Bhéal Átha na Sluaighe i mí Dheireadh Fómhair i gcomhar le hOifig Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail maoinithe d'Aonach Capall Bhéal Átha na Sluaighe le súil le cur an méid is fearr is féidir leis an ioncam atá ar fáil i gcomhthéacs an riachtanais le haghaidh bearta breise le bainistíocht a dhéanamh ar an imeacht.

Gníomhaíocht maidir le hIniúchadh Inmheánach

Is obair dheimhniúcháin agus comhairle a dhéantar go hoibiachtúil atá i gceist leis an iniúchadh inmheánach a leagtar amach d'fhonn feabhas agus breis tairbhe a thabhairt i gcrích le hobair na heagraíochta agus Internal auditing is an independent, objective assurance and consulting activity designed to add value and improve the organisations operations. Cuidíonn sé le heagraíocht a cuid cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach disciplíneach a thabhairt isteach le meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht bainistíocht riosca agus ar an bpróiseas rialaithe agus rialachais.

Tá an tAonad Iniúchta Inmheánaigh freagrach as deimhniú a thabhairt do Phríomhfheidhmeannach na Comhairle maidir le dóthanacht agus éifeachtúlacht chórais inmheánacha na Comhairle i ndáil le rialú agus bainistiú rioscaí.

Tá clár oibre an Iniúchta Inmheánaigh á thiomáint ag plean bliantúil an Iniúchta Inmheánaigh a dhréachtar i gcomhar leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus leis an gCoiste Iniúchta agus chuimsigh sé 10 réimse le haghaidh iniúchta le linn 2018.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Críochnaíodh na 5 iniúchadh seo leanas le linn 2018 agus cuireadh iad faoi bhráid an Choiste Iniúchta
 - Athbhreithniú ar éifeacht Chreat Bainistithe Riosca na Comhairle
 - Athbhreithniú ar an gcomhaontú ceadúnais atá in áit i leith oibriú ionad fóillíochta na Comhairle
 - Ról Cuntas Iníochta sa timthriall ó cheannach go híocaíocht.
 - Deontais 2017 i leith Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla – caiteachas agus íostarraingt
 - Tástáil comhlíonta ar pholasaithe inmheánacha maidir le húsáid chártaí ceannaithe ar luach íseal, cártaí breosla agus eisiúint billí táillí seirbhíse dóiteáin.

- Tá an obair ag leanúint ar aghaidh ar na trí iniúchadh seo leanas.
 - Díscríobh Rátaí Tráchtála 2017
 - Saincheistanna Rialachais Chorpáidigh - iarrataí um Shaoráil Faisnéise (FOI), Eiticí – foirmeacha dearbhaithe leasa do chomhaltaí agus don fhoireann, Nósanna Imeachta maidir le clamhsáin Chustaiméirí, baint ainmneacha ó Chlár na dtoghthóirí agus ag clárú ainmneacha nua air.
 - Caiteachas agus aisíocaíocht ar shampla de thionscadail chaipitil tithíochta.
 - Athbhreithniú ar Phárolla na Comhairle agus ar nósanna imeachta maidir le hacmhainní daonna faoin gComhaontú Roinnte Leibhéal Seirbhíse le MyPay.

- Mar chuid de cheangaltas dhearbhu cáilíochta an Chóid Chaiteachais Phoiblí rinneadh athbhreithniú domhain ar chaiteachas caipitil agus scrúdaíodh na staideanna breithmheasa & pleanála den tionscadal caipitil N59 bóithre Bhun an Choill go Claremont.

Mar chuid de cheangaltas dhearbhu cáilíochta an Chóid Chaiteachais Phoiblí maidir le caiteachas airgid a thógtar isteach scrúdaíodh dhá phíosa oibre bóthair faoi chatagóir chothabháil agus fheabhsúchán bóithre réigiúnacha – forleagan struchtúrach ar bhóthar réigiúnach Chnoc an Tóchair agus atógáil ar 100 méadar de bhóthar Pholl an Chorraigiúin/Cill Beanainn.

- Rinneadh athbhreithniú ar mholtaí Tuarascáil Iniúchta na bliana 2017 agus tugadh faoi na bearta riachtanacha a tháinig as.
- Rinneadh seiceáil ráithiúil ar an oifig airgid, seiceáil ráithiúil ar fháltas agus ar lóisteáil an bhailitheoir ioncaim chomh maith le seiceáil thráthrialta ar an bpríomhoifig mótarchánach i Halla an Chontae.
- Obair Iardain ar an dul chun cinn le cur i bhfeidhm na moltaí a rinneadh sa Litir chuig an Bhainistíocht ó Iniúcháirí an Rialtais Áitiúil 2017.

Tograí do 2019:

- Dréachtú plean Iniúchta Inmheánaigh 2019 le faomhadh.
- Athbhreithniú ar mholtaí a luaitear i dtuarascálacha iniúchta na bliana 2018.
- Obair an Choiste Iniúchta/riar na gcruinnithe a éascú.
- Bearta iniúchta a dhéanamh de réir Phlean Iniúchta 2019.
- Comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le Deimhniú Cáilíochta faoin gCód i ndáil le Caiteachas Poiblí.
- Leanadh le hobair ar chomhlíonadh beartais agus le tástáil luach ar airgead.
- Seiceáil thráthrialta agus gach ráithe ar na sruthanna éagsúla ioncaim.
- Seiceáil thráthrialta sna fo-oifigí mótarchánach i mBéal Átha na Sluaighe agus ar an gCeathrú Rua.

Cosaint Sonraí – Rialachán Ginearálta Chosaint Sonraí (GDPR)

Tháinig an Rialachán Ginearálta Chosaint Sonraí in éifeacht ar 25ú Bealtaine 2018 leis an aidhm le cur chuige aonfhoirmeach faoi Chosaint Sonraí a chur i bhfeidhm ar fud bhallstát uile an AE. Féachann an GDPR le húsáid prionsabal nua príobháideachta a spreagadh laistigh de gach gné d'oibríochtaí gnó ar nós Príobháideacht trí Mhainneachtain, Príobháideacht trí Aidhm, trí Fhreagracht agus trí Thrédhearcacht. Déanann an tOifigeach um Chosaint Sonraí gach iarraidh duine ar a shonraí féin a logáil. Tá an deis faighte ag an bhfoireann ar fad freastal a dhéanamh ar sheisiúin oiliúna agus faisnéisithe faoi na hathruithe a thugann an reachtaíocht nua isteach i gComhairle Chontae na Gaillimhe. An príomh-thosaíocht atá againn do 2019 na le leanúint ag cur oiliúint ar fáil don fhoireann agus le timpeallacht níos sláine, níos iontaofa a chruthú le haghaidh na sonraí pearsanta ar fad atá faoinár smacht.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- 14 Ceardlann GDPR agus Fhardal Próiseála Sonraí / reáchtáladh oiliúint thar 7 lá idir Meán Fómhair go Samhain 2018. D'fhreastail 386 ball foirne ar na ceardlanna éagsúla.
- Cruthaíodh Polasaí Chosaint Sonraí, Ráiteas Príobháideachta, Polasaí Faoi Iarraidh Duine ar a Shonraí féin, agus Polasaí CCTV agus rinneadh iad a uaslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
- Táimid páirteach in Iniúchadh CCTV leis na Coimisinéirí Chosaint Sonraí. Críochnaíodh Céim 1 in Iúil 2018 agus cuirfear tús le Céim 11 ag deireadh mhí na Samhna 2018.
- Leanadh leis an obair le Polasaí Bainistithe ar Shárú Sonraí a chruthú.

Tograí do 2019:

- Cuirfear breis oiliúna maidir le GDPR, lena n-áirítear oiliúint faoi Shárú Sonraí agus faoi Iarraidh Duine ar a Shonraí féin, ar fáil don fhoireann in 2019, agus cuimseoidh sé sin oiliúint faoi ríomh-fhoghlaim.
- Iniúchadh CCTV ag na Coimisinéirí Chosaint Sonraí a thabhairt chun críche.
- Leanfar leis an obair le fardal Mapála Sonraí a fhorbairt i ngach rannóg.

Acmhainní Daonna


Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

Earcaíocht agus Pleanáil Fhórsa Oibre

Is mar seo a leanas atá líon Foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag deireadh Ráithe 3, 2018:

<i>Croí-fhoireann</i>	<i>800</i>
<i>Lucht Múchta Dóiteán ar Áirithint</i>	<i>113</i>
<i>Nach bhfuil sa Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil</i>	<i>81</i>

Recruitment Competitions By Category




Reáchtáil an Roinn Acmhainní Daonna comórtais earcaíochta suas go deireadh Ráithe 3, 2018, agus mar thoradh ar na comórtais rinneadh 132 ceapachán nua agus 80 ceapachán ardú céime. Bhí an earcaíocht agus ath-implonú foirne dírithe ar réimsí tosaíochta mar Thithíocht, Eacnamaíocht, Forbairt Tuaithe agus Pobail agus Oifig Thionscadal na mBóithre Náisiúnta.

Comórtais Earcaíochta de réir Catagóire

Comórtais Theoranta 17.38%

Comórtais Oscailte 28.62%



Ceapacháin Nua de réir Gráid 2018

Comhairleoir Gnó

Tiománaí/Oibríteoir Gléasra

Feighlí Oibreacha Uisce Grád 3

Teicneoir Grád 2

Teicneoir Grád 1

Oifigeach Foirne

Oifigeach Sinsear Forbartha Fiontar

Duine Múchta Dóiteán Coinnithe

Tiománaí Leabharlann Taistil

Socrúchán Céimí

Innealtóir Céimí

Oibrí Ginearálta

Teicneoir Feidhmiúcháin

Stiúrthóir Seirbhíse


Oifigeach Cléireachais

Leabharlannaí Brainse

Garda Tarrthála Trá

Oifigeach Foirne Cúnta


Innealtóir Cúnta



Tá 11 socrúchán chleachtadh oibre éascaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe go dtí seo in 2018.

Arduithe Céime Inmheánacha de réir Catagóire
Gairmiúil/Teicniúil 29
Riarachán 31
Lucht Múchta Dóiteán 9
Lasmuigh 11

Oiliúint agus Forbairt Foirne:




- Soláthraíonn an Rannóg Oiliúna agus Forbartha réimse leathan clár oiliúna chun cur ar chumas an fhoireann agus an lucht bainistíochta a gcuid dualgas a chur i gcrích ar bhealach muiníneach agus inniúil agus i dtimpeallacht shábháilte oibre. Téann infheistíocht foirne i gcúrsaí oiliúna chun sochair na heagraíochta trí uas-sciliú na bhfostaithe agus éascaíonn sé forbairt phearsanta leanúnach chomh maith. Soláthraíodh thart ar 2424 lá oiliúna ó mhí Eanáir go dtí mí na Samhna 2018.
- Bhí Sláinte & Sábháilteacht ina chuid shuntasach de Phlean Oiliúna 2018 agus eagraíodh na cúrsaí seo a leanas: Pas Sábháilte, Láimhsiú Sábháilte, Garchabhair Ghairme, Comharthaíocht, Oiliúint Soilsithe agus Gardála, Oiliúint ar Shábh Slabhrach, Oiliúint ar Shuímh Chúnga, Oiliúint CSCS, Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta ag Oibreacha Bóthair, Oiliúint faoi Rothaí Scrábacha agus Measúnóir VDU.

Leas Foirne:

Tá roinnt Scéimeanna a thacaíonn le teaghlaigh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus tá leas bainte mar a leanas ag an bhfoireann astu suas go deireadh Ráithe 3, 2018;

- An Scéim maidir le Saoire do Thuismitheoirí: Sa bhliain 2018, bhain 17 dhuine den fhoireann leas as an scéim nua saoire do thuismitheoirí.
- Sosanna Gairme: Sa bhliain 2018, bhain 10 dhuine den fhoireann leas as sosanna gairme.
- An Scéim maidir le Comhroinnt Poist: Sa bhliain 2018, bhain 63 dhuine den fhoireann leas as socrúithe comhroinnte poist.
- An Scéim maidir le Saoire do Thuismitheoirí: Sa bhliain 2018, bhain 54 dhuine den fhoireann leas as saoire thuismitheoireachta.
- An Scéim maidir le Bliain Oibre Níos Giorra: Sa bhliain 2018, bhain 30 duine den fhoireann leas as saoire gan phá faoin Scéim maidir le Bliain Oibre Níos Giorra.



Scéimeanna Saoire ar baineadh leas astu in 2018

Seirbhísí eile atá ar fáil don fhoireann:

- Clár Cúnaimh d'Fhostaithe: Is seirbhís chomhairle rúnda é an "Clár Cúnaimh d'Fhostaithe", nó an "EAP", agus tá sé ar fáil ag gach fostaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Cuireann Health Assured Ltd an tseirbhís seo ar fáil thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

- **An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre:** Faoin scéim seo, féadfaidh fostóir rothar agus/nó trealamh gaolmhar sábháilteachta a chur ar fáil d'fhostaí suas go luach uasta €1000 gan an fostaí a bheith faoi dhliteanas maidir le cánachas comhchineáil. Go dtí seo sa bhliain 2018, tá próiseáil déanta ar 16 n-iarratas ó fhostaithe de chuid na Comhairle ar rannpháirtíocht sa Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.
- **Scéim an Phas Taistil:** Faoi láthair, tá leas á bhaint as Scéim Sábhála Cánach an Phas Taistil ag 19 dhuine den fhoireann.
- **Measúnaithe VDU:** Tá 60 triail VDU déanta go dtí seo ag deireadh Ráithe 3 de 2018, le 49 measúnú eile ar feitheamh.

Scoir phleanáilte in 2019

- De réir taifid seirbhíse, tá 26 ball foirne lánaimseartha agus 1 phearsanra páirtaimseartha le dul ar scor in 2019.

Tograí do 2019:

- Daoine foirne a earcú agus a úsáid ar mhodh éifeachtúil gairmiúil agus de réir bheartas an Rialtais agus thosaíochtaí seirbhíse.
- Leanúint ar aghaidh laistigh de na hacmhainní atá ar fáil chun cláir oiliúna agus forbartha a sheachadadh. Díreoidh Plean Oiliúna 2019 ar sheachadadh riachtanas oiliúna agus deimhniúcháin sláinte & sábháilteachta éigeantach agus riachtanais aonair agus eagraíochta á gcur san áireamh.
- Beartais chuí acmhainní daonna a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chur in iúl i gcomhréir le reachtaíocht atá ann cheana féin agus reachtaíocht nua agus i gcomhréir leis an dea-chleachtas.
- Tacaíocht agus comhairle a thabhairt do Bhainisteoirí Líne maidir le beartais ionaid oibre a chur i bhfeidhm.
- Dínit san ionad oibre, éagsúlacht agus comhionannas d'fhostaithe na Comhairle ar fad a chur chun cinn.
- Leanúint de dhea-chaidrimh thionsclaíoch a chur chun cinn agus an cur chuige comhpháirtíochta maidir le comhréiteach ar fhadhbanna a láidriú, ar mhaithe le caidrimh fhostaí agus chustaiméara.

OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL (LEO)

Rinneadh an Bille um Boird Fiontar Contae (Díscaoileadh) 2013 a achtú agus díscaoileadh na Boird Fiontar Contae ar an 14 Aibreán 2014. Ar an 15 Aibreán 2014 chuir Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe tús lena cuid oibríochtaí laistigh de struchtúr Údarás Áitiúil Chontae na Gaillimhe (ina cháil mar Údarás ceannais do Chontae & do Chathair na Gaillimhe) faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse (féach an achoimre in Aguisín A) idir an tÚdarás Áitiúil agus Fiontraíocht Éireann.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Ionad Céadfheastail den scoth agus éifeachtach do ghnóthaí i gContae agus i gCathair na Gaillimhe a chur ar fáil
- Méadaíodh feasacht maidir leis seirbhísí atá ar fáil do ghnólachtaí go háitiúil agus go náisiúnta agus cuidíodh le caidrimh a fhorbairt idir gnólachtaí agus na soláthraithe seirbhíse sin.
- Gineadh feasacht maidir le branda agus seirbhísí an LEO.
- Soláthraíodh sraith tacaíochtaí agus seirbhísí tógála cumais a chuireann luach agus sochair ar fáil don ghnó.
- Tugadh tacaíocht do chruthú fostaíochta sa chontae trí infheistíocht i ngnólachtaí incháilithe.
- Tugadh tacaíocht d'fhorbairt eacnamaíoch atá dírithe ar chruthú fostaíochta sa chontae agus sa réigiún.
- Rinneadh teagmháil le comhpháirtithe ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun cruthú fiontraíochta agus tionscnaimh tacaíochta a dhearadh agus a sheachadadh.

Tograí do 2019:

- Soláthar Eolais – Siopa Céad Stop agus Imeachtaí For-Rochtana (4)
- Tacaíocht maidir le tionchair an Bhreathimeachta ar chliaint (oiliúint, laghdú chostas meantóireachta, forbairt margaí nua &rl.)
- Comhairle, Meantóireacht & Líonrúchán maidir le cúrsaí gnó
- Forbairt bainistíochta, cláir forbartha eanála
- Oiliúint, ceardlanna
- Maoiniú (díreach – cáilitheacht theoranta, neamhdhíreach – trí Microfinance Ireland)
- Soláthar chistiú Taighde agus Forbartha do rannóga ard-acmhainne.
- Rannpháirtíocht cliant in imeachtaí Náisiúnta (IBYE, Clár Fiontair Mac Léinn, Dámhachtainí Fiontair Náisiúnta agus Sárthaispeántas agus Treabhadh Náisiúnta)
- Soláthar mol Nuálaí Bia

Achoimre ar Spriocanna 2019:

Luach na nDeontas a Cheadófar	€550,000
Indéantacht	4
Prímeáil	12
Forbairt/Leathnú Gnó	13
Luach na nDeontas a Íocfar	€510,000
Indéantacht	€60,000
Prímeáil	€250,000
Leathnú Gnó	€200,000
An Líon Post a bhfuil baint acu leis an maoiniú – WTE¹	115
An Líon Iomlán Post a Cruthaíodh/Cailleadh	190/100
Poist Lánaimseartha (FT) a Cruthaíodh/Cailleadh	120/75
Poist Eile (OT) a Cruthaíodh/Cailleadh	70/30
Coibhéisí Lánaimseartha (WTE) a Cruthaíodh/Cailleadh	+70
Fostaíocht Iomlán (Deireadh na bliana) – FT/OT/WTE	970
Oiliúint	
An Líon Iomlán Cúrsaí a Reáchtáladh	50
An Líon Iomlán Rannpháirtithe	600
<u>Meantóireacht</u>	
An Líon Iomlán Tascanna Meantóireachta	220
An Líon Iomlán Clinicí Meantóireachta	65

AN tAONAD PLEANÁLA, COMHSHAOIL agus SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

Pleanáil d'Fhorbairt Inbhuanaithe

Gníomhaíochtaí Táscacha 2018

- Tá 1547 nIarratas Pleanála faighte go dtí seo (31ú Deireadh Fómhair 2018).
- Freastalaíodh ar 2 chomhairliúchán réamhiarratais leis An Bord Pleanála faoi na rialacháin nua d'fhorbairtí tithíochta breis agus 100 aonad, Troiscaigh Thoir, Bearna agus Oran Hill Órán Mór.
- Críochnú/Glacadh le hAthrú Uimh. 2(a) agus Uimh. 2(b) ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 chun Plean Bhearna agus Plean na Gaeltachta a ionchorprú ann.
- Réitigh aighneacht ar Réamh-Dhréacht Straitéis Eacnamaíoch Shóisialta Réigiúnach agus ar Phlean Straitéiseach Cheantair Uirbigh.
- Réitigh aighneacht ar an bPlean Spásúlachta Muirí Mí na Nollag 2018.
- Réitigh, críochnaigh agus ghlac le Plean Cheantar Áitiúil Thuama 2018-2024.
- Críochnaigh/ghlac le Plean Cheantar Áitiúil an Chlocháin 2018-2024.
- Chuidigh le hoibriú na hEarnála Bainistithe Forbartha ag amanna éagsúla ar feadh na bliana.
- An próiseas reachtúil tugtha chun críche maidir le fógra Iarchurtha Phleananna Limistéir Áitiúil an Ghoirt agus Mhaigh Cuilinn.
- D'fhreastail ar, agus thug comhairle ag cruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha faoi Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe.
- Réitigh agus thólaic tairiscint faoin gCiste Forbartha Athbheochana Uirbí.
- Réitigh tairiscintí agus d'fhoilsigh athbheithniú ar Mheasúnú Nádúr an Tírdhreacha mar réiteach le haghaidh Plean Forbartha an Chontae 2021-2027.

- Aistriúchán na mbeartas nua go léir a eagrú agus a bhainistiú (athruithe ar an CDP, Pleananna Ceantair Áitiúil ábhartha) de réir na Scéime Teanga.
- Rannpháirtíocht i dtionscnamh Ríomhphleanáil Náisiúnta.
- Comhairliúcháin faoi agus d'eisigh 2 Cheadúnas i leith Imeachtaí Lasmuigh.

Tograí do 2019:

- Breithniú le déanamh air, faoi réir ag acmhainní agus foirne, ar ullmhú líon Pleananna Ceantair Áitiúil/Máistirpleananna neamhreachtúil.
- Tús le cur le Straitéis Mhiondíola i gcomhairle le Comhairle Chathrach na Gaillimhe.
- Clár do Láithreáin Fholamh le cur i bhfeidhm (a bheidh á éileamh ar bhonn reachtúil ó Eanáir 2017 faoin Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíochta 2015), le hathbhreithniú ar láithreáin i gceantair na bpleananna ceantair áitiúil a thabhairt san áireamh.
- Straitéis Fuinnimh In-athnuaite a réiteach mar chuid de Dhréachtphlean Forbartha an Chontae 2021-2027.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an GTPS mar ullmhú don Dréacht-Phlean Forbartha Contae 2021-2027
- Aistriúchán na mbeartas nua go léir a eagrú agus a bhainistiú (athruithe ar an CDP, Pleananna Ceantair Áitiúil ábhartha) de réir na Scéime Teanga.
- Rannpháirtíocht i dtionscnamh Ríomhphleanáil Náisiúnta.
- Dréachtphlean Forbartha an Chontae 2021-2027 a thosú agus a réiteach.
- Páirt a ghlacadh i dtionscnamh Fhoireann an Bhaile ar mhaithe le roinnt ceantar áitiúil i gcomhar le Pobal agus Fiontar.
- Réiteach straitéisí Ríochta Poiblí ar mhaithe le bailte aitheanta sa Phlean Cheantair Áitiúil, má bhíonn acmhainní ar fáil lena dhéanamh.

Rialú Tógála

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Fuarthas 565 fógra tosach feidhme suas go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2018, rud a léiríonn méadú 2.8% ar an am seo anuraidh
- Tá 63 teastas críochnaithe tíolactha agus dearbhaithe go 31ú Deireadh Fómhair 2018.
- Rinne an tOifigeach Rialaithe Tógála 149 iniúchadh chun comhlíonadh na Rialachán Tógála a chinntiú suas go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2018.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh an tOifigeach Rialaithe Tógála ar aghaidh ag cur na rialachán tógála reachtúil i bhfeidhm agus déanfaidh sé an leibhéal íosta iniúchtaí ar a laghad is gá a dhéanamh ar fhorbairtí nua.


Bearta Forfheidhmithe

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Seirbheáladh 179 Fógra Rabhaidh/Litir suas go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2018.
- Seirbheáladh 69 Fógra Forfheidhme suas go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2018.
- Tarchuireadh 32 chomhad do chaingean dlí suas go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2018.
- Osclaíodh 267 Comhad Nua suas go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2018.
- Réitíodh/dúnadh thart ar 194 Comhad Forfheidhme amhail an 31 Deireadh Fómhair 2018.

Tograí do 2019:

- Tá sé beartaithe leanúint le hacmhainní a chur ar fáil don Fhoireann Forfheidhmithe chun Rialacháin Phleanála a fheidhmiú in 2019.
- Tosaíocht a thabhairt d'eastáit tithíochta nach bhfuil críochnaithe ó thaobh gníomh forfheidhmithe, de réir mar is gá.
- Tá sé beartaithe leanúint le scrúdú a dhéanamh ar sheanchomhaid forfheidhmithe le súil leis na comhaid sin a dhúnadh, nuair is cuí.



Cás dúnta Comhfhreagras eisithe ó Fhorfheidhmiúchán Imeachtaí Cúirte Fógra Forfheidhmithe tarraingthe siar

Dún Comhad-Coinneáil ceadaithe*Comhfhreagras faighte *Cinneadh gan Litir Rabhaidh a sheirbheáil *Comhad curtha ag gníomhaire dlí le haghaidh comhairle

Dún Comhad-Beagbríoch/Díolmhaithe/Cineachta/faoi urchosc reatha*Costais Chúirte íoctha le CCG*Fógra Forfheidhmithe S155 eisithe

*Comhad tagtha ar ais ó Gníomhaire Dlí-6 mhí caite

Fógra Forfheidhmithe seirbheáilte Iarratas Shaoráil Faisnéise ar an gComhad

Gníomhaíochtaí Táscaha i rith 2018:

- **Iniúchadh Oidhreachta Geolaíochta Céim 2:** Meastar go bhfuil 135 Láithreán Geolaíochta Contae (CGS) i gContae na Gaillimhe faoi láthair atá liostaithe go sealadach ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann. Tá iniúchadh á dhéanamh ar Chontae na Gaillimhe i gcur chuige céimnithe, agus an tosaíocht atá ann do 2018 ná le thart ar 60 suíomh CGS sa chuid thiar de Chontae na Gaillimhe a chlúdach (Chlúdaigh Céim 1 – 2017 suímh CGS sa taobh Thiar Thuaidh den Chontae) agus aon suíomh/suímh breise atá suntasach (tar éis faomhadh a fháil ón bPainéal Saineolaithe ábhartha).

Beidh na suímh sin, atá liostaithe i Liosta Suíomh Táscah GSI, aitheanta mar Shuímh Gheolaíochta Contae (CGS) agus mar aon le cuspóirí faoina gcosaint, oilfidh siad, ina dhiaidh sin, an Plean Forbartha Contae ábhartha agus córais Phleanála GIS. Tuarascáil dheiridh le teacht amach ar 7ú Samhain 2018.

- **Gaillimh, Réigiún Iarthar na hÉireann de Thionscadail Oidhreachta Gastranamaíochta 2018** – Tá an tionscadal seo ag tógáil ar an obair a tosaíodh in 2017 agus in 2018 leanann sé ar aghaidh ag obair le pobail agus eagraíochtaí áitiúla, ag bailiú eolais a bhaineann le hoidhreacht ghastranamaíochta an chontae agus ag táirgeadh aschur scríofa, fuaimne agus físe don suíomh gréasáin. Ócáid Phobail le reáchtáil i mBaile Chlár na Gaillimhe i mí na Nollag 2018.
- **Foilseachán Oidhreachta Eaglasta.** Tá an téacs á scríobh faoi láthair ar fhoilseachán dhá-theangach a bheidh ag aibhsiú acmhainní saibhre oidhreachta eaglasta an chontae. Beidh sé ag tarraingt as eolas a fuarthas le 6 bliana anuas ón Iniúchadh Oidhreachta Eaglasta ar Chontae na Gaillimhe. Táthar ag súil an foilseachán a chríochnú agus a phriontáil in 2019.
- Tá an **seandálaí pobail** ag obair le grúpaí éagsúla, scoileanna agus le daoine aonair sa chontae chun cur le feasacht, eolas agus meas ar oidhreacht seandálaíochta an chontae. Cuirfidh sé treoir agus cúnamh ar fáil freisin maidir le tabhairt faoi thionscadail atá bunaithe ar oidhreacht seandálaíochta chun sárchleachtas a chinntiú. Réiteofar tuarascáil dheiridh faoi 16ú Samhain 2018.
- **Ballaí Bhaile Átha an Rí** – Geata Thuaidh – Oibreacha Caipitil 2018
Cuireadh tús leis an deichiú céim d'oibreacha ar bhallaí an bhaile ar an suíomh go luath i Lúnasa 2018, le clár 6 seachtain, lena n-áirítear 3 sheachtain den bhóthar a bheith dúnta chun rochtain chuig an áirse agus an seomra boghtach a cheadú. Chuireamar na hoibreacha san ord tosaíochta seo leanas: sláinte agus sábháilteacht, sláine an tséadchomhartha, cosaint. D'fhág sin clár na n-oibreacha ag – cóireáil agus baint fásra

agus rútaí leabaithe; daingniú agus ath-phointeáil na n-aghaidheanna thiar agus theas nár atógadh sna 1970aidí.

Oidhreacht

Gníomhaíochtaí Táscaha i rith 2018:

- **Conair Oidhreachta Bhaile Átha an Rí** – bróisiúr cárta-Z agus conair ar líne
Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe, Ionad Ealaíon agus Oidhreachta Bhaile Átha an Rí, Coiste Lae Baile Múrtha Bhaile Átha an Rí agus Líonra Bailte Múrtha na hÉireann (IWTN) an bróisiúr seo agus conair ar líne de shuímh stairiúla Bhaile Átha an Rí a fhorbairt. Seoladh é ar an Domhnach 19ú Lúnasa agus scaipeadh ar fud Bhaile Átha an Rí é. Ta an chonair ar líne ar fáil ar heritage.galwaycommunityheritage.org
- **Conair Oidhreachta Bhaile Locha Riach** – bróisiúr cárta – Z agus conair ar líne
Sheoil Comhairleoir Eileen Mannion, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, Martina Moloney, Cathaoirleach Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann agus Michael Starrett, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Chomhairle Oidhreachta, conair oidhreachta agus bróisiúr ar líne Bhaile Locha Riach i Leabharlann Bhaile Locha Riach. Sonraíonn an acmhainn oidhreachta nua seo 21 suíomh do bhaile meánaoise Bhaile Locha Riach, nó mar a thugtar orthu sa domhan digiteach, pointí suime. An aidhm atá leis an mbróisiúr agus leis an gconair oidhreachta ar líne ná le heolas a chur ar fáil faoi oidhrecht shaibhir Bhaile Locha Riach i bhformáid atá éasca le fáil agus chun an fheasacht, an t-eolas agus an tuiscint ar na hacmhainní saibhre oidhreachta sin a mhéadú don duine áitiúil agus don chuariteoir go Baile Locha Riach. Táthar ag súil leis go dtabharfar faoi bhreis taighde agus tionscadal faoi oidhrecht Bhaile Locha Riach sa todhcháí mar gheall ar an gconair seo.
- **Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach 24^ú – 26^ú Lúnasa 2018**
Féile 3 lá i bhFéile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach a mheall lucht spéise de thart ar 15,000 duine. Bhí an fhéile ar siúl ó 24ú go 26ú Lúnasa 2018. Reáchtáladh féile na bliana seo le linn na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta agus an téama a bhí aige ná Blaiseadh den Am atá Caite. Deireadh seachtaine a bhí ag cur thar maoil le himeachtaí spraoi agus oideachasúla agus le taibhithe a bhí ann.

Bhí cead isteach saor in aisce chuig na himeachtaí ar fad. Bhí cainteanna suimiúla, seónna puipéad, comhraic mheánaoise, boghdóireacht, taispeántais bia na meánaoise, ceol, amhráin agus damhsa, siúlóirí chosa croise, tionscadal Bhaile Locha Riach/Zibaldone, Comhrá faoi Bhia- Bia Áitiúil agus Daoine Áitiúla, ceardaíocht, cluichí agus grianghrafadóireacht agus Aifreann meánaoiseach sa Mhainistir Chairmilíteach i measc na n-imeachtaí. Chuir an Chomhairle Oidhreachta, Líonra

Bhailte Múrtha na hÉireann, Gaillimh 2020 agus Comhairle Chontae na Gaillimhe
cistiú ar fáil.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- **Scéalta ón dTírdhreach** Is sraith gearrscannán é seo ag déileáil le gnéithe éagsúla dár gcultúr agus dár n-oidhreacht nádúrtha agus thógtha. Cuireadh tús leis an tsraith in 2017 le 9 gearrscannán i nGaillimh, An Clár agus Tiobraid Árann. Le haghaidh Bhliain Eorpach Oidhreachta Cultúrtha 2018 tá 2 ghearrscannán déanta againn, an dá cheann díobh taifeadta in Éirinn agus san Ostair. Taispeánann an scannán a fuair tacaíocht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe grúpa ‘tógálaithe ballaí singil’ as Éire, an Ostair agus an Ghearmáin agus iad ag obair le chéile chun bothán ballaí singil a thógáil in Langenlois, san Ostair. Rinneadh an scannán le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta agus é léirithe ag Scannán na Gaillimhe. Déanann an scannán aibhsiú ar na leasanna a bhaineann le ceardaithe na hEorpa a bheith ag obair as lámh a chéile. Daingneoidh an scannán a thuilleadh an caidreamh oibre iontach atá ann cheana idir cheardaithe na hÉireann agus na hOstaire.
- **Campaí Samhraidh ‘Go Wild’:** Forbraíodh dhá champa samhraidh bithéagsúlachta dhá lá do leanaí le Cairde Éanlaith Éireann, Grúpa Oidhreachta Mhaigh Cuilinn agus Grúpa Oidhreachta Mhóta. Rinneadh na cúrsaí rathúla seo a sheachadadh i Maigh Cuilinn agus i Móta i Lúnasa 2018.
- **Turas Ruaidhrí:** Turas Bus Bia agus Oidhreachta (Turas in aisce ag Ceiliúradh na Seachtaine Oidhreachta)

Tháinig 52 duine ar an turas bus seo ar an gCéadaoin 22ú Lúnasa 2018. Threoraigh Michael Gibbons, seandálaí clúiteach agus Pádraic Ó Ráighne, Turais Thithe Ósta Chonamara, an turas a thosaigh agus a chríochnaigh arís i Maigh Cuilinn.
- **Caoirigh agus Bia le Teagasc 2018**

Ag obair i gcomhpháirt le mórán grúpaí oidhreachta pobail sa chontae chun sráidbhaile oidhreachta a chruthú mar chuid den ócáid. Rinneadh macasamhail siopa agus cistine a fhorbairt. Bhí taispeántais bhia agus cheardaíochta ann, ceol, amhráin agus damhsa agus innealra feirme seanré ar taispeáint mar chuid den sráidbhaile oidhreachta.
- **Ceardlanna Taifeadta Béaloidis**

Beidh cúrsa Sé seachtaine ar Bhéaloideas a Thaifeadadh ar siúl sa Seomra Glas in Áras Uillin, Maigh Cuillin, Co na Gaillimhe. Tá an cúrsa á thabhairt ag Garry Kelly, GK Media agus á chistiú ag Éire Ildánach.
- **Cúrsa Réamheolais ar Dhéanamh Scannán**

Tá an cúrsa seo cistithe ag Éire Ildánach agus tá sé á chur i láthair ag Merchant Gate Films. Tá an cúrsa seo, a thosaigh ar 18ú Meán Fómhair, 2018, dírithe ar ghrúpaí áitiúla oidhreachta i gContae na Gaillimhe ar mhaith leo físeáin a úsáid chun scéalta oidhreachta a insint. Tá an deis ag gach ionadaí grúpa na céimeanna ar fad a bhaineann le scannán a dhéanamh a fhoghlaim. Cúrsa Praiticiúil atá ann agus déanfaidh gach grúpa scannán 2 nóiméad mar chuid den chúrsa. Beidh an chéad chruinniú bunaithe sa seomra ranga – beidh an chuid eile ar an láthair. Déanfar an oiliúint agus na scannáin ar fad ag baint úsáide as fóin chliste agus táibléid. Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na ngrúpaí, tar éis dóibh an cúrsa a chríochnú, a gcuid scannán féin a dhéanamh, as sin amach, gan cúnaimh. Tá an tionscadal seo le críochnú ar 23ú Samhain 2018.

- **Tionscadal Bithéagsúlachta.**

Ag cur comhairle agus treorach ar fáil faoi ghnéithe éagsúla de bithéagsúlacht, lena n-áirítear cur crann, ag déileáil le speicis ionracha agus pleananna pailneoirí do Bhailte Slachtmhara, Grúpaí Pobail agus Scoileanna ar fud an chontae. Ag cur tionscadal scoile ‘Boscaí do Bheacha’ ar bun agus tugadh cuairt ar roinnt scoileanna agus fuair eadar bosca agus síolta le cur. Rinne iarratas ar chistiú ó NPSW le haghaidh Réiteach Ghníomh-Phleananna Bithéagsúlachta, ag obair faoi láthair ar phleananna do Bhaile Átha an Rí, Cill Choirín agus Béal Átha Mó.

- **Grúpa Oibre Speiceas Ionrach.**

Ag obair ar straitéis i leith speiceas ionrach le rannóga eile den Chomhairle, go háirithe le rannóg na mBóithre, Maoir agus IT.

- **Deich mBlíana na gCuimhneachán**

Tuilleadh forbartha agus uasghrádú le déanamh ar láithreán gréasáin do dheich mbliana na gcuimhneachán mar aon le tuilleadh eolas agus podchraoladh. Reáchtálfar Comhdháil Cuimhnithe Bhaile Locha Riach dar teideal ‘Éire 1918: Athrú Polaitiúil agus Sóisialta’ ar 15ú Samhain 2018.

- **Comhdháil faoi na Mná Ceannródaíocha i Stair na hÉireann**

Reáchtáladh an Chomhdháil seo in Óstlann Corralea Court i dTuaim ar an Satharn 3ú Samhain agus d’éirigh go breá leis agus d’aibhsigh sé go leor taighde nua agus eolas faoin gcion tairbhe a bhí ag mná sa sochaí, san eacnamaíocht agus sa saol polaitiúil in Éirinn anuas tríd na blianta.

- **Gradaim an Chathaoirligh**

Cuimsíonn na Gradaim seo Gradam don tionscadal oidhreachta is fearr agus don fhoilseachán oidhreachta is fearr. Reáchtáladh oíche na nGradam ar an Déardaoin 31ú Bealtaine sa Chlochán. Bhuaigh Grúpa Oidhreachta Mhaigh Cuilinn gradam don cion tairbhe oidhreachta is fearr agus bhuaigh Paddy Beatty an gradam don fhoilseachán oidhreachta is fearr.

- **ICAN – láithreán gréasáin Oidhreachta Pobail.**
 Lean an Oifig Oidhreachta leis an obair i gcomhpháirtíocht le Músaem Shaol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh agus le pobail éagsúla ar fud an chontae le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an láithreán gréasáin seo. Cuireadh oiliúint theicniúil agus oidhreachta ar fáil do na grúpaí i rith na bliana. Tá baill ICAN tar éis tabhairt faoi thaispeántas a fhorbairt chomh maith, dar teideal Our Irish Women (Mná na hÉireann) a seolfar go hoifigiúil ar an Aoine 9ú Samhain ag Músaem Shaol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh.
- **Féile na gCloch**
 D'fhreastail breis is 100 duine ar Fhéile na gCloch ar Inis Oírr a bhí ar siúl ó Déardaoin 13ú go Domhnach 15ú Meán Fómhair. Bhí rogha ag rannpháirtithe a bheith páirteach i dtógáil ballaí cloch, litreoireacht, snoíodóireacht, pábháil, sceitseáil agus taispeántas aoil the, mar aon le bheith ag éisteacht le cainteanna éagsúla bainteacha.
- **Imeachtaí Pobail, Comhdhálacha agus Ceardlanna**
 Tugadh cúnamh, comhairle agus tacaíocht do mhórchuid grúpaí Bailte Slachtmhara, Oidhreachta Pobail agus scoileanna in 2018 agus chuimsigh sé comhairle agus treoir faoi fhoilseacháin oidhreachta, ar fhorbairt chonairí oidhreachta, ar thaifid oidhreachta ó bhéal, ar Imeachtaí na Seachtaine Oidhreachta, ar oiliúint oidhreachta agus ar chomhdhálacha agus seimineáir áitiúla ábhartha oidhreachta, &rl.
- **Tionscadail Eisimirce agus Diaspóra**
Tionscadal Scéim Eisimirce Tuke – Leanadh den obair le Coiste an Chlocháin 2012 agus le Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard ar an tionscadal seo. D'fhorbair agus tháirg eolas ar líne a bhain le himirce agus leis an diaspóra.
- **Mapáil Dhigiteach ar Reiligí sa Chontae** – Lean an obair le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe ar mhapáil agus déanfar inscríbhinní cuimhneacháin a thaifeadh agus a uaslódáil chuig www.galway.ie
- Táthar ag leanúint leis an **Tionscadal Scoileanna 'Beo'** le INSIGHT, OÉ, Gaillimh agus le hIonad Oideachais na Gaillimhe.
- Rannpháirtíocht ar Choistí/fhoirne ar nós **Coiste na Logainmneacha, Cuideachta Forbartha agus Oidhreachta Bhaile Locha Riach, Éire Ildánach agus Tionscadal Aran Life.**
- Leathadh amach na Scéime Deontais Oidhreachta mar chuid de Dheontais Phobail.
- **Taighde Bailte Fearainn**

Ag obair le GRD, Fóram Chonamara, Ionad na nImirceach u gCarna agus Chorr na Móna ar thaifeadadh agus doiciméadú taighde stairiúla ar bhailte fearainn.

- Déanfar ***Féilire an Mhíle Órga*** a chur ar fáil i Mí na Nollag 2018.
- Tionóladh cruinnithe agus tionscnaimh oidhreachta a chur chun cinn le Fóram Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe.

Tograí do 2019:

- Tabhairt faoi Chéim 3 d'Iniúchadh Oidhreachta Geolaíochta ar Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus an Chomhairle Oidhreachta.
- Tionscadail Oidhreachta Gastranamaíochta Réigiún na Gaillimhe, Iarthar na hÉireann 2018 - leanúint ar aghaidh ag obair le pobail áitiúla agus le heagraíochtaí ag bailiú faisnéise a bhaineann le hoidhreacht gastranamaíochta an chontae agus aschur scríofa, fuaimne agus físe a tháirgeadh don láithreán gréasáin.
- Foilseachán agus taispeántas a tháirgeadh ar na buaicphointí a bhaineann le hacmhainní saibhre na hOidhreachta Eaglasta sa chontae.
- Leanúint leis an obair ar an Straitéis maidir le Speicis Ionracha.
- Leanúint leis an tionscnamh 'Stories from the landscape'.
- Oibreoidh an seandálaí pobail, le grúpaí éagsúla, scoileanna agus le daoine aonair sa chontae chun cur le feasacht, eolas agus meas ar oidhreacht seandálaíochta an chontae. Cuirfidh sé treoir agus cúnamh ar fáil freisin maidir le tabhairt faoi thionscadail atá bunaithe ar oidhreacht seandálaíochta chun sárchleachtas a chinntiú.
- Tionscadal Sráidbhailte/Bailte le forbairt i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta.
- Breithniú le déanamh ar chúrsa 6 seachtaine a reáchtáil a rachaidh chun leasa dóibh siúd atá ag tabhairt faoi thionscadail oidhreachta faoin gClár faoi Theicníochtaí Taifeadta Fuaimne agus Agallóireachta.
- Cúrsa Reading the Landscape Céim 2 – Chun leanúint leis an obair le grúpaí pobail a thaobh scileanna allamuigh a fhoghlaim agus na scileanna sin a úsáid chun an t-ábhar a uaslódáil ar an láithreán gréasáin nua pobail.
- Leanúint leis an Tionscadal Bithéagsúlachta agus leanúint den obair i gcomhar le grúpaí pobail, Grúpaí Bailte Slachtmhara, Scoileanna, OÉG, GRD agus mar sin de.

- Lá Baile Múrtha Bhaile Átha an Rí– Lorgófar maoiniú ón gCiste do Bhallaí Múrtha na Comhairle Oidhreachta agus má éiríonn leis tionólfar Lá do Bhailte Múrtha i mí Lúnasa 2019.
- Tionscadal Oidhreachta do Bhailte Múrtha Bhaile Áth an Rí agus Bhaile Locha Riach – Maoiniú le lorg chun leanúint leis an tionscadal fiúntach seo.
- Oibreacha Caipitil Bhailte Múrtha Bhaile Áth an Rí – Lorgófar maoiniú le tabhairt faoi chlár eile oibreacha ar na Bailte agus leanfaidh obair eile as sin má éiríonn leis.
- Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach – Imeacht 3 lá le réachtáil i mBaile Locha Riach i mí Lúnasa 2019 i gcomhpháirtíocht le Coiste Fhéile Meánaoiseach Baile Locha Riach.
- Deich mBlia na gCuimhneachán – Tuilleadh forbartha agus uasghrádú le déanamh ar láithreán gréasáin do dheich mbliana na gcuimhneachán mar aon le tuilleadh eolas agus podchraoladh. Réachtálfar Comhdháil Loughrea Remember i mí na Samhna 2019.
- Gradam an Chathaoirligh - Áirítear sa Ghradam seo, Gradam don tionscadal oidhreachta is fearr, an foilseachán oidhreachta is fearr agus an tionscadal scoile Gaeilge/oidhreachta is fearr.
- ICAN – láithreán gréasáin Oidhreachta Pobail. Leanfaidh an Oifig Oidhreachta leis an obair i gcomhpháirtíocht le Músaem Shaol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh agus le pobail éagsúla ar fud an chontae le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an láithreán gréasáin seo.
- Imeachtaí, Comhdhálacha agus Ceardlanna Pobail – Tabharfar cúnamh, comhairle agus tacaíocht freisin don iliomad imeachtaí Bailte agus Pobail sa bhliain 2019, lena n-áirítear, Féile na gCloch, Imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta, oiliúint oidhreachta agus comhdhálacha agus seimineáir agus comhdhálacha ábhartha oidhreachta.
- Tionscadail Eisimirce agus Diaspóra: Tionscadal Scéim Eisimirce Tuke – Chun leanúint leis an obair le Coiste an Chlocháin 2012 agus le Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard ar an tionscadal seo. Tuilleadh eolais ar líne a fhorbairt maidir le heisimirce agus an diaspóra. Comhdháil a eagrú a bhaineann leis an diaspóra agus eisimirce.

- Mapáil Dhigiteach Reiligí sa Chontae – Táthar le leanúint le mapáil a dhéanamh ar roinnt reiligí atá le mapáil agus déanfar inscríbhinní leachta cuimhneacháin a thaifeadadh agus a uaslódáil ar www.galway.ie
- Leanfar leis an Tionscadal Scoileanna ‘Beo’ le Insight, OÉ, Gaillimh agus le hIonad Oideachais na Gaillimhe.
- Alcock and Brown 100 - Dul i gcomhar le Comhlachas Tráchtála an Chlocháin agus an grúpa nuabhunaithe. Dul i mbun oibre ar an gcomhdháil eitlíochta, pacáiste eolais na scoileanna, imeacht na seachtaine oidhreachta etc.
- Gaillimh 450, dul i mbun oibre ar an tionscnamh Gaillimh 450 in éineacht le grúpaí éagsúla oidhreachta an chontae.
- Rannpháirtíocht ar Choistí/fhoirne ar nós Coiste na Logainmneacha, Cuideachta Forbartha agus Oidhreachta Bhaile Locha Riach, Éire Ildánach agus Tionscadal Aran Life.
- Leathadh amach na Scéime Deontais Oidhreachta mar chuid de Dheontais Phobail.
- Comórtas agus Féilire an Mhíle Órga - reáchtálfar searmanas gradaim freisin le linn na bliana.
- Cruinnithe a eagrú agus tionscnaimh oidhreachta a chur chun cinn le Fóram Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe.
- Campaí samhraidh oidhreachta do leanaí a fhorbairt agus a sheachadadh i gcodanna áirithe den chontae i gcomhpháirtíocht le Cairde Éanlaith Éireann agus le comhpháirtithe eile.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Chuathas i gcomhairle leis an roinn, gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí deonacha agus idirnáisiúnta ábhartha ar chúrsaí a bhaineann le caomhnú ailtireachta lena n-áirítear AACO, ICOMOS, Cumann Seoirseach na hÉireann, agus Cónaidhm Tionscail na Foirgníochta.
- Rinneadh bearta maoinithe Eorpacha a fhiosrú; Gaillimh 2020, Europa Nostra.
- Rinneadh idirchaidreamh le pobail áitiúil maidir le tionscnamh Bailte Slachtmhara agus pobail.
- Aithníodh, rinneadh meastóireacht agus cuireadh comhairle ar fáil maidir le déanmhais, limistéir grúpaí déanmhas agus gnéithe eile lena mbaineann tábhacht ó thaobh na hoidhreachta ailtireachta. Cuireadh comhairle ar fáil d'úinéirí agus d'áititheoirí déanmhas stairiúil maidir le sárchleachtas agus le fáil a bheith ar chúnamh, lena n-áirítear cúnamh airgeadais do chaomhnú den chineál sin.
- Rinneadh measúnú ar Dhéanmhas atá ar Thaifead na nDéanmhas atá faoi Chosaint (RPS) le súil le Dearbhuithe a eisiúint maidir le hoibreacha óna dteastaíonn cead pleanála agus comhairle réamhphleanála.
- Tairgeadh comhairle d'úinéirí / áititheoirí struchtúr atá tógtha go traidisiúnta.
- Tuairiscíodh agus tugadh comhairle maidir le hiarratais phleanála nuair a eascraíonn saincheisteanna oidhreachta ailtireachta i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAanna) agus le Struchtúir Chosanta (foirgnimh aonair nó grúpaí foirgneamh) inar moladh forbairt.
- Rinneadh monatóireacht ar an riocht ina bhfuil déanmhais atá ar Thaifead na nDéanmhas atá faoi Chosaint, agus de réir mar a bhí gá, rinneadh moltaí maidir leis an ghá, más ann dó, go dtógfadh an t-údarás pleanála gníomh forfheidhmithe.
- Grúpa Sócmhainní Stairiúla – lean an grúpa oibre idirdhisciplíneach idir-rannach ar aghaidh lena chuid oibre chun Struchtúir Chosanta a chothabháil faoi chúram an údaráis áitiúil. Mhaoinigh an oifig Chaomhantais na seirbhísí gairmiúla le haghaidh oibreacha caomhantais a dhéanamh ar Chora na Cluana, Gort.

- Rannpháirtíocht in Architecture on the Edge thrí Chlár Éire Ildánach.
- Seisiún oiliúna maidir le haol te traidisiúnta sa Chreagán i gcomhar le Fóram Aolta Tógála na hÉireann.
- Rinneadh an Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Foirgnithe (BHIS) agus Ciste na nDéanamhas atá i mBaol a riar.
- Ionchur i bPleananna na gCeantar Áitiúil de réir mar a bhí gá.
- Próiseáladh moltaí próiseáilte lena n-áireamh agus a scriosadh ar Thaifead na Struchtúr Cosanta mar chuid d'athbhreithniú rialta ar Thaifead na Struchtúr Cosanta.

Tograí do 2019:

- Leanúint ag tabhairt faoi dhualgais an Oifigigh Caomhnaithe Ailtireachta mar atá leagtha amach i gCiorclán 5/99 arna leasú.
- Ábhar breise a chur le nó a bhaint den RPS agus taighde a dhéanamh ar ACAnna agus ACAnna a mholadh. Dul i dteagmháil le húinéirí agus le háitritheoirí.
- Deiseanna a chur chun cinn le cur le feasacht ar an oidhreacht ailtireachta agus chun cur le feasacht ar chaomhnú cúí agus ar an athúsáid chuí.
- Na tionscnaimh agus an maoiniú arna gcur ar fáil ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a chur chun cinn.
- Leanúint ar aghaidh ag cur úsáid scileanna traidisiúnta agus tionscnaimh oiliúna chun cinn.
- Leanúint ar aghaidh ag cur leis an ngrúpa oibre Sócmhainní Stairiúla agus ag obair le pobail áitiúla chun an timpeallacht thógtha stairiúil a ionchorprú i saol pobail na mbailte agus na sráidbhailte.
- Imlínte agus pleananna tionscadal costáilte a ullmhú d'fhonn a bheith in ann leas a bhaint as maoiniú caipitil de réir mar a thagann sé ar fáil.
- Leas a bhaint as agus aon tionscnamh maoinithe atá ar fáil a chur chun cinn, lena n-áirítear maoiniú do Chiste na Scéime Infheistíochta san Oidhreacht Foirgnithe, Scéim

na nDéanmhas atá i mBaol, agus Bailte agus Sráidbhailte Tuaithe, an Tionscnamh Bailte Stairiúla & Éire Ildánach.

- Comhairle a chur ar fáil don údarás áitiúil maidir le cúrsaí caomhnaithe ailtireachta - idirchaidreamh a dhéanamh le rannóg na mbóithre maidir le caomhnú a dhéanamh ar shaoirseacht chloiche súile droichid; idirchaidreamh le seirbhísí corparáideach maidir le sócmhainní stairiúla faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil; Idirchaidreamh leis an Rannóg Comhshaoil maidir le reiligí; Idirchaidreamh le hinnealtóirí na gceantar áitiúil maidir leis an réimse poiblí agus le saincheisteanna a eascraíonn.

Gníomhaíochtaí Táscaha i rith 2018:

- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe den líonadh talún ag Cill Chonaill a fheidhmiú chun glacadh le dramhaíl in 2018.
- Leanann Láithreáin Fóntas Poiblí ag feidhmiú faoi chonradh ag Béal Átha na Sluaighe, An Clochán agus Tuaim.
- Rinneadh Imscrúduithe Láithreán Sraith 2 agus GQRA Leibhéal 3 ag láithreáin líonadh talún stairiúla i nGleann na Madadh agus i mBéal Átha Ghártha, arna maoiniú go díreach ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCA).
- Leanann Rehab Glasco de sheirbhís bailithe a chur ar fáil haghaidh gloine agus cannaí dí ag an 92 ionad 'fág anseo' sa chontae, agus tá comhaontú comhpháirtíochta ag an gComhairle le hAthchursáil Árann Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe chun scéim chomhtháite bainistithe dramhaíola a oibriú d'Oileáin Árann. Ar Inis Bó Finne tá seirbhís líonta talún agus athchúrsála ann agus tá an tseirbhís sin á maoiniú go hiomlán ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Tá Lónra na nÚdarás Áitiúil um Chosc gníomhach i gcónaí. Sainithníonn an Lónra gníomhaíochtaí atá ag teastáil ar mhaithe le cosc agus cur le cumas laistigh de na hearnálacha pobail, gnó agus poiblí a mhéid a bhaineann le éifeachtúlachtaí ó thaobh úsáid acmhainní de agus i measc na réimsí atá i gceist áirítear cosc dramhaíola, caomhnú fuinnimh, caomhnú uisce agus cur le cumas, oiliúint agus feasacht.

Tograí do 2019:

- Tá sé beartaithe go gcuirfear tús arís leis na hoibreacha a bhaineann leis an bplean réitigh láithreáin ag Cill Chonaill in 2019.
- Faireachán a dhéanamh ar oibriú saoráidí léasaithe athchúrsála ar fud an chontae.
- Bailiú soghluaiste dramhaíola guaisí & WEEE a chur ar fáil ag ionaid spriocdhírthe.
- Rachaidh an dréacht-teimpléad i leith fodhlí maidir le dramhaíl a thabhairt i láthair, arna ullmhú ag an oifig pleanála Réigiúnach Dramhaíola tríd an bpróiseas comhchomhairliúcháin phoiblí sula gcuirtear faoi bhráid na Comhairle lomlanaí iad lena gceadú.
- Feasacht oideachais le leanúint ar aghaidh sa réimse chun dramhaíl a chosc agus maidir le dea-chleachtais timpeallachta.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Déanfar mionsonraí faoi fhógraí forfheidhmiúcháin, faoi litreacha rabhaidh atá eisithe agus faoi ionchúisimh atá tionscanta sa bhliain 2018 faoin reachtaíocht a bhaineann leis an gcomhshaoil a leagan amach i dtuaisceáin RMCEI 2018 (Critéir Íosta maidir le hlniúchadh i ndáil le hlniúchadh Comhshaoil atá Molta) atá le heisiúint faoin 16 Feabhra 2019.
- I dtuaisceáin RMCEI 2018, tugtar mionsonraí faoi iniúchtaí pleanáilte réamhghníomhacha atá déanta ar shaoráidí rialáilte agus faoi iniúchtaí frithghníomhacha nach raibh pleanáilte i ndáil le gearáin a fuarthas agus i ndáil le teagmhais a bhaineann le truailliú comhshaoil. Déantar iniúchtaí i ndáil leis na nithe seo a leanas: gearáin, saoráidí dramhaíola ceadaithe, bailitheoirí ceadaithe, cairéil, garáistí, catagóirí éagsúla táirgeora dramhaíola, ceadúnais sceite, saoráidí sloda séarachais, feirmeacha, córais phríobháideacha cóireála dramhuisce, ceadúnais truaillithe aeir, saoráidí péinteanna deco agus láithreáin chláráithe tuaslagóirí.
- Rinne maor agus oifigigh fhorfheidhmiúcháin Cigireachtaí Comhphárteacha maidir le Freagracht Táirgeoirí, ag díriú ar dhiúscairt dramhaíola bia agus ar araidí donna tráchtála i gceirtleáin de >500.
- Rinneadh cigireachtaí comhphárteacha le REPAK ar ghnólachtaí neamhchomhlíontacha, faoi chlár pacáistithe píolótach CUWERLA.
- Glanadh 7 'spota dubha' bruscair, cuireadh bacainní agus comharthaí in airde agus cuireadh CCTV isteach le maoiniú arna soláthar ag DCCAE faoin dTionscnamh Frithdhumpála 2018. Tugadh go leor dramhaíola chun bealaigh i rith an Tionscnaimh a fógraíodh go háitiúil ar mheáin shóisialta na Comhairle agus sna nuachtáin áitiúla.
- Sheol an rannóg Forfheidhmiúcháin Comhshaoil a feachtas Feasachta féin sna meáin áitiúla ag meabhrú don phobal go ndéanfar aon duine a dhéanann dramhaíl a dumpáil go mídhleachtach a ionchúiseamh.
- Eisíodh litreacha rabhaidh chuig gach gnólacht nach raibh cláráithe le REPAK ELT faoi na Rialacháin um Boinn Dramhaíola leasaithe.
- Rinneadh iniúchtaí ilghníomhaireachta ar na bóithre rochtana chuig dhá shaoráid ceadúnaithe EPA agus tá gníomh forfheidhmithe fós ar bun.
- Rinneadh monatóireacht i ndáil le huisce óil, uisce snámha, aibhneacha, lochanna agus líonadh talún i gcomhréir le ceanglais reachtúla go díreach agus trí chonarthaí le saotharlanna seachtracha araon. Rinneadh bearta leantacha i dtaca le neamhchomhlíonadh.

- I measc na ngníomhartha forfheidhmithe bhí 126 ceadúnas doirte a fhorfheidhmiú do chórais cóireála fuíolluisce phríobháideacha ar scála mór agus cigireacht ar 38 fheirm agus 101 córais cóireála fuíolluisce tí.

Faireachán Comhshaoil agus Bearta Forfheidhmiúcháin

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Eisíodh fógraí poiblí agus rinneadh monatóireacht cigireachta de réir mar is gá mar fhreagra ar neamhchomhlíonadh maidir le huisce óil agus uisce snámha. Rinneadh Sé Bhratach Ghorma agus Sé Phlaic Chósta Ghlais a bhronnadh ar limistéir shnámha i gContae na Gaillimhe.
- Rinneadh rialú ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le truailliú aeir cosúil le tirimghlanadh agus athchóiriú feithicle.

Tograí don bhliain 2019

- Déanfaidh an Chomhairle na hiniúchtaí réamhghníomhacha pleanáilte go léir ar shaoráidí údaraithe faoi na míreanna éagsúla den reachtaíocht chomhshaoil a leagan amach i bPlean RMCEI 2019, agus tá an plean sin le heisiúint faoin 16 Feabhra 2019. Tabharfaidh scála na gníomhaíochta forfheidhmiúcháin sa bhliain 2019 léiriú ar na hacmhainní a bheidh ar fáil d'iniúchtaí a dhéanamh, agus bainfear leas as na hacmhainní ar bhonn tosaíochta, agus an treoir a fhaightear ón Roinn, ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ó WERLA á cur san áireamh.
- Leanfaidh an Chomhairle d'iniúchtaí agus d'fhaireachán a dhéanamh faoi reachtaíocht chomhshaoil de réir bheartas an rialtais agus threoracha na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, agus déanfar bearta forfheidhmiúcháin a chur i ngníomh de réir mar is gá i gcásanna nach ndéantar an reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh.
- Rachfar i mbun athbhreithniú leanúnach maidir leis na bealaí is fearr chun dul i ngleic le dumpáil mhídhleachtach. Mar thoradh ar Thionscnaimh Freagrachta Táirgeora, tabharfar isteach fógraí faoi phionós seasta, mar shampla, i ndáil le mainneachtain clárú le scéim iomchuí maidir le comhlíonadh, mainneachtain comharthaí cuí agus/nó deimhniú clárúcháin a chur ar taispeáint.
- Faoin Acht um Thruailliú Aeir 1987, tabharfar isteach fógraí faoi phionós seasta i ndáil le tuaslagóirí ath-bhailchríochnaithe agus orgánacha d'fheithiclí.
- Oibreoidh an Chomhairle leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear Oifig WFD, chun caighdeán an uisce i gceantair tosaíochta aitheanta a fheabhsú, trí feachtas poiblí agus trí chlár dian iniúchtaí ar fhoinsí a d'fhéadfadh a bheith truailithe, lena n-áirítear córais chóireála fuíolluisce phríobháideacha ar scála mór, feirmeacha agus córais chóireála fuíolluisce tí.

Láithreáin Thréigthe agus Déanmhais Chontúirteacha

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Lean an Chomhairle dá cumhachtaí faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990 a fheidhmiú mar iarracht oibriú le húinéirí foirgneamh agus talún de chineál atá ligthe i bhfaillí, ina bhfothraigh agus mímhaiseach beart feabhais a dhéanamh. Cé nach bhfuil aon láithreáin ar Chlár na Láithreán Tréigthe faoi láthair, leanadh de ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin a chur i gcrích i gcás ina raibh gá leis sin.

Tograí do 2019:

- Leanfar d'athbhreithniú a dhéanamh ar láithreáin sa chontae de réir an bheartais maidir le Láithreáin Thréigthe agus de réir an bheartais maidir le Déanmhais Chontúirteacha.

Reiligi

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Faoi láthair, tá 233 reilig liostaithe i gclár reiligí na Comhairle. I gcomhar le cuid mhór coistí áitiúla reilige, déanann an Chomhairle oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin de réir mar is féidir i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil.
- Leanadh de chlár méadaithe reiligí a chur i bhfeidhm ar fud na bliana 2018 agus tugadh tús áite do mhéaduithe in Eanach Dhúin, in Quansboro, i mBaile Chláir, sa Líonán etc.
- Tugadh sínte ag Béal an Daingin chun críche, agus fuarthas ceadú Chuid 8 maidir le sínte ag An Mhainistir, Brooklodge.
- Tugadh tacaíocht i leith oibreacha feabhsuithe i roinnt reiligí agus, mar thoradh ar an obair sin, méadaíodh an líon uaigheanna a bhíonn ar fáil.
- Cuirtear deontas bliantúil ar fáil do choistí a dhéanann cothabháil ar na reiligí ina gceantar. Bronnadh deontas 3 leibhéal ar Choistí sa bhliain 2018 - €600, €450 nó €300 agus tugadh deontais do níos mó ná 160 choiste sa bhliain 2018.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh an Chomhairle de mhéaduithe a chur chun cinn i gcomhar leis na coistí áitiúla. Cuirfear tús leis an obair nó leanfar ar aghaidh leis an síneadh ag an Mhainistir, Brooklodge, An Líonán, Droichead an Chláirín, An Chríoch agus Cill Íomair Uí Dhálaigh i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla agus de réir mar a cheadóidh acmhainní agus leanfar leis na hiarrachtaí bogadh chun tosaigh leis na síntí ag Baile Chláir, Cill

Chiaráin, Cill Mhian, An Cnoc, Quansboro arís de réir mar a cheadóidh acmhainní.

Feasacht agus Oideachas faoin gComhshaol

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Tá an t-oifigeach Feasachta cúnta páirteach i gcur chun cinn feasachta faoin gcomhshaol trí theagmháil leanúnach leis na hearnálacha tís agus tráchtála.
- Tionóladh imeachtaí feasachta pobail agus leagadh béim ar bhainistiú dramhaíola, cosc dramhaíola, dramhbhia, múiríniú baile, dramhaíl ghuaiseach teaghlaigh, caomhnú fuinnimh agus caomhnú uisce.
- Bhí forbairt agus scaipeadh faisnéise ann ar bhonn leanúnach trí na meáin áitiúla, trí mheáin shóisialta, trí leabharlanna, trí scoileanna, trí ghrúpaí deonacha etc.
- Rinneadh forbairt leanúnach i gcomhar le grúpaí Bailte Slachtmhara
- Bhíothas páirteach ar bhonn leanúnach i gclár na Scoileanna Glasa agus bhí os cionn 90% de scoileanna an chontae bainteach leis an gclár sin
- Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh phobal-bhunaithe frithbhuscair agus maoiniú a chur ar fáil do na tionscnaimh sin
- Seachadadh tionscnaimh WEEE agus Ghlantachán Náisiúnta Earraigh.
- Feachtas frithbhruscair thrí phobail, scoileanna etc.
- Naisc leis an Oifigeach Réigiúnach
- Idirchaidreamh leis an Aonad Pobail agus Fiontraíochta, leis an Oifigeach Oidhreacht, leis an Oifigeach Éagsúlachta i ndáil le tionscadail éagsúla comhshaoil
- An Clár LAPN/Coiscte Dramhaíola a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.

Tograí do 2019:

- Leanfar ar aghaidh leis an bhfeachtas Feasachta, ina leagfar béim faoi leith ar na comhpháirtíochtaí le grúpaí pobail agus le grúpaí deonacha a fheabhsú tuilleadh agus ar leanúint d'eolas a scaipeadh ar na hearnálacha ar fad agus úsáid á baint as gach modh oiriúnach.
- An Clár Coiscte Dramhaíola a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.
- Feachtas frithbhruscair thrí phobail, scoileanna etc Idirchaidreamh leis an bhfeachtas Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa.

- Úsáid a bhaint as cupáin athúsáidte i siopaí caife Bhaile Locha Riach agus má éiríonn leis an bhfeachtas sin beifear ag iarraidh é a chur ar bun sa chuid eile den Chontae.

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Scéim Tacaíochta d'eagraíochtaí pobail atá cláraithe le Pobail Fuinnimh Inmharthana an SEAI.

Tograí do 2019:

- Scéim Deontais maidir le Tíosacht ar Fhuinneamh (*scéim tacaíochta chun cuidiú le heagraíochtaí pobail/seachbhrabúsacha dul i mbun uasghrádaithe tíosachta fuinnimh ar a gcuid áiseanna*).
- Scéim Deontais um Fhorbairt Acmhainní Pobail do SECanna (*scéim tacaíochta do ghrúpaí atá cláraithe le príomhchlár pobail an SEAI chun cur le heolas/tionscadail amach anseo agus a gcumas cur isteach ar dheontais*).
- Ceardlann do Bhaill Thofa maidir leis na deontais a chuireann an SEAI ar fáil (baile / gnó / pobal / Feithiclí Leictreacha) agus na critéir cháilíochta.
- Cur i láthair an SEAI do Bhaill Thofa ar Phobail Fuinnimh Inmharthana (SEC) agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil.
- Pacáistí chun Fuinneamh a Shábháil sa Bhaile a leathadh amach sa tseirbhís leabharlainne.
(<http://www.codema.ie/think-energy-home-hub/what-is-the-home-energy-saving-kit/>).
- Dul i mbun líon Iniúchtaí Fuinnimh ar Fhoirgnimh chun tionscadail agus sonraíochtaí a chur ar fáil d'iarraitais ar dheontais amach anseo.
- Ceanglais reachtúla a chur ar fáil maidir le Teastais Fuinnimh a chur ar Taispeánt i bhfoirgnimh a bhfuil teacht ag an bpobal orthu.
- Plean um Ghníomhú Aeráide a Fhorbairt.
- Ciste um Ghníomhú Aeráide (Scóipeáil tionscadail agus sonraíocht d'iarraitais amach anseo).
- Naisc le an Earnáil Tríú Leibhéal a chothú trí chomhurraíocht a dhéanamh in éineacht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar Ghradam Mac Léinn in Athrú Aeráide / Innealtóireacht Chórais Fuinnimh.

- Tacú le OÉG agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe iarratas ar Horizon 2020 a fhorbairt. (Clár Taighde agus Nualáíochta AE).
- Iarratas Iarfheistithe Domhain SEAI a fhorbairt ina mbeidh cúig theach sa Chontae ar a laghad páirteach ann.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Faoin Acht um Rialú Madraí, cuireann 2 mhaor madraí lánaimseartha seirbhís rialaithe madraí ar fáil sa chontae ag úsáid 2 áis póna madraí atá ar léas (ceann in iarthar an chontae agus ceann in oirthear an chontae). Oibrítear iad seo faoi mhaoirseacht tréidliachta agus oibríonn siad de réir mar atá leagtha amach i mBeartas Rialaithe Madraí na comhairle.
- Baineadh comhlíonadh níos airde i ndáil le ceadúnú madraí amach tríd acmhainní a dhíriú agus le cúnamh ó sheirbhís na maor pobail.
- Tugadh 38 ngníomh forfheidhmithe faoin Acht um Rialú Madraí (amhail an 31.10.18).
- Thug an Post isteach Bunachar Sonraí Náisiúnta nua maidir le Ceadúnú madraí le cuidiú náisiúnta ó sheirbhísí tréidliachta, riaracháin agus maor madraí an údaráis áitiúil agus cuireadh i bhfeidhm é in Iúil 2018. Táthar ag meas go gcuirfidh an tionscnamh seo feabhas ar an seirbhís do chustaiméirí agus go mbeidh méadú ar chomhlíonadh chomh maith le cuidiú le forfheidhmiú.
- Cuireadh Feachtas maidir le Salachar Madraí ar siúl i mBaile Locha Riach i gcomhar le Comhlachas Tráchtála agus Scoileanna Náisiúnta Áitiúla Bhaile Locha Riach i mBealtaine. Rinneadh aonaid dáileora Málaí le haghaidh Salachar Madraí a leathadh amach inár gcuid páirceanna agus ar ár gcuid trána chun aghaidh a thabhairt ar shalachar madraí sna limistéir sin sa chontae.
- Cuireadh oiliúint faoi leith ar an láthair ar na maor madraí agus ar na maor pobail maidir le hiompar ionsaitheach madraí a láimhseáil.
- Lean an Chomhairle den Acht um Bunachais Pórúcháin Madraí 2010 a chur i bhfeidhm, ar Acht é lena gceanglaítear ar na háitribh ar fad a áirítear faoin sainmhíniú ar ‘bunachas pórúcháin madraí’ clárú agus na caighdeáin a chomhlíonadh. Faoi láthair, is 8 bpóraitheoir madraí atá cláraithe i gContae na Gaillimhe.
- Rinneadh an chomhairle úinéireacht madraí fhreagrach a chur chun cinn ar a gcuid ardán meán sóisialta, ag Féile Sheep to Fork Bhaile Átha an Rí i mí Iúil agus tríd Imeacht Seiceála Micrishliste agus Scanta a bhí ar siúl ar feadh 3 lá ag Féile Capall Bhéal Átha na Sluaighe. Chuir Dogs Trust ceardlanna maidir le hÚinéireacht Fhreagrach Madraí ar siúl i Leabharlanna agus i scoileanna náisiúnta ar fud na tíre.
- I mí Iúil, tugadh 16 de choileáin slán as Leantóir Capaill i mBaile Átha an Rí. Leag an méid ollmhór poiblíochta a dearnadh ar fud na tíre faoin gcás ar na meáin shóisialta agus sa nuacht béim ar na fadhbanna ó thaobh leas agus rialú madraí a bhainistíonn Maor Madraí agus seirbhísí Tréidliachta na Comhairle sa Chontae.

- Bhí an Chomhairle gníomhach go leanúnach i dtaobh áiseanna póna a chur ar fáil do chapail, do chaoirigh agus do ghabhair. Rinneadh oibreacha feabhsúcháin struchtúracha ar Phóna Bhéal Átha na Sluaighe.
- Rinneadh cásanna leasa ainmhithe a bhain le madraí, eallach, caoirigh agus capaill a athbhreithniú agus cuireadh ar aghaidh na cásanna sin nuair ba ghá chuig na Gardaí, an Roinn Talmhaíochta agus na grúpaí leasa.
- Déanann seirbhís tréidliachta na Comhairle idirchaidreamh leis an Rannóg Tithíochta maidir le cur i bhfeidhm an Achta um Rialú Capall.

Tograí do 2019:

- Déanfar feabhsúcháin leanúnacha ar éifeachtúlacht na seirbhíse Rialaithe Madraí a chur i bhfeidhm i rith na bliana, le súil is feabhas a chur ar chomhlíonadh i ndáil le ceadúnú madraí de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil. Rachfar i mbun seiceálacha ceadúnaithe dírithe ar fud an chontae i gcomhar le Seirbhís na maor pobail.
- Leanfar leis na ceardlanna maidir le hÚinéireacht Fhreagrach Madraí i gcomhar le Dogs Trust Ireland agus cuirfear chun cinn iad sna Leabharlanna Contae agus i mBunscoileanna ar fud an chontae.
- Leanfaidh an chomhairle de thacú le Feachtais Frithshalachair Madraí. Tá Aonaid Dáileora Málaí le haghaidh Salachar Madraí le leathadh amach i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an chontae.
- Leanfaidh an Chomhairle de chásanna a thuairiscítear leo a sháraíonn leas ainmhithe a athbhreithniú, agus cuirfidh an Roinn Talmhaíochta, na Gardaí agus grúpaí leasa de réir mar a bheidh gá, laistigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil.
- Déanfar na Bunachais Pórúcháin Madraí atá ar an gclár a iniúchadh agus déanfar bearta i leith na dtuairiscí go léir faoi bhunachais pórúcháin neamhchláraithe. De réir an dlí, tá sé de cheangal ar gach bunachas iarratas a dhéanamh ar chlárú. D'eisigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail treoirínte nua, i ndiaidh comhchomhairliúchán poiblí, agus tiocfaidh siad i bhfeidhm in Eanáir 2019.
- Leanfaidh an Chomhairle de sheirbhísí póna a chur ar fáil agus tá tuilleadh oibreacha feabhsúcháin á ndéanamh aici ar Phóna Bhéal Átha na Sluaighe.

Gníomhaíochtaí Táscaha i rith 2018:

- Tá conradh seirbhíse ag an gcomhairle leis an FSAI faoina ndéantar seamlais agus monarchana próiseála feola a bhfuil ceadú CE faighte acu atá lonnaithe i gcontae agus i gcathair na Gaillimhe a rialú tríd an tseirbhís tréidliachta.
- Faoin gconradh seirbhíse seo, éilítear go ndéantar gach ainmhí a scrúdú sula maraítear iad agus ina dhiaidh, go dtéitear i mbun sampláil ar iarmhair ainmhithe agus go ndéantar seiceálacha maidir le leas ainmhithe, déantar iniúchtaí mionsonraithe, agus cinntítear sláine agus inrianaitheacht an tslabhra bia ón bhfeirm go dtí an bord sna aon cheann déag de sheamlais áitiúla an chontae a bhfuil ceadú CE faighte acu. Déantar eallach, caoirigh, gabhair, muca agus éalaith a mharú agus déantar géim fiáin a phróiseáil.
- Éilítear faoin gconradh seirbhíse chomh maith go ndéantar maoirsiú agus rialú ar na ceithre cinn déag de na monarchana próiseála feola sa chontae agus sa chathair a bhfuil ceadú CE faighte acu. Is éard atá i gceist leis sin ná samplaí de tháirgí feola a thástáil le haghaidh éilliú micribhitheolaíochta, breiseáin bhia, ailléirginí, iarmhair, faireachán galair, comhlíontacht maidir le lipéadú, inrianaitheacht agus calaois bhia. Tá sceideal rialta de chigireachtaí gan fógra agus iniúchtaí réamhphleanáilte sna háitribh, agus cuireann siad sin fostaíocht ar fáil do bhreis is 130 fostaí.
- Bhain trí áitreabh próiseála feola nua an caighdeán CE atá de dhíth le haghaidh ceadúnú amach in 2018.
- Chuir an chomhairle oiliúint leanúnach agus seirbhís chomhairliúcháin ar fáil na hOibreoirí Gnó Bia atá ann cheanna maidir le cur i bhfeidhm reachtaíocht bia CE, a bhíonn ag athrú de shíor, chomh maith le cruinnithe, dul i mbun cuairteanna ar an láthair, agus comhairle a chur ar ghnólachtaí bia atá ag tosú amach ar fud na cathrach agus an chontae.
- Bhí an tseirbhís tréidliachta páirteach sa ghrúpa stiúrtha a bhí ríthábhachtach i gcead pleanála a fháil d'ionad Nuálaíochta agus Cothaithe Bia il-lárnach Teagasc / GCC atá beartaithe i mBaile Átha an Rí.

Tograí do 2019:

- Leanfaidh an Chomhairle den Chonradh Seirbhíse atá ann a chomhlíonadh le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann laistigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil, ag tabhairt faoi gníomhaíochtaí mar a bhí beartaithe do 2018, chomh maith le haon áitribh nua eile a d'fhéadfadh a bheith ann lena gceadú. Cuireadh tús leis an gconradh atá ann faoi láthair ar an 1 Eanáir 2017 agus tá síneadh curtha leis go dtí an 31 Nollaig 2019 le go mbeidh sé ag teacht le reachtaíocht nua CE.

- Tá acmhainní don tseirbhís seo san áireamh i mbuiséad 2019
- Leanfar le hOiliúnt Rialta d'Oibreoirí Gnó Bia agus do chigirí tréidliachta le linn 2019, ag díriú ar rialúcháin nua CE agus ar nóta Treoracha HACCP caighdeánaithe isteach ón FSAI ar Tháirgeadh Sábháilte Bia i Seamlais.
- Leanúint le cláir samplála mar a bhí in 2018 faoi stiúir na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- Leanúint le cláir samplála mar a bhí in 2018 faoi stiúir na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- Rannpháirtíocht agus idirchaidreamh leanúnach le gníomhaireachtaí reachtúla DAFM, Teagasc, SFPA agus an HSE maidir le forbairt leanúnach ionad Nuálaíochta agus Cothaithe Bia il-lárnach Teagasc / GCC atá beartaithe do Bhaile Átha an Rí, agus é mar aidhm é a oscailt ag deireadh na bliana 2019. Beidh 3 bhloc sa Mhol Bia, agus beidh sé comhdhéanta d'ionad foghlama agus aonad táirgthe cistine táirgthe am-roinnte, bloc de 8 n-aonad tosaithe agus bloc de 3 aonad fáis níos mó.

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Tá an Coiste Forbartha Mór-Éigeandálaí (MEDC) a bhunaigh an Chomhairle mar chuid den Chreat Nua Náisiúnta i gcomhair MEM i mbun oibre ar bhonn leanúnach agus is í Eileen Ruane (Stiúrthóir Seirbhísí) an cathaoirleach anois. Tá an coiste ag obair go leanúnach ar ullmhú an Phlean Oibriúcháin um Fhíor-drochaimsir & Freagairt do Thuilte.
- Leanann Grúpa Stiúrtha Réigiúnach MEM an Iarthair (RSG) faoi chathaoirleacht an Gharda Síochána ag freastal ar a ról Bainistíocht Móréigeandála a chomhordú idir na hocht gníomhaireacht Príomhfhreagartha (PRAanna) -i.e. 3 Rannán Garda Áitiúil, 4 Údarás Áitiúil agus FSS Thiar - i gceantair Gaillimh, Mhaigh Eo agus Ros Comáin.
- Leanann Grúpa Oibre Réigiúnach MEM an Iarthair (RWG) ina bhfuil baill de na Príomh-Sheirbhísí Éigeandála (PES) i Réigiún an Iarthair, m.sh. Seirbhísí Dóiteáin na nÚdarás Áitiúil, Rannáin Áitiúla an Gharda Síochána agus Seirbhís Otharchairr FSS an Iarthair, ag feidhmiú faoi choimirce Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnach MEM an Iarthair.
- Is i gCeanncheathrú Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá an tIonad Comhordaithe Áitiúil (LCC) lonnaithe i gcónaí do na trí Gníomhaireacht Phríomhfhreagartha - Comhairle Chontae na Gaillimhe, FSS an Iarthair, Rannán Garda Síochána na Gaillimhe - le haghaidh Móréigeandálaí i gceantar Chontae na Gaillimhe. Rinneadh na háiseanna bainistithe faisnéise (IM) san Ionad Comhordaithe Áitiúil (LCC) i Halla an Chontae a uasghrádú ag deireadh 2017 tús 2018.
- Ba chóir a thabhairt ar aird go bhfuil Ionad Comhordaithe Áitiúil na Comhairle Cathrach lonnaithe i Halla na Cathrach agus gur baineadh úsáid as le linn Stoirm Ophelia in 2017.
- Bunaíodh grúpa comhtháthúcháin MEM na Cathrach/an Chontae idir na PRA-anna i gCathair agus i gContae na Gaillimhe faoi chathaoirleacht Stiúrthóra Seirbhísí ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun déileáil le saincheisteanna i gceantar na Cathrach/an Chontae agus, go háirithe, le himeachtaí a bhfreastalaíonn sluaite móra daoine orthu, agus leanann sé de bheith ag oibriú.
- Tá oiliúint réigiúnach ar fáil i gcónaí do dhaoine iomchuí den fhoireann sna hocht PRA atá ann i réigiún an Iarthair.
- Thug Comhairle Chontae na Gaillimhe fáil dhá aonad soghluaiste stórála sealadaí corpán don 7 nÚdarás Áitiúil i réigiún MEM an Iarthair agus an Iarthuaiscirt chun críche chun an acmhainn sna réigiúin sin faoi seach a mhéadú.
- Imscaradh aonad sealadach uasghrádaithe an chomhlachta mar chuid de Chleachtaí MEM pleanáilte in 2018 i réigiún an Iarthair.

- Seoladh cleachtadh Móréigeandála ina mbeidh na 3 Údarás Inniúil Áitiúil (LCA,) -i.e. Comhairle Chontae na Gaillimhe - lena n-áirítear GFRS mar PES don Chomhairle Cathrach-, Rannóg Gharda Síochána na Gaillimhe, FSS an Iarthair, agus an oibreoir Suímh Chemoran ina mbeidh teagmhas ionsamhlaithe ag suíomh Top Tier Seveso III in Eastát Tionsclaíochta Órán Mór in 2018, mar chuid de thástáil agus bailíochtú an Phlean Éigeandála Sheachtraigh reachtúil mar a leasaíodh leis na 3 LCA de réir mar is gá faoi rialacháin SEVESO III.
- Tionóladh Ollghníomh éigeandála in Aerfort Chonamara lena n-áirítear plean freagartha amach on gcósta na n-oileán ina raibh 3 Phríomhghníomhaireachtaí Freagartha san áit agus Aer Árann páirteach ann in 2018.

Tograí do 2019:

- Gheobhaidh daoine den fhoireann áitiúil agus den fhoireann réigiúnach tuilleadh oiliúna agus tástála maidir lena ról nua éagsúla mar atá leagtha amach i sa Phlean PRA maidir le Mór-Éigeandálaí a bhaineann leo.
- Beidh an Coiste Forbartha Móréigeandála (MEDC) a bhunaigh an Chomhairle mar chuid den Chreat Náisiúnta Nua do MEM ar siúl go leanúnach agus beidh sé faoi chathaoirleacht Eileen Ruane Uasal (Stiúrthóir Seirbhísí) ó 2018 ar aghaidh toisc go bhfuil an GFRS anois mar chuid de Stiúrthóireacht Pleanála, Comhshaoil agus sheirbhísí na Comhairle.
- Táthar ag súil go leanfaidh bailíochtú agus nuashonrú Phlean Mór-Éigeandála reatha na Comhairle Contae ar aghaidh in 2019.
- Tá an obair ar an bPlean Comhordaithe Réigiúnach Móréigeandála ar siúl go leanúnach.
- Leanfaidh pearsanra na Comhairle agus pearsanra sheirbhís dóiteáin na Gaillimhe de bheith ag tacú leis an nGrúpa Stiúrtha Réigiúnach agus le Grúpaí Oibre Réigiúnacha agus le MEDC áitiúil agus le grúpa comhtháthú Contae / Cathrach na Gaillimhe.
- Seolfar cleachtadh Móréigeandála ina mbeidh na 3 Údarás Inniúil Áitiúil (LCA,) -i.e. Comhairle Cathrach na Gaillimhe - lena n-áirítear GFRS mar PES don Chomhairle Contae-, Rannóg Gharda Síochána na Gaillimhe, FSS an Iarthair, Údarás Cuain na Gaillimhe agus an oibreoir Suímh Circle K (Topaz roimhe seo) ina mbeidh teagmhas ionsamhlaithe ag suíomh Top Tier Seveso III i nDuganna na Gaillimhe in 2019, mar chuid de thástáil agus bailíochtú an Phlean Éigeandála Sheachtraigh - arna leasú - reachtúil mar a leasaíodh leis na 4 LCA de réir mar is gá faoi rialacháin SEVESO III.

Dóiteán a Chosc agus Clár Oideachais

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Rinneadh Clár Sábháilteachta Dóiteáin na Scoileanna a chur i bhfeidhm arís i mbunscoileanna i Limistéir na Stáisiún Contae.
- Tá aláraim dheataigh neamhspleácha ina bhfuil cadhnraí fadsaoil á bhfáil ag Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe do 250 teaghlach agus leanfar de na haláraim sin a eisiúint chuig teaghlaigh i gCathair agus i gContae na Gaillimhe lena suiteáil ag grúpaí pobail de réir mar a rinneadh i mblianta roimhe seo. Cuireadh an tionscadal seo i gcrích le cúnamh ó na hAonaid Pobail agus Fiontraíochta i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus i gComhairle Chontae na Gaillimhe araon mar chuid de Chlár leanúnach na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Dhóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála (NDFEM).
- Cuireadh clár ar bun go háitiúil mar chuid den tseachtain Náisiúnta um Shábháilteacht Dóiteáin mar a rinneadh blianta eile lena n-áirítear na stáisiún Dóiteáin ar fad a oscailt don phobal le linn na seachtaine sin le haghaidh léachtaí agus taispeántas.

Tograí do 2019:

- Táthar ag súil go gcuirfear tús athuair le Clár Sábháilteachta Dóiteáin na Scoileanna sa bhliain 2019 agus, mar chuid de sin, tabharfaidh oifigigh dóiteáin áitiúla cuairt ar an 4ú rang i roinnt scoileanna náisiúnta i gCeantar Bhriogáid Chathair na Gaillimhe. Cuireann an clár seo teachtaireacht náisiúnta faoi shábháilteacht dóiteáin in iúl ach bíonn sé faoi réir acmhainní airgeadais a bheith ar fáil.
- Sa bhliain 2019, déanfar aláraim dheataigh neamhspleácha a eisiúint sa chathair agus sa chontae as leithroinntí a fuarthas sa bhliain 2018.
- Cuirfear clár ar bun go háitiúil mar chuid den tseachtain Náisiúnta um Shábháilteacht Dóiteáin mar a rinneadh blianta eile lena n-áirítear na stáisiún Dóiteáin ar fad a oscailt don phobal le linn na seachtaine sin le haghaidh léachtaí agus taispeántas.

Oibríochtaí Dóiteáin - Pobail a Choinneáil Sábháilte (KCS)

CREAT MAIDIR LE SÁBHÁILTEAGHT DÓITEÁIN IN ÉIRINN

Tá an tSeirbhís Dóiteáin faoi réir na srianta airgeadais agus an ghrinnscrúdaithe céanna ar chaiteachas agus atá gach seirbhís de chuid an Údaráis Áitiúil. Beidh infheistíocht bhreise i Seirbhísí Dóiteáin thar an méid sin atá cláraithe cheana féin dúshlánach, mar gheall ar mhaolú ar airgeadas an phobail agus an rialtais áitiúil.

Is é an dúshlán - mar a léirítear i teideal an doiciméid - "Pobail a Choinneáil Sábháilte" - ná na hacmhainní atá ar fáil a bhainistiú chun an toradh is fearr a bhaint amach don phobal i dtéarmaí a sábháilteachta aonair, agus chun cailteanas agus cur isteach ar an tsochaí a laghdú.

Chun príomhfhorálacha KCS a chur i bhfeidhm go rathúil faoi dheireadh na bliana 2018, beidh gá le tiomantas leanúnach ar thaobh na Seirbhíse Dóiteáin agus Fhoirne Bainistíochta na Cathrach agus an Chontae, agus iad ag obair i gcomhar le hIonadaithe Tofa na Cathrach agus an Chontae. Beidh gá le Plean Forbartha Seirbhíse/Plean Gníomhaíochta a ullmhú agus beidh léiriú air sin le fáil i nDréacht-Phlean nua Alt 26 atá ullmhaithe ag Lucht Bainistíochta na Seirbhíse Dóiteáin. Cuireadh an Dréachtphlean Alt 26 i láthair lena bhreithniú chuig Coiste Polasaí Straitéiseach Tithíochta agus Seirbhísí na Comhairle Contae i mí na Bealtaine 2014 ag cur síos ar chúlra agus ar ábhar an doiciméid agus na hathruithe beartaithe i mBeartas an Údaráis Dóiteáin mar thoradh air sin.


Tá an obair go léir ar KCS ar fionraí i láthair na huaire go dtí go mbeidh deireadh le plé idir NDFEM agus na ceardchumann ag an leibhéal náisiúnta agus tá an plé sin ar siúl i gcónaí tar éis FSNOIG a bhunú ar bhonn náisiúnta. Tharraing SOPTU siar a agóid i gcoinne cheadú phlean Alt 26 ag Comhairlí Áitiúla i mí Aibreáin 2016 ós rud é gur dualgas reachtúil de chuid údarás áitiúil é.

Déanfar Dréacht-Phlean Alt 26 uasdátaithe a thíolacadh do chruinniú iomlán den Chomhairle ag deireadh na bliana 2018 nó ag tús na bliana 2019 lena cheadú tar éis é a thíolacadh don Choiste Beartais Straitéisigh maidir le Seirbhísí Uisce, Comhshaoil agus Éigeandála.


Oibríochtaí Dóiteáin - Pobail a Choinneáil Sábháilte (KCS)

Gníomhaíochtaí Táscaha i rith 2018:

- Tá 11 Stáisiún Dóiteáin i gCathair agus i gContae na Gaillimhe atá suite i mBaile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, An Clochán, Cathair na Gaillimhe, An Gort, Baile Locha Riach, An Creagán, Port Omna, Tuaim, Inis Mór agus an Cheathrú Rua. Tá foireann áirithinte ann sna stáisiúin go léir seachas stáisiún Chathair na Gaillimhe ina bhfuil meascán de dhaoine lánaimseartha, a oibríonn de réir sealáochta, agus de dhaoine áirithinte.



Tabhair ar aird: an treocht táscach maidir le laghdú i nglanna éigeandála ar freastalaíodh orthu ón mbuaicphointe in 2010 agus gan aon ardú le trí bliana anuas.



Oibríochtaí Dóiteáin - Pobail a Choinneáil Sábháilte (KCS)

Gníomhaíochtaí Táscaha i rith 2018:

- Bíonn tuairim is 154 chomhraiceoir dóiteáin ar fostú ag an gComhairle nuair a bhíonn an líon iomlán foirne ann agus iad ar fostú go díreach i Seirbhís Dóiteáin na Gaillimhe, lena n-áirítear comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus áirithinte sa Chathair agus sa Chontae. Ina theannta sin, tá 11 duine a fheidhmíonn mar oifigh shinsearacha maoirseachta agus coiscthe dóiteáin, lena n-áirítear Príomh-Oifigeach Dóiteáin (CFO), 4 fhostaí tacaíochta shibhialtacha, Meicneoir Briogáide agus Oifigeach Cosanta Sibhialta (CDO), ag obair i stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe.
- I rith na bliana 2017, d'fhreastail an tseirbhís dóiteáin ar 1,580 teagmhas éigeandála san iomlán, is é sin, 936 dteagmhas ar fhreastail Briogáidí Contae orthu agus 644 teagmhas ar fhreastail Briogáid Chathair na Gaillimhe orthu ina limistéar dóiteáin i gCathair agus i gContae na Gaillimhe. B'ionann an figiúr sin agus méadú beag 2.7% ar an líon iomlán glaonna éigeandála nuair a dhéantar comparáid leis an mbliain 2017 – féach Fíor 1a i ndáil le Glaonna éigeandála ar fhreastail Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe orthu sa tréimhse 2009-2017. Is ceart a lua freisin go raibh méadú 5% ar an líon glaonna ar freastalaíodh orthu i limistéar bhriogáid na cathrach agus go raibh méadú beag 1.2% ar an líon glaonna ar freastalaíodh orthu i limistéir bhriogáidí an chontae sa tréimhse 2016-2017.
- Leanann an Bhriogáid Dóiteáin de bheith ag freastal ar theagmhais éigeandála sa Chathair agus sa Chontae, de réir mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe seo. B'ionann líon iomlán na nglaonna éigeandála ar freastalaíodh orthu, a bheag nó a mhór, i gCathair agus i gContae na Gaillimh, ar fhreastail na 11 bhriogáid dóiteáin orthu suas go dtí an 1 Meán Fómhair 2018 agus 1195 - 953 a bhí i gceist sa tréimhse chéanna in 2017 - agus is ionann sin agus méadú 25.4% ar líon na nglaonna

éigeandála ar freastalaíodh orthu sa chéad 8 mí de 2018 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh.

- Tá an méadú céatadánach ar na glaonna dóiteáin agus éigeandála ar freastalaíodh orthu sna chéad 3 ráithe den bhliain níos mó ná blianta roimhe seo agus is mar gheall ar an méadú 85% a bhí ar líon na ndóiteán sléibhe - portach, aiteann, foraoisí etc - ar fhreastail gach Briogáid Dóiteáin sa chathair agus sa chontae orthu sna chéad 8 mí de 2018 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh é sin, chomh maith leis an mbuaic a bhí ar an aimsir the ó dheireadh mhí Mheithimh go dtí lár Lúnasa 2018.
- Fuair oifigigh dhóiteáin shinsearacha agus shóisearacha oiliúint freisin leis an Stiúrthóireachta Náisiúnta um Dóiteáin & Bainistíocht Éigeandála (NDFEM). Fuair oifigigh dhóiteáin shinsearacha agus shóisearacha oiliúint freisin leis an Stiúrthóireachta Náisiúnta um Dóiteáin & Bainistíocht Éigeandála (NDFEM). Rinneadh an oiliúint de réir an chláir oiliúna bhliantúil do 2018 de réir na bliana roimhe sin.
- Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint de phleananna réamhdhóiteáin a ullmhú i leith rioscaí sa Chathair agus sa Chontae; is dualgas reachtúil é sin faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003.
- Lean Grúpa Stiúrtha Sláinte & Sábháilteachta na Seirbhíse Dóiteáin de bheith ag teacht le chéile sa bhliain 2018 agus bhí cruinnithe míosúla ann chun an Plean Bainistíochta Sláinte & Sábháilteachta a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhísí dóiteáin, agus bronnadh Creidiúnú OSHAS 18001 orthu i mí na Nollag 2017.

Oibríochtaí Dóiteáin - Pobail a Choinneáil Sábháilte (KCS)

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:


- Beidh Treoirínte Caighdeánacha Náisiúnta Oibríochta (SOG-anna), atá mar bhun taca le measúnachtaí cineálacha riosca sa Ráiteas Foghabhálach Sábháilteachta (ASS), ina chuid lárnach dár bpleananna oiliúna ar fud na Cathrach agus an Chontae i gcás an phearsanra dóiteáin go léir go dtí deireadh na bliana 2018.
- Rinneadh an réamhaicmiú tosaigh rioscaí i ndáil le limistéir na 10 stáisiún dóiteáin ar fad de chuid na Gaillimhe a ullmhú i gcomhair a bhreithnithe tosaigh ag an bhfoireann bainistíochta de réir an nós imeachta KCS. Rinneadh torthaí an réamhaicmithe rioscaí a thíolacadh don Choiste Beartais Straitéisigh maidir le Tithíocht agus Seirbhísí Éigeandála agus do choiste cheantar Chonamara sa bhliain 2014 agus ba é a bhí i gceann amháin de na príomhthorthaí ná an gá le stáisiún dóiteáin nua áirithinte ar an gCeathrú Rua.

- Ar an dea-uair, níl aon duine básaithe go dtí seo in 2018 de bharr dóiteáin a tharla de thimpiste i gCathair agus i gContae na Gaillimhe go dtí seo sa bhliain 2018. Fuair duine amháin bás de bharr dóiteáin a tharla de thimpiste in 2017.

Tograí do 2019:

Cúrsaí Oibríochtúla

- Déanfar an Dréacht-Phlean athbhreithnithe Dóiteáin agus Oibríochtaí, ar cheadaigh an Coiste Beartais Straitéisigh maidir le Seirbhísí Tithíochta & Éigeandála é sa bhliain 2014, a athbhreithniú i gcomhthéacs KCS (Pobail a Choinneáil Sábháilte). Leagfar an dréacht nua faoi bhráid na Comhairle - SPC agus an chomhairle ar fad - lena cheadú go foirmiúil ag deireadh na bliana 2018 nó ag tús na bliana 2019, agus déanfar toradh an phróisis athbhreithnithe agus aicmithe rioscaí don chathair agus don iarthar a léiriú sa dréacht sin.
- Féachfaidh an Chomhairle lena chinntiú go leanfaidh na daoine go léir d'fhoireann a cuid Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála oiliúint a fháil ag an leibhéal áitiúil de réir mar a tharla i mblianta roimhe seo. I gcomhar leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dhóiteáin agus Pleanáil i leith Éigeandála, tabharfar oiliúint d'Oifigigh Dhóiteáin de réir an chláir bhliantúil oiliúna don bhliain 2019, ach sin faoi réir forálacha buiséadacha.
- Sa bhliain 2019, leanfaidh SOG-anna Náisiúnta de bheith ina gcuid lárnach dár gcuid pleananna oiliúna ar fud na Cathrach agus an Chontae i gcás gach duine den phearsanra dóiteáin. Déanfar an chéad sraith eile SOG-anna a chur i bhfeidhm sa bhliain 2019 agus tá Briogáid Dóiteáin na Gaillimhe ag leanúint den chlár náisiúnta a chur i gcrích de réir mar atá SOG-anna á n-eisiúint.
- Bainfear úsáid as an gCreat Náisiúnta 2010-2015 agus as “Pobail a Choinneáil Sábháilte”, atá foilsithe ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta, mar eolas le haghaidh oibre eile atá le déanamh ag Briogáid Dóiteáin na Gaillimhe sa bhliain 2018.
- Tá méadú mór tagtha ar líon na ndaoine atá ag dul ar scor/ag éirí as ón tseirbhís dóiteáin atá ar áirithíocht i nGaillimh in 2018 agus tá sé beartaithe cúrsa trí seachtaine le haghaidh earcach go dtí an caighdeán nua QQI a thionól in Eanáir 2019 de bharr chomh maith is a d'éirigh le feachtas earcaíochta 2018.
- Leanfar den tSeirbhís Dóiteáin áirithinte nua ar an gCeathrú Rua a chur san áireamh mar chuid dár bhfreagairt oibríochtúil.



Carraroe Station Ground and Populations from Census 2011

Féach na Fíoracha atá i gceangal leis seo agus ina dtaispeántar 11 limistéar nua Stáisiúin Dóiteáin i gCathair agus i gContae na Gaillimhe tar éis na bliana 2016.

CAMP WEST

Tá Údarás Dóiteáin Chonnacht agus Dhún na nGall agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don Iarthar páirteach sa tionscadal lárnach glao amach agus cumarsáide seo atá á reáchtáil ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo, ina cáil mar Údarás Conarthach, ó Lárionad Cumarsáide Réigiún an Iarthair (WRCC) i gCaisleán an Bharraigh. Bhí Otharsheirbhís Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don Iarthar tarraingthe siar ón WRCC faoi dheireadh mhí na Nollag 2014. Tiocfaidh méadú dá réir in 2017-2018 ar ranníocaíochtaí na gcomhpháirtithe Údarás Áitiúil go léir chun an t-easnamh atá ann d'éagmais ranníocaíocht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chúiteamh. Tá gach ceann de na trí Thionscadal réigiúnacha Camp á n-athbhreithniú faoi láthair ag NDFEM mar chuid de thionscadal nua CTRI. Tá Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe – chomh maith le gach Seirbhís Dóiteáin eile de chuid Údarás Áitiúil - ag athrú chuig ardán náisiúnta nua digiteach ina gcuimsítear Raidió Soghluaiste Príobháideach (PMR) agus Feidhm Slógtha agus ar a dtugtar TETRA; tá sé comhchosúil le PES-anna comhpháirtíochta e.g. na Gardaí agus an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS) a bhfuil athrú déanta acu cheana féin. Tá athrú déanta ar threalamh cumarsáide ár gcuid stáisiún i stáisiúin dóiteáin na Gaillimhe sa bhliain 2016 agus 2017 mar chuid de Thionscadal CTRI.

Tabharfar an t-aistriú chuig córas digiteach raidió TETRA chun críche ag deireadh na bliana 2019 agus beidh impleachtaí airgeadais aige sin ar na seirbhísí dóiteáin Údarás Áitiúil go léir

amach anseo ós rud é go mbeidh táille bhliantúil ann i leith gach feiste Tetra ar leith a úsáidtear agus beidh an táille sin le híoc le Tetra Ireland a ghnóthaigh an tionscadal náisiúnta cumarsáide digití do na seirbhísí éigeandála go léir in Éirinn. Beidh costais ioncaim do chéad bhliain na bhfeistí Tetra á gcaipitliú ag NDFEM in 2019, agus dá bharr sin beidh méaduithe ollmhóra ag teacht i bhfeidhm i mbuiséad ioncaim 2020.

Tuigtear go ndéanfar múnla maoiniúcháin náisiúnta nua a bhunú de réir mar a dhéanann Camp an t-athrú ó mhúnla réigiúnach chuig múnla náisiúnta. D'fhéadfadh sé go mbeidh impleachtaí neamhdhocracha ann dá bharr sin do bhuiséid Chomhairle ón mbliain 2020 ar aghaidh.

Tionscadal Réigiúnach maidir le Bainistíocht ar an Strus a leanann Teagmhais Chriticiúla (CISM)

Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe an tÚdarás Conarthach a dhéanfaidh córas CISM a chur i bhfeidhm sna 6 Údarás Dóiteáin i gConnachta agus i nDún na nGall. Tá socrú á dhéanamh i mbuiséad 2019 chun leanúint den tionscadal seo, agus Comhairle Chontae na Gaillimhe ag gníomhú mar údarás conarthach ina leith. Ina cáil mar Údarás Conarthach, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe conradh don Iarthar don tréimhse 2013-2016 a eisiúint chuig VHI, mar sholáthraí seirbhíse CISM d'Údaráis Dóiteáin san IARTHAR agus i nDún na nGall, tar éis comórtas tairisceana i ríomhthairiscintí sa tréimhse 2012-2013.

Eisíodh tairiscint nua in 2017 le haghaidh soláthar Seirbhísí CISM don tréimhse 2017-2020 i réigiún an Iarthair agus bhuaigh conraitheoir Inspire Workplaces ó Thuaisceart Éireann an tairiscint don chéad 3 bliana eile amach romhainn ón 1 Deireadh Fómhair 2017.

Tograí do 2019:

- Leanúint de sholáthraí seirbhíse nua a Neadú i soláthar Seirbhísí CISM don bhliain 2019

Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin agus Iniúchtaí FSA 1981

Gníomhaíochtaí Táscacha 2018 (bunaithe ar shonraí 2017):

- Sa bhliain 2017, rinne foireann choiscthe dóiteáin na Seirbhíse Dóiteáin 268 n-iniúchadh ar áitribh mar chuid dá Feidhm Choiscthe Dóiteáin faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin (FSA) 1981 & 2003, faoi na hAchtanna Ceadúnúcháin, faoi na hAchtanna Pleanála agus faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha agus, ina theannta sin, rinne siad iniúchtaí i ndáil le heisiúint Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin (FSC-anna) faoin Acht um Rialú Foirgníochta 1990 (arna leasú). Phróiseáil an Roinn Coiscthe Dóiteáin 294 iarratas ar cheadúnas poiblí sa bhliain 2016 agus chuir siad 190 iarratas ar cheadúnas poiblí faoi bhráid na gcúirteanna sa bhliain 2017.
- Tá 280 n-iarratas ar cheadúnais de gach cineál faighte ag an tSeirbhís Dóiteáin go dtí seo sa bhliain 2018. Dhéileáil an Roinn Coiscthe Dóiteáin le 106 iarratas pleanála sa bhliain 2017 agus dhéileáil siad le 112 iarratas pleanála go dtí seo sa bhliain 2017 – agus tháinig siad go léir ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Dhéileáil an Roinn Coiscthe Dóiteáin le 262 iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin (FSC) – gach cineál - sa bhliain 2017 faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta; bhain 141 iarratas díobh sin le limistéar an Chontae agus bhain 121 cheann díobh le limistéar na Cathrach.
- Tá an líon seo a leanas iarratas FSC de gach cineál faighte ag an Roinn Coiscthe Dóiteáin ó Eanáir go Deireadh Fómhair: 76 don Chathair agus 127 don Chontae.
- Rinne oifigigh dhóiteáin 79 iarratas ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas (DAC-anna) a phróiseáil thar ceann an Chontae sa bhliain 2017 agus tá próiseáil déanta ar 85 iarratas go dtí seo sa bhliain 2018.



Tograí do 2019:

- Leanfaidh an fhoireann choiscthe dóiteáin de gach cineál iarratas ar FSC-anna a phróiseáil thar ceann an Chontae agus na Cathrach agus de dheimhnithe DAC a phróiseáil thar ceann an Chontae.
- Próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais agus ar iarratais phleanála a fhaightear sa bhliain 2019.
- Leanfar den chlár iniúchtaí ar stórais mhiondíola peitriam sa chathair agus sa chontae.
- Leanfar de phróiseáil a dhéanamh ar cheadúnais DSA do stórais mhiondíola peitriam sa Chathair agus sa Chontae de réir mar a fhaightear iad.
- Leanfar d'iniúchadh a dhéanamh ar thithe altranais sa Chathair agus sa Chontae.

- Cuirfear tús le clár iniúchtaí ar bhrúnna agus ar óstáin sa chathair agus sa chontae.
- Déanfar iniúchtaí sa chathair agus sa chontae de bhun gearán, agus déanfar sin ar bhonn ord tosaíochta.

Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin agus Iniúchtaí FSA 1981

Léirítear sa léaráid seo a leanas gníomhaíocht na nDeimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin idir 2008 agus 2017 don chathair agus don chontae agus gníomhaíocht na nDeimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas 2009-2017 don Chontae.



Cosaint Shibhialta na Gaillimhe

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2018:

- Bhí bliain an-ghnóthach ag Cosaint Shibhialta na Gaillimhe trína 5 lárionad oiliúna i gCathair na Gaillimhe, in Órán Mór, i mBaile Locha Riach, i mBéal Átha na Sluaighe agus i gCluain Bheirn agus cuireadh gníomhaíochtaí dualgais agus oiliúint i gcrích, go háitiúil agus go lárnach, tríd an gColáiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré.
- Tá clár oiliúna faoi Chéad-Fhreagairt ar Chásanna Cairdiacha, faoi Fhreagróir Garchabhrach agus faoi Chéad-Fhreagairt Éigeandála ar siúl i rith na bliana 2018.
- Athdheimhneofar gach Céad Freagróir ar Chásanna Cairdiacha agus gach Freagróir Garchabhrach in 2018. Beidh cur chuige níos éifeachtaí ann ansin amach anseo mar gheall go mbeadh gach duine le athdheimhniú ag an am céanna gach dara bliain.
- Rinne teagascóirí Léamh Mapaí a leathadh amach chuig na haonaid in 2018 chun an acmhainn Bainistíochta Cuardaigh a fheabhsú in 2018
- Cuireadh oiliúint ar 6 Bhainisteoir Eolais MEM in 2018. Is í Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe a d'óstáil an cúrsa seo do phearsanra Dóiteáin agus do phearsanra Cosanta Sibhialta.
- Tá cáilíocht bainte amach ag 1 Phíolóta SUA breise agus rinne an IAA an 2 píolóta bunaidh a athdheimhniú arís in 2018. Bhain 1 píolóta cáilíocht teagascóra amach.
- Beidh gach aonad ag déileáil le hiarrataí ón bpobal ar chúnamh le linn imeachtaí pobail áitiúil, agus soláthróidh siad clúdach garchabhrach agus cúnamh eile a iarrfar.

Tograí do 2019:

- Beidh cúrsaí oiliúna in 2019 dírithe ar an acmhainn Bainistíochta Cuardaigh a fhorbairt agus ar oiliúint Mhear-Tharrthála Uisce agus beidh na baill páirteach in oiliúint athdheimhnithe agus i mbun oiliúint go luath in 2019 faoi clár Tarrtháil 3.
- Leathnófar an obair in Iarthar an Chontae sa gClochán in 2019 chun scóip na n-oibríochtaí a leathnú agus chun láithreach Cosanta Sibhialta a sholáthar do cheantar Chonamara.

- A bheith páirteach i dtraenáil ath-dheimhniúcháin ag teacht le clár an Choláiste Cosanta Sibhialta le haghaidh 2019.
- Leanfaidh gach leibhéal cliniciúil de fhreagróirí ag forbairt a gcuid scileanna le linn na bliana oiliúna.
- Déanfaidh Terrafirma oiliúint easbhóthair 4x4 a chur ar fáil do thiománaithe sinsearacha d'fhonn réiteach don fhreagairt ar an ndrochaimsir.
- Rinne an Brainse Cosanta Sibhialta Terrafirme a ainmniú chun oiliúint maidir le tiomáint easbhóthair 4x4 a chur ar fáil don Chosaint Shibhialta go náisiúnta.
- Idirchaidreamh leanúnach leis na PRAanna chun Cosaint Shibhialta a fhorbairt agus a chur chun cinn mar eagraíocht tacaíochta.
- Bíonn fáilte roimh bhail nua ón bpobal i gcónaí agus déanfaidh ár lucht oiliúna oiliúint den chaighdeán is airde a thabhairt do gach ball.

AN CLÁR CAIPITIL 3 BLIANA 2019 – 2021

Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe

- Is é atá i Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe (G.F.R.S.) ná an phríomhsheirbhís éigeandála (P.E.S.) do Chomhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe, faoi seach. Anseo ina dhiaidh seo, leagtar amach an clár caipitiúil táscach do G.F.R.S. sa tréimhse 2019-2021.
- Tabhair do d’aire, le do thoil, go bhfuil gach tionscadail ar leith faoi réir maoiniú a fháil ón Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil agus faoi réir ceadú sonrach a fháil do gach tionscadal ar leith.

Fearais Dóiteáin

- Tá an buiséad caipitiúil náisiúnta an-teoranta i dtaca le fearais/trealamh Seirbhíse Dóiteáin de.

Tá iarratas curtha isteach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) chun maoiniú/tacaíocht caipitil a fháil do na nithe seo a leanas in 2018 agus tá cead faighte acu ina leith agus gheobhaidh siad cuid de ar ais bunaithe ar chaiteachas go dtí seo:

- Dhá fhearas Aicme b Athlámhe
 - Feithicil 4X4
 - Feithicil Rsfo
 - 3 leantóir bowser & caidéal uisce
- Leithdháil an DHPCLG Fearas Aicme B nua ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar chuid de phlean náisiúnta Soláthair ó 2018-2020. Déanfar an fearas Aicme B seo a sholáthar go lárnach mar chuid de phróiseas soláthair náisiúnta ag OGP. Fuarthas ceadú sonrach go luath i Lúnasa 2018 agus tá conarthaí malartaithe le ceann de na soláthróirí a roghnaíodh - Sidheán Teo sa Spidéal i gContae na Gaillimhe - agus is é an dáta seachadta atá tugtha ná lár an tsamhraidh 2019

Stáisiún Dóiteáin

Tagraím d’fhógairt chaipitiúil na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil 2016-2020 i ndáil le tionscadail nua Stáisiún Dóiteáin go luath sa bhliain 2016

Stáisiún Dóiteáin Thuama

Tá tógáil an stáisiúin Dóiteáin 4 bhá ar áirithint i dTuaim, Co. na Gaillimhe tugtha chun críche ag Carey Construction, an conraitheoir tógála a cheap Comhairle Chontae na Gaillimhe chun an tionscadal seo a dhéanamh.

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe cead ón Roinn Tithíochta, Pobail agus Rialtais Áitiúil dul ar aghaidh chuig an gcéim tógála roimh dheireadh mhí na Samhna 2017. Ba conradh 9-12 mí a bhí ann, tugadh an tógáil chun críche ag tús mhí Mheán Fómhair 2018 agus táthar ag meas go n-osclofar an stáisiún Dóiteáin nua i dTuaim i bhFómhar 2018. Bhí stáisiún Dóiteáin nua Thuama ag feidhmiú ag deireadh Meán Fómhair 2018.

Ba chóir go mbeadh an cuntas deireadh ar an tionscadal tugtha chun críche agus faighte ar ais ón DHPLG roimh dheireadh na bliana 2018

Faoi réir ceadú agus maoiniú a fháil ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na tionscadail seo a leanas:

- An Tionscadal chun Síneadh a chur le Stáisiún Dóiteáin Bhéal Átha na Sluaighe –taisceadh an t-iarratas leis an DECLG in 2008. Thug an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil cead i ndáil le tionscadal eatramhach do Stáisiún Dóiteáin Bhéal Átha na Sluaighe, san ionad reatha.
- Cás a leagan os comhair na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i ndáil le ceadú do láithreán nua le haghaidh stáisiún Dóiteáin nua i mBaile Locha Riach faoi a soláthraítear sa Chlár Náisiúnta Caipitil 2016-2020, ar láithreán nua a aithint.
- Tá cás déanta leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun comhairleoirí dearaidh a fháil agus a cheapadh chun síneadh a chur le stáisiún Dóiteáin Bhéal Átha na Sluaighe agus le haghaidh tionscadail bheartaithe nua stáisiún dóiteáin.
- Láithreán nua don stáisiún dóiteáin nua i mBaile Átha an Rí a aithint agus a fháil mar gur thug an DECLG cead i bprionsabal ina leith in 2008, agus má éiríonn leis sin, an stáisiún sin a chur leis an gclár náisiúnta caipitil 2016-2020.
- Tionscadal Chathair na Gaillimhe a chur ar aghaidh – stáisiún Ceanncheathrún nua i.e. láithreán a roghnú agus pleanáil a chur ar aghaidh – tar éis an athbhreithnithe ar na Seirbhísí Dóiteáin agus i gcomhréir le tuarascáil na sainchomhairleoirí seachtracha.
- Tionscadal Stáisiún Dóiteáin an Chreagáin – leanúint de chás a leagan os comhair na Roinne chun an tionscadal a chur ar aghaidh. Rinneadh iarratas ar cheadú i bprionsabal a thaisceadh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil sa bhliain 2009.
- Cuirfear cás faoi bhráid an DHPLG maidir le stáisiún dóiteáin Inis Mór a uasghrádú in 2019.

- Bhain Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe mar chuid de Chomhairle Chontae na Gaillimhe an creidiúna Sláinte agus Sábháilteachta ISO 45001 amach i nDeireadh Fómhair 2018.

Tionscadail Chaipitiúla Bheaga Eile

- Aláirim dheataigh a fháil don bhliain 2019, mar chuid de Scéim Náisiúnta na nAláram Deataigh Pobail, de réir mar a rinneadh i mblianta roimhe seo. Cuireadh aighneacht chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le thart ar 600 aláram deataigh a fháil sa bhliain 2017 agus maidir le leanúint de dháileadh a dhéanamh sa bhliain 2018/2019 chuig teaghlaigh leochaileacha trí Scéimeanna Chontae agus Chathair na Gaillimhe i ndáil le hAlárim Dheataigh Pobail.

Fuair Comhairle Contae na Gaillimhe dhá chóras cuisnithe coinneála corp le haghaidh Réigiúin MEM an Iarthair agus an Iarthuaiscirt a bheidh á maoiniú i bpáirt ag DHPCLG thar ceann na n-údarás áitiúil san iarthar agus san iarthuaisceart. Tabharfaidh sé seo líon na n-aonad san iarthar agus san iarthuaisceart go dtí thart ar 45-50.

Gheobhaidh an Chomhairle tuairim is 50% den mhéid a íocadh in 2017 ar ais i CBL in 2018.

Déanfaidh na húdaráis áitiúla i réigiún an Iarthair agus an Iarthuaiscirt suas an chuid eile den mhaoiniú.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Tagann an dul chun cinn ar gach tionscadal faoi réir maoiniú de chineál inmheánach agus seachtrach a bheith ar fáil, chomh maith leis an ngá le ceadú riachtanach reachtúil agus reachtaíochta a fháil de réir mar is cuí i ndáil le gach tionscadal ar leithligh.

Forbairt Leabharlann

Tá sé beartaithe infheistíocht chaipitiúil a sholáthar do na tionscadail seo a leanas chun inbhuanaitheacht agus fás na Seirbhísí Leabharlainne a chinntiú. Bainistíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe an tSeirbhís Leabharlainne thar ceann Údarás Áitiúil na Cathrach agus Údarás Áitiúil an Chontae araon.

- Tá príomhthionscadal caipitiúil chun forbairt Leabharlainne nua de chuid Phobal na Gaillimhe a chur chun cinn, a chuimseoidh áiseanna oideachais, cultúrtha, imeachtaí agus cartlainne nua-aimseartha.
- Infheistíocht leanúnach chun úsáid na teicneolaíochta a fheabhsú, lena n-áirítear RFID agus Leabharlanna Oscailte, ag soláthar an chistithe mheaitseála is gá chun leas a bhaint as sruthanna cistithe náisiúnta.
- Clár feabhsuithe réasúnta beag chun aghaidh a thabhairt ar shláinte agus ar shábháilteacht agus ar shaincheisteanna rochtana ar fud an líonra brainse, i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr agus leis na rialacháin a bhaineann leis sin nuair is cuí.

Forbairt Áineasa agus Taitneamhachtaí

Díreoidh infheistíochtaí caipitiúla thar na trí bliana atá romhainn ar thionscadail ar tugadh gealltanais roimhe seo dóibh a chríochnú faoin gCreat Áineasa agus Taitneamhachta agus faoin bPolasaí Clós Súgartha.

Tá an Straitéis ag brath ar fhoinsí seachtracha cómhaoiniúcháin agus ar obair i gcomhar le grúpaí pobail d'fhonn foirgnimh agus sócmhainní stairiúla atá faoi úinéireacht ag corparáidí a athghiniúint.

An Tionscadal atá Beartaithe	Buiséad	Foinsí Maoiniúcháin
------------------------------	---------	---------------------

Tionscadail maidir le hÁiteanna Súgartha (Teoranta do ghealltanais atá tugtha cheana féin)	€40,000	Scéim Ranníocaíochta Forbartha, teoranta do ghealltanais atá tugtha cheana féin faoin mBeartas maidir le hÁiteanna Súgartha.
Bealaí Siúil agus Áineas Sámh	€37,000	Teoranta do thiomantas atá ann faoi láthair faoin gCreat Áineasa agus Taitneamhachta a chomhlíonadh, lena n-áirítear oibreacha maidir le Cruthú Tionscadal Limistéir Áineasa Sámh i Sliabh Eachtaí, ar bhruach Loch Deirgeirt i gcomhpháirtíocht le BSL agus Uiscebhealaí Éireann.
Forbairt Thaitneamhacht Pháirc na mBó, Droichead an Chláirín	€95,000	Scéim Ranníocaíochta Forbartha – Áineas agus Taitneamhacht Faoi réir acmhainní, tá sé beartaithe tailte do Shiúlóid agus Rothaíocht éighníomhach a fhorbairt le carrchlós cuí agus bealaí rochtana.
Áineas & Taitneamhacht	€200,000	Cistiú Meaitseála chun leas a bhaint as sruthanna cistithe náisiúnta a bhaineann le áineas agus taitneamhachtaí, lena n-áirítear Caipiteal Spóirt, CLAR agus Athnuachan Bailte & Sráidbhaile.
Sócmhainní Stairiúla agus Athghiniúint Déanamhas ar mhaithe le Tairbhe don Phobal, mar chuid de chur i bhfeidhm na Straitéise maidir le Sócmhainní Stairiúla	€130,000	Faoi réir Chúnaimh Deontais Sheachtraigh chun aghaidh a thabhairt ar Dhéanamhas i mBaol agus iad siúd a d'fhéadfaí a athghiniúint ar mhaithe le tairbhe an Phobail agus na hEacnamaíochta, agus tabharfar tosaíocht d'oibreacha riachtanacha le Halla Bhaile Thuama agus Séipéal Naomh Muire i mBaile Átha an Rí.
Tionscadail Turasóireachta agus Taitneamhachta	€1.5 milliún	Scéim Ranníocaíochta Forbartha - Seoladh scéim léirithe spéise iomaíoch in 2017 ag féachaint le infheistíocht a dhéanamh maidir le Tionscadail Turasóireachta agus Conláiste a chur chun cinn ar fud an Chontae. Tabharfar tosaíocht dóibh seo bunaithe ar phoitéinseal agus féidearthacht na turasóireachta agus ar a gcur i bhfeidhm ag an bpobal, ag gnó agus ag an gComhairle thar na tréimhse.
Campas Nuálaíochta BIA	€3.5 milliún	Campas Nuálaíochta BIA a fhorbairt i gcomhar le príomhpháirtithe, ag teacht le cláir mhaoinithe (i.e. REDF, T&V, RRDF) agus leis an bplean forbartha. Beidh an Campas seo ina phríomh-mhol Nuálaíochta agus Cothaithe bia d'Iarthar na hÉireann agus cuirfear spás breis is 27,000 troigh cearnach ar fáil a bheidh tiomnaithe go hiomlán do: forbairt táirgí lena n-áirítear sainchistin/sainshaotharlanna táirgthe táirgí roinnte agus aonaid cothaithe de ghrád bia; tacaíocht ghnó ó na príomhpháirtithe ar fad lena n-áirítear LEO; oideachas agus oiliúint i gcomhar le

		GRETB agus réimse de pháirtneírí ábhartha; cláir forbartha tuaithe agus tacaíochtaí chur ar fáil le béim shonrach ar na hearnálacha talmhaíochta, mara agus turasóireachta; agus na céadta post a chruthú sa Chontae.
--	--	---

Forbairt Lárionad Seirbhíse – Rochtain do Chustaiméirí agus Infheistíochtaí Éifeachtúlachta Fuinnimh

De bhreis ar Chlár Cothabhála Ioncaim agus Sláinte agus Sábháilteachta, tá gá le hinfheistíocht chaipitiúil chun bainistíocht a dhéanamh ar an líonra réigiúnach agus ar an gceanncheathrú le go gcothófar na sócmhainní sin agus lena chinntiú go ndéanfar athrú, le himeacht aimsire, chuig punann maoinne atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de.

Oifig Réigiúnach Thuama	€25,000	Athrú Coire agus Oibreacha Foghabhálacha chun leas a bhaint as Infheistíocht i nGás Nádúrtha
Oifig Réigiúnach Bhaile Locha Riach	€20,000	Infheistíochtaí maidir le Sábháilteacht
Oifig Cheantair an Chlocháin	€40,000	Oibreacha Sábháilteachta Dóiteáin chun staighre, pasáiste a bhfuil rátáil dóiteáin 1 uair acu a chur isteach, doirse dóiteáin 1 uair a fheistiú.
Áras an Chontae	€500,000	Clár trí bliana a bhaineann le córais agus rialaithe bainistíochta tógála lena n-áirítear teas, rochtain agus seirbhísí don chustaiméir. Tá níos mó ná 5500 méadar cearnach i gceist leis ag an bhFoirgneamh agus tá sé 20 bliain d'aois. Teastaíonn infheistíocht agus uasghrádú riachtanach uaidh mar phríomhshócmhainn agus Ceanncheathrú don Údarás Áitiúil. An téastar atá ar an mbealach isteach chun tosaigh a athdhearadh le go mbeifear ábalta teacht ar réiteach dearaidh a bheidh in ann an fhadhb atá le séideán tríd an aitriam a bhainistiú agus a mbeidh rochtain ag gach duine ar an bhfoirgneamh.

		Spás cóiríochta oifige breise, seomraí cruinnithe cliant a bheidh curtha in oiriúint agus spás comhadúcháin slán a chur ar fáil,
--	--	--

Tithíocht

Beidh soláthar tithíochta faoi Atógáil Éireann 2016 - 2021 mar phríomhthosaíocht don Chomhairle agus díreofar ar thithe ardchaighdeán a sholáthar agus pobail inbhuanaithe a thógáil. Tá an Chomhairle tiomanta gach sruth cistithe caipitil atá ar fáil a úsáid chun soláthar tithíochta a uasmhéadú, lena n-áirítear tógáil, éadálacha, forbairtí eochróra, Cuid V agus Ceannaigh agus Athnuaigh. Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht ghníomhach freisin do Chomhlachtaí Tithíochta Faomhaithe chun leas a bhaint as an Scéim Cúnaimh Chaipitiúil chun tithíocht a sholáthar. Cuirfear roinnt tionscadal caipitil ar fáil freisin faoin gClár Cóiríochta do Lucht Siúil.

Cur síos	2019	2020	2021
Príomhthógáil (lena n-áirítear Clár Cóiríochta an Lucht Siúil)	€12,610,333	€22,631,937	€12,287,437
Clár Éadála (lena n-áirítear Cuid V)	€5,200,000	€5,200,000	€5,200,000
Scéim Cúnaimh Chaipitiúil	€9,061,860	€2,478,610	€1,500,000

Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag obair go gníomhach i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir le moltaí breise do thionscadail tógála a bheidh le soláthar faoi Atógáil Éireann. Leanfaidh an Chomhairle le maoin chúí a fháil ar an margadh oscailte chun freastal ar ár riachtanais tithíochta i gcomhréir le beartas náisiúnta. Tá maoiniú le haghaidh éadálacha (lena n-áirítear Cuid V sa chás ina bhfuil siad comhaontuithe roimh ré) curtha ar fáil faoi Straitéis Tithíochta Sóisialta an Rialtais agus táthar ag súil go dtabharfar ceannach 20 aonad chun críche in 2019. Beidh tionchar ag cumas an chláir tógála, lena n-áirítear eochróirí, aonaid a sholáthar ar an maoiniú atá ar fáil agus ar mhéid an chláir éadálacha sna blianta amach romhainn. De réir mar a dhíríonn maoiniú sa todhchaí ar thógáil seachas ar éadálacha, leagfar béim níos mó i dtéarmaí éadálacha ar sholáthar trí Chuid V chomh maith leis an Scéim Ceannaigh agus Athnuaigh chun freastal ar éileamh de réir mar a chinnfidh taifead na dteaghlach cáilithe.

Mar thoradh ar ghníomhaíocht mhéadaithe san earnáil tógála tá méadú tagtha ar chaidreamh an Aonaid Tithíochta le forbróirí i ndáil le Cuid V. Léiríonn tásca reatha, faoi réir ag pleanáil á deonú, go soláthrófar 20 aonad Cuid V thar 2019/20, agus na costais le cinneadh. Braitheann soláthar na n-aonad faoin scéim Ceannaigh agus Athnuaigh ar aonaid oiriúnacha, a chomhlíonann na critéir incháilitheachta, a aithint.

Tá roinnt iarratas ag an gComhairle faoin Scéim Cúnaimh Chaipitiúil (CAS) a mhaoiníonn soláthar tithíochta sóisialta ag Comhlachtaí Tithíochta Faomhaithe (AHBanna). Tá 102 aonad san iomlán á gcur chun cinn faoi láthair ag costas €11,540,470m. Is éadálacha 12 díobh sin agus tá 90 aonad le tógáil. Tá glao 2017 ar thograí faoin Scéim Cúnaimh Chaipitiúil fós oscailte agus leanann an Chomhairle de bheith ag obair go gníomhach i gcomhar le Comhlachtaí Tithíochta Faomhaithe.

Iasachtaí chun Teach a Cheannach:

Eiseofar iasachtaí do cheannaitheoirí cáilithe, suas go dtí an teorainn atá ceadaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, faoi na scéimeanna iasachta éagsúla atá á n-oibriú ag an gComhairle. Faightear an maoiniú trí iasachtaíocht agus déantar an fiachas a sheirbhísiú trí na haisíocaíochtaí a fhaightear ó na hiasachtaithe.

Infheistíocht Chaipitiúil i Stoc Tithíochta Údaráis Áitiúil

An Clár Athfheistithe Éifeachtúlachta

Fuinnimh & Cothabhála Coisctheach	€1,300,000	€1,000,000	€1,000,000
--	------------	------------	------------

Clár na Láithreán Tréigthe –	€1,500,000	€1,500,000	€1,500,000
-------------------------------------	------------	------------	------------

Tá clár infheistíochta caipitiúil suntasach ag teastáil le haghaidh stoc tithíochta údaráis áitiúil atá ann cheana féin chun comhlíonadh na gcaighdeán íosta a bhaint amach, cómhaoiniú a dhéanamh ar oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh agus aonaid tithíochta thréigthe a thabhairt ar ais, chun fardal stoc a dhéanamh agus clár cothabhála coisctheach a sholáthar.

Tá soláthar déanta maidir le hoibreacha faoin gClár Athfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh (EERP) agus tá siad sin le déanamh ar an stoc tithíochta nach bhfuil áitithe faoi láthair. Tá an Chomhairle ag obair i dtreo chríochnú Chéim 1, uasghrádú ar insliú cuasbhalla agus áiléir ina cuid stoc áitithe go léir. Go dtí seo, tá uasghrádú déanta ar thuairim is 95% dár stoc. Féachfaimid le leathnú a dhéanamh ar an gclár chun athfheistiú níos fairsinge a dhéanamh ar ár stoc amach anseo, faoi réir cómhaoinithe.

Tá sé beartaithe leas a bhaint as iasachtaí HFA, chun clár feabhsaithe a mhaoiniú maidir le stoc atá ann cheana chun comhlíonadh le ceanglais reachtúla a bhaint amach, lena n-áirítear caighdeáin íosta, agus tús a chur le clár cothabhála coisctheach. Tabharfar tosaíocht do na cláir seo i leithdháileadh an mhaoinithe caipitiúil a bheidh ar fáil le linn na tréimhse 2019 - 2020.

Ina theannta sin, déanfar moltaí tionscadail maidir le hatógáil/athchóiriú stoc tithíochta tréigthe a chur chun cinn faoi réir ceadú agus maoiniú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus

Rialtais Áitiúil.

Tabhair ar aird le do thoil go bhfuil gach togra tionscadail faoi réir maoiniú a fháil ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus faoi réir ceaduithe céime agus reachtúla ar leith de réir tionscadail agus go bhfuil siad ag brath ar chómhaoiniú a fháil nuair is gá.

Bonneagar agus Iompar

Tá mionsonraí thíos ar thionscadail chaipitil a bhaineann le Bóithre, Céanna agus Calafóirt, Scéimeanna Maolú Tuile, Gléasra a fháil agus Taisteal Níos Cliste (Glasbhealach).

Tagann críochnú na dtionscadal atá luaite thíos faoi réir ceaduithe cúí a fháil ón roinn, an maoiniú riachtanach a bheith ar fáil agus na forálacha rialála agus reachtaíochta cúí go léir a chomhlíonadh.

BÓITHRE NÁISIÚNTA (lena n-áirítear Mórbealaí Idiruirbeacha):

De bhreis ar oibreacha ar Mhórbealaí Idiruirbeacha, Leanfar de chlár iomlán Mionoibreacha Feabhsúcháin agus Pábhála, Beart Sábháilteachta agus Oibreacha Feabhsúcháin Droichid a chur i gcrích ar an nGréasán Príomhbhóithre agus Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta. Tá an Clár seo ag brath ar leithroinntí bliantúla ó Bhonneagar Iompair Éireann agus, dá réir sin, déanfar clár na n-oibreacha a chur faoi bhráid na Comhairle ar bhonn bliantúil i gcomhthéacs an Chláir Bhliantúil Bóithre.

BÓITHRE NÁISIÚNTA (lena n-áirítear Mórbealaí Idiruirbeacha):

Tionscadal:	Stádas:
Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe	Rinneadh na hOrduithe Ceannaigh Éigeantaigh maidir le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe a fhoilsiú ar an 25 Deireadh Fómhair 2018 agus cuireadh iarratas pleanála chuig an mBord Pleanála chun an tionscadal a cheadú. Is é an 21 Nollaig 2018 an dáta deireadh chun aighneachtaí a chur isteach chuig an mBord Pleanála.
N18/N17 An Gort go pointe Ó Thuaidh de Thuaim	Osclaíodh an M17/M18 do thrácht, roimh an am a bhí beartaithe, ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2017, tá roinnt fadhbanna beaga i ndáil le húnéirí talún fós le socrú.
N59 An Teach Dóite go hUachtar Ard	Tá cead pleanála tugtha maidir leis an bpíosa bóthair idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard agus rachfar chun cinn leis in dhá chéim. Is é an píosa bóthair idir an Teach Dóite agus Bun an Choill Céim 1. Tá sé i gceist an píosa 5km seo a chur amach ar tairiscint i R1 2019. Tá Céim 2, Bun an

	Choill go dtí An Clár Mór ina ábhar plé agus cumarsáide go fóill leis an NPWS.
N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn	Tá Cáipéisí Conartha á n-ullmhú maidir le scéim an N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn. Tá talamh á fáil faoi láthair. Tá sé i gceist an píosa seo a chur amach ar tairiscint ag deireadh R1 nó ag tús R2 2019.
N63 Cnoc an Eanaigh go Mainistir Chnoc Muaidhe	N63 Cnoc an Eanaigh go Mainistir Chnoc Muaidhe –tá oibreacha tógála ar siúl i gcónaí agus meastar go dtabharfar chun críche iad sa cheathrú ráithe de 2018.
N67 Cinn Mhara go Baile an Doirín	N67 Baile an Doirín - Cinn Mhara – tugadh cead pleanála i leith na scéime seo i rith na bliana 2016. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an tógáil in 2019.
N63 Mainistir Chnoc Muaidhe go dtí An Lios	N63 An Lios go dtí Mainistir Chnoc Muaidhe - comhairleoirí le fáil chun an scéim seo a phleanáil agus a leagan amach in 2019.
N84 Sruthair go hÁth Cinn	Tá dearadh an tionscadail le críochnú sa bhliain 2018/2019.
Cuarbhóthar Bhaile Átha an Rí	Tá maoiniú á lorg chun tús a chur le hoibreacha tógála in athuair.
Bóthar Faoisimh Laistigh Bhéal Átha na Sluaighe	Leanúint leis an tionscadal, críochnú an dearaidh agus an iarratais phleanála faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.

Tá an dul chun cinn a dhéanfar ar na tionscadail thuas ag brath ar mhaoiniúchán a bheith ar fáil agus, de réir mar is gá, ar acmhainní inmheánacha riachtanacha chun na tionscadail a chur ar aghaidh a bheith ar fáil.

GLÉASRA A FHÁIL/A ATHNUACHAN & CLÁIR COTHABHÁLA GEIMHRIDH:

Tionscadal:	Stádas:
Trealamh ionaid a cheannach chun oibriú leanúnach an Chlóis Innealra a éascú agus chun riachtanais oibríochtúla a chomhlíonadh. Tá riachtanas ann féachaint ar fhlít níos sine na Comhairle.	Ceannaíodh dhá thrucail nua in 2017. Níl aon cheannachán beartaithe go dtí go gcuirfear maoiniú ar fáil.

SCEIMEANNA FAOISIMH/MAOLÚ TUILE:

Chun cabhrú le dul chun cinn díreach, de réir mar is cuí, na Scéimeanna Faoisimh / Maolú Tuile, lena n-áirítear FRS Dhún Coillín agus an Agaird, agus FRS na Gaillimhe Theas (Isealchríocha an Ghoirt).

Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí tríd an gComhghrúpa Oibre agus leis an nGrúpa Stiúrtha agus le páirtithe leasmhara eile chun scéimeanna faoisimh/maolú tuile cuí a chur chun cinn de réir na bhforálacha reachtúla agus rialála cuí agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil.

Tionscadal:	Stádas:
Scéim Faoisimh Tuile Dhún Coillín/An Agaird	Tabharfar faoin obair ar Dhroichead Dhún Coillín agus ar Dhroichead Coisithe Chreachmhaoile in 2019. Tá sé i gceist tús a chur leis na hoibreacha cainéil ar Shruthán an Agaird i R2 2019.
Scéim Faoisimh Tuile Bhaile an Doirín/Chill Tiarnáin – Cothabháil agus Athshlánú	Cuireadh tús leis an obair ar Scéim Faoisimh Tuile Chill Tiarnáin go Baile an Doirín in 2018 agus táthar ag meas go mbeidh an obair ar thaobh Bhaile an Doirín críochnaithe faoi mhí na Nollag 2018. Beidh an chuid is mó den obair ar an scéim tugtha chun críche in 2019, lena n-áirítear soláthar oibreacha áise d'úinéirí talún.
Scéim Faoisimh Tuile na Gaillimhe Theas (Ísealchríocha an Ghoirt)	Ceapadh comhairleoir innealtóireachta agus gníomhaí timpeallachta in 2018 ar Scéim Faoisimh Tuile na Gaillimhe Theas/Ísealchríocha an Ghoirt agus tugadh measúnú timpeallachta chun críche. Cuirfear an Tuarascáil Féidearthachta do scéim na Gaillimhe Theas/Ísealchríocha an Ghoirt i dtoll a chéile sa chéad leath de 2019, agus beidh sé i gceist í a chur os comhair an phobal ina dhiaidh sin.

CLÁR NA gCÉANNA & NA gCUANTA STRAITÉISEACHA:

Tá maoiniú le haghaidh oibreacha ar chéanna straitéiseacha ar na hoileáin á chur ar fáil tríd an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Tionscadal:	Stádas:

<p>Feabhsuithe le Cé Inis Oírr – tonnchosc a thógáil agus síneadh a chur leis an gcé, dreideáil a dhéanamh agus beartlann bhreise a chur ar fáil</p>	<p>Tá comhairleoir ceaptha chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an scéim agus tá na suirbhéireachtaí éagsúla a bhí de dhíth tugtha chun críche, lena n-áirítear na suirbhéireachtaí bataiméadracha agus topagrafacha. Cuireadh tús chomh maith leis an obair ar an bhfaisnéis a bhí de dhíth a chur i dtoll a chéile do na cáipéisí Conartha a bheidh le hullmhú in 2019, agus tá sé i gceist an obair a chur amach ar tairiscint, ag brath ar an maoiniú a bheidh ar fáil. Tá sé i gceist conraitheoir a cheapadh i R3 2019.</p> <p>Déanfar an talamh atá le sealbhú don scéim a thabhairt chun cinn i gcomhréir le cláreagrú.</p> <p>Táthar chun leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas um Ordú Ceannaigh Éigeantaigh</p>
<p>Feabhsuithe le Cé Chaladh Mór, Inis Meáin</p>	<p>Breathnófar arís ar an tuarascáil féidearthachta a ullmhaíodh agus a eisíodh in 2019 arís.</p> <p>Tá méid na scéime le comhaontú leis an Roinn, Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.</p>

TAISTEAL NÍOS CLISTE:

<p>Tionscadal:</p>	<p>Stádas:</p>
<p>Glasbhealach Chonamara</p>	<p>Tá iarratas ar tuilleadh maoiniú chun go gcuirfear síneadh leis an áis reatha Glasbhealaí le cur isteach faoi dheireadh mhí na Samhna 2018.</p>

TÁBLAÍ REACHTÚLA (A go dtí F)

DEIMHNIÚ GLACTHA

Deimhním leis seo gur ghlac an Chomhairle trí Rún ag cruinniú Buiséid de Chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe an 30ú lá seo de mhí na Samhna 2018 don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019 leis an mBuiséad atá leagtha amach i dTáblaí A go dtí F agus chinn trí Rún i gcomhréir leis an mBuiséad sin gurb é an Ráta atá leagtha amach i dTábla A an Ráta Bliantúil ar Luacháil a bheidh le gearradh ar an mbliain sin chun na críocha atá leagtha amach.

Síniú: _____

Cathaoirleach

Comhshínithe: _____

Príomhfheidhmeannach

Arna dhátú an 30ú lá seo de mhí na Samhna 2018